**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0157/2022**

20.5.2022

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta
(COM(2021)0568 – C9-0324/2021 – 2021/0206(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéirí: David Casa, Esther de Lange

Rapóirtéir don tuairim (*):
Margarida Marques, An Coiste um Buiséid

(*) Coistí comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

(Nós imeachta comhchoiste – Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta)

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................... 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ............................................................................................ 102

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM BUISÉID ........................................................................ 107

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA ......................................................................................... 133

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH ......................................................................................................... 199

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT ...................... 248

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH ............................................ 305

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ................................................................ 370

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH ...... 372

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta**
**(COM(2021)0568 – C9-0324/2021 – 2021/0206(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0568),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 91(1), pointe (d), d'Airteagal 192(1) agus d'Airteagal 194(1), pointe (c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0324/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 9 Nollaig 2021[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an ...[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Buiséid, ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0157/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go

[1] IO C 152, 6.4.2022, lch. 158.
[2] [IO C ..., ....., lch. / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil]

substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tá an tAontas agus a Bhallstáit ina bPáirtithe i gComhaontú Pháras, a síníodh i mí na Nollag 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) ('Comhaontú Pháras')[28], agus a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2016. De réir an Chomhaontaithe sin, tá siad faoi cheangal an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn ***1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta.*** | (1) Tá an tAontas agus a Bhallstáit ina bPáirtithe i gComhaontú Pháras, a síníodh i mí na Nollag 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) ('Comhaontú Pháras')[28], agus a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2016. De réir an Chomhaontaithe sin, tá siad faoi cheangal an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn ***1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta. Trí Chomhaontú Aeráide Ghlaschú a ghlacadh, d'aithin na Páirtithe i gComhaontú Pháras go laghdófaí go mór rioscaí agus tionchair an athraithe aeráide dá dteorannófaí an méadú ar an meánteocht dhomhanda go 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus gheall siad go neartófaí a spriocanna do 2030 faoi dheireadh 2022 chun an bhearna uaillmhéine a dhúnadh, i gcomhréir le torthaí an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC). Ba cheart é sin a dhéanamh ar bhealach atá cothrom agus lena n-urramaítear prionsabal na bhfreagrachtaí agus na gcumas faoi seach atá coiteann ach difreáilte, i bhfianaise imthosca náisiúnta éagsúla.*** |
| [28] Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4). | [28] Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4). |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip leagtar amach straitéis nua fáis arb é an aidhm atá leis sochaí níos inbhuanaithe, níos cothroime agus níos rathúla a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ar acmhainní, áit nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050***, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta ó úsáid acmhainní***. Molann an Coimisiún caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol freisin. Ar deireadh, measann an Coimisiún gur cheart an t-aistriú seo a bheith cóir agus ionchuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. | (2) Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip leagtar amach straitéis nua fáis arb é an aidhm atá leis sochaí níos inbhuanaithe, ***comhionann,*** níos cothroime agus níos rathúla a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ar acmhainní, áit nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050 ***ar a dhéanaí***. Molann an Coimisiún caipiteal nádúrtha an Aontais a ***athbhúnú, a*** chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol freisin. Ar deireadh, measann an Coimisiún gur cheart an t-aistriú seo a bheith cóir agus ionchuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. |
| [29] COM(2019)640 final. | [29] COM(2019)640 final. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] cumhdaítear sa dlí an sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050. Bunaítear leis an Rialachán sin gealltanas ceangailteach ó thaobh an Aontais chun astaíochtaí a laghdú. Faoi 2030, ba cheart don Aontas a astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, tar éis aistrithe astaíochtaí gas ceaptha teasa a asbhaint, le 55 % i | (3) Le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] cumhdaítear sa dlí an sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050 ***ar a dhéanaí***. Bunaítear leis an Rialachán sin gealltanas ceangailteach ó thaobh an Aontais chun astaíochtaí a laghdú. Faoi 2030, ba cheart don Aontas a astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, tar éis aistrithe astaíochtaí gas ceaptha teasa a asbhaint, le |

| | |
|---|---|
| gcomparáid leis an leibhéal in 1990. Ba cheart do gach earnáil den gheilleagar a cion a dhéanamh chun an sprioc sin a bhaint amach. | 55 % i gcomparáid leis an leibhéal in 1990. Ba cheart do gach earnáil den gheilleagar a cion a dhéanamh chun an sprioc sin a bhaint amach. |
| [30] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1). | [30] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1). |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *(6) D'athdheimhnigh Dearbhú Porto an 8 Bealtaine 2021 gealltanas na Comhairle chun oibriú i dtreo Eoraip shóisialta a bhaint amach, mar aon lena díograis chun leanúint le cur chun feidhme neartaithe Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar leibhéal an Aontais agus náisiúnta, agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.* | ***(6) Leagtar béim sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[1a] ar an ngá cearta sóisialta agus an ghné shóisialta Eorpach a neartú i mbeartais uile an Aontais mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, go háirithe in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus in Airteagal 9 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). D'athdheimhnigh Dearbhú Porto an 8 Bealtaine 2021 gealltanas na Comhairle*** chun ***oibriú i dtreo Eoraip shóisialta*** a bhaint amach, ***agus aistriú cóir á áirithiú, mar aon*** lena ***díograis*** chun ***leanúint le cur chun feidhme nithiúil neartaithe Cholún*** Eorpach ***na gCeart Sóisialta ar leibhéal an Aontais agus náisiúnta, agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta***. |
| | ***[1a] Arna fhormhuiniú ag an gComhairle Eorpach an 24 agus an*** |

*25 Meitheamh 2021.*

***Leasú 5***

***Togra le haghaidh rialacháin***
***Aithris 6 a (nua)***

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Ba cheart don Chiste tacú le gníomhaíochtaí agus faighteoirí a urramaíonn dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le cearta sóisialta agus saothair, pá agus dálaí oibre, inter alia, lena n-áirítear comhaontuithe comhchoiteanna, agus lena gcuirtear poist inbhuanaithe agus ardcháilíochta chun cinn, agus leis na gníomhaíochtaí agus na faighteoirí sin amháin.*** |

***Leasú 6***

***Togra le haghaidh rialacháin***
***Aithris 7***

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chun gealltanais i leith aeráidneodrachta a chur chun feidhme, rinneadh athbhreithniú ar reachtaíocht aeráide agus fuinnimh an Aontais agus leasaíodh í d'fhonn dlús a chur faoi laghduithe in astaíochtaí gás ceaptha teasa. | (*7*) Chun ***gealltanais i leith*** aeráidneodrachta a chur chun feidhme, rinneadh athbhreithniú ar reachtaíocht aeráide agus fuinnimh an Aontais agus leasaíodh í d'fhonn dlús a chur faoi laghduithe in astaíochtaí gás ceaptha teasa. ***Ciallaíonn aistriú cothrom, ar prionsabal é a leagtar amach i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, deireadh a chur*** leis an mbochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta ***ar fud an Aontais. Chun é sin*** a chur chun ***cinn***, ba cheart ***go rannchuideodh Ciste nua Aeráide*** Sóisialta ***le cosaint*** agus ***cumhachtú na dteaghlach is leochailí. Ní mór*** aird ar leith a thabhairt ***chun a áirithiú*** go mbainfidh ***na teaghlaigh sin*** tairbhe |

*iarbhír* as cur chun feidhme ***ionstraimí*** cistiúcháin ***éagsúla, eadhon na hionstraimí sin atá ar fáil do na Ballstáit agus lena n-áirítear na Cistí Comhtháthaithe, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus ioncaim arna nginiúint ag CTA AE faoi láthair. Ba cheart na cistí atá ar fáil do na Ballstáit a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh in athchóiriú foirgneamh, poist ghlasa ardcháilíochta agus shábháilte a chruthú, chomh maith leis na scileanna is gá a fhorbairt a bheadh oiriúnach don aistriú glas agus digiteach, dícharbónú na hearnála iompair, agus rochtain níos fearr ar shoghluaisteacht bhog chomhroinnte phoiblí.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Beidh tionchair eacnamaíocha agus shóisialta éagsúla ag na leasuithe sin ar earnálacha éagsúla an gheilleagair, ar na saoránaigh agus ar na Ballstáit. Go háirithe, ***agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar á gcur san áireamh i*** raon feidhme Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], ba cheart spreagadh eacnamaíoch breise a sholáthar chun infheistiú in ídiú breoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí gas ceaptha teasa dá réir sin. Agus é sin á chur chun feidhme in éineacht le bearta eile, ba cheart ***costais le haghaidh foirgneamh*** agus ***iompar de bhóthar a laghdú*** agus deiseanna nua a chur ar fáil chun poist a chruthú agus le haghaidh infheistíochta sa ***mheántéarma*** agus ***san fhadtéarma***. | (8) Beidh tionchair eacnamaíocha agus shóisialta éagsúla ag na leasuithe sin ar earnálacha éagsúla an gheilleagair, ar na saoránaigh agus ar na Ballstáit. Go háirithe, ***le haon leathnú ar*** raon feidhme Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], ba cheart spreagadh eacnamaíoch breise a sholáthar chun infheistiú in ídiú breoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí gas ceaptha teasa dá réir sin. Agus é sin á chur chun feidhme in éineacht le bearta eile, ba cheart ***go rannchuideodh sé leis an mbochtaineacht fuinnimh*** agus ***soghluaisteachta a dhíothú,*** agus deiseanna nua a chur ar fáil chun poist ***ardcháilíochta*** a chruthú agus le haghaidh infheistíochta ***inbhuanaithe, go hiomlán i gcomhréir le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.*** Ba cheart ***don Choimisiún sonraí a bhailiú maidir le tionchar*** sóisialta ***na mbeart tionlacain*** agus ***maidir leis an gcaoi a*** |

***ndéanann na bearta sin difear do na Ballstáit, do na réigiúin agus do na grúpaí leochaileacha éagsúla chun cur chuige coisctheach a áirithiú chun éagothromaíochtaí*** sa ***rochtain ar fhuinneamh*** agus ***ar shoghluaisteacht inbhuanaithe agus inacmhainne a laghdú***. ***Ba cheart*** aird ar leith a thabhairt ***ar na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus ar theaghlaigh atá thíos le soghluaisteacht nó bochtaineacht fuinnimh, ionas*** go mbainfidh ***siad*** tairbhe as cur chun feidhme ***na n-ionstraimí*** cistiúcháin ***sin agus nach bhfágfar aon duine ar lár.***

| | |
|---|---|
| [31] ***Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na*** *hEorpa* agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas (***IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).*** | [31] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas (***IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Mar sin féin, teastaíonn acmhainní chun ***na hinfheistíochtaí sin*** a mhaoiniú. Thairis sin, sula ndéanfar na hinfheistíochtaí sin, is dócha go n-ardófar na costais a íocann teaghlaigh agus úsáideoirí iompair le haghaidh téimh, fuaraithe agus cócaireachta, chomh maith le costais le haghaidh iompar de bhóthar, ***de réir mar a chuireann na soláthróirí breosla atá faoi réir na n-oibleagáidí faoin trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar na costais ar charbón ar aghaidh chuig na tomhaltóirí***. | (9) Mar sin féin, teastaíonn acmhainní chun ***infheistíochtaí leordhóthanacha, cobhsaí agus cothromasacha*** a mhaoiniú. Thairis sin, sula ndéanfar na hinfheistíochtaí sin, is dócha go n-ardófar na costais a íocann teaghlaigh agus úsáideoirí iompair le haghaidh téimh, fuaraithe agus cócaireachta, chomh maith le costais le haghaidh iompar de bhóthar, ***agus ina theannta sin, i bhfianaise chogadh ionsaitheach na Rúise, á thabhairt san áireamh spleáchas na mBallstát ar bhreoslaí iontaise allmhairithe***. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Nochtadh arís eile spleáchas AE ar ghás iontaise arna iompórtáil dá thionscail agus dá theaghlaigh, go háirithe i measc na dteaghlach is boichte, mar thoradh ar phraghasanna an gháis iontaise i mBallstáit áirithe i rith shéasúr téimh 2021/2022, ar phraghasanna iad ar chuir spleáchas an Aontais ar allmhairí agus teannas geopholaitiúil leo. Dá bhrí sin, is iad an modh is éifeachtachaí ó thaobh costais infheistíochtaí i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh, chomh maith le córais téimh atá bunaithe ar fhuinneamh inathnuaite, lena n-áirítear teaschaidéil leictreacha, téamh agus fuarú ar leibhéal ceantair agus rannpháirtíocht i bpobail fuinnimh inathnuaite, chun spleáchas ar allmhairí agus astaíochtaí a laghdú agus athléimneacht an Aontais a mhéadú ag an am céanna. Tá gá le scéimeanna maoinithe tríú páirtí, go háirithe i gcás na dteaghlach is boichte, chun comhlíonadh na bprionsabal sin a áirithiú.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9b) Ós rud é go mbeidh tionchar eacnamaíoch agus sóisialta ag an aistriú chuig an Eoraip níos glaine a bhfuil sé deacair measúnú ex-ante a dhéanamh air, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hinfheistíocht bhreise agus, dá réir sin, acmhainní airgeadais chun an tiomantas i leith neodracht aeráide a bhaint amach, agus an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach á chaomhnú ag*** |

***an am céanna.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9c) Is féidir na costais arna gcur ar aghaidh ag sholáthróirí breosla chuig na tomhaltóirí deiridh a bheith éagsúil i gcás gach cuideachta, i gcás gach réigiúin nó i gcás gach Ballstáit. Ba cheart go mbaileodh an Coimisiún, dá bhrí sin, sonraí faoi sciar na gcostas arna seasamh ag soláthróirí breosla agus faoi sciar na gcostas arna chur ar aghaidh chuig na tomhaltóirí deiridh agus ba cheart dó a thorthaí a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa go bliantúil.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9d) San earnáil tógála, dá ndéanfaí athchóiriú iomlánaíoch ar struchtúr na bhfoirgneamh, bheadh níos lú éilimh ar fhuinneamh, agus mar gheall air sin bheifí in ann daoine atá i mbaol eisiaimh a chur san áireamh ar bhealach níos éifeachtúla, eadhon na daoine is mó a bhíonn ag fulaingt de dheasca bochtaineacht fuinnimh san Aontas. Chuirfeadh sé i gcoinne threocht na dteaghlach a bhíonn ag bogadh idir ceantair thuaithe, pheirea-uirbeacha, uirbeacha agus ceantair inar tearc an daonra, rud a chuirfeadh cosc orthu praghsanna tithíochta níos airde a thabhú agus a chuirfeadh cosc ar astú leanúnach gás ceaptha teasa mar thoradh ar úsáid*** |

| | |
|---|---|
| | ***mhéadaithe an iompair phríobháidigh.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) ***D'fhéadfadh sé go mbeadh*** tionchar díréireach ag an ***méadú*** ar ***phraghas breoslaí iontaise ar*** theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí leochaileacha iompair a chaitheann cuid ***níos mó*** dá gcuid ioncaim ar fhuinneamh agus iompar agus, i ***gcás réigiún*** áirithe, nach mbíonn rochtain acu ar réitigh mhalartacha, inacmhainne ***um shoghluaisteacht*** agus ***iompar*** agus ***d'fhéadfadh*** sé nach mbeadh an cumas maoinithe acu ***le hinfheistiú chun a n-ídiú*** breosla iontaise ***a laghdú***. | (10) ***Táthar ag súil leis go mbeidh*** tionchar díréireach ag an ***aistriú chuig an aeráidneodracht, lena n-áirítear trí phraghsáil carbóin,*** ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí leochaileacha iompair a chaitheann cuid ***mhór*** dá gcuid ioncaim ar fhuinneamh agus ***ar*** iompar agus, i ***réigiúin*** áirithe, ***lena n-áirítear i limistéir thuaithe, i limistéir oileánacha, i limistéir shléibhtiúla, i limistéir iargúlta nó i limistéir*** nach ***bhfuil rochtain mhaith orthu nó i réigiúin nó críocha lagfhorbartha, lena n-áirítear limistéir pheirea-uirbeacha lagfhorbartha, nach*** mbíonn rochtain acu ar réitigh mhalartacha, inacmhainne ***i gcomhair soghluaisteachta*** agus ***iompair*** agus ***a bhféadfadh*** sé nach mbeadh an cumas maoinithe acu ***infheistíocht a dhéanamh sa laghdú ar an ídiú*** breosla iontaise. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Dá bhrí sin, ba cheart cuid den ioncam a ghintear trí fhoirgnimh agus iompar de bhóthar a chur san áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE a úsáid chun ***aghaidh*** a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as iad a chur san áireamh, ionas go mbeidh an t-aistriú cóir | (11) Dá bhrí sin, ba cheart cuid den ioncam a ghintear trí fhoirgnimh agus iompar de bhóthar a chur san áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE a úsáid ***mar acmhainn dhílis*** chun ***buiséad an Aontais*** a ***mhaoiniú mar ioncam ginearálta, i gcomhréir leis an*** |

| | |
|---|---|
| agus cuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. | ***gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 atá ceangailteach ó thaobh dlí[1a], (an 'Comhaontú Idirinstitiúideach') ina leagtar amach treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a*** thabhairt ***isteach, lena gcuirfear*** ar ***fáil do bhuiséad an Aontais*** na ***modhanna chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na*** tionchair shóisialta a eascraíonn as iad a chur san áireamh, ionas go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. ***Faoin gComhaontú Idirinstitiúideach, tá sé beartaithe ciseán d'acmhainní dílse nua a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2023. Is modhanna iad hacmhainní dílse glasa chun buiséad an Aontais a ailíniú le tosaíochtaí beartais an Aontais agus, dá bhrí sin, soláthrófar breisluach don Aontas, agus ba cheart iad a úsáid chun rannchuidiú le cuspóirí maidir le príomhshruthú aeráide, fiachais Next Generation EU a aisíoc agus athléimneacht bhuiséad an Aontais maidir lena fheidhmiú mar uirlis infheistíochta agus ráthaíochtaí.*** <br>__________________<br>***[1a] Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28).*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bearta fioscacha nó spreagtha breise chun*** |

***tacú le teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha, fiontair bheaga leochaileacha nó úsáideoirí iompair leochaileacha.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Tá sé sin níos ábhartha fiú i bhfianaise na leibhéal bochtaineachta fuinnimh atá ann faoi láthair. Is éard atá i gceist leis an mbochtaineacht fuinnimh cás a fhágann nach ***féidir le*** teaghlaigh ***rochtain a fháil*** ar sheirbhísí fuinnimh ***fíor-riachtanacha, amhail*** fuarú ***de réir mar a théann teochtaí in airde***, agus ***téamh***. Tuairiscítear nach raibh sé de chumas ag thart ar 34 mhilliún Eorpach a dtithe a choinneáil te go leor in 2018, agus dúirt 6.9 % de dhaonra an Aontais nach raibh sé d’acmhainn acu a dteach a théamh go leordhóthanach i suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais in ***2019***. Ar an iomlán, measann an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh go bhfuil níos mó ná 50 milliún teaghlach san Aontas Eorpach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Dá bhrí sin, is dúshlán mór í an bhochtaineacht fuinnimh don Aontas. Cé gur féidir le taraifí sóisialta nó tacaíocht dhíreach ioncaim faoiseamh láithreach a sholáthar do theaghlaigh a bhfuil orthu dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh, ní féidir ach bearta struchtúraithe dírithe, go háirithe athchóirithe fuinnimh, réitigh bhuana a sholáthar. | (12) Tá sé sin níos ábhartha fiú i bhfianaise na leibhéal bochtaineachta fuinnimh atá ann faoi láthair. Is éard atá i gceist leis an mbochtaineacht fuinnimh cás a fhágann nach ***bhfuil rochtain ag*** teaghlaigh ar sheirbhísí fuinnimh ***bunriachtanacha is bunús le caighdeán cuibhiúil maireachtála agus leis an tsláinte, lena n-áirítear teas leormhaith,*** fuarú ***leormhaith agus soilsiú leormhaith***, agus ***fuinneamh leormhaith chun gairis a chumhachtú, agus sa bheartas sóisialta ábhartha atá ann cheana agus i mbeartais ábhartha eile, go minic toisc sciar ard caiteachais fuinnimh le seasamh acu mar chuid dá n-ioncam indiúscartha mar thoradh ar theaglaim tosca, lena n-áirítear ioncam íseal, praghsanna arda ar fhuinneamh agus stoc tithíochta atá ar chaighdeán íseal a bhfuil drochfheidhmíocht ag baint leis***. Tuairiscítear nach raibh sé de chumas ag thart ar 34 mhilliún Eorpach a dtithe a choinneáil te go leor in 2018, agus dúirt 6.9 % de dhaonra an Aontais nach raibh sé d’acmhainn acu a dteach a théamh go leordhóthanach i suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais in ***2019***[32]. Ar an iomlán, measann an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh go bhfuil níos mó ná 50 milliún teaghlach san Aontas Eorpach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Dá bhrí sin, is dúshlán mór í an bhochtaineacht fuinnimh don Aontas. ***Ainneoin go bhfuil tábhacht an dúshláin sin á haithint ar leibhéal an*** |

***Aontais le breis agus deich mbliana trí thionscnaimh, reachtaíocht agus treoirlínte éagsúla, ní ann fós, ar leibhéal an Aontais, d'aon sainmhíniú caighdeánach ar an mbochtaineacht fuinnimh agus ní dhearna ach aon trian de na Ballstáit sainmhíniú náisiúnta ar an mbochtaineacht fuinnimh a leagan síos. Mar thoradh air sin, níl aon sonraí trédhearcacha agus inchomparáide ar bhochtaineacht fuinnimh san Aontas ar fáil, rud a chuireann srian ar an acmhainneacht chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar leibhéal na bochtaineachta fuinnimh. Dá bhrí sin, ba cheart sainmhíniú ar leibhéal an Aontais a bhunú chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an mbochtaineacht fuinnimh agus chun an dul chun cinn sna Ballstáit uile a thomhas.*** Cé gur féidir le taraifí sóisialta nó tacaíocht dhíreach ioncaim faoiseamh láithreach a sholáthar do theaghlaigh a bhfuil orthu dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh, ní féidir ach bearta struchtúraithe dírithe, ***cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, foinsí fuinnimh inathnuaite breise a shuiteáil, lena n-áirítear trí thionscadail faoi stiúir an phobail, chomh maith le bearta faisnéise agus múscailte feasachta atá dírithe ar theaghlaigh,*** go háirithe ***ranníocaíochtaí*** athchóirithe fuinnimh ***a rannchuidíonn leis an gceanglas athchóirithe a bunaíodh le Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)***, réitigh bhuana a sholáthar ***agus cabhrú go héifeachtach chun an bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac***.

---

[32] Sonraí ó 2018. Eurostat, SILC [ilc_mdes01]).

[32] Sonraí ó 2018. Eurostat, SILC [ilc_mdes01]).

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Maidir le hearnáil na bhfoirgneamh, dá ndéanfaí athchóiriú iomlánaíoch ar fhoirgnimh, a bheadh bunaithe ar ghníomhaíochtaí atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú trí dhíriú ar na gnéithe ar fad atá i bhfoirgneamh, laghdófaí tomhaltas fuinnimh do gach teaghlach, agus bheadh sé infheicthe san airgead a shábhálfaí agus, mar thoradh air sin, bheadh sé ina bhealach chun an bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac. San athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar Treoir 2010/21/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, leagfaí síos an dúshraith do na cuspóirí sin atá le baint amach agus dá bhrí sin ba cheart iad a chur san áireamh agus an Ciste á chur chun feidhme.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12b) Ní mór aird ar leith a thabhairt ar thionóntaí sa mhargadh cíosa príobháideach. Áirítear ar na tionóntaí sin teaghlaigh leochaileacha faoi bhochtaineacht fuinnimh nó teaghlaigh atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, lena n-áirítear teaghlaigh íseal-mheánioncaim, dá ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr costais mhéadaithe téimh nó ag praghsanna cíosa arda i ndiaidh athchóirithe difear, ach nach bhfuil in ann an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú. Mar chuid dá bPleananna Aeráide Sóisialta, ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin tithíocht ghlas shóisialta atá tíosach ar fhuinneamh,*** |

***bearta sonracha agus infheistíochtaí sonracha a fhorbairt, i gcomhairle le tiarnaí talún, leis an earnáil phríobháideach, agus leis na húdaráis áitiúla ábhartha agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, chun tacú le tionóntaí leochaileacha ar an margadh cíosa príobháideach, mar shampla trí scéimeanna náisiúnta nó scéimeanna dearbhán atá dírithe ar thionóntaí tithíochta sa mhargadh cíosa príobháideach a bhreithniú, trí bhearta athchóirithe a dhéanamh agus trí rannchuidiú le spriocanna aeráide an Aontais. Mar chuid den tuairisciú agus an mheastóireacht dhébhliantúil ar na bearta agus na hinfheistíochtaí arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a dtionchar agus ar a n-éifeachtacht maidir le tacú le tionóntaí leochaileacha sa mhargadh cíosa príobháideach. In éagmais torthaí dearfacha, ba cheart tionscnamh ón gCoimisiún a bheith ag gabháil leis an measúnú sin i gcás inarb iomchuí, i gcomhairle leis na Ballstáit, ionadaithe ar an margadh cíosa príobháideach agus údaráis áitiúla ábhartha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus údaráis áitiú, chun aghaidh a thabhairt ar chás na dtionóntaí leochaileacha sa mhargadh cíosa príobháideach.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12c) Is ró-íseal a nochtadh an bhochtaineacht soghluaisteachta agus níl aon sainmhínithe soiléire ar fáil ar leibhéal an Aontais ná ar an leibhéal náisiúnta. Is fadhb é, áfach, a bhfuil sé ag éirí níos práinní aghaidh a thabhairt*** |

***uirthi mar thoradh ar na ceanglais céimnithe amach mhéadaitheacha i gcomhair feithiclí innill dócháin, praghsanna arda breosla, agus spleáchas ard ar infhaighteacht iompair, inrochtaineacht agus costais chun dul chun na hoibre nó i gcomhair riachtanais soghluaisteachta laethúla do dhaoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, oileánacha, forimeallacha, shléibhtiúla, iargúlta agus i réigiúin agus críocha nach bhfuil rochtain mhaith orthu, lena n-áirítear ceantair pheirea-uirbeacha lagfhorbartha agus na réigiúin is forimeallaí.***

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') a bhunú dá bhrí sin chun cistí a chur ar fáil do na Ballstáit le tacú lena mbeartais chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bheidh ag an ***trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar*** ar theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha. Ba cheart é sin a bhaint amach go háirithe trí thacaíocht ioncaim shealadach a chur ar fáil agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh i bhfoirgnimh, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí ***in-athnuaite*** a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle chun leasa teaghlach leochaileach, micrifhiontar leochaileach agus úsáideoirí iompair leochaileacha. | (13) Ba cheart Ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') a bhunú dá bhrí sin chun cistí a chur ar fáil do na Ballstáit le tacú lena mbeartais chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bheidh ag an ***aistriú chuig an aeráidneodracht, lena n-áirítear praghsáil carbóin*** ar theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha***,*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha. Ba cheart é sin a bhaint amach go háirithe trí thacaíocht ioncaim shealadach a chur ar fáil agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh i bhfoirgnimh, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí ***inathnuaite*** a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle ***inacmhainne agus éifeachtúil*** chun leasa teaghlach leochaileach, micrifhiontar leochaileach***,*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | (*13a)* ***Ós rud é go mbeidh tacaíocht bhreise ag teastáil ó theaghlaigh leochaileacha*, *ó mhicrifhiontair leochaileacha agus ó úsáideoirí leochaileacha iompair leis an aistriú glas,*** ba cheart ***cúnamh airgeadais comhréireach, leordhóthanach a leithdháileadh ar*** gach Ballstát**.** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Chun na críche sin, ba cheart do gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart do na Pleananna ***sin*** dhá chuspóir a shaothrú. I dtosach báire, ba cheart dóibh na ***hacmhainní is gá a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha***, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha chun infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú téimh agus fuaraithe, i bhfeithiclí agus soghluaiseacht astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhaoiniú agus a dhéanamh. Ar an dara dul síos, ba cheart dóibh an tionchar a bheidh ag an méadú i gcostas breoslaí iontaise ar na daoine is leochailí a mhaolú agus dá bhrí sin an bhochtaineacht fuinnimh agus ***iompair*** le linn na tréimhse aistrithe a chosc go dtí go gcuirfear infheistíochtaí den sórt sin chun feidhme. Ba cheart do na Pleananna comhpháirt infheistíochta a bheith acu ina gcuirtear réiteach fadtéarmach chun spleáchas ar | (14) Chun na críche sin, ba cheart do gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart do na Pleananna ***rannchuidiú le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach agus a áirithiú ag an am céanna nach bhfágfar aon duine ar lár agus*** dhá chuspóir a shaothrú. I dtosach báire, ba cheart dóibh ***in éineacht leis*** na ***húdaráis áitiúla agus réigiúnacha***, ***comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shóisialta teaghlaigh leochaileacha a shainaithint agus a mhapáil,*** micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha ***a chur san áireamh mar thairbhithe*** chun ***na hacmhainní is gá chun*** infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú téimh agus fuaraithe, i bhfeithiclí agus soghluaiseacht astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhaoiniú agus a dhéanamh. ***Ba*** |

| | |
|---|---|
| bhreoslaí iontaise a ***laghdú chun cinn agus d'fhéadfaidís bearta eile a bheartú, lena n-áirítear*** tacaíocht dhíreach ioncaim chun éifeachtaí díobhálacha ioncaim a mhaolú sa ghearrthéarma. | ***cheart do na Ballstáit anailís mhionsonraithe a sholáthar,*** ar ***anailís í a dhéanfar i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis*** an ***tsochaí shibhialta, ar phríomhchúiseanna na bochtaineachta fuinnimh agus soghluaisteachta ina gcríocha faoi seach. Ba cheart go socrófaí sna Pleananna freisin spriocanna agus cuspóirí chun líon na ndaoine atá faoi bhochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta, na dteaghlagh leochaileach, micrifhiontar leochaileacha, agus úsáideoirí iompair leochaileacha a laghdú. Ar an*** dara dul síos, ba cheart dóibh an tionchar a bheidh ag an méadú i gcostas breoslaí iontaise ar na daoine is leochailí a mhaolú agus dá bhrí sin an bhochtaineacht fuinnimh agus ***soghluaisteachta*** le linn na tréimhse aistrithe a chosc go dtí go gcuirfear infheistíochtaí den sórt sin chun feidhme. Ba cheart do na Pleananna comhpháirt infheistíochta a bheith acu ina gcuirtear ***chun cinn*** réiteach fadtéarmach chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a ***chéimniú amach, comhlánaithe le*** tacaíocht dhíreach ioncaim ***shealadach*** chun éifeachtaí díobhálacha ioncaim a mhaolú sa ghearrthéarma. ***Ba cheart go n-áiritheofaí leis na Pleananna sin freisin go gcuirfear gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme cheana ar an leibhéal náisiúnta san áireamh.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Tá oibrithe sna hearnálacha tógála agus athchóirithe go háirithe i mbaol a bheith neamhchosanta ar aispeist. Dá bhrí sin, tá gá le ceanglais maidir scagadh, clárú agus baint aispeiste agus substaintí contúirteacha eile sula*** |

***gcuirfear tús le haon oibreacha athchóirithe. Ba cheart athchóiriú fuinnimh a bheith ina dheis chun aispeist a bhaint go sábháilte ó fhoirgnimh.***

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14b) Ba cheart a áireamh sna Pleananna a thíolacfaidh na Ballstáit bearta chun tacaíocht faisnéise, fothú acmhainneachta agus oiliúint is gá a sholáthar ionas go gcuirfí chun feidhme na hinfheistíochtaí agus na bearta a bhfuil sé i gceist leo an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe foirgneamh agus trí rochtain mhéadaithe ar fhuinneamh inathnuaite do théamh agus fuarú foirgneamh, agus rochtain níos fearr ar shoghluaisteacht inbhuanaithe agus ar sheirbhísí iompair a dheonú, lena n-áirítear an bonneagar is gá agus imscaradh stáisiún luchtaithe d'fheithiclí leictreacha. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh sna Pleananna freisin ar an easpa lucht saothair a bhfuil gá leis do gach céim den aistriú glas, go háirithe i bpoist a bhaineann le hathchóiriú foirgneamh agus an comhtháthú fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite chomh maith le hobair idir piaraí agus obair don phobal chun dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht soghluaisteachta.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) ***Is iad*** Ballstáit, agus iad ag dul i gcomhairle le húdaráis ar an leibhéal réigiúnach, is fearr chun Pleananna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus na Pleananna sin oiriúnaithe agus dírithe ar a n-imthosca réigiúnacha agus náisiúnta ós rud é go bhfuil beartais acu cheana féin sna réimsí ábhartha agus go gcaithfidh siad úsáid cistí ábhartha eile an Aontais a phleanáil. Ar an dóigh sin, is féidir an urraim is fearr a thabhairt d'éagsúlacht leathan cásanna, saineolas sonrach rialtas áitiúil agus réigiúnach, taighde agus nuálaíocht agus caidreamh tionsclaíoch agus struchtúir idirphlé sóisialta, chomh maith le traidisiúin náisiúnta, agus rannchuidiú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na tacaíochta foriomláine do dhaoine leochaileacha. | (15) ***Tá na*** Ballstáit, agus iad ag dul i gcomhairle ***fhiúntach*** le húdaráis ar an leibhéal ***áitiúil agus ar an leibhéal*** réigiúnach, ***le comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, san áit*** is fearr chun Pleananna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus na Pleananna sin oiriúnaithe agus dírithe ar a n-imthosca ***áitiúla,*** réigiúnacha agus náisiúnta ós rud é go bhfuil beartais acu cheana féin sna réimsí ábhartha agus go gcaithfidh siad úsáid cistí ábhartha eile an Aontais a phleanáil. Ar an dóigh sin, is féidir an urraim is fearr a thabhairt d'éagsúlacht leathan cásanna, saineolas sonrach rialtas áitiúil agus réigiúnach, ***comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta agus*** taighde agus nuálaíocht agus caidreamh tionsclaíoch agus struchtúir idirphlé sóisialta, chomh maith le traidisiúin náisiúnta, agus rannchuidiú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na tacaíochta foriomláine do dhaoine leochaileacha ***agus le tionscadail arna bhforbairt ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha, ag comhpháirtithe sóisialta agus ag gníomhaithe socheacnamaíocha a mhéadú***. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) Ba cheart na Pleananna a cheapadh ar bhealach cuimsitheach agus, san am céanna, cosc a chur ar ualaí riaracháin iomarcacha. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit a bheith cuimsitheach agus na Pleananna á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu*** |

***mar a thuairiscítear agus, san am céanna, aon chastacht nach bhfuil gá léi a sheachaint.***

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndírítear na bearta agus na hinfheistíochtaí go háirithe ar theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh nó ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach. Ba cheart do bhearta tacaíochta chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa cuidiú le Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a ***eascraíonn as trádáil astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar***. | (16) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndírítear na bearta agus na hinfheistíochtaí go háirithe ar theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh nó ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach. Ba cheart do bhearta tacaíochta chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa cuidiú le Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a ***bhaineann leis an aistriú chuig an aeráidneodracht, lena n-áirítear na tionchair shóisialta ó phraghsáil carbóin***. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ar feitheamh thionchar na n-infheistíochtaí sin ar chostais agus astaíochtaí a laghdú, ***chuideodh*** tacaíocht dea-dhírithe ***d'ioncam díreach le haghaidh na ndaoine is leochailí*** leis an aistriú cóir. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a thuiscint mar bheart sealadach a ghabhann le dícharbónú na hearnála tithíochta agus iompair. Ní bheadh an tacaíocht buan toisc nach dtugann sí aghaidh ar na príomhchúiseanna atá le bochtaineacht fuinnimh agus ***iompair***. ***Níor*** | (17) ***Cuideoidh tacaíocht ioncaim dhírigh nuair a dhéanfar bearta fadtéarmacha infheistíochta atá dírithe*** ar ***na tairbhithe céanna a chur le chéile le cuspóirí an Chiste a bhaint amach. Ar*** feitheamh thionchar na n-infheistíochtaí sin ar chostais agus astaíochtaí a laghdú, ***d'féadfadh*** tacaíocht dea-dhírithe ***sealadach do theaghlaigh faoi bhochtaineacht fuinnimh nó soghluaisteachta rannchuidiú le costais fuinnimh agus soghluaisteachta a laghdú*** |

| | |
|---|---|
| ***cheart ach tionchair dhíreacha a bhaineann le foirgnimh agus iompar de bhóthar a chur san áireamh i raon feidhme Theoir 2003/87/CE a chumhdach leis an tacaíocht sin, agus ní costais leictreachais nó teasa a bhaineann le táirgeadh cumhachta agus téimh a chur san áireamh i raon feidhme na Treorach sin.*** Ba cheart ***don incháilitheacht le haghaidh tacaíochta*** ioncaim dhírigh den sórt sin a bheith teoranta ***ó thaobh ama***. | ***agus tacú*** leis an aistriú cóir***, ar feitheamh go ndéanfar níos mó infheistíochtaí struchtúracha***. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a thuiscint mar bheart sealadach a ghabhann le dícharbónú na hearnála tithíochta agus iompair. Ní bheadh an tacaíocht buan toisc nach dtugann sí aghaidh ar na príomhchúiseanna atá le bochtaineacht fuinnimh agus ***soghluaisteachta***. Ba cheart ***tacaíocht*** ioncaim dhírigh den sórt sin a bheith teoranta ***go suas le 40% de chostas iomlán measta gach Plean don tréimhse 2024-2027 agus ba cheart í a shocrú don tréimhse 2028-2032 i gcomhréir le measúnú de réir tíre arna dhéanamh ag an gCoimisiún ar éifeachtúlacht, breisluach, ábharthacht leanúnach agus leibhéal riachtanach na tacaíochta ioncaim dhírigh i bhfianaise dhul chun cinn agus éifeacht chur chun feidhme na n-infheistíochtaí struchtúracha agus na mbeart, d'fhonn deireadh a chur le tacaíocht den sórt sin faoi dheireadh 2032***. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) Ba cheart teaghlaigh leochaileacha, úsáideoirí leochaileacha iompair agus micrifhiontair leochaileacha a chur ar an eolas faoi thacaíocht faoin gCiste, conas rochtain a fháil ar an tacaíocht sin agus tairbhe a bhaint aisti. Dá bhrí sin, ba cheart faisnéis, oideachas, feasacht agus comhairle a bheidh spriocdhírithe, inrochtana agus inacmhainne a sholáthar maidir le bearta agus infheistíochtaí costéifeachtacha agus maidir le tacaíocht atá ar fáil a chur ar fáil.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17b) Ba cheart don Chiste a bheith comhsheasmhach le hoibleagáid an Aontais faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus níor cheart go dtacódh sé le haon bheart nó infheistíocht a rannchuidíonn le leithscaradh nó le heisiamh sóisialta.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais Chomhaontú Pháras, agus an gealltanas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ba cheart do na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo ***cur leis an sprioc nach mór 30 % den chaiteachas uile faoin gcreat*** ilbhliantúil 2021-2027 ***a chaitheamh ar phríomhshruthú na gcuspóirí*** aeráide a ***bhaint amach,*** agus rannchuidiú leis an uaillmhian ***de 10 % de*** chaiteachas bliantúil a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027, a fhad agus a chuirtear an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta san áireamh freisin. Chun na críche sin, ba cheart an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] a úsáid chun caiteachais an Chiste a chlibeáil. Ba cheart don Chiste tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramófar go hiomlán ***caighdeáin*** | (18) Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais Chomhaontú Pháras, ***gealltanas Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta*** agus an gealltanas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ba cheart do na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo ***rannchuidiú le baint amach na sprice go gcaithfí 30 % ar a laghad de mhéid iomlán bhuiséad an Aontais faoi Chlár Airgeadais*** Ilbhliantúil 2021-2027 ***agus caiteachas Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun cuspóirí*** aeráide a ***phríomhshruthú*** agus ***ba cheart dóibh*** rannchuidiú leis an uaillmhian ***7.5 % den*** chaiteachas bliantúil ***faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil*** a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in ***2024 agus 10 % den chaiteachas bhliantúil a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in*** 2026 agus 2027, a fhad agus a chuirtear an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta san áireamh freisin. Chun na críche sin, ba cheart an mhodheolaíocht |

***agus tosaíochtaí an Aontais ó thaobh na haeráide agus an chomhshaoil*** de ***agus an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de*** Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] . Níor cheart ach bearta agus infheistíochtaí den sórt sin a chur san áireamh sna Pleananna. Ba cheart bearta tacaíochta ioncaim dhírigh a mheas, mar riail ghinearálta, mar rudaí ag a bhfuil tionchar intuartha ar chuspóirí comhshaoil, agus dá bhrí sin ba cheart iad a mheas mar a bheith i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. ***Beartaíonn*** an Coimisiún ***treoraíocht theicniúil a eisiúint do na Ballstáit i bhfad sula n-ullmhófar na Pleananna. Míneofar sa treoraíocht an bealach nach mór do na bearta agus na hinfheistíochtaí an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún*** togra ***a thíolacadh*** in 2021 le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le conas dul i ngleic leis na gnéithe sóisialta den aistriú glas.

a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] a úsáid chun caiteachais an Chiste a chlibeáil. Ba cheart don Chiste tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramófar go hiomlán ***na critéir scagtha theicniúla arna leagan síos ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 10(3)*** de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34]. Níor cheart ach bearta agus infheistíochtaí den sórt sin a chur san áireamh sna Pleananna. Ba cheart bearta tacaíochta ioncaim dhírigh a mheas, mar riail ghinearálta, mar rudaí ag a bhfuil tionchar intuartha ar chuspóirí comhshaoil, agus dá bhrí sin ba cheart iad a mheas mar a bheith i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. ***Thíolaic*** an Coimisiún togra in 2021 le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le conas dul i ngleic leis na gnéithe sóisialta den aistriú glas.

---

[33] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

[34] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

[33] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

[34] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ***Tá*** tionchar ag ***praghsáil carbóin*** ar mhná go háirithe mar ***gheall gur mná iad 85 % de na teaghlaigh aontuismitheora. Baineann*** riosca ***ard*** bochtaineachta leanaí le teaghlaigh aontuismitheora ***go háirithe***. Ba cheart comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna do chách, agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, ***chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht le haghaidh*** daoine faoi mhíchumas a ***chur san áireamh*** agus a chur chun cinn agus ***na Pleananna á n-ullmhú agus á gcur*** chun feidhme chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. | (19) ***Bíonn*** tionchar ***díréireach*** ag ***an mbochtaineacht fuinnimh agus ag an mbochtaineacht soghluaisteachta*** ar mhná***,*** go háirithe ***máithreacha aonair, arb ionann iad agus 85 % de theaghlaigh aontuismitheora,*** mar ***aon le mná aonair, mná faoi mhíchumas, nó mná scothaosta atá ina gcónaí ina n-aonar. Ina theannta sin, bíonn patrúin soghluaisteachta éagsúla agus níos casta ag mná. Bíonn*** riosca bochtaineachta leanaí ***thar a bheith ard i gceist*** le teaghlaigh aontuismitheora ***a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu***. Ba cheart comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna do chách, agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, ***mar son le cearta inrochtaineachta*** daoine faoi mhíchumas a ***urramú*** agus a chur chun cinn ***le linn cheapadh, ullmhú*** agus ***chur*** chun feidhme ***na bPleananna*** chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) Is féidir le pobail fuinnimh inathnuaite agus le pobail fuinnimh na saoránach cuidiú leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach trí chur chuige ó bhun aníos arna*** |

***thionscnamh ag na saoránaigh, ós rud é go gcumhachtaíonn na pobail sin tomhaltóirí agus go dtugann siad páirt dóibh, agus go gcuireann siad ar a gcumas do ghrúpaí áirithe custaiméirí teaghlaigh, a bhfuil cónaí orthu i limistéir uirbeacha, i limistéir tuaithe, i limistéir oileánacha, i limistéir shléibhtiúla, i limistéir iargúlta, i limistéir nach bhfuil rochtain mhaith orthu nó i réigiúin nó críocha lagfhorbartha, lena n-áirítear limistéir pheirea-uirbeacha lagfhorbartha, páirt a ghlacadh i dtionscadail agus gníomhaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh, tacú le húsáid fuinnimh inathnuaite ag teaghlaigh agus ag an am céanna, rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh. Ba cheart do na Ballstáit an ról atá ag pobail fuinnimh inathnuaite agus ag pobail fuinnimh na saoránach a chur chun cinn agus ba cheart dóibh iad a mheas mar thairbhithe incháilithe den Chiste.***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ba cheart do Bhallstáit a bPleananna a chur isteach in éineacht leis an nuashonrú ar a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35]. Ba cheart na bearta atá le maoiniú, an costas measta a bhaineann leo agus an ranníocaíocht náisiúnta a chuimsiú sna Pleananna. Ba cheart príomh-gharspriocanna agus príomhspriocanna a bheith iontu freisin chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeart. | (20) Ba cheart do Bhallstáit a bPleananna a chur isteach in éineacht leis an nuashonrú ar a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] ***agus Cód Iompair Eorpach maidir le Comhpháirtíocht mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh*. *240/2014*[35a]*.** Ba cheart na bearta atá le maoiniú, an costas measta a bhaineann leo agus an ranníocaíocht náisiúnta a chuimsiú sna Pleananna. Ba cheart príomh-gharspriocanna agus príomhspriocanna a bheith iontu freisin chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme |

éifeachtach na mbeart.

[35] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

[35] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

***[35a] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 240/2014 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2014 maidir leis an gcód iompair Eorpach i ndáil le comhpháirtíocht faoi chuimsiú Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (IO L 74, 14.3.2014, lch. 1).***

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) Beidh feidhmiú na mbeart atá san áireamh sna Pleananna ag brath ar leibhéal leordhóthanach luchta saothair, lena n-áirítear ceardaithe chomh maith le saineolaithe ardoilte teicneolaíochta glasa, eolaithe feidhmeacha agus nuálaithe. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit na Pleananna a chomhlánú trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí agus cláir eile ábhartha Aontais chun foráil a dhéanamh d'athsciliú agus uas-sciliú oibrithe chun deiseanna níos fearr a*** |

| | |
|---|---|
| | ***bhunú do cheardaithe speisialaithe agus do shaineolaithe ardoilte, go háirithe i bpoist a bhaineann le hathchóiriú foirgneamh, insliú agus suiteáil teaschaidéal, agus imscaradh bonneagair breoslaí malartacha, amhail stáisiúin luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a imscaradh.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Ba cheart don Chiste agus do na Pleananna a bheith comhleanúnach agus leagtha amach leis na hathchóirithe agus na tiomantais a bheartaíonn na Ballstáit faoina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999, faoi Threoir [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Togra le haghaidh athmhúnlú Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh][36], Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[37], Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) ***a bunaíodh*** le Rialachán (AE) ***2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38]***, na Pleananna um Aistriú ***Cóir de bhun Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa*** agus ***ón gComhairle[39] agus*** straitéisí fadtéarmacha athchóirithe foirgneamh de bhun Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] . D'fhonn éifeachtúlacht riaracháin a áirithiú, i gcás inarb infheidhme, ba cheart don fhaisnéis atá sna Pleananna a bheith comhsheasmhach leis an reachtaíocht agus na pleananna a liostaítear thuas. | (21) Ba cheart don Chiste agus do na Pleananna a bheith comhleanúnach agus leagtha amach leis na hathchóirithe agus na tiomantais a bheartaíonn na Ballstáit faoina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999, faoi Threoir [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Togra le haghaidh athmhúnlú Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh][36], Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[37], Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)***[38], an Ciste don Nuachóiriú, na cláir oibríochtúla um beartas comhtháthaithe faoi Rialachán (AE) 2021/1058, na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhréir*** le Rialachán (AE) ***2021/241***, na Pleananna um Aistriú ***Cóir[39]*** agus straitéisí fadtéarmacha athchóirithe foirgneamh de bhun Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] . D'fhonn éifeachtúlacht riaracháin a áirithiú, i gcás inarb infheidhme, ba cheart don fhaisnéis atá sna Pleananna a bheith comhsheasmhach leis an reachtaíocht agus na pleananna a liostaítear thuas. |
| [36] [Cuir tagairt isteach] | [36] [Cuir tagairt isteach] |

| | |
|---|---|
| [37] Arna fhormhuiniú ag an gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Meitheamh 2021. | [37] Arna fhormhuiniú ag an gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Meitheamh 2021. |
| [38] Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21). | [38] Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21). |
| [39] Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1). | [39] Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1). |
| [40] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (***IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).*** | [40] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (***IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21a) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh an Ciste comhsheasmhach le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus le cláir bheartais chomhtháthaithe a bhfuil tosaíochtaí comhchosúla acu, chun aon fhorluí nó dúbláil iarrachtaí a chosc. Ina theannta sin, tá gá le comhordú éifeachtach agus le clársceidealú straitéiseach sna Ballstáit idir an Ciste, beartas comhtháthaithe 2021-2027 agus cistí eile de chuid an Aontais, go háirithe an Ciste Cóir don Aistriú agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(22) Ba cheart don Aontas tacú le Ballstáit a bPleananna a chur chun feidhme trí bhíthin acmhainní airgeadais ón gCiste Aeráide Sóisialta. Ba cheart íocaíochtaí ón gCiste Aeráide Sóisialta a dhéanamh coinníollach ar na garspriocanna agus na spriocanna atá mar chuid de na Pleananna a bhaint amach. Ceadóidh sé sin coinníollacha agus tosaíochtaí náisiúnta a chur san áireamh a fhad agus a dhéanfar a chomhtháthú le cláir chaiteachais náisiúnta eile a mhaoiniú agus a éascú agus tionchar agus sláine chaiteachas an Aontais á ráthú.*** | (*22*) Ba cheart don ***Aontas tacú*** le Ballstáit a bPleananna a ***chur chun feidhme trí bhíthin acmhainní airgeadais leordhóthanacha***, ***i gcomhréir leis na Ballstáit, á dtabhairt san áireamh a ndálaí geografacha agus déimeagrafacha, maille le tacaíocht theicniúil ón gCiste Aeráide Sóisialta. Ba cheart aird*** ar ***leith a thabhairt ar dhúshláin uathúla*** agus ***shonracha réigiún nó críoch tuaithe, oileánach, imeallach, sléibhtiúil, iargúlta agus nach bhfuil chomh inrochtana, ar réigiúin nó críocha iad a bhfuil orthu déileáil le tionchar socheacnamaíoch méadaithe ag an aistriú aeráide. D'fhonn éifeachtacht beart agus*** infheistíochtaí ***a áirithiú do na réigiúin*** sin, ba cheart ***íos-leithdháileadh airgeadais sonrach a bhunú do réigiúin is infheidhme***. Chun a ***áirithiú go mbainfear an úsáid is éifeachtúla is féidir as cistí an Aontais***, ba cheart ***íocaíochtaí ón gCiste Aeráide Sóisialta a dhéanamh coinníollach ar na garspriocanna*** agus ***na spriocanna atá mar chuid de na Pleananna a bhaint amach agus ba cheart iad a bheith i gcomhréir leis na costais a léirítear*** chun na ***garspriocanna*** agus ***na spriocanna sin a bhaint amach agus ba cheart a áirithiú leo nach gcuirfidh siad fad le spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus go seachnófar gaibhniú carbóin leo. Ceadóidh sé sin coinníollacha agus tosaíochtaí náisiúnta a chur san áireamh a fhad agus a dhéanfar a chomhtháthú le cláir chaiteachais náisiúnta*** eile ***a mhaoiniú agus a éascú agus tionchar agus sláine chaiteachas*** an Aontais ***á ráthú***. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(22a) Ceanglas Conartha faoi Airteagal 310(1) CFAE is ea prionsabal aontachta bhuiséad an Aontais, trína ndéantar gach mír ioncaim agus chaiteachais de chuid an Aontais a thaispeáint sa bhuiséad. Dá bhrí sin, tá an Ciste le comhtháthú go hiomlán i mbuiséad an Aontais chun, inter alia, an modh Comhphobail a urramú, cuntasacht, maoirseacht agus rialú daonlathach parlaiminteach a urramú, intuarthacht an chistithe agus an chlársceidealaithe ilbhliantúil a áirithiú, agus trédhearcacht na gcinntí buiséadacha a dhéantar ar leibhéal an Aontais a choimirciú.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) ***Ba cheart d'***imchlúdach airgeadais an Chiste a ***bheith ag teacht, i bprionsabal le méideanna atá comhréireach le*** 25 % d'ioncaim ionchasacha ***ó chuimsiú foirgneamh agus iompar*** de bhóthar i ***raon feidhme Threoir 2003/87/CE*** le linn na tréimhse ***2026-2032***. De bhun Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle[41], ba cheart do Bhallstáit na hioncaim sin a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais mar acmhainní dílse. ***Maoineoidh*** Ballstáit ***50%*** de chostais ***fhoriomlána a bPlean iad féin***. Chun na críche sin, agus chun críche infheistíochta agus beart chun dlús a chur faoin aistriú is gá do shaoránaigh dá ndéantar difear go diúltach, agus an tionchar diúltach sin a mhaolú, ba cheart do Bhallstáit ***inter alia*** a n-ioncaim ionchasacha ó thrádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar faoi Threoir 2003/87/CE a úsáid | (*23*) ***Tá imchlúdach airgeadais*** an Chiste ***socraithe ar bhonn measúnú ar an méid*** a ***mheastar a ghinfear trí*** 25 % d'ioncaim ionchasacha ***a leithdháileadh ar bhuiséad an Aontais, ar ioncam é a bhaineann le hiompar trachtála*** de bhóthar***, foirgnimh tráchtála agus breoslaí eile a chumhdaítear le Caibidil IVa [Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí] sa chéad tréimhse.*** Ba cheart ***an méid sin a chomhlánú leis an ioncam ón 150 milliún lamháltas a chuirtear ar ceant*** i ***gcomhréir*** le ***hAirteagal 30d(3) de Threoir 2003/87/CE. Ag glacadh leis go mbeadh praghas carbóin EUR 35 in aghaidh an tona ann, bheadh 5.25 billiún euro breise ar fáil le*** linn na tréimhse ***trí bliana***. ***In éineacht leis an imchlúdach airgeadais, bheadh EUR 16.39 billiún ann*** don ***tréimhse sin. Bheadh gá*** le ***togra ón gCoimisiún chun an méid don Chiste Aeráide Sóisialta don dara tréimhse 2028-*** |

chun na críche sin.

***2032 a bhunú, i bhfianaise na chéad chaibidlíochta eile maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) agus i bhfianaise earnálacha na bhfoirgneamh príobháideach agus an iompair phríobháidigh*** de ***bhóthar a chur san áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE faoin 1 Eanáir 2029 i gcomhréir le hAirteagal [XX] de Threoir 2003/87/CE. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh EUR 72 billiún a bheith ag an gCiste thar an tréimhse iomlán [dáta teacht i bhfeidhm]-2032. De*** bhun Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle[41], ba cheart do Bhallstáit na hioncaim sin a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais mar acmhainní dílse. ***Tá na*** Ballstáit ***féin le sciar suntasach*** de chostais ***iomlána*** a bPleananna a ***mhaoiniú***, ar ***comhréir le 60 % ar a laghad i gcás tacaíocht dhíreach shealadach ioncaim*** agus ***le 50 % ar a laghad i gcás bearta agus*** infheistíochtaí ***struchtúracha spriocdhírithe***. ***De mhaolú air*** sin, ba cheart ***go bhféadfaí an sciar cómhaoinithe náisiúnta do bhearta agus infheistíochtaí struchtúracha spriocdhírithe a theorannú do 40 % i gcás na mBallstát atá incháilithe do bhreisiú ón gCiste don Nuachóiriú***. Chun na críche sin, agus chun críche infheistíochta agus beart chun dlús a chur faoin aistriú is gá do shaoránaigh dá ndéantar difear go diúltach, agus an tionchar diúltach sin a mhaolú, ***i dtús báire,*** ba cheart do Bhallstáit a n-ioncaim ionchasacha ó thrádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar faoi Threoir 2003/87/CE a úsáid chun na críche sin. ***Níor cheart go mbeadh maoiniú an Chiste ar chostas clár*** agus ***beartas*** eile ***de chuid*** an Aontais.

[41] Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE,

[41] Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE,

Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) I gcás praghas carbóin níos airde a bheith ann, ba cheart leithdháiltí breise a chur ar fáil don Chiste chun a áirithiú go dtiocfaidh méadú ar na leithreasuithe atá ar fáil don Chiste Aeráide Sóisialta i mbuiséad an Aontais i gcomhréir leis an bpraghas carbóin, chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do theaghlaigh agus d'úsáideoirí leochaileacha iompair san aistriú i dtreo neodracht aeráide. Ba cheart na hathneartuithe bliantúla sin a chur san áireamh laistigh de CAI trí bhíthin coigeartú uathoibríoch luaineachta i bpraghsanna carbóin ar uasteorainn Cheannteideal 3 agus ar an uasteorainn íocaíochta, dá bhfuil an sásra lena mbaineann le foráil i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle de bhun Airteagal 312 CFAE.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(24) Ba cheart don Chiste tacú le bearta a thugann urraim do phrionsabal na breisíochta maidir le cistiú ón Aontas. Níor cheart don Chiste a bheith mar ionadaí ar chaiteachais náisiúnta athfhillteacha, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.*** | (24) Ba cheart don Chiste tacú le bearta a thugann urraim do phrionsabal na breisíochta maidir le cistiú ón Aontas. Níor cheart don Chiste a bheith mar ionadaí ar chaiteachais náisiúnta athfhillteacha. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun leithdháileadh éifeachtúil agus comhleanúnach cistí a áirithiú agus chun prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a urramú, ba cheart ***do*** na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin Rialachán seo a bheith comhsheasmhach ***leis na*** cláir leanúnacha de chuid an Aontais agus ***go mbeidís mar chomhlánú*** orthu, agus ***san am céanna, ba cheart cistiú dúbailte ón gCiste*** agus ***ó chláir*** eile ***de chuid*** an Aontais ***le haghaidh an chaiteachais chéanna a sheachaint***. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún agus don Bhallstát comhordú éifeachtach a áirithiú, ag gach céim den phróiseas, chun comhsheasmhacht, comhleanúnachas, comhlántacht agus sineirgíocht i measc foinsí cistiúcháin a choimirciú. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha maidir le maoiniú reatha nó beartaithe an Aontais a ***chur ar fáil*** agus a bpleananna á gcur faoi bhráid an Choimisiúin acu. Ba cheart ***do thacaíocht*** airgeadais faoin gCiste a bheith sa bhreis ar thacaíocht arna ***cur ar fáil*** faoi chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Ba cheart go mbeadh bearta agus infheistíochta arna maoiniú faoin gCiste in ann maoiniú a fháil ó chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin na costais chéanna. | (25) Chun leithdháileadh éifeachtúil***, trédhearcach*** agus comhleanúnach cistí a áirithiú agus chun prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a urramú, ba cheart na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin Rialachán seo a bheith comhsheasmhach ***le*** cláir leanúnacha de chuid an Aontais***, le cláir náisiúnta leanúnacha*** agus***, i gcás inarb iomchuí, le cláir réigiúnacha leanúnacha, agus freisin le hionstraimí agus cistí, agus ina gcomhlánú*** orthu, agus ***fós a sheachaint go dtiocfaidh an Ciste in ionad chláir, infheistíochtaí*** agus ***cistí*** eile an Aontais ***don chaiteachas céanna***. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún agus don Bhallstát comhordú éifeachtach a áirithiú, ag gach céim den phróiseas, chun comhsheasmhacht, comhleanúnachas, comhlántacht agus sineirgíocht i measc foinsí cistiúcháin a choimirciú ***agus ceapadh beartas fianaise-bhunaithe agus nuálaíocht shóisialta a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht leis na comhpháirtithe sóisialta agus le comhlachtaí poiblí agus príobháideacha***. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha maidir le maoiniú reatha nó beartaithe an Aontais a ***thabhairt ar aird*** agus a bpleananna á gcur faoi bhráid an Choimisiúin acu. Ba cheart ***tacaíocht*** airgeadais faoin gCiste a bheith sa bhreis ar thacaíocht arna ***soláthar*** faoi chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Ba cheart go mbeadh bearta agus infheistíochta arna maoiniú faoin gCiste in ann maoiniú a fháil ó chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin na costais chéanna. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Chun a áirithiú gur féidir tacaíocht faoi na Pleananna a chur chun feidhme go héifeachtach ó bhlianta tosaigh ... [dáta theacht i bhfeidhm an Chiste Aeráide Shóisialta], ba cheart go bhféadfaí méid nach mó ná 13% de ranníocaíocht airgeadais na mBallstát a íoc agus an íocaíocht sin ina híocaíocht réamh-mhaoinithe arna déanamh ag an gCoimisiún, tar éis iarraidh a fháil ón mBallstát curtha isteach in éineacht leis an bPlean Aeráide Sóisialta.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Chun rialacha trédhearcacha maidir le faireachán agus meastóireacht a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na táscairí comhchoiteanna le haghaidh tuairiscithe agus dul chun cinn agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na bPleananna. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa ***Chomhaontú Idirinstitiúideach*** maidir le ***Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016***. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an | (27) ***D'fhonn ullmhúchán na bPleananna Aeráide Sóisialta a éascú agus*** chun rialacha trédhearcacha maidir le faireachán agus meastóireacht a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis ***an teimpléad a leagan amach, ar a bhonn a ullmhóidh*** na ***Ballstáit a bPleananna Aeráide Sóisialta agus na*** táscairí comhchoiteanna le haghaidh tuairiscithe agus dul chun cinn agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na bPleananna. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa ***Chód Iompair Eorpach*** maidir le ***Comhpháirtíochtaí***. Go |

Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Ba cheart cur chun feidhme an Chiste a dhéanamh i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, lena n-áirítear calaois ***a chosc agus a ionchúiseamh go héifeachtach, lena n-áirítear*** calaois chánach, imghabháil cánach, éilliú agus coinbhleachtaí leasa. | (28) Ba cheart cur chun feidhme an Chiste a dhéanamh i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, lena n-áirítear ***buiséad an Aontais a chosaint i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta,*** calaois**,** calaois chánach, imghabháil cánach, éilliú agus coinbhleachtaí leasa ***a chosc agus a ionchúiseamh go héifeachtach***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) Le comhtháthú an Chiste i mbuiséad an Aontais, cuirtear coimircí láidre ar fáil maidir le cur chun feidhme an Chiste, i bhfianaise na cosanta a thugtar le reachtaíocht airgeadais an Aontais agus leis na rialacha earnáilsonracha agus airgeadais is infheidhme araon i gcás neamhrialtachtaí nó easnaimh thromchúiseacha i gcórais bhainistithe agus rialaithe agus leis na bearta a leagtar amach faoi Rialachán*** |

***(AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] maidir le cosaint bhuiséad an Aontais i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit. Ba cheart don Choimisiún foráil a dhéanamh, chuige sin, do chóras rialaithe inmheánaigh atá éifeachtach agus éifeachtúil agus do mhéideanna a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus ba cheart dó na bearta riachtanacha a dhéanamh, a bhféadfaí a áireamh orthu, inter alia, íocaíochtaí a chur ar fionraí, an gealltanas dlíthiúil a fhoirceannadh de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b], toirmeasc a chur ar na gealltanais dhlíthiúla sin a thabhairt, nó íocaíocht amach tráthchodanna a chur ar fionraí.***

__________________

***[1a] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I , 22.12.2020, lch. 1).***

***[1b] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).***

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Chun críche na bainistíochta fónta airgeadais, agus cineál feidhmíocht-bhunaithe an Chiste á urramú ag an am céanna, ba cheart rialacha sonracha a leagan síos i dtaca le gealltanais bhuiséadacha, íocaíochtaí, fionraí, agus cistí a ghnóthú mar aon le comhaontuithe a bhaineann le tacaíocht airgeadais a fhoirceannadh. ***Maidir*** leis an úsáid a bhainfear as cistí i ndáil le bearta a dtacaíonn an Ciste leo, ***ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar*** dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme. Ní mór do ***Bhallstáit*** a áirithiú go ***dtugtar*** tacaíocht ***den sórt*** sin i gcomhréir le rialacha ***cúnaimh Stát*** AE, i gcás inarb infheidhme***,*** go háirithe, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus go ndéanfar cistiú dúbailte ón gCiste agus ó chláir eile de chuid an Aontais a sheachaint. I gcás nach gcuireann an Ballstát lena mbaineann an Plean chun feidhme ar bhealach sásúil, nó i gcás neamhrialtachtaí tromchúiseacha, a chiallaíonn calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa maidir leis na bearta a dtacaíonn an Ciste leo, nó i gcás ina ndéantar sárú tromchúiseach ar oibleagáid faoi na comhaontuithe a bhaineann le tacaíocht airgeadais, ba cheart go bhféadfaí comhaontuithe a bhaineann le tacaíocht airgeadais a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh chomh maith leis an leithdháileadh airgeadais a laghdú agus a aisghabháil. Ba cheart nósanna imeachta bréagnaitheacha iomchuí a bhunú lena áirithiú go n-urramófar, leis an gcinneadh ón gCoimisiún i ndáil leis na méideanna a ***íocadh a*** chur ar fionraí agus a aisghabháil chomh maith leis na comhaontuithe a bhaineann le tacaíocht airgeadais a fhoirceannadh, an ceart atá ag na Ballstáit | (29) Chun críche na bainistíochta fónta airgeadais, agus cineál feidhmíocht-bhunaithe an Chiste á urramú ag an am céanna, ba cheart rialacha sonracha a leagan síos i dtaca le gealltanais bhuiséadacha, íocaíochtaí, fionraí, agus cistí a ghnóthú mar aon le comhaontuithe a bhaineann le tacaíocht airgeadais a fhoirceannadh. ***Ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar,*** leis an úsáid a bhainfear as cistí i ndáil le bearta a dtacaíonn an Ciste leo, dlí an Aontais ***is infheidhme*** agus an dlí náisiúnta is infheidhme ***a chomhlíonadh***. Ní mór do ***na Ballstáit*** a áirithiú go ***ndeonófar an*** tacaíocht sin i gcomhréir le rialacha AE ***maidir le Státchabhair***, i gcás inarb infheidhme***.*** Go háirithe, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus go ndéanfar cistiú dúbailte ón gCiste agus ó chláir eile de chuid an Aontais a sheachaint. I gcás nach gcuireann an Ballstát lena mbaineann an Plean chun feidhme ar bhealach sásúil, nó i gcás neamhrialtachtaí tromchúiseacha, a chiallaíonn calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa maidir leis na bearta a dtacaíonn an Ciste leo, nó i gcás ina ndéantar sárú tromchúiseach ar oibleagáid faoi na comhaontuithe a bhaineann le tacaíocht airgeadais, ba cheart go bhféadfaí comhaontuithe a bhaineann le tacaíocht airgeadais a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh chomh maith leis an leithdháileadh airgeadais a laghdú agus a aisghabháil. ***I gcás ina bhfoirceanntar comhaontú a bhaineann le tacaíocht airgeadais nó leis an laghdú ar leithdháileadh airgeadais nó aisghabháil leithdháilte airgeadais,*** ba cheart ***na méideanna sin a leithdháileadh go comhréireach ar na Ballstáit eile. Ba*** |

| | |
|---|---|
| barúlacha a thíolacadh. | ***cheart*** nósanna imeachta bréagnaitheacha iomchuí a bhunú lena áirithiú go n-urramófar, leis an gcinneadh ón gCoimisiún i ndáil leis na méideanna ***arna n-íoc*** a chur ar fionraí agus a aisghabháil chomh maith leis na comhaontuithe a bhaineann le tacaíocht airgeadais a fhoirceannadh, an ceart atá ag na Ballstáit barúlacha a thíolacadh. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Tá oibleagáid ar na Ballstáit uile a thairbhíonn den Chiste Aeráide Sóisialta na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE a urramú. Tá urraim don smacht reachta ina réamhchoinníoll bunriachtanach chun prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais a chumhdaítear in Airteagal 317 CFAE a chomhlíonadh. Ba cheart don Choimisiún cur chun feidhme éifeachtach na rialacha cothrománacha maidir le cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]. I gcás ina suífear go ndéanann sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát difear do bhainistiú fónta airgeadais an Chiste Aeráide Sóisialta nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais ar bhealach sách díreach nó i gcás ina bhfuil riosca tromchúiseach ann go ndéanfaidh na sáruithe sin difear do bhainistiú fónta airgeadais an Chiste Aeráide Sóisialta nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais ar bhealach sách díreach, ba cheart don Choimisiún na bearta is gá a dhéanamh, a bhféadfaí a áireamh orthu,*** |

***inter alia, íocaíochtaí a chur ar fionraí, an gealltanas dlíthiúil a fhoirceannadh de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b], toirmeasc a chur ar na gealltanais dhlíthiúla sin a thabhairt, nó íocaíocht amach tráthchodanna a chur ar fionraí. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don Choimisiún gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú nach bhfulaingeoidh tairbhithe beartaithe an Chiste, agus go leanfaidh sé de rochtain a bheith acu ar chúnamh ón Aontas, más gá, lena n-áiritheofar eisíocaíocht trí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, trí eagraíochtaí neamhrialtasacha nó trí eintitis eile a bhfuil cumas cruthaithe acu bainistiú fónta airgeadais an Chiste a áirithiú.***

______________

***[1a] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I , 22.12.2020, lch. 1).***

***[1b] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018*** maidir leis na ***rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).***

***Leasú 50***

***Togra le haghaidh rialacháin***
***Aithris 30 a (nua)***

| ***Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*** | ***Leasú*** |
|---|---|
| | ***(30a) Ba cheart urraim do chearta bunúsacha agus comhlíonadh Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a áirithiú i rith ullmhú, mheastóireacht, chur chun feidhme agus fhaireachán na dtionscadal incháilithe faoin gCiste. Ba cheart don Chiste rannchuidiú le neamhionannais a dhíothú, comhionannas inscne a chur chun cinn agus gné na hinscne a chomhtháthú, chomh maith le hidirdhealú bunaithe ar inscne, ar bhunús ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach a chomhrac mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, Airteagal 10 CFAE agus Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo, bainfidh teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair, atá leochaileach agus a ndéanann ***cuimsiú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh*** agus ***iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear dóibh go háirithe leas astu***, go háirithe teaghlaigh atá ag fulaingt ó bhochtaineacht fuinnimh agus saoránaigh nach bhfuil ***aon rogha mhalartach iompair phoiblí acu taobh amuigh de charranna aonair (***i limistéir ***iargúlta*** agus ***tuaithe)***. | Maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo, bainfidh teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair, atá leochaileach agus a ndéanann agus ***a bhfuil tionchar ar leith orthu ar thionchar an aistrithe i dtreo neodracht aeráide***, ***lena n-áirítear trí phraghsáil carbóin,*** go háirithe teaghlaigh atá ag fulaingt ó bhochtaineacht fuinnimh agus saoránaigh ***atá i mbochtaineacht soghluaisteachta, agus aird ar leith á tabhairt orthu siúd atá ina gcónaí i limistéir thuaithe, oileánacha, imeallacha, sléibhtiúla, iargúlta agus*** nach bhfuil ***chomh inrochtana, nó*** i ***réigiúin nó i gcríocha atá tearcfhorbartha, lena n-áirítear*** limistéir ***pheirea-uirbeacha, bheagfhorbartha, na réigiúin is forimeallaí,*** agus ***réigiúin ina bhfuil ráta*** |

| | |
|---|---|
| | ***ard dífhostaíochta***. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é cuspóir ginearálta an Chiste rannchuidiú ***leis an aistriú*** i dtreo aeráidneodrachta trí aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ón iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE. Is é cuspóir ***shonrach*** an Chiste tacú le teaghlaigh leochaileacha, ***mionfhiontair*** leochaileacha ***agus*** úsáideoirí iompair leochaileacha trí thacaíocht ***ioncaim*** dhíreach shealadach agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí ***in-athnuaite*** a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar ***astaíochtaí nialasacha*** agus ***ísle a mhéadú***. | Is é cuspóir ginearálta an Chiste rannchuidiú ***le haistriú*** i dtreo aeráidneodrachta ***atá cothrom ó thaobh na sochaí de, agus nach bhfágfar aon duine ar lár ann, go háirithe*** trí aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ón iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE. Is é cuspóir ***sonrach*** an Chiste tacú le teaghlaigh leochaileacha, ***micrifhiontair*** leochaileacha***,*** úsáideoirí iompair leochaileacha***, go háirithe daoine atá i mbochtaineacht fuinnimh nó soghluaisteachta*** trí thacaíocht dhíreach shealadach ***ioncaim*** agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí ***inathnuaite*** a chomhtháthú ***agus a stóráil***, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar ***éifeachtúil inacmhainne i gcomhréir le hAirteagal 6,*** agus ***é mar chuspóir spleáchas ar bhreoslaí iontaise a chéimniú amach de réir a chéile agus gan spleáchas ar bhreoslaí iontaise a fhadú agus gaibhniú carbóin a sheachaint***. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'athchóiriú foirgneamh' ***gach cineál*** athchóirithe foirgneamh a ***bhaineann le fuinneamh***, lena n-áirítear imchlúdach an fhoirgnimh a insliú, is é sin, ballaí, díon, urlár, fuinneoga nua a chur isteach***,*** fearais téimh, fuaraithe agus cócaireachta nua a chur isteach***,*** agus táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí ***in-athnuaite*** ar an láthair a shuiteáil; | (1) ciallaíonn 'athchóiriú foirgneamh' ***aon chineál*** athchóirithe foirgneamh ***agus bearta sábháilte*** a ***ghabhann leis***, lena n-áirítear ***rannchuidiú leis na ceanglais athchóirithe a bhunaítear sa Treoir .../... [maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (arna hathmhúnlú)] [2021/0426(COD)], agus é mar aidhm tomhaltas fuinnimh an fhoirgnimh a laghdú, lena n-áirítear:*** imchlúdach an fhoirgnimh a insliú, is é sin, ballaí, díon, urlár, fuinneoga nua a chur isteach***; aeráil éighníomhach; suiteáil teaschaidéal agus córas fuaraithe;*** fearais téimh, fuaraithe agus cócaireachta nua a chur isteach***; uasghrádú suiteálacha leictreacha*** agus táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí ***inathnuaite*** ar an láthair***, córais athshuite teasa nó an nasc le córais in aice láimhe*** a ***úsáideann fuinneamh agus stóráil ó fhoinsí inathnuaite a*** shuiteáil; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(2) ciallaíonn 'bochtaineacht fuinnimh' an bhochtaineacht fuinnimh mar a shainmhínítear i bpointe [(49) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] ;*** | (2) ciallaíonn 'bochtaineacht fuinnimh' an bhochtaineacht a dhéanann difear do theaghlaigh sna deicilí ioncaim is ísle, lena n-áirítear daoine íseal-mheánioncaim a bhfuil sciar suntasach den chaiteachas fuinnimh acu ar ioncam indiúscartha, lena n-áirítear mar thoradh ar thithíocht ar cháilíocht íseal, riaráistí ar bhillí fóntais i ngeall ar dheacrachtaí airgeadais, nó rochtain theoranta ar sheirbhísí fuinnimh riachtanacha agus inacmhainne a thacaíonn le caighdeán maith maireachtála agus sláinte, lena n-áirítear teas leordhóthanach, fuarú, soilsiú agus fuinneamh d'fhearais chumhachta; |

___

[50] ***[Treoir** (**AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa*** agus ***ón gComhairle (IO C […], […], lch. […]).] [Togra le haghaidh athmhúnlú Threoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh]***

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 9 – pointe 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(2a) ciallaíonn 'bochtaineacht soghluaisteachta' bochtaineacht a dhéanann difear do theaghlaigh an bhochtaineacht a dhéanann difear do theaghlaigh sna deicilí ioncaim is ísle, lena n-áirítear daoine íseal-mheánioncaim, ag a bhfuil sciar ard caiteachais soghluaisteachta i leith an ioncaim indiúscartha nó rochtain theoranta ar mhodhanna iompair poiblí nó malartacha inacmhainne is gá chun freastal ar riachtanais shocheacnamaíocha bhunriachtanacha, agus béim ar leith á leagan ar theaghlaigh i gceantair thuaithe, i gceantair oileánacha, i gceantair fhorimeallacha, i gceantair shléibhtiúla, i gceantair iargúlta agus i gceantair nach bhfuil rochtain mhaith orthu nó i réigiúin nó críocha lagfhorbartha, lena n-áirítear ceantair pheirea-uirbeacha lagfhorbartha agus na réigiúin is forimeallaí, mar gheall ar thoisc amháin de na tosca seo a leanas, nó mar gheall ar mheascán de na tosca seo a leanas a bhraitheann ar sainiúlachtaí náisiúnta nó áitiúla: Ioncam íseal, caiteachas ard ar bhreosla, céimniú amach carranna innill dócháin inmheánaigh, costais arda nó easpa modhanna iompair poiblí nó malartacha inacmhainne nó ar fáil;*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) ciallaíonn 'teaghlaigh leochaileacha' teaghlaigh faoi bhochtaineacht fuinnimh nó teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncaim, dá ndéanann na ***tionchair a bhíonn ag praghsanna*** de bharr ***foirgnimh a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE*** difear suntasach agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú; | (11) ciallaíonn 'teaghlaigh leochaileacha' teaghlaigh faoi bhochtaineacht fuinnimh ***nó i mbaol na bochtaineachta fuinnimh*** nó teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncaim, dá ndéantar difear suntasach ag ***tionchar*** an aistrithe ***i dtreo na haeráidneodrachta***, ***lena n-áirítear praghsáil carbóin***, agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ciallaíonn 'micrifhiontair leochaileacha' micrifhiontair dá ndéanann tionchair phraghsanna foirgnimh a chuimsiú i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear suntasach agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú; | (12) ciallaíonn 'micrifhiontair leochaileacha' micrifhiontair dá ndéanann ***na*** tionchair a ***bhíonn ag praghsanna de bharr astaíochtaí gáis cheaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar a*** chuimsiú i raon feidhme Threoir 2003/87/CE***, mar chuid den aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta, nach bhfágfar aon duine ar lár mar chuid de,*** difear suntasach agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú ***nó na feithiclí bóthair ar a mbíonn siad ag brath agus iad i mbun gnó a uasghrádú***; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ciallaíonn 'úsáideoirí iompair leochaileacha' úsáideoirí iompair, lena n-áirítear úsáideoirí ó theaghlaigh ***ar ioncam íseal agus meánioncaim, dá ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear suntasach agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu feithiclí astaíochtaí*** ísle ***agus astaíochtaí nialasacha a cheannach nó aistriú chuig modhanna iompair mhalartacha inbhuanaithe***, lena n-áirítear ***iompar poiblí, go háirithe i limistéir thuaithe*** agus ***iargúlta***. | (13) ciallaíonn 'úsáideoirí iompair leochaileacha' úsáideoirí iompair, lena n-áirítear úsáideoirí ó theaghlaigh ***íseal-mheánioncaim, sna deicílí ioncaim is*** ísle, lena n-áirítear ***daoine íseal-mheánioncaim, atá i mbaol bochtaineachta soghluaisteachta*** agus ***a bhfuil tionchar suntasach ag an aistriú i dtreo neodracht aeráide orthu, lena n-áirítear trí phraghsáil carbóin***. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') faoi bhráid an Choimisiúin in éineacht leis an nuashonrú ar an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis an nós imeachta agus an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin. Beidh sraith chomhleanúnach beart agus infheistíochtaí sa Phlean chun aghaidh a thabhairt ar ***thionchar*** na praghsála carbóin ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun téamh, fuarú agus soghluaiseacht inacmhainne a áirithiú agus na bearta is gá ag gabháil leo agus dlús á chur leo chun spriocanna aeráide an Aontais a chomhlíonadh. | 1. Cuirfidh gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') faoi bhráid an Choimisiúin in éineacht leis an nuashonrú ar an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis an nós imeachta agus an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin***, agus tar éis dó dul i gcomhairle fhiúntach leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, le comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, agus le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta***. Beidh sraith chomhleanúnach beart agus infheistíochtaí sa Phlean chun aghaidh a thabhairt ar ***an mbochtaineacht fuinnimh agus ar an mbonchtaineacht soghluaisteachta, go háirithe tionchar an aistrithe i dtreo*** na ***haeráidneodrachta, lena n-áirítear tionchar na*** praghsála carbóin ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha***, ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***FBManna leochaileacha*** agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun téamh, fuarú agus soghluaiseacht inacmhainne ***agus inbhuanaithe*** a áirithiú agus na bearta is gá ag gabháil leo agus dlús á chur leo chun spriocanna aeráide an Aontais a chomhlíonadh. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh bearta náisiúnta a sholáthraíonn tacaíocht dhíreach ioncaim shealadach do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh ar úsáideoirí iompair leochaileacha iad a bheith mar chuid den Phlean chun an tionchar a bheidh ag an méadú ar phraghas breoslaí iontaise mar thoradh ar ***foirgnimh agus iompar de bhóthar a chuimsiú i raon feidhme Threoir 2003/87/CE***. | 2. Féadfaidh bearta náisiúnta***, nó, i gcás inarb infheidhme, réigiúnacha*** a sholáthraíonn tacaíocht dhíreach ioncaim shealadach do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh ar úsáideoirí iompair leochaileacha iad a bheith mar chuid den Phlean chun an tionchar a bheidh ag an méadú ar phraghas breoslaí iontaise mar thoradh ar ***an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta, lena n-áirítear praghsáil carbóin, a laghdú***. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh tionscadail náisiúnta mar chuid den Phlean chun: | 3. Beidh tionscadail náisiúnta***, réigiúnacha nó áitiúla*** mar chuid den Phlean chun: |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bearta agus infheistíochtaí a mhaoiniú chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú, chun bearta feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, chun athchóiriú foirgneamh a dhéanamh, agus chun téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh a chomhtháthú; | (a) bearta agus infheistíochtaí a mhaoiniú chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú, chun bearta feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, chun athchóiriú foirgneamh ***agus bearta sábháilteachta*** a ***ghabhann leis a*** dhéanamh, ***nuair is iomchuí in éineacht le feabhasuithe i gcomhréir le caighdeáin sábháilteachta dóiteáin*** agus ***seismeach, agus*** chun téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear táirgeadh fuinnimh ***agus stóráil fuinnimh*** ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh a chomhtháthú ***i gcomhréir le hAirteagal 6***; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bearta agus infheistíochtaí a mhaoiniú chun an glacadh atá le soghluaiseacht agus iompar ***astaíochtaí ísle*** agus ***astaíochtaí nialasacha a mhéadú***. | (b) bearta agus infheistíochtaí a mhaoiniú chun an glacadh atá le soghluaiseacht agus iompar***, lena n-áirítear trí bhearta*** agus ***infheistíochtaí a dhíriú i dtreo aistriú modha ó phríobháideach go poiblí, chomhroinnte agus ghníomhach, i gcomhréir le hAirteagal 6***. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) faisnéis chainníochtúil mhionsonraithe maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh agus maidir leis an mbochtaineacht soghluaisteachta i ndáil leis na nithe seo a leanas:*** |

| | |
|---|---|
| | ***(i) an sainmhíniú, i dtéarmaí beachta, ar an mbochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta a chuirtear i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, ar bhonn na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2;*** |
| | ***(ii) mapáil ar líon na dteaghlach leochaileach, na micrifhiontar leochaileach, agus na n-úsáideoirí iompair leochaileacha arna sainaithint ag tús an Phlean, ar bhonn na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2, d'fhonn tairbhithe féideartha an phlean a shainaithint;*** |
| | ***(iii) spriocanna agus cuspóirí náisiúnta chun líon na dteaghlach leochaileach, na micrifhiontar leochaileach, agus na n-úsáideoirí iompair leochaileacha a laghdú i gcaitheamh an Phlean;*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bearta agus infheistíochtaí coincréiteacha i gcomhréir le hAirteagal 3 chun na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír sin mar aon le míniú ar an gcaoi a gcuirfeadh siad go héifeachtúil leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach laistigh de leagan amach foriomlán bheartais ábhartha an Bhallstáit; | (a) bearta agus infheistíochtaí coincréiteacha i gcomhréir le hAirteagal 3 ***agus Airteagal 6*** chun ***aghaidh a thabhairt ar*** na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír sin mar aon le míniú ar an gcaoi a gcuirfeadh siad go héifeachtúil leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach laistigh de leagan amach foriomlán bheartais ábhartha an Bhallstáit; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) comhleanúnachas agus athneartú frithpháirteach na mbeart tionlacain chun na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) a laghdú;*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) meastachán maidir leis na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an ***méadú sin*** ar ***phraghsanna ar*** theaghlaigh***, ar ráta tarlaithe na bochtaineachta fuinnimh, ar mhicrifhiontair agus ar úsáideoirí iompair, agus ina gcuimseofar go háirithe meastachán maidir le teaghlaigh*** leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha ***agus sainaithneofar na teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí sin***; déanfar anailísiú ar na tionchair sin le leibhéal leordhóthanach dí-chomhiomlánaithe, ag cur gnéithe amhail rochtain ar iompar poiblí agus seirbhísí bunúsacha san áireamh agus na limistéir is mó dá ndéantar difear, go háirithe críocha atá ***iargúlta agus*** limistéir thuaithe, a ***shainaithint***; | (c) meastachán maidir leis na héifeachtaí is dócha a bheidh ag ***méadú praghais ar*** an ***mbochtaineacht fuinnimh agus*** ar ***an mbochtaineacht soghluaisteachta, ar*** theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha***,*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha; déanfar anailísiú ar na tionchair sin le leibhéal leordhóthanach dí-chomhiomlánaithe, ag cur ***sainiúlachtaí náisiúnta agus*** gnéithe amhail rochtain ar iompar poiblí agus seirbhísí bunúsacha san áireamh agus na limistéir is mó dá ndéantar difear ***a shainaithint***, go háirithe críocha atá ***ina*** limistéir thuaithe, ***oileánacha, pheirea-uirbeacha, shléibhtiúla, iargúlta agus nach bhfuil chomh inrochtana nó ina réigiúin nó ina gcríocha lagfhorbartha, lena n-áirítear limistéir pheirea-uirbeacha lagfhorbartha agus na réigiúin fhorimeallacha*** a ***mbeidh aird agus tacaíocht ar leith ag teastáil uathu don aistriú i dtreo na haeráidneodrachta***; |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (d) i gcás ina bhfuil foráil sa Phlean maidir le bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), na critéir chun faighteoirí deiridh incháilithe a shainaithint, léiriú ar an teorainn ama a shamhlaítear le haghaidh na mbeart i gceist agus an t-údar atá leo ar bhonn meastacháin chainníochtúil agus mínithe cháilíochtúil ar an gcaoi a bhfuiltear ag súil go laghdóidh na bearta sa Phlean bochtaineacht fuinnimh agus ***iompair*** agus leochaileacht teaghlach, micrifhiontar agus úsáideoirí iompair do mhéadú ar phraghsanna iompair bóthair agus breoslaí téimh; | (d) i gcás ina bhfuil foráil sa Phlean maidir le bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), na critéir chun faighteoirí deiridh incháilithe a shainaithint, léiriú ar an teorainn ama a shamhlaítear le haghaidh na mbeart i gceist agus an t-údar atá leo ar bhonn meastacháin chainníochtúil agus mínithe cháilíochtúil ar an gcaoi a bhfuiltear ag súil go laghdóidh na bearta sa Phlean bochtaineacht fuinnimh agus ***soghluaisteachta*** agus leochaileacht teaghlach, micrifhiontar agus úsáideoirí iompair do mhéadú ar phraghsanna iompair bóthair agus breoslaí téimh; ***mar aon le bonn cirt leis an gcaoi a gcomhlánaíonn na bearta sin gníomhaíochtaí reatha na mBallstát chuige sin;*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (e) na garspriocanna, na spriocanna agus ***an t-amchlár*** táscach atá beartaithe chun na bearta ***a chur chun feidhme,*** agus ***infheistíochtaí*** a bheidh le tabhairt i gcrích faoin 31 Iúil 2032; | (e) na garspriocanna, na spriocanna agus ***amchlár*** táscach atá beartaithe chun na bearta agus ***na hinfheistíochtaí*** a bheidh le tabhairt i gcrích ***faoi dháta foilsithe gach tuarascála débhliantúla comhtháite náisiúnta ar an dul chun cinn i leith an fhuinnimh agus na haeráide de bhun Airteagal 23 agus*** faoin 31 Iúil 2032; |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(ea) clár ama táscach, i gcás inarb infheidhme, maidir leis an tacaíocht*** |

***d'fheithiclí i gcomhréir le hAirteagal 6(2), pointe (d);***

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) an chaoi a gcuireann na bearta agus na hinfheistíochtaí, i gcás inarb ábhartha, poist inbhuanaithe ar ardchaighdeán chun cinn;*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) na socruithe don Bhallstáit lena mbaineann chun ***faireacháin*** éifeachtach a dhéanamh ar an bPlean agus é a chur chun feidhme go héifeachtach, go háirithe faireachán agus ***cur chun feidhme na ngarspriocanna*** agus na spriocanna, lena n-áirítear táscairí chun bearta agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus is iad na táscairí sin, i gcás inarb ábhartha, iad sin a bheidh ar fáil ***le hOifig*** Staidrimh an Aontais Eorpaigh agus an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh mar a shainaithnítear i Moladh 2020/1563[54] ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh; | (i) na socruithe don Bhallstáit lena mbaineann chun ***faireachán*** éifeachtach a dhéanamh ar an bPlean***,*** agus ***chun*** é a chur chun feidhme go héifeachtach, ***a bheidh le déanamh i ndlúthchomhar leis na leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le cleachtais náisiúnta,*** go háirithe faireachán agus ***ar na garspriocanna*** agus na spriocanna ***agus a gcur chun feidhme***, lena n-áirítear táscairí chun bearta agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus is iad na táscairí sin, i gcás inarb ábhartha, iad sin a bheidh ar fáil ***ó Oifig*** Staidrimh an Aontais Eorpaigh agus an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh mar a shainaithnítear i Moladh 2020/1563[54] ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh; |
| [54] IO L 357, 27.10.2020, lch. 35. | [54] IO L 357, 27.10.2020, lch. 35. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) ***chun an Plean a*** ullmhú agus, i gcás ina ***mbeidh*** fáil ***air, ar mhaithe leis an bPlean a*** chur chun feidhme, achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin, arna ***déanamh*** i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus ***leis an gcreat*** dlíthiúil náisiúnta ***d'údaráis áitiúla*** agus ***réigiúnacha***, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus ***páirtithe leasmhara*** ábhartha eile, agus an chaoi a léirítear ionchur na ***bpáirtithe leasmhara*** sa Phlean; | (j) ***i gcás*** ullmhú agus, i gcás ina ***bhfuil sé ar*** fáil***, do*** chur chun feidhme ***an Phlean***, achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin, arna ***dhéanamh*** i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus ***le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus le creat*** dlíthiúil náisiúnta ***na n-údarás áitiúil*** agus ***réigiúnach***, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus ***geallsealbhóirí*** ábhartha eile, agus an chaoi a léirítear ionchur na ***ngeallsealbhóirí*** sa Phlean ***mar aon lena róil shonracha maidir leis an dearadh, cur chun feidhme agus faireachán***; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe k a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ka) an cion den chiste a chuirtear ar leataobh do thionscadail áitiúla i ndáil leis an aistriú aeráide faoi stiúir an phobail.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Cumhachtaítear don Choimisiún, laistigh de ...[cuir isteach an dáta trí mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin*** |

| | |
|---|---|
| | ***seo], gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí theimpléad a leagan amach ar a ndéanfaidh na Ballstáit a bPlean a ullmhú.*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Beidh*** íocaíocht na tacaíochta ***coinníollach ar*** na garspriocanna agus na spriocanna le haghaidh beart agus infheistíochtaí a leagtar amach sna Pleananna ***a bhaint amach***. Beidh na garspriocanna agus na spriocanna sin comhoiriúnach le spriocanna aeráide an Aontais agus ***cumhdóidh siad*** cumhdófar leo go háirithe: | 2. ***Déanfar*** íocaíocht na tacaíochta ***i gcomhréir leis*** na ***costais a léirítear chun na*** garspriocanna agus na spriocanna ***a bhaint amach*** le haghaidh beart agus infheistíochtaí a leagtar amach sna Pleananna ***i gcomhréir le hAirteagal 6***. Beidh na garspriocanna agus na spriocanna sin comhoiriúnach le spriocanna aeráide an Aontais***, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta,*** agus cumhdófar leo go háirithe: |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) athchóiriú foirgneamh; | (b) athchóiriú foirgneamh***, lena n-áirítear trí rannchuidiú leis na ceanglais athchóirithe a bhunaítear i dTreoir.../... [maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú) [2021/0426(COD)]] a bhaint amach***; |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) soghluaiseacht agus iompar ***astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha***; | (c) soghluaiseacht agus iompar ***i gcomhréir le hAirteagal 6***; |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) laghduithe in astaíochtaí gás ceaptha teasa; | (d) laghduithe in astaíochtaí gás ceaptha teasa***, leis an gcuspóir deireadh a chur de réir a chéile agus gan síneadh a chur le spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus gaibhniú carbóin a sheachaint, i ndáil le bearta agus infheistíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 6***; |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) laghduithe ar an líon teaghlach leochaileach, ***go háirithe*** teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha, lena n-áirítear i limistéir thuaithe agus ***iargúlta.*** | (e) laghduithe ar an líon teaghlach leochaileach, ***i.e.*** teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh ***nó i mbaol na bochtaineachta fuinnimh***, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha, lena n-áirítear i limistéir thuaithe***, oileánacha, peirea-uirbeacha, sléibhtiúla, iargúlta*** agus ***nach bhfuil chomh inrochtana, nó i réigiúin nó i gcríocha atá tearcfhorbartha, lena n-áirítear limistéir pheirea-uirbeacha bheagfhorbartha agus na réigiúin is forimeallaí a mbeidh aird ar leith ag teastáil uathu agus tacaíocht don aistriú i dtreo na haeráidneodrachta;*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) rannchuidiú, i gcás inarb ábhartha, le poist inbhuanaithe agus ardcháilíochta;*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ní chuirfidh an Ciste tacaíocht ar fáil ach do bhearta agus infheistíochtaí a thugann urraim don phrionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' dá dtagraítear in Airteagal 17 ***de*** Rialachán ***(AE) 2020/852***. | 3. Ní chuirfidh an Ciste tacaíocht ar fáil ach do bhearta agus infheistíochtaí ***atá comhsheasmhach leis na critéir theicniúla arna mbunú faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2020/852[1a] agus*** a thugann urraim don phrionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' dá dtagraítear in Airteagal 17 ***den*** Rialachán ***sin***. |
| | ***Urramóidh faighteoirí an Chiste dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le cearta sóisialta agus saothair.*** |
| | ___________________ |
| | ***[1a] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh Ballstáit na costais a bhaineann leis na bearta lena soláthraítear tacaíocht dhíreach ioncaim shealadach do theaghlaigh leochaileacha agus ***do theaghlaigh leochaileacha ar*** úsáideoirí iompair ***iad*** a áireamh ***d'fhonn*** an méadú ar phraghsanna iompair de bhóthar agus breoslaí téimh a iompar. ***Laghdófar*** tacaíocht den sórt sin ***le himeacht aimsire agus beidh sí*** teoranta ***don tionchar díreach a bheidh ag trádáil astaíochtaí*** d'***fhoirgnimh*** agus d'***iompar de bhóthar. Cuirfear deireadh*** leis an ***incháilitheacht ar thacaíocht ioncaim dhírigh den sórt sin laistigh de na teorainneacha ama a shainaithnítear*** faoi ***Airteagal 4(1), pointe (d)***. | 1. Féadfaidh Ballstáit na costais a bhaineann leis na bearta lena soláthraítear tacaíocht dhíreach ioncaim shealadach***, lena n-áirítear laghdú ar chánacha agus ar tháillí leictreachais, mar bheart idirthréimhseach*** do theaghlaigh leochaileacha agus úsáideoirí iompair ***leochaileacha*** a ***bhfuil éifeacht ag an mbochtaineacht fuinnimh nó soghluaisteachta orthu, a*** áireamh ***chun*** an méadú ar phraghsanna iompair de bhóthar agus breoslaí téimh a iompar. ***Is éard a bheidh i dtacaíocht den sórt sin*** tacaíocht ***idirmheánach do na teaghlaigh leochaileacha sin, a bheidh ag laghdú le himeacht aimsire, faoi réir bearta struchtúracha nó infheistíochtaí a bhfuil iarmhairtí fadtéarmacha acu a chur chun feidhme chun na tairbhithe sin a bhaint go héifeachtach as bochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta. Beidh tacaíocht*** den sórt sin teoranta d'***uasmhéid 40 % de chostas iomlán measta gach Plean don tréimhse 2024-2027*** agus ***socrófar í don tréimhse 2028-2032 i gcomhréir leis an measúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 24(3),*** d'***fhonn deireadh a chur de réir a chéile*** leis an ***tacaíocht sin*** faoi ***dheireadh 2032***. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh Ballstáit na costais a bhaineann leis na bearta agus na hinfheistíochtaí seo a leanas a chur san áireamh i ***g costais*** mheasta iomlána na bPleananna, ar choinníoll go mbaineann teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha nó úsáideoirí iompair | 2. Féadfaidh Ballstáit na costais a bhaineann leis na bearta agus na hinfheistíochtaí seo a leanas***, a bhfuil iarmhairtí fadtéarmacha acu, a*** chur san áireamh i ***gcostais*** mheasta iomlána na bPleananna, ar choinníoll go mbaineann teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair |

| | |
|---|---|
| leochaileacha go príomha tairbhe astu agus go bhfuil siad beartaithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh: | leochaileacha**,** nó úsáideoirí iompair leochaileacha go príomha tairbhe astu agus go bhfuil siad beartaithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tacú le hathchóirithe foirgneamh, go háirithe dóibh siúd atá ag áitiú na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla, lena n-áirítear i bhfoirm ***tacaíochta*** airgeadais nó dreasachtaí fioscacha amhail ***cead chun na*** costais athchóirithe a ***bhaint*** ón gcíos, ***beag beann*** ar úinéireacht na bhfoirgneamh lena mbaineann; | (a) tacú le hathchóirithe foirgneamh ***ar ardcháilíocht***, ***agus atá costéifeachtach agus fuinneamhéifeachtúil,*** go háirithe ***chun rannchuidiú leis na ceanglais athchóirithe arna mbunú i dTreoir .../... [maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (arna hathmhúnlú) [2021/0426(COD)]] a bhaint amach agus*** dóibh siúd atá ag áitiú na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla, ***agus aird speisialta á tabhairt ar thionóntaí agus ar thithíocht shóisialta,*** lena n-áirítear i bhfoirm ***tacaíocht*** airgeadais nó dreasachtaí fioscacha amhail costais athchóirithe a ***asbhaint*** ón gcíos ***nó tacaíocht shonrach d'athchóiriú tithíochta sóisialta a athchóiriú d'fhonn rochtain ar thithíocht fhuinneamhéifeachtúil inacmhainne a éascú***, ***go neamhspleách*** ar úinéireacht na bhfoirgneamh lena mbaineann; |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) rochtain ar thithíocht inacmhainne atá fuinneamhéifeachtúil a áirithiú, lena n-áirítear trí stoc tithíochta leordhóthanach atá fuinneamhéifeachtúil agus inacmhainne a sholáthar, lena n-áirítear tithíocht shóisialta;*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rannchuidiú le dícharbónú, lena n-áirítear leictriú, téimh agus fuaraithe foirgneamh agus cócaireacht i bhfoirgnimh agus comhtháthú fuinnimh ó fhoinsí ***in-athnuaite*** a rannchuidíonn le fuinneamh a choigilt; | (b) rannchuidiú le dícharbónú ***costéifeachtach***, lena n-áirítear leictriú, téimh agus fuaraithe foirgneamh agus cócaireacht i bhfoirgnimh ***trí rochtain ar chórais fhuinneamhéifeachtúla inacmhainne a áirithiú,*** agus comhtháthú ***agus stóráil*** fuinnimh ó fhoinsí ***inathnuaite, lena n-áirítear trí phobail fuinnimh saoránach agus trí chomhroinnt fuinnimh piara go piara, go cumhacht agus éileamh iarmharach, suiteálacha leictreachais inmheánacha cliste nó costais nasctha le heangacha cliste*** a ***chumhdach nó aon bhearta eile a*** rannchuidíonn ***go soiléir*** le fuinneamh a choigilt***, agus le nascadh le líonraí le haghaidh téamh ceantair amhail dearbháin, fóirdheontais nó iasachtaí ar ús nialasach chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí agus i seirbhísí chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a mhéadú nó chun foinsí fuinnimh inathnuaite a chomhtháthú i bhfoirgnimh***; |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) faisnéis, oideachas, feasacht agus comhairle a bheidh spriocdhírithe, inrochtana agus inacmhainne a sholáthar maidir le bearta agus infheistíochtaí costéifeachtacha agus maidir le tacaíocht atá ar fáil d'athchóiriú foirgneamh agus d'éifeachtúlacht fuinnimh, chomh maith*** |

| | |
|---|---|
| | ***le soghluaisteacht agus roghanna malartacha iompair inbhuanaithe agus inacmhainne, lena n-áirítear trí iniúchtaí fuinnimh ar fhoirgnimh, comhairliúcháin fuinnimh spriocdhírithe nó seirbhísí bainistíochta soghluaisteachta saincheaptha;*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha ***chun*** réitigh athchóirithe inacmhainne don éifeachtúlacht fuinnimh a fhorbairt agus a ***chur ar fáil agus ionstraimí maoinithe iomchuí*** i gcomhréir le spriocanna sóisialta an Chiste; | (c) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha***, lena n-áirítear soláthraithe tithíochta sóisialta, go háirithe an comhar poiblí príobháideach, i ndáil le*** réitigh athchóirithe ***sábháilte agus*** inacmhainne don éifeachtúlacht fuinnimh***, mar aon le hionstraimí cistithe iomchuí,*** a fhorbairt agus a ***sholáthar*** i gcomhréir le spriocanna sóisialta an Chiste***, lena n-áirítear réitigh maidir le heangacha cliste***; |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) rochtain ar fheithiclí agus ar rothair astaíochtaí nialasacha agus ***ísle a chur ar fáil***, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha chun iad a cheannach ***agus*** le haghaidh bhonneagar poiblí agus príobháideach iomchuí, lena n-áirítear le haghaidh athluchtú agus athbhreoslú***;*** maidir le tacaíocht i ***dtaca*** le feithiclí astaíochtaí ísle, ***cuirfear*** tráthchlár ar fáil chun an tacaíocht a laghdú de réir a chéile; | (d) ***tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha a sholáthar chun feabhas a chur ar*** rochtain ar fheithiclí agus ***astaíochtaí nialasacha, agus neodracht theicneolaíoch a choinneáil ag an am céanna, agus*** ar rothair***, lena n-áirítear rochtain ar mhargadh feithiclí*** astaíochtaí nialasacha ***dara ré a dhreasú*** agus ***a fhorbairt tuilleadh***, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha chun iad a cheannach***,*** le haghaidh bhonneagar poiblí agus |

príobháideach iomchuí, lena n-áirítear le haghaidh athluchtú agus athbhreoslú maidir le ***feithiclí astaíochtaí nialasacha a cheannach; beidh an*** tacaíocht ***teoranta d'fheithiclí atá ar fáil ar mheánphraghas margaidh na bhfeithiclí sin*** i ***mBallstát in aon bhliain ar leith nó faoina bhun; Ní mheasfar bearta chun tacú*** le feithiclí astaíochtaí ísle ***go príomha ach amháin i gcás nach bhfuil rochtain ar shoghluaisteacht astaíochtaí nialasacha indéanta***, ***go háirithe i gcás ceantair thuaithe, iargúlta agus ceantair nach bhfuil chomh inrochtana céanna. Cuirfidh na Ballstáit*** tráthchlár ar fáil chun an tacaíocht a laghdú de réir a chéile***, i gcomhréir leis na critéir theicniúla arna mbunú ag an gCoimisiún faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún***;

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***saor-rochtain ar iompar poiblí a dheonú nó taraifí oiriúnaithe le haghaidh rochtain ar iompar poiblí***, chomh maith le soghluaisteacht inbhuanaithe ar éileamh ***agus*** seirbhísí comhroinnte soghluaisteachta; | (e) ***úsáid iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle atá inacmhainne agus inrochtana a dhreasú***, chomh maith le ***tacaíocht a thabhairt d'eintitis phríobháideacha agus phoiblí, lena n-áirítear comharchumainn, chun*** soghluaisteacht inbhuanaithe ***a fhorbairt agus a sholáthar*** ar éileamh***,*** seirbhísí comhroinnte soghluaisteachta ***agus roghanna tarraingteacha soghluaisteachta gníomhacha, go háirithe i limistéir thuaithe, oileánacha, shléibhtiúla, iargúlta agus nach bhfuil rochtain orthu, i réigiúin nó i gcríocha lagfhorbartha, lena n-áirítear na limistéir pheirea-uirbeacha lagfhorbartha agus na réigiúin is forimeallaí***; |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Cuirfidh na Ballstáit poist inbhuanaithe agus ardcháilíochta chun cinn, i gcás inarb ábhartha, nuair a bheidh na bearta agus na hinfheistíochtaí á gcur chun feidhme acu i gcomhréir le mír 2.*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Faoin 31 Iúil 2023, soláthróidh an Coimisiún treoir faoi bhearta agus infheistíochtaí costéifeachtacha i gcomhthéacs mhír 2. Faoin 31 Iúil 2026 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chost-éifeachtacht na mbeart agus na n-infheistíochtaí arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit mar chuid dá bPleananna ar bhonn na tuarascála débhliantúla débhliantúla ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 23. Tuairisceoidh an Coimisiún ar dhea-chleachtais agus déanfaidh sé an treoir a choigeartú dá réir.*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní ***thabharfaidh an Ciste tacaíocht*** i ***leith, agus ní áireofar le costais mheasta iomlána Pleananna bearta i*** bhfoirm tacaíocht dhíreach ***ioncaim*** de bhun Airteagal 3(2) den Rialachán seo***,*** do | 1. Ní ***dhéanfar ionadú leis an gCiste ar bhearta*** i bhfoirm tacaíocht ***ioncaim*** dhíreach de bhun Airteagal 3(2) den Rialachán seo ***a mhéid atá siad sa bhreis agus ina gcomhlánú ar an tacaíocht arna*** |

theaghlaigh ***a bhaineann tairbhe*** cheana ***féin as***:

***soláthar*** do theaghlaigh ***atá ag tairbhiú de sin*** cheana:

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) idirghabháil phoiblí ó thaobh leibhéal praghsanna na mbreoslaí a ***chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE***; | (a) idirghabháil phoiblí ó thaobh leibhéal praghsanna na mbreoslaí a ***úsáidtear do dhóchán i dtéamh agus i bhfuarú foirgneamh nó in iompar de bhóthar***; |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina gcruthaíonn an Ballstát áirithe ina phlean nach ndéanann na hidirghabhálacha poiblí dá dtagraítear i mír 1 an méadú ***ar an bpraghas*** a ***leanann as na hearnálacha foirgneamh agus iompair de bhóthar a chuimsiú i raon feidhme Threoir 2003/87/CE a*** fhritháireamh go hiomlán, féadfar tacaíocht dhíreach ioncaim a chur san áireamh sna costais mheasta iomlána i dteorainneacha an ardú praghsanna nach bhfuil fritháirithe go hiomlán. | 2. I gcás ina gcruthaíonn an Ballstát áirithe ina phlean nach ndéanann na hidirghabhálacha poiblí dá dtagraítear i mír 1 an méadú ***praghais*** a fhritháireamh go hiomlán, féadfar tacaíocht dhíreach ioncaim a chur san áireamh sna costais mheasta iomlána i dteorainneacha an ardú praghsanna nach bhfuil fritháirithe go hiomlán. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh Ballstáit tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil d’eintitis phoiblí nó | Féadfaidh Ballstáit tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil d’eintitis phoiblí nó |

| | |
|---|---|
| phríobháideacha seachas teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha a chur san áireamh sna costais mheasta iomlána, i gcás ina ndéanann na heintitis sin bearta agus infheistíochtaí a bhíonn chun ***leasa theaghlaigh leochaileacha, mhicrifhiontair leochaileacha*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha ar deireadh. | phríobháideacha***, lena n-eisiatar idirghabhálacha airgeadais,*** seachas teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha ***atá i mbochtaineacht fuinnimh nó soghluaisteachta,*** a chur san áireamh sna costais mheasta iomlána, i gcás ina ndéanann na heintitis sin bearta agus infheistíochtaí ***thar*** a ***gceann agus a*** bhíonn chun ***leas díreach na dteaghlach leochaileach sin,*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha ar deireadh***, ar choinníoll go gcomhlíonann na heintitis sin na coimircí sóisialta agus comhshaoil dtagraítear in Airteagal 5***. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh Ballstát foráil maidir leis na cosaintí reachtúla agus conarthacha is gá lena áirithiú go gcuirtear an leas ar fad ar aghaidh chuig na teaghlaigh, na micrifhiontair agus na húsáideoirí iompair. | Déanfaidh Ballstát foráil maidir leis na cosaintí reachtúla agus conarthacha is gá lena áirithiú go gcuirtear an leas ar fad ar aghaidh chuig na teaghlaigh, na micrifhiontair***,*** agus na húsáideoirí iompair. ***Comhlíonfaidh na heintitis sin na ceanglais maidir le hinfheictheacht a leagtar amach in Airteagal 22a.***<br>***Eiseoidh an Coimisiún treoir maidir le prionsabail íosta agus coimircí íosta agus cuirfidh sé dea-chleachtais chun cinn.*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is ***EUR 23 700 000 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ciste a chur | 1. Is ***EUR 11 140 000 000 ar a laghad*** i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse ***[dáta theacht i*** |

| | |
|---|---|
| chun feidhme don tréimhse ***2025-2027***. | ***bhfeidhm]-2027***. ***Comhlánófar an Ciste le hioncam a bheidh mar thoradh ar 150 milliún lamháltas a chur ar ceant i gcomhréir le hAirteagal 30ú(3) de [Treoir CTA] [5 250 000 000 méid táscach] don tréimhse sin. Cuirfear chun feidhme an cistiú sin i gcomhréir leis an Rialachán seo.*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Is EUR 48 500 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach*** airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse 2028-2032, faoi réir ag infhaighteacht na méideanna faoi uasteorainneacha bliantúla an chreata airgeadais ilbhliantúil is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 312 CFAE. | 2. ***Bunófar an t-imchlúdach*** airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse 2028-2032 ***tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo***, faoi réir ag infhaighteacht na méideanna faoi uasteorainneacha bliantúla an chreata airgeadais ilbhliantúil is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 312 CFAE ***agus an mheasúnaithe agus, i gcás inarb iomchuí agus i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha, athbhreithniú spriocdhírithe i gcomhréir le [hAirteagal 30a(1a)] de Threoir 2003/87/CE***. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Cuirfear leithdháiltí breise ar fáil faoi réir an choigeartaithe theicniúil shonraigh bunaithe ar an luaineacht praghsanna carbóin dá bhforáiltear in Airteagal 4b de ... [Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[1a] arna leasú] lena áirithiú go dtiocfaidh méadú ar na leithreasuithe atá ar fáil don*** |

***Chiste Aeráide Sóisialta i mbuiséad an Aontais i gcomhréir leis an méadú ar phraghas an charbóin. Breathnófar an coigeartú teicniúil sonrach sin a fhadú bunaithe ar luaineachta praghsanna carbóin i gcomhthéacs na caibidlíochta maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil is infheidhme.***

______________________

***[1a] Airteagal 21 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).***

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 9 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. I gcomhréir le [hAirteagal 30d(5)] de Threoir 2003/87/CE, úsáidfidh na Ballstáit ioncaim ó na liúntais a chuirtear ar ceant i gcomhréir le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE ar dtús le haghaidh cómhaoiniú náisiúnta a bPleananna agus, maidir le haon ioncam a bheidh fágtha, le haghaidh beart aeráide sóisialta agus infheistíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán seo, cé is moite den ioncam a bhunaítear mar acmhainní dílse i gcomhréir le hAirteagal 311(3) CFAE agus a iontráladh i mbuiséad an Aontais mar ioncam ginearálta.*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 10a*** <br> ***Dúshláin shonracha os comhair na mBallstát oileánach, na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí*** <br> ***Agus a bpleananna aeráide sóisialta á n-ullmhú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 3, cuirfidh siad staid na mBallstát oileánach, na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí san áireamh go háirithe. Tá dúshláin shocheacnamaíocha thromchúiseacha ag Ballstáit oileánacha, oileáin agus na réigiúin is forimeallaí, dúshláin a eascraíonn as an aistriú glas i dtreo neodracht aeráide agus glanastaíochtaí neodracha, ag féachaint dá riachtanais shonracha agus dá dtionchar sóisialta. Leithdháilfear íosmhéid leordhóthanach cistí ar na críocha sin maille leis an mbonn cirt comhfhreagrach, agus dúshláin ar leith na gcríoch sin á gcur san áireamh.*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh tacaíocht faoin gCiste sa bhreis ***ar thacaíocht*** arna cur ar fáil faoi chistí, chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Féadfaidh bearta agus infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste tacaíocht a fháil ó chistí, ó chláir agus ó ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin an costas céanna. | 1. Beidh tacaíocht faoin gCiste sa bhreis ***agus úsáidfear í i sineirgíocht, i gcomhlántacht, i gcomhleanúnachas agus i gcomhsheasmhacht le tacaíocht*** arna cur ar fáil faoi chistí, chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais***, náisiúnta agus i gcás inarb iomchuí, réigiúnacha, go háirithe an Ciste don Nuachóiriú, an Clár InvestEU, an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus na Cistí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060***. Féadfaidh bearta agus infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste tacaíocht a fháil ó chistí, ó chláir |

agus ó ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin an costas céanna.

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar an leithdháileadh airgeadais uasta a ríomh le haghaidh gach Ballstáit aonair mar a shonraítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II. | 1. ***Gan dochar d'Airteagal 9(1a),*** déanfar an leithdháileadh airgeadais uasta a ríomh le haghaidh gach Ballstáit aonair mar a shonraítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Féadfaidh gach Ballstát iarraidh a chur isteach suas go dtí a leithdháileadh uasta airgeadais chun a Phlean a chur chun feidhme agus suas go dtí uasmhéid a sciar den leithdháileadh breise arna chur ar fáil de bhun Airteagal 9(1a) mar a shonraítear in Iarscríbhinn II agus bunaithe ar an modheolaíocht don ríomh dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13a*** |
| | ***Réamh-mhaoiniú*** |
| | ***1. Faoi réir an Coimisiún an gníomh*** |

| | |
|---|---|
| | ***cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 16(1) den Rialachán sin a ghlacadh, i gcás ina n-iarrann Ballstát réamh-mhaoiniú in éineacht le tíolacadh an Phlean, déanfaidh an Coimisiún íocaíocht réamh-mhaoinithe de mhéid nach mó ná 13 % den ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal [] den Rialachán sin. De mhaolú ar Airteagal 116(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, déanfaidh an Coimisiún an íocaíocht chomhfhreagrach laistigh, a mhéid is féidir, de 2 mhí tar éis don Choimisiún an gealltanas dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 18 den Rialachán seo a thabhairt i gcrích.*** |
| | ***2. I gcásanna réamh-mhaoinithe faoi mhír 1 den Airteagal seo, déanfar na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal [] a choigeartú go comhréireach.*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***De mhaolú ar an gcéad fhomhír, déanfaidh Ballstáit 60 % ar a laghad de chostais mheasta iomlána na mbeart agus na n-infheistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1) ina bPleananna a ranníoc. Beidh ranníocaíocht na mBallstát ag a bhfuil olltáirgeacht intíre (OTI) per capita ag praghsanna margaidh faoi bhun 65 % de mheán an Aontais le linn na tréimhse 2016 go 2018 teoranta d'uasmhéid 40 % de chostais mheasta iomlána na mbeart agus na n-infheistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(2) ina bPleananna.*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Bainfidh Ballstáit úsáid as***, inter alia,*** ioncam óna lamháltais a chur ar ceant, i gcomhréir le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, dá ranníocaíocht náisiúnta le costais mheasta iomlána a bPleananna. | 2. Bainfidh Ballstáit úsáid as ***aon*** ioncam óna lamháltais a chur ar ceant ***ar dtús***, i gcomhréir le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, dá ranníocaíocht náisiúnta le costais mheasta iomlána a bPleananna. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) cibé an ionann nó nach ionann an Plean agus freagairt ar an tionchar sóisialta ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha agus ar na dúshláin atá rompu sa Bhallstát lena mbaineann, ***mar thoradh ar bhunú an chórais trádála astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE***, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, agus aird chuí ar na dúshláin a shainaithnítear i measúnuithe an Choimisiúin ar an nuashonrú ar phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit lena mbaineann agus ar a dhul chun cinn de bhun Airteagal 9(3), agus Airteagail 13 agus 29 i Rialachán (AE) 2018/1999, chomh maith le i moltaí an Choimisiúin do Bhallstáit a eisítear de bhun Airteagal 34 i Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfianaise an chuspóra fhadtéarmaigh d'aeráidneodracht san Aontas faoi 2050. Cuirfear san áireamh leis sin dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann. | (i) cibé an ionann nó nach ionann an Plean agus freagairt ***leordhóthanach agus éifeachtach*** ar an tionchar sóisialta ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha***,*** agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha agus ar na dúshláin atá rompu sa Bhallstát lena mbaineann ***de bharr iarmhairtí a eascraíonn as an aistriú chuig neodracht aeráide***, ***lena n-áirítear praghasáil carbóin***, go háirithe ***ag*** teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh ***agus soghluaisteachta***, agus aird chuí ar na dúshláin a shainaithnítear i measúnuithe an Choimisiúin ar an nuashonrú ar phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit lena mbaineann agus ar a dhul chun cinn de bhun Airteagal 9(3), agus Airteagail 13 agus 29 i Rialachán (AE) 2018/1999, chomh maith le i moltaí an Choimisiúin do Bhallstáit a eisítear de bhun Airteagal 34 i Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfianaise ***chuspóirí aeráide agus fuinnimh 2030*** an ***Aontais agus an*** chuspóra fhadtéarmaigh d'aeráidneodracht san Aontas faoi 2050. Cuirfear san áireamh leis sin dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit lena |

| | |
|---|---|
| | mbaineann. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) ar forbraíodh an Plean le comhairliúchán fóinteach, le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, le comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, agus le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta i gcomhréir le prionsabail an chóid iompair Eorpaigh maidir le comhpháirtíochtaí arna bhunú le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 240/2014 ón gCoimisiún;*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) cibé an meastar go n-áirithítear leis an bplean nach ndéanann aon ***infheistíocht ná beart*** atá mar chuid den Phlean díobháil shuntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852; | (ii) cibé an meastar go n-áirithítear leis an bplean nach ndéanann aon ***bhearta ná infheistíochtaí*** atá mar chuid den Phlean díobháil shuntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852; |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe ii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iia) an urramaíonn faighteoirí an Chiste dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le cearta sóisialta agus saothair;*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil bearta agus infheistíochtaí sa Phlean a chuireann leis an aistriú glas, lena n-áirítear le dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as agus go háirithe a chuireann le gnóthú chuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais do 2030 agus garspriocanna 2030 na Straitéise um an tSoghluaisteacht. | (iii) cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil bearta ***nuálacha*** agus ***bearta atá ann cheana agus*** infheistíochtaí ***éifeachtacha*** sa Phlean ***i réitigh*** a chuireann leis an aistriú glas, lena n-áirítear le dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as***, aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta,*** agus go háirithe a chuireann le gnóthú chuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais do 2030 agus ***2050 agus*** garspriocanna 2030 na Straitéise um an tSoghluaisteacht. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) cibé an meastar go mbeidh tionchar buan ag an bPlean ar na dúshláin a dtugann an Plean sin aghaidh orthu agus go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, sa Bhallstát lena mbaineann; | (i) cibé an meastar go mbeidh tionchar buan ag an bPlean ar ***sprioc 2030 an Aontais, ar aeráidneodracht agus ar*** na dúshláin a dtugann an Plean sin aghaidh orthu agus go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha***,*** agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh ***agus bochtaineacht soghluaisteachta***, sa Bhallstát lena mbaineann; |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b – pointe iii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia) cibé an bhfuil na bearta agus na hinfheistíochtaí arna moladh ag an mBallstát lena mbaineann comhleanúnach go hinmheánach agus an bhfuil comhlántacht, sineirgíocht, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht le hionstraimí agus cláir eile de chuid an Aontais á gcothú acu;*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b – pointe iii b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiib) cibé an cuireann an Plean, i gcás inarb ábhartha, le poist inbhuanaithe ar ardchaighdeán chun cinn;*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe c – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil an réasúnú arna sholáthar ag an mBallstát maidir le méid chostais mheasta iomlána an Phlean réasúnta agus inchreidte agus cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta; | (i) cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil an réasúnú arna sholáthar ag an mBallstát maidir le méid chostais mheasta iomlána an Phlean réasúnta agus inchreidte agus cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta***, agus sonraíochtaí náisiúnta á gcur san áireamh ag an am céanna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na costais dá bhforáiltear sa Phlean***; |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ar bhonn an mheasúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 15, déanfaidh an Coimisiún cinneadh faoi Phlean Ballstáit, trí ghníomh cur chun feidhme, laistigh de ***shé*** mhí ón dáta a tíolacadh an Plean sin de bhun Airteagal 3(1) den Rialachán seo. | Ar bhonn an mheasúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 15, déanfaidh an Coimisiún cinneadh faoi Phlean Ballstáit, trí ghníomh cur chun feidhme, laistigh de ***thrí*** mhí ón dáta a tíolacadh an Plean sin de bhun Airteagal 3(1) den Rialachán seo. |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an leithdháileadh airgeadais ón Aontas arna leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo atá le híoc i dtráthchodanna nuair a bheidh na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha arna sainaithint maidir le cur chun feidhme an Phlean, a bheidh faoi réir, don tréimhse 2028-2032, ag infhaighteacht na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 9(2) den Rialachán seo faoi uasteorainneacha bliantúla an chreata airgeadais ilbhliantúil is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 312 CFAE, comhlíonta go sásúil ag an mBallstát; | (b) an leithdháileadh airgeadais ón Aontas arna leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagal 13 ***agus le hAirteagal 13a*** den Rialachán seo atá le híoc i ***réamh-mhaoiniú agus i*** dtráthchodanna nuair a bheidh na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha arna sainaithint maidir le cur chun feidhme an Phlean, a bheidh faoi réir, don tréimhse 2028-2032, ag infhaighteacht na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 9(2) den Rialachán seo faoi uasteorainneacha bliantúla an chreata airgeadais ilbhliantúil is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 312 CFAE, comhlíonta go sásúil ag an mBallstát; |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Féadfaidh Ballstát tús a chur le bearta cur chun feidhme agus le hinfheistíochtaí a leagtar amach ina*** |

| | |
|---|---|
| | ***Phlean amhail ón... [cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], sula dtabharfaidh an Coimisiún cinneadh dearfach faoi mhír 1. Beidh an méid sin gan dochar do thoradh mheasúnú an Choimisiúin faoi Airteagal 15 ná dá chumhacht an Plean a fhormheas nó a dhiúltú. Beidh leithdháileadh airgeadais an Aontais maidir le bearta agus infheistíochtaí leanúnacha den sórt sin ag brath ar an bPlean a fhormheas trí bhíthin an chinnidh ón gCoimisiún agus ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha ag Ballstát den sórt sin. I gcás ina dtabharfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar an bPlean, áireofar ina chinneadh dá dtagraítear i mír 1, i gcás inarb ábhartha, bearta agus infheistíochtaí leanúnacha den sórt sin agus cuirfear san áireamh go bhfuil siad á gcur chun feidhme cheana féin.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann Plean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn cúinsí oibiachtúla, ***go háirithe mar gheall ar fhíorthionchair dhíreacha an chórais trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE***, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann leasú ar a Phlean, chun na hathruithe is gá agus a bhfuil údar cuí leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go n-ullmhófaí iarraidh den sórt sin. | 1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann Plean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn cúinsí oibiachtúla, ***tar éis dul i gcomhairle fhiúntach leis na geallsealbhóirí ábhartha i gcomhréir le prionsabail an chóid iompair Eorpaigh maidir le comhpháirtíochtaí arna bhunú le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 240/2014 ón gCoimisiún***, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann leasú ar a Phlean, chun na hathruithe is gá agus a bhfuil údar cuí leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go n-ullmhófaí iarraidh den |

| | |
|---|---|
| | sórt sin. |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás ina gcuirfear leithdháiltí breise ar fáil de bhun Airteagal 9(1a), féadfaidh an Ballstát lena mbaineann leasú spriocdhírithe ar a Phlean a thíolacadh chuig an gCoimisiúin d'fhonn:*** <br> ***(a) líon tairbhithe birt nó infheistíochta, nó na costais atá ag baint le beart nó infheistíocht, atá leagtha amach ina Phlean a mhéadú;*** <br> ***(b) bearta nó infheistíochtaí a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 6.*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar an bPlean leasaithe, glacfaidh sé cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 16(1), laistigh de 3 mhí ó thíolacadh oifigiúil an Phlean leasaithe ag an mBallstát, ina leagfar amach na cúiseanna lena mheasúnú dearfach, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. | 3. I gcás go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar an bPlean leasaithe, glacfaidh sé cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 16(1), laistigh de 3 mhí ó thíolacadh oifigiúil an Phlean leasaithe ag an mBallstát, ina leagfar amach na cúiseanna lena mheasúnú dearfach, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. ***I gcás ina leasaítear plean mar a leagtar amach i mír 1a, pointe (a), laghdófar an tréimhse sin go 6 seachtaine.*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Faoin 15 Márta 2027 déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann measúnú ar oiriúnacht a bPleananna i bhfianaise na bhfíorthionchar díreach a bheadh ag ***córas trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/087/CE***. Déanfar na measúnuithe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid de na tuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999. | 5. Faoin 15 Márta 2027 déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann measúnú ar oiriúnacht a bPleananna i bhfianaise na bhfíorthionchar díreach a bheadh ag ***tionchar an aistrithe i dtreo na haeráidneodrachta, lena n-áirítear trí phraghsáil carbóin***. Déanfar na measúnuithe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid de na tuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999. |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I ndiaidh don Choimisiún cinneadh a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh sé comhaontú in am trátha leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanas dlíthiúil aonair de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a chumhdaíonn an tréimhse ***2025-2027***. ***Féadfar an comhaontú sin a chur i gcrích ar a luaithe bliain amháin roimh an mbliain ina gcuirtear tús leis na ceantanna faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE.*** | 1. I ndiaidh don Choimisiún cinneadh a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh sé comhaontú in am trátha leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanas dlíthiúil aonair de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a chumhdaíonn an tréimhse ***ó ... □dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo□ go dtí 2027.*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Más rud é, mar thoradh ar an measúnú dá | Más rud é, mar thoradh ar an measúnú dá |

| | |
|---|---|
| dtagraítear i ***mír 3***, go ndeimhníonn an Coimisiún nár ***cuireadh chun feidhme*** go sásúil na garspriocanna agus na spriocanna a leagtar amach sa chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 16, cuirfear íocaíocht an leithdháilte airgeadais ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a chuid barúlacha a thíolacadh laistigh de mhí amháin ó mheasúnú an Choimisiúin a bheith curtha in iúl. | dtagraítear i ***mír 2***, go ndeimhníonn an Coimisiún nár ***comhlíonadh*** go sásúil na garspriocanna agus na spriocanna a leagtar amach sa chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 16, cuirfear íocaíocht an leithdháilte airgeadais ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach. ***Beidh méid an leithdháilte airgeadais a cuireadh ar fionraí i gcomhréir le costais na mbeart nár comhlíonadh na garspriocanna ná na spriocanna go sásúil ina leith.*** Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a chuid barúlacha a thíolacadh laistigh de mhí amháin ó mheasúnú an Choimisiúin a bheith curtha in iúl. |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. I gcás ina suíonn an Coimisiún nár thug an Ballstát lena mbaineann faoin Airteagal seo i bhfeidhm an dlí, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Treoir (AE) [bbbb/nnn] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir IVa de Threoir.../.../CE [(COD)2021/0211] a chomhlíonadh, cuirfear íocaíocht an leithdháilte airgeadais ar fionraí. Ní chuirfear an fhionraí i leataobh ach amháin i gcás inar thug an Ballstát lena mbaineann na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin sin i bhfeidhm.*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Más rud é, laistigh de 12 mhí ón | 7. Más rud é, laistigh de 12 mhí ón |

| | |
|---|---|
| dáta ar cuireadh comhaontuithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 18 i gcrích, nach bhfuil aon dul chun cinn inbhraite déanta ag an mBallstát lena mbaineann maidir le ceann ar bith de na garspriocanna agus ***de*** na spriocanna ábhartha, déanfaidh an Coimisiún na comhaontuithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 18 a fhoirceannadh agus méid an leithdháilte airgeadais a tharraingt siar. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le foirceannadh comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 18 i ndiaidh dó deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann a chuid barúlacha a chur i láthair laistigh de thréimhse 2 mhí i ndiaidh don Choimisiún a mheasúnú ***a chur in iúl*** ar cé acu a rinneadh aon dul chun cinn inbhraite nó nach ndearnadh. | dáta ar cuireadh comhaontuithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 18 i gcrích, nach bhfuil aon dul chun cinn inbhraite déanta ag an mBallstát lena mbaineann maidir le ceann ar bith de na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, déanfaidh an Coimisiún na comhaontuithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 18 a fhoirceannadh agus méid an leithdháilte airgeadais a tharraingt siar. ***Déanfar aon réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal [13a] a aisghabháil ina iomláine.*** Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le foirceannadh comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 18 i ndiaidh dó deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann a chuid barúlacha a chur i láthair laistigh de thréimhse 2 mhí i ndiaidh don Choimisiún a mheasúnú ar cé acu a rinneadh aon dul chun cinn inbhraite nó nach ndearnadh ***a chur in iúl***. ***Déanfar aon mhéideanna arna saoradh a leithdháileadh go comhréireach ar Bhallstáit eile.*** |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Agus an Ciste á chur chun feidhme acu, déanfaidh na Ballstáit, mar thairbhithe cistí faoin gCiste, na bearta uile is gá ***a dhéanamh*** chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme á chomhlíonadh agus na cistí i ndáil le bearta agus le hinfheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste á n-úsáid, go háirithe a mhéid a bhaineann le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú. Chuige sin, soláthróidh na Ballstáit córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn III agus déanfaidh siad méideanna a íocadh go míchuí nó a | 1. Agus an Ciste á chur chun feidhme acu, déanfaidh na Ballstáit, mar thairbhithe cistí faoin gCiste, na ***luachanna bunúsacha a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear an smacht reachta, a urramú. Déanfaidh siad na*** bearta uile is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme á chomhlíonadh agus na cistí i ndáil le bearta agus le hinfheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste á n-úsáid, go háirithe a mhéid a bhaineann le ***cosaint bhuiséad an Aontais i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta, agus*** calaois, éilliú agus |

úsáideadh go mícheart a aisghabháil. Féadfaidh na Ballstáit brath ar a gcórais rialta bainistithe buiséid náisiúnta.

coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú. Chuige sin, soláthróidh na Ballstáit córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn III agus déanfaidh siad méideanna a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil. Féadfaidh na Ballstáit brath ar a gcórais rialta bainistithe buiséid náisiúnta.

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Agus an Ciste á chur chun feidhme aige, déanfaidh an Coimisiún na bearta uile is iomchuí i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 chun a áirithiú go gcosnófar cistí i ndáil le bearta agus infheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste don Nuálaíocht leo i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit. Chuige sin, soláthróidh an Coimisiún córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil agus déanfaidh sé méideanna arna n-íoc go míchuí nó arna n-úsáid go mícheart a aisghabháil.*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. I gcás ina suífear go ndéanann sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát difear do bhainistiú fónta airgeadais an Chiste nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais nó go bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo,*** |

***déanfaidh an Coimisiún na bearta iomchuí i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 lena bhféadfaí a áireamh, inter alia, íocaíochtaí leis na húdaráis náisiúnta lena mbaineann a chur ar fionraí. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún gach beart is gá chun a áirithiú go leanfaidh tairbhithe deiridh beartaithe an Chiste de rochtain a bheith acu ar chúnamh ón Aontas, lena n-áiritheofar eisíocaíocht trí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, trí eagraíochtaí neamhrialtasacha nó trí eintitis eile a bhfuil cumas cruthaithe acu bainistiú fónta airgeadais an Chiste a áirithiú.***

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach, sineirgí a chothú agus comhordú éifeachtach a áirithiú idir an Ciste agus cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Clár InvestEU, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus na Cistí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060. Chun na críche sin, déanfaidh siad na nithe seo a leanas: | Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach, sineirgí a chothú agus comhordú éifeachtach a áirithiú idir an Ciste agus cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an ***Ciste don Nuálaíocht, an*** Clár InvestEU, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus na Cistí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060. Chun na críche sin, déanfaidh siad na nithe seo a leanas: |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) a áirithiú go bhfuil comhlántacht, sineirge, comhleanúnachas agus | (a) a áirithiú go bhfuil comhlántacht, sineirge, comhleanúnachas agus |

| | |
|---|---|
| comhsheasmhacht idir ionstraimí éagsúla ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal réigiúnach, le linn chéim na pleanála agus le linn chéim an chur chun feidhme; | comhsheasmhacht idir ionstraimí éagsúla ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal ***áitiúil agus*** réigiúnach, le linn chéim na pleanála agus le linn chéim an chur chun feidhme; |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dlúthchomhar a áirithiú idir iad siúd atá freagrach as an gcur chun feidhme agus an rialú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal réigiúnach chun cuspóirí an Chiste a ghnóthú. | (c) dlúthchomhar a áirithiú idir iad siúd atá freagrach as an gcur chun feidhme agus an rialú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal ***áitiúil agus*** réigiúnach***, lena n-áirítear na geallsealbhóirí ábhartha i gcomhréir le prionsabail an chóid iompair Eorpaigh maidir le comhpháirtíochtaí arna bhunú le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 240/2014 ón gCoimisiún,*** chun cuspóirí an Chiste a ghnóthú. |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Tabharfaidh faighteoirí cistiúcháin ón Aontas aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistiúcháin ón Aontas, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22a*** |
| | ***Infheictheacht an chistithe ón Aontas*** |
| | ***1. Áiritheoidh gach Ballstát:*** |
| | ***(a) infheictheacht eintiteas idirmheánach agus tairbhithe deiridh a fhaigheann tacaíocht ón Aontas sna gníomhaíochtaí uile a bhaineann le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gCiste, lena n-áirítear trí fheathal an Aontais a thaispeáint; agus*** |
| | ***(b) go gcuirfear saoránaigh an Aontais ar an eolas faoi ról na gCistí agus faoina mbeidh bainte amach tríothu trí thairseach aonair suímh gréasáin lena dtabharfar rochtain ar na cláir uile a bhfuil baint ag an mBallstát sin leo.*** |
| | ***2. Aithneoidh na Ballstáit, agus i gcás inarb infheidhme, áiritheoidh siad go n-aithneoidh eintitis idirmheánacha, tacaíocht ón gCiste agus bunús an chistithe sin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:*** |
| | ***(a) infheictheacht chistiú an Aontais do na tairbhithe deiridh agus don phobal a áirithiú, lena n-áirítear trí shuaitheantas an Aontais agus ráiteas cistiúcháin iomchuí ina léifear 'arna chistiú / arna cistiú / arna gcistiú ag an Aontas Eorpach – an Ciste Aeráide Sóisialta' a thaispeáint ar dhoiciméid agus ábhar cumarsáide a bhaineann le cur chun feidhme na hoibríochta atá beartaithe do na tairbhithe deiridh nó don phobal;*** |
| | ***(b) tuairisc ghairid ar an oibríocht, i gcomhréir leis an leibhéal tacaíochta, a sholáthar ar a suíomh gréasáin oifigiúil, i gcás inarb ann don suíomh sin, agus ar shuíomhanna na meán sóisialta, lena n-*** |

***áirítear a cuid aidhmeanna agus torthaí, agus an tacaíocht airgeadais ón Aontas a thabhairt chun suntais; agus***

***(c) i gcás oibríochtaí lena mbaineann ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear i gcás tacaíocht ioncaim dhíreach shealadach i gcomhréir le hAirteagal 6(1), méid na tacaíochta ón gCiste a chur in iúl do na faighteoirí deiridh.***

***3. I gcás nach gcomhlíonfaidh Ballstát na hoibleagáidí faoi mhíreanna 1 agus 2, agus i gcás nach mbeidh gníomhaíochtaí feabhais curtha i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún bearta i bhfeidhm, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh, lena gcealófar suas le 5 % den tacaíocht ón gCiste don Bhallstát lena mbaineann in aghaidh na bliana.***

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tuairisceoidh gach Ballstát lena mbaineann, ar bhonn débhliantúil, chuig an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme a Phlean mar chuid dá thuarascáil comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán sin. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann an méid seo a leanas san áireamh ina dtuarascáil ar an dul chun cinn: | 1. Tuairisceoidh gach Ballstát lena mbaineann, ar bhonn débhliantúil, chuig an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme a Phlean mar chuid dá thuarascáil comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán sin***, agus i gcomhairle fhóinteach leis na geallsealbhóirí ábhartha i gcomhréir le prionsabail an chóid iompair Eorpaigh maidir le comhpháirtíochtaí arna bhunú le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 240/2014 ón gCoimisiún;*** Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann an méid seo a leanas san áireamh ina dtuarascáil ar an dul chun cinn: |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faisnéis chainníochtúil mhionsonraithe maidir ***le*** líon na dteaghlach atá faoi bhochtaineacht fuinnimh; | (a) faisnéis chainníochtúil mhionsonraithe maidir líon na dteaghlach atá faoi bhochtaineacht fuinnimh ***agus faoi bhochtaineacht soghluaisteachta, go háirithe teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha, agus úsáideoirí iompair leochaileacha***; |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) faisnéis mhionsonraithe maidir leis an sainmhíniú ar bhochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 2(2) agus (2a) ar bhonn critéar nithiúil intomhaiste;*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***i gcás inarb infheidhme,*** faisnéis mhionsonraithe maidir le dul chun cinn i dtreo ***an chuspóra*** náisiúnta ***tháscaigh i dtaca le*** líon na dteaghlach atá faoi bhochtaineacht fuinnimh a laghdú***;*** | (b) faisnéis mhionsonraithe maidir le dul chun cinn i dtreo ***na spriocanna agus na gcuspóirí*** náisiúnta ***táscacha*** líon na dteaghlach atá faoi bhochtaineacht fuinnimh ***agus bochtaineacht soghluaisteachta*** a laghdú***, go háirithe teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha, agus úsáideoirí iompair leochaileacha.*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) faisnéis mhionsonraithe maidir le torthaí na mbeart agus na n-infheistíochtaí atá san áireamh ina bPlean; | (c) faisnéis mhionsonraithe maidir le torthaí na mbeart agus na n-infheistíochtaí***, go háirithe maidir leis an laghdú ar astaíochtaí a baineadh amach agus líon na ndaoine a thairbhíonn de na bearta*** atá san áireamh ina bPlean; |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) míniú ar an gcaoi a bhfuiltear ag dréim leis go rannchuideoidh na bearta sa phlean le comhionannas inscne agus comhdheiseanna do chách agus le príomhshruthú na gcuspóirí sin, i gcomhréir le prionsabail 2 agus 3 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus le prionsabal 5 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA agus, i gcás inarb ábhartha, leis an straitéis náisiúnta maidir le comhionannas inscne;*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) faisnéis mhionsonraithe maidir leis an sciar de thacaíocht dhíreach ioncaim agus spriocdhíriú ar thacaíocht dhíreach ioncaim atá san áireamh ina bPlean;*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) in 2027, measúnú ar oiriúnacht an Phlean dá dtagraítear in Airteagal 17(5) i bhfianaise na bhfíorthionchar díreach a bheadh ag córas trádála astaíochtaí ***le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar*** arna bhunú de bhun ***Chaibidil IVa de*** Threoir 2003/087/CE. | (f) in 2027, measúnú ar oiriúnacht an Phlean dá dtagraítear in Airteagal 17(5) i bhfianaise na bhfíorthionchar díreach a bheadh ag córas trádála astaíochtaí arna bhunú de bhun Threoir 2003/087/CE. |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar sciar na gcostas a bhaineann le tabhairt suas na lamháltas faoi Chaibidil IVa de Threoir .../.../CE[(COD)2021/0211] arna gcomhghabháil ag soláthróirí breosla agus arna gcur ar aghaidh chuig na tomhaltóirí deiridh. Tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil do Pharlaimint na hEorpa ar a torthaí.*** |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun na táscairí comhchoiteanna a leagan amach a bheidh le húsáid chun dul chun cinn a | 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun na táscairí comhchoiteanna a leagan amach a bheidh le húsáid chun dul chun cinn a |

| | |
|---|---|
| thuairisciú agus chun críche faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gCiste i dtreo bhaint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1. | thuairisciú agus chun críche faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gCiste i dtreo bhaint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1***, lena n-áirítear teimpléad bunaithe ar na Ballstáit nach mór dóibh tuarascáil a thabhairt***. ***Déanfaidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe sin a ghlacadh tráth nach déanaí ná ... [3 mhí i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 23 a*** |
| | ***Trédhearcacht*** |
| | ***1. Déanfaidh an Coimisiún na Pleananna arna dtíolacadh ag na Ballstáit, mar aon leis na cinntí a chuirfidh an Coimisiún ar fáil don phobal, a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle gan moill mhíchuí agus ar théarmaí comhionanna.*** |
| | ***2. Déanfar faisnéis arna tarchur ag an gCoimisiún chuig an gComhairle nó chuig aon cheann dá comhlachtaí ullmhúcháin i gcomhthéacs an Rialacháin seo nó a chur chun feidhme a chur ar fáil go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa, faoi réir socruithe rúndachta más gá.*** |
| | ***3. Tabharfaidh an Coimisiún forléargas do choistí inniúla Pharlaimint na hEorpa ar na réamhthorthaí atá aige a bhaineann le comhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha a áirítear sna pleananna arna dtíolachadh ag na mBallstáit.*** |
| | ***4. Féadfaidh coistí inniúla Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar an*** |

***gCoimisiún faisnéis a sholáthar maidir le staid na himeartha mheasúnú an Choimisiúin ar na Pleananna.***

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 23b*** |
| | ***Idirphlé Aeráide Sóisialta*** |
| | ***1. Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coistí inniúla Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar an gCoimisiún dhá uair sa bhliain na hábhair seo a leanas a phlé:*** |
| | ***(a) na Pleananna arna dtíolacadh ag na Ballstáit;*** |
| | ***(b) measúnú an Choimisiúin ar na Pleananna arna dtíolacadh ag na Ballstáit;*** |
| | ***(c) stádas an chomhlíonta i ndáil le garspriocanna agus spriocanna na pleananna arna dtíolacadh ag na Ballstáit;*** |
| | ***(d) nósanna imeachta maidir le híocaíocht, fionraí agus foirceannadh, lena n-áirítear aon bhreathnú arna thíolacadh agus bearta feabhais arna ndéanamh ag Ballstáit chun comhlíonadh sásúil na gcloch míle agus na spriocanna a áirithiú;*** |
| | ***(e) aon fhaisnéis agus doiciméadacht ábhartha eile arna soláthar ag an gCoimisiún chuig coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa i ndáil le cur chun feidhme an Chistithe.*** |
| | ***2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa a*** |

***bharúlacha a chur in iúl i rúin, i ndáil leis na hábhair dá dtagraítear i mír 1.***

***3. Déanfaidh an Coimisiún aird a thabhairt ar aon ghnéithe a eascraíonn as na tuairimí a cuireadh in iúl tríd an idirphlé aeráide sóisialta, lena n-áirítear na rúin ó Pharlaimint na hEorpa, má sholáthraítear iad.***

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin ***1 Iúil 2028***, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú an Chiste. | 1. Faoin ***31 Nollaig 2026***, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú an Chiste***, go dtí an dáta sin, á dtabhairt san áireamh go háirithe thorthaí na chéad tuarascálacha arna dtíolachadh ag Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 23***. |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcás gach bliana a mbíonn an Ciste gníomhach, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fáil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún maidir leis an laghdú ar CO2 a eascraíonn as na hinfheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh a thógáil, as fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chomhtháthú agus as rochtain níos fearr a thabhairt ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle.*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Sa tuarascáil mheastóireachta, ***déanfar measúnú,*** go háirithe***,*** ar a ***mhéid a gnóthaíodh cuspóirí an Chiste a leagtar amach in Airteagal 1, ar éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus ar an mbreisluach AE. Breithneofar ann ábharthacht leanúnach na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí uile a leagtar amach in Airteagal 6 i bhfianaise an tionchar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE agus ó na bearta náisiúnta a dhéanann Ballstáit chun na laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh de bhun Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[63]. Breithneofar ann freisin ábharthacht leanúnach imchlúdach airgeadais an Chiste i ndáil le forbairtí féideartha maidir le lamháltais a chur ar ceant faoin gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE agus breithnithe ábhartha eile.*** | 3. Sa tuarascáil mheastóireachta ***dá dtagraítear i mír 1***, ***díreofar*** go háirithe ar ***na nithe seo*** a ***leanas:*** |
| | ***(a) ar a mhéid a gnóthaíodh cuspóirí an Chiste a leagtar amach in Airteagal 1, ar éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus ar an mbreisluach AE;*** |
| | ***(b) ar bhonn tír ar thír, an dul chun cinn agus an éifeacht a bhaineann le cur chun feidhme na n-infheistíochtaí struchtúracha agus na mbeart agus úsáid na tacaíochta ioncaim dhírigh i*** |

***bhfianaise na garspriocanna agus na spriocanna sna Pleananna a bhaint amach, agus an gá a bheidh le tacaíocht ioncaim dhírigh ina dhiaidh sin agus leibhéal riachtanach na tacaíochta ioncaim dhírigh sa chomhthéacs sin, de bhun na rialacha a leagtar amach in Airteagal 6(1) don tréimhse 2028-2032;***

***(c) cur i bhfeidhm na sainmhínithe ar bhochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta arna dtuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 23(1aa) agus an bhféadfadh sé go mbeadh gá le cur chuige níos mionsonraithe amach anseo agus, i gcás inarb iomchuí, togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle;***

***Breithneofar ann ábharthacht leanúnach na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí uile a leagtar amach in Airteagal 6 i bhfianaise an tionchar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Threoir 2003/87/CE agus ó na bearta náisiúnta a dhéanann Ballstáit chun na laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh de bhun Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[63]. Breithneofar ann freisin ábharthacht leanúnach imchlúdach airgeadais an Chiste i ndáil le forbairtí féideartha maidir le lamháltais a chur ar ceant faoin gcóras trádála astaíochtaí de bhun Threoir 2003/87/CE agus breithnithe ábhartha eile. Mar chuid den tuarascáil mheastóireachta dá dtagraítear i mír 1, breithneoidh an Coimisiún an coigeartú teicniúil sonrach sin a fhadú bunaithe ar luaineacht praghsanna carbóin dá dtagraítear in Airteagal 9 i gcomhthéacs na caibidlíochta maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil eile.***

[63] Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint

[63] Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint

| | |
|---|---|
| na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26-42). | na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26-42). |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 23***(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 4***(***2a) agus Airteagal 23(***4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 23(4) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá i ndiaidh fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagal 4(2a) agus*** Airteagal 23(4) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá i ndiaidh fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Beidh sé i bhfeidhm ón dáta faoina dtabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun Treoir (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[64] lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, a chomhlíonadh.*** | ***scriosta*** |

***[64] [Treoir (AE) bbbb/uuu ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle… (IO …..).] [Treoir lena leasaítear Treoir 2003/87/CE]***

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás na mBallstát ag a bhfuil ONI per capita faoi bhun 90 % de luach AE-27, ní fhéadfaidh a bheith níos ísle ná an sciar d'astaíochtaí tagartha faoi Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/842 le haghaidh na n-earnálacha a chumhdaítear le [Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE] le haghaidh mheán na tréimhse 2016-2018. Déantar na mBallstát ag a bhfuil OIN per capita os cionn luach AE-27 a choigeartú go comhréireach chun a áirithiú gurb ionann suim ***gach*** agus 100 %. | I gcás ***gach Ballstáit, ní fhéadfaidh $\alpha_i$ a bheith níos lú ná 0.07 % de shuim*** na ***n-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus (2). I gcás na*** mBallstát ag a bhfuil ONI per capita faoi bhun 90 % de luach AE-27, ní fhéadfaidh ***$\alpha_i$*** a bheith níos ísle ná an sciar d'astaíochtaí tagartha faoi Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/842 le haghaidh na n-earnálacha a chumhdaítear le [Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE] le haghaidh mheán na tréimhse 2016-2018. Déantar ***$\alpha_i$*** na mBallstát ag a bhfuil OIN per capita os cionn luach AE-27 a choigeartú go comhréireach chun a áirithiú gurb ionann suim ***na $\alpha_i$ ar fad*** agus 100 %. |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Déanfar leithdháiltí breise a bhaineann le hAirteagal 9(1a) a leithdháileadh ar na Ballstáit ar bhonn an sciar seo a leanas.***

***An leithdháileadh uasta airgeadais in aghaidh an Bhallstáit de chuid AE***

| ***Ballstát*** | ***Sciar mar % den iomlán*** | ***IOMLÁN [dáta theacht i bhfeidhm]-2032 (in EUR, praghsanna reatha)*** | ***Méid le haghaidh [dáta theacht i bhfeidhm]-2027 (in EUR, praghsanna reatha)*** | ***Méid le haghaidh 2028-2032 (in EUR, praghsanna reatha)*** |
|---|---|---|---|---|
| ***An Bheilg*** | ***2.56*** | ***[1 844 737 639]*** | ***[605 544 073]*** | ***[1 239 193 566]*** |
| ***An Bhulgáir*** | ***3.85*** | ***[2 778 104 958]*** | ***[911 926 420]*** | ***[1 866 178 538]*** |
| ***An tSeicia*** | ***2.40*** | ***[1 735 707 679]*** | ***[569 754 460]*** | ***[1 165 953 219]*** |
| ***An Danmhairg*** | ***0.50*** | ***[361 244 536]*** | ***[118 580 270]*** | ***[242 664 266]*** |
| ***An Ghearmáin*** | ***8.19*** | ***[5 910 983 488]*** | ***[1 940 308 984]*** | ***[3 970 674 504]*** |
| ***An Eastóin*** | ***0.29*** | ***[207 004 992]*** | ***[67 950 392]*** | ***[139 054 600]*** |
| ***Éire*** | ***1.02*** | ***[737 392 966]*** | ***[242 052 816]*** | ***[495 340 150]*** |
| ***An Ghréig*** | ***5.52*** | ***[3 986 664 037]*** | ***[1 308 641 796]*** | ***[2 678 022 241]*** |
| ***An Spáinn*** | ***10.53*** | ***[7 599 982 898]*** | ***[2 494 731 228]*** | ***[5 105 251 670]*** |
| ***An Fhrainc*** | ***11.20*** | ***[8 087 962 701]*** | ***[2 654 912 964]*** | ***[5 433 049 737]*** |
| ***An Chróit*** | ***1.94*** | ***[1 403 864 753]*** | ***[460 825 411]*** | ***[943 039 343]*** |
| ***An Iodáil*** | ***10.81*** | ***[7 806 923 117]*** | ***[2 562 660 358]*** | ***[5 244 262 759]*** |
| ***An Chipir*** | ***0.20*** | ***[145 738 994]*** | ***[47 839 531]*** | ***[97 899 463]*** |
| ***An Laitvia*** | ***0.71*** | ***[515 361 901]*** | ***[169 170 042]*** | ***[346 191 859]*** |
| ***An Liotuáin*** | ***1.02*** | ***[738 205 618]*** | ***[242 319 573]*** | ***[495 886 046]*** |
| ***Lucsamburg*** | ***0.10*** | ***[73 476 421]*** | ***[24 118 991]*** | ***[49 357 430]*** |
| ***An Ungáir*** | ***4.33*** | ***[3 129 860 199]*** | ***[1 027 391 783]*** | ***[2 102 468 416]*** |
| ***Málta*** | ***0.01*** | ***[5 112 942]*** | ***[1 678 348]*** | ***[3 434 594]*** |
| ***An Ísiltír*** | ***1.11*** | ***[800 832 270]*** | ***[262 877 075]*** | ***[537 955 195]*** |
| ***An Ostair*** | ***0.89*** | ***[643 517 259]*** | ***[211 237 660]*** | ***[432 279 599]*** |
| ***An Pholainn*** | ***17.61*** | ***[12 714 118 688]*** | ***[4 173 471 093]*** | ***[8 540 647 595]*** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ***An Phortaingéil*** | ***1.88*** | ***[1 359 497 281]*** | ***[446 261 573]*** | ***[913 235 708]*** |
| ***An Rómáin*** | ***9.26*** | ***[6 682 901 998]*** | ***[2 193 694 977]*** | ***[4 489 207 021]*** |
| ***An tSlóivéin*** | ***0.55*** | ***[397 623 987]*** | ***[130 522 001]*** | ***[267 101 985]*** |
| ***An tSlóvaic*** | ***2.36*** | ***[1 701 161 680]*** | ***[558 414 568]*** | ***[1 142 747 112]*** |
| ***An Fhionlainn*** | ***0.54*** | ***[386 966 933]*** | ***[127 023 772]*** | ***[259 943 161]*** |
| ***An tSualainn*** | ***0.62*** | ***[445 050 067]*** | ***[146 089 842]*** | ***[298 960 225]*** |
| ***AE27*** | ***100%*** | ***[72 200 000 000]*** | ***[23 700 000 000]*** | ***[48 500 000 000]*** |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

### A. Cúlra

Tá an Rialachán maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta ina chuid de mhóriarrachtaí an Choimisiúin faoin gComhaontú Glas don Eoraip ar astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas Eorpach a laghdú de 55 % in 2030 i gcomparáid le 1990 agus ar a áirithiú go mbeidh saoránaigh uile na hEorpa in ann an t-aistriú fuinnimh sin a dhéanamh. Tá an Ciste sin nasctha leis an togra ón gCoimisiún lena mbunaítear Córas Eorpach nua maidir le Trádáil Astaíochtaí[1] (CTA2) chun foirgnimh agus astaíochtaí an iompair de bhóthar a chumhdach ar dhá bhealach:

- Úsáidtear ioncam arna eascairt ón CTA nua chun an ciste a mhaoiniú agus chun bearta SCF arna ndéanamh ag na Ballstáit a chómhaoiniú.
- Cuidíonn an Ciste le saoránaigh leochaileacha, teaghlaigh leochaileacha agus fiontair leochaileacha a bhfuil tionchar díréireach ag an CTA nua orthu.

Is é cuspóir an Chiste, dá bhrí sin, tacú le saoránaigh leochaileacha, teaghlaigh leochaileacha agus fiontair leochaileacha, agus le húsáideoirí iompair leochaileacha freisin an t-aistriú aeráide a dhéanamh agus a bheith níos inbhuanaithe ó thaobh a dtomhaltais de, trí bhearta nithiúla.
Tá dhá chineál birt beartaithe: ar an gcéad dul síos, infheistíochtaí nithiúla atá dírithe ar earnáil an iompair de bhóthar agus an earnáil tógála a dhícharbónú; ar an dara dul síos, ioncam díreach sealadach/tacaíocht shóisialta shealadach atá ina líontán sábhála dóibh siúd nach bhfuil roghanna malartacha astaíochtaí ísle leormhaithe agus inacmhainne acu, arb iadsan is mó a ndéanfaidh méaduithe ar phraghsanna carbóin dochar dóibh.

Le cois a bheith ina chiste aeráide, tá gné shóisialta bhunúsach ag SCF. Oibríonn an dá ghné sin as lámha a chéile chun aistriú glas an Aontais a dhéanamh níos cothroime go sóisialta. Tá sé mar aidhm le SCF dúshláin ollmhóra an athraithe aeráide a chomhrac, agus is uirlis thábhachtach é, dá bhrí sin, chun a sheachaint go ndéanfaí dochar díréireach do shaoránaigh ísealioncaim agus meánioncaim atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh agus iompair, rud a fhágann go dtacaíonn sé le hiarrachtaí AE ar bheith ina gheilleagar níos glaise trí aistriú ‘nach bhfágfaidh aon duine chun deiridh’[2].

### B. Sprioc agus Raon Feidhme

Measann an Coimisiún go mbeidh idir 0,7 go 0,8 bpointe céatadáin níos mó á chaitheamh ag teaghlaigh ar a mbillí fuinnimh, mar a luaitear i measúnú tionchair an Choimisiúin ar an bpacáiste ‘Oiriúnach do 55’[3]. Iad siúd a bhfuil ioncam íseal acu, a chaitheann sciar os cionn an mheáin ar fhuinneamh cheana, is iad is mó a ndéanfar difear dóibh mar thoradh ar an iompar de bhóthar agus teaghlaigh a áireamh san CTA nua. Dá bhrí sin, tá an Ciste Aeráide Sóisialta dírithe ar shaoránaigh leochaileacha, ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar FBManna leochaileacha, lena n-áirítear iad siúd atá i mbaol na

[1] Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE
[2] Staid an Aontais, Meán Fómhair 2020, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen.
[3] COM/2021/568

bochtaineachta fuinnimh agus na bochtaineachta iompair. In éagmais aon sainmhínithe ar leibhéal an Aontais, tá sé mar aidhm leis an togra ó na Rapóirtéirí sainmhíniú ar bhochtaineacht fuinnimh a leagan síos ar leibhéal an Aontais agus tugtar isteach leis sainmhíniú ar bhochtaineacht iompair. Áirítear air sin teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha, FBManna leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha ag a bhfuil líon beag roghanna malartacha leormhaithe agus inacmhainne ar bhreoslaí iontaise san earnáil tógála agus san earnáil iompair, nó nach bhfuil roghanna malartacha ar bith acu. Chun a áirithiú go sroicheann an cistiú iad siúd is mó atá i ngátar, tá sé de cheangal ar na Ballstáit tuairisciú go rialta ar staid na bochtaineachta fuinnimh agus na bochtaineachta iompair agus ar conas a rannchuidíonn na bearta a áirítear ina bPleananna Aeráide Sóisialta le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin. Ina theannta sin, ba cheart tacaíocht ón gCiste chun feithicil leictreach a cheannach a bheith teoranta do charranna bunúsacha nó carranna lár-raoin, freisin d'fhonn margadh carranna leictreacha athláimhe a fhorbairt go mear.

Dar leis na Rapóirtéirí, níos cheart gurb iad idirghabhálaithe airgeadais, amhail bainc, mar le comhairleachtaí agus gníomhaireachtaí comhairle aeráide, príomhthairbhithe an Chiste Aeráide Shóisialta. Os a choinne sin, cuirtear FBManna leochaileacha le liosta na dtairbhithe incháilithe.

**C. Pleananna Aeráide Sóisialta**

Faoin Rialachán, tá sé de fhreagracht ar na Ballstáit an Ciste Aeráide Sóisialta a leithdháileadh de réir riachtanais shonracha réigiún agus pobal. Ceanglófar ar na Ballstáit Pleananna Aeráide Sóisialta a dhréachtú agus iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin, arna leagan amach i gcomhthéacs na ngealltanas arna dtabhairt i bPleananna Fuinnimh agus Aeráide Náisiúnta atá ann cheana, atá le tabhairt cothrom le dáta i gcás gach Ballstáit i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán Rialachais').[4]

Molann na Rapóirtéirí go ndéanfaí na Pleananna agus na bearta incháilithe a spriocdhíriú, a fhaire agus a thomhas ar bhealach i bhfad níos fearr chun an breisluach is airde agus an chost-éifeachtacht is airde a áirithiú i ndáil le tacú le teaghlaigh a bheith níos inbhuanaithe agus fós rannchuidiú le laghduithe foriomlána ar gháis cheaptha teasa.
Chun na Ballstáit a spreagadh le díriú ar na bearta sin ag a bhfuil an breisluach is airde agus an chost-éifeachtacht is airde, ba cheart don Choimisiún treoir mhionsonraithe a sholáthar roimh thús na bPleananna ar bhearta agus infheistíochtaí ar dócha an tairbhe is mó a bheith ag roinnt leo, faireachán a dhéanamh ar thionchar Phleananna na mBallstát ar bhonn rialta, agus a threoir ar dhea-chleachtais a thabhairt cothrom le dáta. Sa bhreis air sin, measann na Rapóirtéirí go bhfuil sé bunriachtanach go mbeadh ról ag na comhpháirtithe sóisialta agus na húdaráis réigiúnacha ón tús chun a áirithiú go dtacófar i bhfad is i ngearr leis na Pleananna agus go mbeidh siad in oiriúint don fhíorshaol iarbhír. Ar deireadh, beifear ag dréim leis go ndéanfaidh na Ballstáit cuspóirí nithiúla a leagan síos agus go dtabharfaidh siad gealltanas amlíne cur chun feidhme urrúnta a chur i bhfeidhm, maille le tuairisciú agus ionchur ó na

[4] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

comhpháirtithe sóisialta ar an dul chun cinn i leith na spriocanna agus na gcuspóirí náisiúnta an bhochtaineacht fuinnimh agus an bhochtaineacht iompair a laghdú.

Maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí incháilithe, aithníonn na Rapóirtéirí go bhféadfadh ioncam díreach sealadach a bheith tairbhiúil, i gcásanna áirithe, chun tacaíocht idirlinne ghearrthéarmach a sholáthar go dtí go dtiocfaidh bearta agus infheistíochtaí struchtúracha i bhfeidhm i ndáiríre agus go léireoidh siad a dtionchar iomlán, ach molann siad nár cheart na bearta sin dul thar 25 % de chostais mheasta iomlána an Phlean agus gur cheart iad a theorannú d'idirthréimhse trí bliana, chun nach dtarraingeofar acmhainní ó bhearta agus infheistíochtaí atá níos inbhuanaithe agus níos fadtéarmaí. Ba cheart go ndéanfadh infheistíochtaí agus bearta struchtúracha borradh a chur faoin athchóiriú trí dhearbháin, tacaíocht airgeadais agus fhioscach a thabhairt, oideachas a thabhairt, agus margadh d'fheithiclí leictreacha athláimhe a fhorbairt. Ba cheart go rachadh na bearta sin chun tairbhe na dteaghlach sin a fhaigheann cineál tacaíochta cheana inniu, mar shampla trí tharaifí fuinnimh sóisialta, ós rud é gurb iad na teaghlaigh sin is mó a bhféadfadh tacaíocht a bheith de dhíth orthu.

Chun rabharta athchóiriúcháin rathúil agus leathnú amach rathúil na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha a áirithiú, tá sé bunriachtanach freisin a áirithiú go mbeidh lucht saothair sách mór ann a bheidh oilte ar an méid athchóirithe foirgneamh, atá ag méadú go mear, agus imscaradh an bhonneagair breosla ionadúil is gá a chur i gcrích. Dá bhrí sin, molann na Rapóirtéirí go ndéanfaí an cineál sin oiliúna agus athoiliúna spriocdhírithe a áireamh sna Pleananna, agus uasteorainn ann chun a áirithiú nach dtiocfaidh an cineál sin oiliúna agus athoiliúna spriocdhírithe in ionad phríomhchuspóirí eile an Chiste, agus i gcónaí i gcomhar le mórchláir oiliúna agus athoiliúna na mBallstát faoin gCiste um Aistriú Cóir agus faoi Chiste Sóisialta na hEorpa +.

Ar deireadh, tacaíonn na Rapóirtéirí leis an bprionsabal nach mór tacaíocht ón gCiste an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a urramú go hiomlán de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[5]

**D. Infheictheacht agus coinníollacht**

Dar leis an bParlaimint, ghabh tábhacht ar leith leis an rochtain ar an smacht reachta agus le hinfheictheacht Chistí an Aontais ag na tairbhithe deiridh. Leagann na Rapóirtéirí béim ar an nasc idir an Ciste Aeráide Sóisialta agus an smacht reachta. Tá sé sin i gcomhréir leis an Sásra Eorpach um an Smacht Reachta.

Critéar eile atá an bheirt Rapóirtéirí ag iarraidh a áireamh is ea gealltanas na mBallstát i leith na neodrachta aeráide. Ba cheart go mbeadh an gealltanas neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 agus rochtain ar an gCiste fite fuaite le chéile.

Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara gur bhunaigh an tAontas Eorpach an Ciste Aeráide Sóisialta chun cuidiú le saoránaigh na hEorpa. Tá tuiscint an phobail ar airgeadas an

[5] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

Aontais ríthábhachtach don trédhearcacht agus do thacaíocht an phobail don aistriú fuinnimh. Dá bhrí sin, molann na Rapóirtéirí go neartófaí an oibleagáid atá ar na Ballstáit agus ar na hidirghabhálaithe tairbhithe deiridh an Chiste Aeráide Shóisialta a chur ar an eolas faoin gcistiú lena mbaineann ón Aontas.

**E. Buiséad**

Maidir leis an oibleagáid lamháltais astaíochtaí a cheannach, cé go mbaineann sí go foirmiúil leis na heintitis rialáilte arna moladh, meastar go mbeidh (cuid de) na costais sin le seasamh ag an tomhaltóir deiridh. Aon ioncam a eascraíonn as an bprionsabal 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' a chur i bhfeidhm maidir leis na saoránaigh, maidir le teaghlaigh agus maidir le FBManna, ba cheart go rachadh sé chun tairbhe dóibh freisin, go háirithe iad siúd atá leochaileach agus atá i mbaol na bochtaineachta iompair agus na bochtaineachta fuinnimh, trí thacaíocht ioncaim a sholáthar go sealadach nó trí chabhrú leo a bheith níos inbhuanaithe ó thaobh a dtomhaltais de. Dá bhrí sin, ba cheart go gcomhfhreagródh an Ciste do na tionchair iarbhír ar phraghsanna arna n-eascairt as eascraíonn as cur i bhfeidhm an phrionsabail 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as', agus ba cheart go bhfreagródh sé dóibh. Dá bhrí sin, molann na Rapóirtéirí gur cheart imchlúdach airgeadais an Chiste a shocrú ag EUR 72 200 000 000 ar a laghad, mar a mhol an Coimisiún, agus gur cheart go rachadh aon ioncam de chuid an Aontais ón gcóras nua trádála astaíochtaí chuig an gCiste Aeráide Sóisialta. Nuair a thagann méadú ar phraghsanna carbóin, ba cheart go dtiocfadh méadú ar an gCiste freisin chun aghaidh a thabhairt go comhréireach ar na tionchair ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha, ar FBManna leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha. I bhfianaise go nglacann sé am bearta agus infheistíochtaí struchtúracha a chur chun feidhme agus gur de réir a chéile a léiríonn siad éifeacht, tá sé beartaithe tús a chur leis an gcur chun feidhme bliain níos luaithe, ó 2025 go 2024, chun tús a chur le timthriallta infheistíochta a luaithe is féidir chun go rachaidh an Ciste chun tairbhe do theaghlaigh leochaileacha, do mhicrifhiontair leochaileacha, do FBManna leochaileacha agus d'úsáideoirí iompair leochaileacha a luaithe is féidir.

I gcomhréir leis an bprionsabal sin agus chun glacadh mall cistí a sheachaint, molann na Rapóirtéirí cion réamh-mhaoinithe nach mó ná 13 % a chur ar fáil do na Ballstáit, faoi réir na gceanglas sa Rialachán. Sa bhreis air sin, chun an úsáid is fearr a bhaint as an gCiste Aeráide Sóisialta, ba cheart tacaíocht faoin gCiste, a mhéid is féidir, cláir, ionstraimí agus cistí eile de chuid an Aontais agus cláir, ionstraimí agus cistí náisiúnta eile a chomhlánú, agus oibriú i sineirgíocht leo, gan teacht in ionad an chaiteachais náisiúnta atá ann cheana, áfach.

**F. Leithdháileadh agus Cómhaoiniú na mBallstát**

Tá an leithdháileadh comhréireach ar na Ballstáit bunaithe ar eochair leithdháilte lenar cheart leithdháileadh cothrom ar na Ballstáit uile a áirithiú agus tá sé bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus aird á thabhairt, ar bhealach comhionann, ar na héifeachtaí tuartha ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha, ar FBManna leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha Leis an eochair, tugtar aird ar phobail atá i mbaol na bochtaineachta (AROPE) atá ag maireachtáil i bpobail thuaithe. Tá na teaghlaigh AROPE sin i riaráiste ar bhillí fóntais agus astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin teaghlaigh i gcaitheamh meántréimhse trí bliana. Tá tuilleadh coigeartuithe ann do Bhallstáit ísealioncaim.

Ba cheart tacaíocht ón gCiste a dhíriú ar bhearta agus infheistíocht lena ngabhann an chost-éifeachtacht is airde agus an breisluach is airde ó thaobh tacú le teaghlaigh a bheith níos inbhuanaithe ó thaobh a dtomhaltais de. Dá bhrí sin, molann na Rapóirtéirí rialacha cómhaoinithe difreáilte chun tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí buana lena gcuirtear dícharbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn.  I gcás bearta tacaíochta ioncaim dírí sealadaí faoi Airteagal 6(1), maoineoidh na Ballstáit 60 % ar a laghad. I gcás infheistíochtaí, a bhfuil éifeacht níos struchtúraí acu, faoi Airteagal 6(2), déanfaidh na Ballstáit, i gcoitinne, 50 % ar a laghad a chómhaoiniú, mar a mhol an Coimisiún, ach molann na Rapóirtéirí an ceanglas cómhaoinithe náisiúnta sin a ísliú go 40 % i gcás na mBallstát sin ag a bhfuil OTI per capita ag praghsanna margaidh atá faoi bhun 65 % de mheán an Aontais le linn na tréimhse 2016-2018.

20.4.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM BUISÉID

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta
(COM(2021)0568 – C9-0324/2021 – 2021/0206(COD))

Rapóirtéir don tuairim(*): Margarida Marques

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Beidh tionchair eacnamaíocha agus shóisialta éagsúla ag na leasuithe sin ar earnálacha éagsúla an gheilleagair, ar na saoránaigh agus ar na Ballstáit. Go háirithe, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar á gcur san áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[31], ba cheart spreagadh eacnamaíoch breise a sholáthar chun infheistiú in ídiú breoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí gas ceaptha teasa dá réir sin. Agus é sin á chur chun feidhme in éineacht le bearta eile, ba cheart costais le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar a | (8) Beidh tionchair eacnamaíocha agus shóisialta éagsúla ag na leasuithe sin ar earnálacha éagsúla an gheilleagair, ar na saoránaigh agus ar na Ballstáit***, agus d'fhéadfadh praghsanna níos airde do bhreoslaí iontaise a bheith mar thoradh orthu, go háirithe do na saoránaigh is leochailí, agus dícharbónú an gheilleagair ar bun faoi láthair***. Go háirithe, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar á gcur san áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***, ba cheart spreagadh eacnamaíoch breise a sholáthar chun infheistiú in ídiú breoslaí iontaise a |

| | |
|---|---|
| laghdú agus deiseanna nua a chur ar fáil chun poist a chruthú agus le haghaidh infheistíochta sa mheántéarma agus san fhadtéarma. | laghdú agus dlús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí gas ceaptha teasa dá réir sin. Agus é sin á chur chun feidhme in éineacht le bearta eile, ba cheart costais le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar a laghdú agus deiseanna nua a chur ar fáil chun poist a chruthú agus le haghaidh infheistíochta sa mheántéarma agus san fhadtéarma. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus ar theaghlaigh atá thíos le soghluaisteacht nó bochtaineacht fuinnimh, ionas go mbainfidh siad tairbhe as cur chun feidhme na n-ionstraimí cistiúcháin sin agus nach bhfágfar aon duine ar lár.*** |
| [31] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas (***IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).*** | [31] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas (***IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) ***Mar sin féin,*** teastaíonn acmhainní chun na hinfheistíochtaí sin a mhaoiniú. Thairis sin, sula ndéanfar na hinfheistíochtaí sin, is dócha go n-ardófar na costais a íocann teaghlaigh agus úsáideoirí iompair le haghaidh téimh, fuaraithe agus cócaireachta, chomh maith le costais le haghaidh iompar de bhóthar, de réir mar a chuireann na soláthróirí breosla atá faoi réir na n-oibleagáidí faoin trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar na costais ar charbón ar aghaidh chuig na tomhaltóirí. | (9) Teastaíonn acmhainní chun na hinfheistíochtaí sin a mhaoiniú***, áfach***. Thairis sin, sula ndéanfar na hinfheistíochtaí sin, is dócha go n-ardófar na costais a íocann teaghlaigh agus úsáideoirí iompair le haghaidh téimh, fuaraithe agus cócaireachta, chomh maith le costais le haghaidh iompar de bhóthar, de réir mar a chuireann na soláthróirí breosla atá faoi réir na n-oibleagáidí faoin trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar na costais ar charbón ar aghaidh chuig na tomhaltóirí ***agus aird á tabhairt ar spleáchas na mBallstát ar bhreoslaí iontaise allmhairithe i bhfianaise chogadh*** |

| | |
|---|---|
| | ***ionsaitheach na Rúise*.** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Dá bhrí sin, ba cheart cuid den ioncam a ghintear trí fhoirgnimh agus iompar de bhóthar a chur san áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE a úsáid chun ***aghaidh*** a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as iad a chur san áireamh, ionas go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. | (11) Dá bhrí sin, ba cheart cuid den ioncam a ghintear trí fhoirgnimh agus iompar de bhóthar a chur san áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE a úsáid ***mar acmhainn dhílis*** chun ***buiséad an Aontais*** a ***mhaoiniú mar ioncam ginearálta, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 atá ceangailteach ó thaobh dlí[1d], ina leagtar amach treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a*** thabhairt ***isteach, lena gcuirfear*** ar ***fáil do bhuiséad an Aontais*** na ***modhanna chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na*** tionchair shóisialta a eascraíonn as iad a chur san áireamh, ionas go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. ***Faoin gComhaontú sin, tá sé beartaithe ciseán d'acmhainní dílse nua a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2023. Is modhanna iad hacmhainní dílse glasa chun buiséad an Aontais a ailíniú le tosaíochtaí beartais an Aontais agus, dá bhrí sin, soláthrófar breisluach don Aontas, agus ba cheart iad a úsáid chun rannchuidiú le cuspóirí maidir le príomhshruthú aeráide, fiachais Next Generation EU a aisíoc agus athléimneacht bhuiséad an Aontais maidir lena fheidhmiú mar uirlis infheistíochta agus ráthaíochtaí.*** |
| | ______________ |
| | [1a] ***Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le*** |

***bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28).***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') a bhunú dá bhrí sin chun cistí a chur ar fáil do na Ballstáit le tacú lena mbeartais chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bheidh ag an trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar ar theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha. Ba cheart é sin a bhaint amach go háirithe trí thacaíocht ioncaim shealadach a chur ar fáil agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh i bhfoirgnimh, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí ***in-athnuaite*** a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle chun leasa teaghlach leochaileach, micrifhiontar leochaileach agus úsáideoirí iompair leochaileacha. | (13) Ba cheart Ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') a bhunú dá bhrí sin chun cistí a chur ar fáil do na Ballstáit le tacú lena mbeartais chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bheidh ag an trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar ar theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha***, ar ciste é a dhearfar chun an t-aistriú glas a éascú***. Ba cheart ***don Chiste cothroime agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn idir na Ballstáit agus laistigh díobh, agus rannchuidiú leis an mbochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta a dhíothú, agus ba cheart dó cur leis na sásraí dlúthpháirtíochta agus aeráide atá ann cheana agus na sásraí sin a chomhlánú. Ba cheart*** é sin a bhaint amach go háirithe trí thacaíocht ioncaim shealadach a chur ar fáil agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh i bhfoirgnimh, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí ***inathnuaite*** a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle chun leasa teaghlach leochaileach, micrifhiontar leochaileach agus úsáideoirí iompair leochaileacha. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Is iad Ballstáit, agus iad ag dul i gcomhairle ***le*** húdaráis ar an leibhéal réigiúnach, is fearr chun Pleananna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus na Pleananna sin oiriúnaithe agus dírithe ar a n-imthosca réigiúnacha agus náisiúnta ós rud é go bhfuil beartais acu cheana féin sna réimsí ábhartha agus go gcaithfidh siad úsáid cistí ábhartha eile an Aontais a phleanáil. Ar an dóigh sin, is féidir an urraim is fearr a thabhairt d'éagsúlacht leathan cásanna, saineolas sonrach rialtas áitiúil agus réigiúnach, taighde agus nuálaíocht agus caidreamh tionsclaíoch agus struchtúir idirphlé sóisialta, chomh maith le traidisiúin náisiúnta, agus rannchuidiú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na tacaíochta foriomláine do dhaoine leochaileacha. | (15) Is iad Ballstáit, ***i gcás inarb iomchuí*** agus iad ag dul i gcomhairle ***leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear na*** húdaráis ar an leibhéal réigiúnach ***agus comhpháirtithe sóisialta***, ***i gcomhréir lena gcreat dlíthiúil náisiúnta,*** is fearr chun Pleananna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus na Pleananna sin oiriúnaithe agus dírithe ar a n-imthosca réigiúnacha agus náisiúnta ós rud é go bhfuil beartais acu cheana féin sna réimsí ábhartha agus go gcaithfidh siad úsáid cistí ábhartha eile an Aontais a phleanáil***, agus inniúlachtaí na n-údarás áitiúil nó réigiúnach á n-urramú, lena n-áirítear maidir le leithdháileadh cistí***. Ar an dóigh sin, is féidir an urraim is fearr a thabhairt d'éagsúlacht leathan cásanna, saineolas sonrach rialtas áitiúil agus réigiúnach, taighde agus nuálaíocht agus caidreamh tionsclaíoch agus struchtúir idirphlé sóisialta, chomh maith le traidisiúin náisiúnta, agus rannchuidiú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na tacaíochta foriomláine do dhaoine leochaileacha. ***Ba cheart achoimre a leagan amach sna Pleananna Aeráide Sóisialta ar an bpróiseas comhairliúcháin a rinneadh le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, le comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine óga, agus le geallsealbhóirí náisiúnta ábhartha eile.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndírítear na bearta agus na hinfheistíochtaí go háirithe ar theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh nó ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach. Ba cheart do bhearta tacaíochta chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa cuidiú le Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as trádáil astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar. | (16) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndírítear na bearta agus na hinfheistíochtaí go háirithe ar theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh nó ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach. Ba cheart do bhearta tacaíochta chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa cuidiú le Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta ***ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha*** a eascraíonn as trádáil astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar***, ar bearta iad atá ceaptha chun an t-aistriú glas a éascú agus a bhféadfadh praghsanna níos airde ar fhuinneamh breosla iontaise a bheith mar thoradh orthu***. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais Chomhaontú Pháras, agus an gealltanas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ba cheart do na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo ***cur leis an sprioc nach mór 30 % den*** chaiteachas ***uile faoin gcreat*** ilbhliantúil 2021-2027 ***a chaitheamh ar phríomhshruthú na gcuspóirí*** aeráide a ***bhaint amach,*** agus rannchuidiú leis an uaillmhian ***de 10 % de*** chaiteachas bliantúil a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027, a fhad agus a chuirtear | (18) Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais Chomhaontú Pháras, agus an gealltanas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ba cheart do na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo ***rannchuidiú le baint amach na sprice go gcaithfí 30 % ar a laghad de mhéid iomlán bhuiséad an Aontais agus de*** chaiteachas ***Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh faoi chreat airgeadais*** ilbhliantúil 2021-2027 ***chun cuspóirí*** aeráide a ***phríomhshruthú*** agus ***ba cheart dóibh*** rannchuidiú leis an uaillmhian ***7.5 %*** |

an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta san áireamh freisin. Chun na críche sin, ba cheart an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa ***agus ón gComhairle***[33] a úsáid chun caiteachais an Chiste a chlibeáil. Ba cheart don Chiste tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramófar go hiomlán caighdeáin agus tosaíochtaí an Aontais ó thaobh na haeráide agus an chomhshaoil de agus an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[34] . Níor cheart ach bearta agus infheistíochtaí den sórt sin a chur san áireamh sna Pleananna. Ba cheart bearta tacaíochta ioncaim dhírigh a mheas, mar riail ghinearálta, mar rudaí ag a bhfuil tionchar intuartha ar chuspóirí comhshaoil, agus dá bhrí sin ba cheart iad a mheas mar a bheith i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Beartaíonn an Coimisiún treoraíocht theicniúil a eisiúint do na Ballstáit i bhfad sula n-ullmhófar na Pleananna. Míneofar sa treoraíocht an bealach nach mór do na bearta agus na hinfheistíochtaí an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún togra a thíolacadh in 2021 le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le conas dul i ngleic leis na gnéithe sóisialta den aistriú glas.

[33] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste

***den*** chaiteachas bliantúil ***faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil*** a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in ***2024 agus 10 % den chaiteachas bhliantúil a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in*** 2026 agus 2027, a fhad agus a chuirtear an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta san áireamh freisin. Chun na críche sin, ba cheart an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa a úsáid chun caiteachais an Chiste a chlibeáil. Ba cheart don Chiste tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramófar go hiomlán caighdeáin agus tosaíochtaí an Aontais ó thaobh na haeráide agus an chomhshaoil de agus an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***. Níor cheart ach bearta agus infheistíochtaí den sórt sin a chur san áireamh sna Pleananna. Ba cheart bearta tacaíochta ioncaim dhírigh a mheas, mar riail ghinearálta, mar rudaí ag a bhfuil tionchar intuartha ar chuspóirí comhshaoil, agus dá bhrí sin ba cheart iad a mheas mar a bheith i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Beartaíonn an Coimisiún treoraíocht theicniúil a eisiúint do na Ballstáit i bhfad sula n-ullmhófar na Pleananna. Míneofar sa treoraíocht an bealach nach mór do na bearta agus na hinfheistíochtaí an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún togra a thíolacadh in 2021 le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le conas dul i ngleic leis na gnéithe sóisialta den aistriú glas.

[33] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste

Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

[34] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

[34] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (19) Tá tionchar ag praghsáil carbóin ar mhná ***go háirithe mar gheall gur mná iad 85 %*** de na teaghlaigh aontuismitheora***.*** Baineann riosca ard bochtaineachta leanaí le teaghlaigh aontuismitheora ***go háirithe***. Ba cheart comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna do chách, agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht le haghaidh daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh agus a chur chun cinn agus na Pleananna á n-ullmhú ***agus*** á gcur chun feidhme chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. | (19) Tá tionchar ***díréireach*** ag praghsáil carbóin ***agus ag bochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta*** ar mhná***. Mar shampla, is iad mná an tuismitheoir in 85 %*** de na teaghlaigh aontuismitheora***, agus*** baineann riosca ard bochtaineachta leanaí***, bochtaineachta fuinnimh agus bochtaineacht soghluaisteachta*** le teaghlaigh aontuismitheora***, mar aon le grúpaí leochaileacha eile***. Ba cheart comhionannas inscne ***chomh maith le cearta*** agus comhionannas deiseanna do chách, agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht le haghaidh daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh agus a chur chun cinn agus na Pleananna á n-ullmhú***,*** á gcur chun feidhme ***agus faireachán á dhéanamh orthu*** chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(22a) Ceanglas a leagtar síos in Airteagal 310(1) CFAE is ea prionsabal aontachta an bhuiséid, trína ndéantar gach mír ioncaim agus chaiteachais de chuid an Aontais a thaispeáint sa bhuiséad. Dá bhrí sin, tá an Ciste le comhtháthú go hiomlán i mbuiséad an Aontais chun, inter alia, an modh Comhphobail a urramú, cuntasacht, maoirseacht agus rialú daonlathach parlaiminteach a urramú, intuarthacht an chistithe agus an chlársceidealaithe ilbhliantúil a áirithiú, agus trédhearcacht na gcinntí buiséadacha a dhéantar ar leibhéal an Aontais a choimirciú.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) ***Ba cheart d'***imchlúdach airgeadais an Chiste a ***bheith ag teacht, i bprionsabal le méideanna atá comhréireach le*** 25 % d'ioncaim ionchasacha ó chuimsiú foirgneamh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE le linn na tréimhse 2026-2032. De bhun Chinneadh (AE, Euratom) ***2020/2053***[41] ón gComhairle, ba cheart do Bhallstáit na hioncaim sin a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais mar acmhainní dílse. Maoineoidh Ballstáit 50 % de chostais fhoriomlána a bPlean ***iad*** féin. Chun na críche sin, agus chun críche infheistíochta agus beart chun dlús a chur ***faoin*** aistriú is gá do shaoránaigh dá ndéantar difear go diúltach, agus an ***tionchar diúltach*** sin a mhaolú, ba cheart do Bhallstáit inter alia a n-ioncaim | (23) ***Tá*** imchlúdach airgeadais an Chiste ***socraithe ar bhonn measúnú ar an méid*** a ***mheastar a ghinfear trí*** 25 % d'ioncaim ionchasacha ó chuimsiú foirgneamh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE le linn na tréimhse 2026-2032 ***a leithdháileadh ar bhuiséad an Aontais***. De bhun Chinneadh (AE, Euratom) ***2020/2053*** ón gComhairle, ba cheart do Bhallstáit na hioncaim sin a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais mar acmhainní dílse. ***Leis an ioncam a fhaibhreoidh chuig buiséad an Aontais, táthar le prionsabal na huilíochta a urramú i gcomhréir le hAirteagal 7 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053. Ba cheart gur EUR 72.2 billiún a bheadh san imchlúdach airgeadais don Chiste le*** |

ionchasacha ó thrádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar faoi Threoir 2003/87/CE a úsáid chun na críche sin.

[41] Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

***haghaidh na tréimhse 2025-2032. Ós rud é go*** maoineoidh ***na*** Ballstáit 50 % de chostais fhoriomlána a bPlean féin ***ar a laghad, ba cheart, dá bhrí sin, EUR 144,4 billiún ar a laghad a chur ar fáil leis an gCiste le haghaidh aistriú atá cothrom go sóisialta, ar bhonn réamh-mheasúnú ar an ualach breise ar theaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair leochaileacha***. Chun na críche sin, agus chun críche infheistíochta agus beart chun dlús a chur ***leis an*** aistriú is gá do shaoránaigh dá ndéantar difear go diúltach, agus an ***t-aistriú*** sin a mhaolú ***dóibh***, ba cheart do Bhallstáit, inter alia, a n-ioncaim ionchasacha ó thrádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar faoi Threoir 2003/87/CE a úsáid chun na críche sin. ***Níor cheart go mbeadh maoiniú an Chiste ar chostas clár agus beartas eile de chuid an Aontais.***

[41] Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) I gcás ina mbeadh praghas carbóin níos airde ann a chruthódh ualach breise do theaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair leochaileacha, ba cheart leithdháiltí breise a chur ar fáil don Chiste chun a áirithiú go maolófar go leordhóthanach agus go cothrom tionchar na méaduithe ar phraghas an charbóin ar na daoine is leochailí, d'fhonn tuilleadh tacaíochta a thabhairt do theaghlaigh agus úsáideoirí*** |

***iompair leochaileacha agus iad ag oiriúnú d'aistriú cothrom glas i dtreo na haeráidneodrachta, lena mbaineann deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise. Ba cheart na hathneartuithe bliantúla sin a chur san áireamh laistigh den chreat airgeadais ilbhliantúil trí bhíthin coigeartú uathoibríoch luaineachta i bpraghsanna carbóin ar uasteorainn Cheannteideal 3 agus ar an uasteorainn íocaíochta, dá bhfuil an sásra lena mbaineann le fóráil i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093[1a] ón gComhairle de bhun Airteagal 312 CFAE.***

______________________

***[1a] Airteagal 21 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun leithdháileadh éifeachtúil agus comhleanúnach cistí a áirithiú agus chun prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a urramú, ba cheart do na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin Rialachán seo a bheith comhsheasmhach leis na cláir leanúnacha de chuid an Aontais agus go mbeidís mar chomhlánú orthu, agus san am céanna, ba cheart cistiú dúbailte ón gCiste nó ó chláir eile de chuid an Aontais le haghaidh an chaiteachais chéanna a sheachaint. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún agus don Bhallstát comhordú éifeachtach a áirithiú, ag gach céim den phróiseas, chun comhsheasmhacht, comhleanúnachas, comhlántacht agus sineirgíocht i measc foinsí cistiúcháin a choimirciú. Chuige sin, ba cheart a | (25) Chun leithdháileadh éifeachtúil agus comhleanúnach cistí a áirithiú agus chun prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a urramú, ba cheart ***an Ciste a áireamh i mbuiséad an Aontais agus ba cheart*** do na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin Rialachán seo a bheith comhsheasmhach leis na cláir leanúnacha de chuid an Aontais agus go mbeidís mar chomhlánú orthu, ***lena n-áirítear gníomhaíocht ar son na haeráide*** agus ***beartais shóisialta, agus*** san am céanna, ba cheart cistiú dúbailte ón gCiste nó ó chláir eile de chuid an Aontais le haghaidh an chaiteachais chéanna a sheachaint. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún agus don Bhallstát comhordú éifeachtach a áirithiú, ag gach céim den phróiseas, chun |

| | |
|---|---|
| cheangal ar na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha maidir le maoiniú reatha nó beartaithe an Aontais a chur ar fáil agus a bpleananna á gcur faoi bhráid an Choimisiúin acu. Ba cheart do thacaíocht airgeadais faoin gCiste a bheith sa bhreis ar thacaíocht arna cur ar fáil faoi chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Ba cheart go mbeadh bearta agus infheistíochta arna maoiniú faoin gCiste in ann maoiniú a fháil ó chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin na costais chéanna. | comhsheasmhacht, comhleanúnachas, comhlántacht agus sineirgíocht i measc foinsí cistiúcháin a choimirciú. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha maidir le maoiniú reatha nó beartaithe an Aontais a chur ar fáil agus a bpleananna á gcur faoi bhráid an Choimisiúin acu. Ba cheart do thacaíocht airgeadais faoin gCiste a bheith sa bhreis ar thacaíocht arna cur ar fáil faoi chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Ba cheart go mbeadh bearta agus infheistíochta arna maoiniú faoin gCiste in ann maoiniú a fháil ó chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin na costais chéanna. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Ba cheart cur chun feidhme an Chiste a dhéanamh i gcomhréir le ***prionsabal*** na bainistíochta fónta airgeadais, lena n-áirítear calaois a chosc agus a ionchúiseamh go héifeachtach, lena n-áirítear calaois chánach, imghabháil cánach, éilliú agus coinbhleachtaí leasa. | (28) Ba cheart cur chun feidhme an Chiste a dhéanamh i gcomhréir le ***prionsabail*** na ***haontachta, na huilíochta agus na*** bainistíochta fónta airgeadais, lena n-áirítear calaois a chosc agus a ionchúiseamh go héifeachtach, lena n-áirítear calaois chánach, imghabháil cánach, éilliú agus coinbhleachtaí leasa. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) Le comhtháthú an Chiste i mbuiséad an Aontais, cuirtear coimircí láidre ar fáil maidir le cur chun feidhme an Chiste, i bhfianaise na cosanta a thugtar le reachtaíocht airgeadais an*** |

***Aontais agus leis na rialacha earnáilsonracha agus airgeadais is infheidhme araon i gcás neamhrialtachtaí nó easnaimh thromchúiseacha i gcórais bhainistithe agus rialaithe agus leis na bearta a leagtar amach faoi Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] maidir le cosaint bhuiséad an Aontais i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit. Ba cheart don Choimisiún foráil a dhéanamh, chuige sin, do chóras rialaithe inmheánaigh atá éifeachtach agus éifeachtúil agus do mhéideanna a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus ba cheart dó na bearta riachtanacha a dhéanamh, a bhféadfaí a áireamh orthu, inter alia, íocaíochtaí a chur ar fionraí, an gealltanas dlíthiúil a fhoirceannadh de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b], toirmeasc a chur ar na gealltanais dhlíthiúla sin a thabhairt, nó íocaíocht amach tráthchodanna a chur ar fionraí.***

___

***[1a] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I , 22.12.2020, lch. 1).***

***[1b] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193,***

| | |
|---|---|
| | ***30.7.2018, lch. 1).*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30a) Ba cheart urraim do chearta bunúsacha agus comhlíonadh Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a áirithiú i rith ullmhú, mheastóireacht, chur chun feidhme agus fhaireachán na dtionscadal incháilithe faoin gCiste. Ba cheart don Chiste rannchuidiú le neamhionannais a dhíothú, comhionannas inscne a chur chun cinn agus gné na hinscne a chomhtháthú, chomh maith le hidirdhealú bunaithe ar inscne, ar bhunús ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach a chomhrac mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), Airteagal 10 CFAE agus Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rachaidh na bearta agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo chun tairbhe do theaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair, atá leochaileach agus is mór a ndéanann ***cuimsiú*** astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE ***difear dóibh***, go háirithe teaghlaigh atá ag fulaingt ó bhochtaineacht fuinnimh agus saoránaigh nach bhfuil aon rogha | Rachaidh na bearta agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo chun tairbhe do theaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair, atá leochaileach agus is mór a ndéanann ***an t-aistriú glas difear dóibh go háirithe, eadhon trí chuimsiú*** astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE, go háirithe teaghlaigh atá ag fulaingt ó bhochtaineacht fuinnimh |

| | |
|---|---|
| mhalartach iompair phoiblí acu taobh amuigh de charranna aonair (i limistéir iargúlta agus tuaithe). | agus saoránaigh nach bhfuil aon rogha mhalartach iompair phoiblí acu taobh amuigh de charranna aonair (i limistéir iargúlta agus tuaithe). |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é cuspóir ginearálta an Chiste rannchuidiú ***leis an aistriú*** i dtreo aeráidneodrachta trí aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ón iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE. Is é cuspóir ***shonrach*** an Chiste tacú ***le teaghlaigh*** leochaileacha, mionfhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha trí thacaíocht ioncaim dhíreach shealadach agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí ***in-athnuaite*** a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhéadú. | Is é cuspóir ginearálta an Chiste rannchuidiú ***le haistriú cothrom*** i dtreo aeráidneodrachta trí aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta ***ar theaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair*** a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ón iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE***, atá ceaptha chun an t-aistriú glas a éascú***. Is é cuspóir ***sonrach*** an Chiste tacú ***leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta do theaghlaigh*** leochaileacha, mionfhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha trí thacaíocht ioncaim dhíreach shealadach agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí ***inathnuaite*** a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhéadú***, agus ar an gcaoi sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a chéimniú amach***. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ciallaíonn 'úsáideoirí iompair | (13) ciallaíonn 'úsáideoirí iompair |

| | |
|---|---|
| leochaileacha' úsáideoirí iompair, lena n-áirítear úsáideoirí ó theaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncaim, dá ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear suntasach agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a cheannach nó aistriú chuig modhanna iompair mhalartacha inbhuanaithe, lena n-áirítear iompar poiblí***, go háirithe i limistéir thuaithe agus iargúlta***. | leochaileacha' úsáideoirí iompair, lena n-áirítear úsáideoirí ó theaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncaim, dá ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear suntasach agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a cheannach nó aistriú chuig modhanna iompair mhalartacha inbhuanaithe, lena n-áirítear iompar poiblí. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Rachaidh gach Ballstát i gcomhairle, i gcomhréir lena chreat dlíthiúil náisiúnta, le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine óga, agus le geallsealbhóirí ábhartha eile maidir lena dhréachtphlean sula dtíolacfaidh sé an Plean chuig an Choimisiún.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) chun an Plean a ullmhú agus, i gcás ina mbeidh fáil air, ar mhaithe leis an bPlean a chur chun feidhme, achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin, arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta d'údaráis áitiúla | (j) chun an Plean a ullmhú agus, i gcás ina mbeidh fáil air, ar mhaithe leis an bPlean a chur chun feidhme, achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin ***dá bhforáiltear in Airteagal 3(3a)***, arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis an |

agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus an chaoi a léirítear ionchur na bpáirtithe leasmhara sa Phlean;

gcreat dlíthiúil náisiúnta d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus an chaoi a léirítear ionchur na bpáirtithe leasmhara sa Phlean;

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh Ballstáit tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil d'eintitis phoiblí nó phríobháideacha seachas teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha a chur san áireamh sna costais mheasta iomlána, i gcás ina ndéanann na heintitis sin bearta agus infheistíochtaí a bhíonn chun leasa theaghlaigh leochaileacha, mhicrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha ar deireadh. | Féadfaidh Ballstáit tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil d'eintitis phoiblí nó phríobháideacha seachas teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha a chur san áireamh sna costais mheasta iomlána, i gcás ina ndéanann na heintitis sin bearta agus infheistíochtaí a bhíonn chun leasa theaghlaigh leochaileacha, mhicrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha ar deireadh. ***Comhlíonfaidh na heintitis sin na ceanglais maidir le hinfheictheacht a leagtar amach in Airteagal 22(2).*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Cuirfear leithdháiltí breise ar fáil faoi réir an choigeartaithe theicniúil shonraigh bunaithe ar luaineachta praghsanna carbóin dá bhforáiltear in Airteagal 4b de ... [Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[1a] arna leasú] lena áirithiú go dtiocfaidh méadú ar na leithreasuithe atá ar fáil don Chiste i mbuiséad an Aontais leis an méadú ar phraghas an charbóin.*** |

[1a] ***Airteagal 21 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).***

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is EUR 48 500 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse 2028-2032, faoi réir ag infhaighteacht na méideanna faoi uasteorainneacha bliantúla an chreata airgeadais ilbhliantúil is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 312 CFAE. | 2. Is EUR 48 500 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse 2028-2032, faoi réir ag infhaighteacht na méideanna faoi uasteorainneacha bliantúla an chreata airgeadais ilbhliantúil is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 312 CFAE. ***Breathnófar an coigeartú teicniúil sonrach sin a fhadú bunaithe ar luaineachta praghsanna carbóin i gcomhthéacs na caibidlíochta maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil is infheidhme.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar an leithdháileadh airgeadais uasta a ríomh le haghaidh gach Ballstáit aonair mar a shonraítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II. | 1. ***Gan dochar d'Airteagal 9(1a),*** déanfar an leithdháileadh airgeadais uasta a ríomh le haghaidh gach Ballstáit aonair mar a shonraítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh gach Ballstát iarratas a chur isteach suas lena leithdháileadh airgeadais uasta, chun a phlean a chur chun feidhme. | 2. ***In 2025,*** féadfaidh gach Ballstát iarratas a chur isteach suas lena leithdháileadh airgeadais uasta, chun a phlean a chur chun feidhme. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Sna blianta 2026 agus 2027, féadfaidh gach Ballstát iarraidh a chur isteach suas go dtí a leithdháileadh uasta airgeadais chun a Phlean a chur chun feidhme agus suas go dtí uasmhéid a sciar den leithdháileadh breise arna chur ar fáil de bhun Airteagal 9(1d) mar a shonraítear in Iarscríbhinn II agus bunaithe ar an modheolaíocht don ríomh dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b – pointe iii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia) i dtaobh an ndearnadh an comhairliúchán maidir leis an dréachtphlean i gcomhréir le hAirteagal 3(3a).*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann Plean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn cúinsí oibiachtúla, go háirithe mar gheall ar fhíorthionchair dhíreacha an chórais trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann leasú ar a Phlean, chun na hathruithe is gá agus a bhfuil údar cuí leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go n-ullmhófaí iarraidh den sórt sin. | 1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann Plean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn cúinsí oibiachtúla, go háirithe mar gheall ar fhíorthionchair dhíreacha an chórais trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, ***nó i gcás ina gcinneann an Ballstát leasú ar a Phlean a mholadh chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán seo a bhaint amach ar bhonn níos fearr,*** féadfaidh an Ballstát lena mbaineann leasú ar a Phlean, chun na hathruithe is gá agus a bhfuil údar cuí leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go n-ullmhófaí iarraidh den sórt sin. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás ina gcuirfear leithdháiltí breise ar fáil de bhun Airteagal 9(1a), féadfaidh an Ballstát lena mbaineann leasú spriocdhírithe ar a Phlean a thíolacadh chuig an gCoimisiúin chun:*** |
| | ***(a) méadú a dhéanamh ar líon na dtairbhithe, nó ar na costais arna dtabhú, atá ag beart nó ag infheistíocht a leagtar amach sa Phlean;*** |
| | ***(b) bearta nó infheistíochtaí a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 6.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***D'ainneoin na chéad fhomhíre, i gcás ina dtíolacfaidh Ballstát leasú ar a Phlean de bhun mhír 1a(a), ní dhéanfaidh an Coimisiún measúnú ar na critéir dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a), (b) agus (c)(ii).*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar an bPlean leasaithe, glacfaidh sé cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 16(1), laistigh de 3 mhí ó thíolacadh oifigiúil an Phlean leasaithe ag an mBallstát, ina leagfar amach na cúiseanna lena mheasúnú dearfach, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. | 3. I gcás go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar an bPlean leasaithe, glacfaidh sé cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 16(1), laistigh de 3 mhí ó thíolacadh oifigiúil an Phlean leasaithe ag an mBallstát, ina leagfar amach na cúiseanna lena mheasúnú dearfach, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. ***I gcás ina leasaítear plean mar a leagtar amach i mír 1a, pointe (a), laghdófar an tréimhse sin go 6 seachtaine.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú diúltach ar an bPlean leasaithe, diúltóidh sé don iarraidh laistigh ***den tréimhse chéanna*** dá dtagraítear i mír 3, i ndiaidh dó deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann a chuid barúlacha a chur i láthair laistigh de 3 mhí ó mheasúnú an | 4. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú diúltach ar an bPlean leasaithe, diúltóidh sé don iarraidh laistigh ***de na tréimhsí*** dá dtagraítear i mír 3, i ndiaidh dó deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann a chuid barúlacha a chur i láthair laistigh de 3 mhí ó mheasúnú an |

Choimisiúin a bheith curtha in iúl.

Choimisiúin a bheith curtha in iúl.

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I ndiaidh don Choimisiún cinneadh a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh sé comhaontú in am trátha leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanas dlíthiúil aonair de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ***a chumhdaíonn*** an tréimhse ***2025-2027***. Féadfar an comhaontú sin a chur i gcrích ar a luaithe bliain amháin roimh an mbliain ina gcuirtear tús leis na ceantanna faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE. | 1. I ndiaidh don Choimisiún cinneadh a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh sé comhaontú in am trátha leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanas dlíthiúil aonair de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ***ina gcumhdófar*** an tréimhse ***go dtí 2027***. Féadfar an comhaontú sin a chur i gcrích ar a luaithe bliain amháin roimh an mbliain ina gcuirtear tús leis na ceantanna faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Más rud é, mar thoradh ar an measúnú dá dtagraítear i mír 3, go ndeimhníonn an Coimisiún nár cuireadh chun feidhme go sásúil na garspriocanna agus na spriocanna a leagtar amach sa chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 16, cuirfear íocaíocht an leithdháilte airgeadais ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a chuid barúlacha a thíolacadh laistigh de mhí amháin ó mheasúnú an Choimisiúin a bheith curtha in iúl. | Más rud é, mar thoradh ar an measúnú dá dtagraítear i mír 3, go ndeimhníonn an Coimisiún nár cuireadh chun feidhme go sásúil na garspriocanna agus na spriocanna a leagtar amach sa chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 16, cuirfear íocaíocht an leithdháilte airgeadais ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach. ***Beidh an méid a cuireadh ar fionraí i gcomhréir le costais na mbeart nár comhlíonadh na garspriocanna ná na spriocanna go sásúil ina leith.*** Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a chuid barúlacha a thíolacadh laistigh de mhí amháin ó mheasúnú an Choimisiúin a bheith curtha in iúl. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Agus an Ciste á chur chun feidhme acu, déanfaidh na Ballstáit, mar thairbhithe cistí faoin gCiste, na bearta uile is gá a dhéanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go ***mbeidh*** dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme ***á chomhlíonadh agus*** na cistí i ndáil le bearta agus le hinfheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste ***á n-úsáid***, go háirithe a mhéid a bhaineann le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú. Chuige sin, soláthróidh na Ballstáit córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn III agus déanfaidh siad méideanna a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil. Féadfaidh na Ballstáit brath ar a gcórais rialta bainistithe buiséid náisiúnta. | 1. Agus an Ciste á chur chun feidhme acu, déanfaidh na Ballstáit, mar thairbhithe cistí faoin gCiste, na ***luachanna bunúsacha a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear an smacht reachta, a urramú. Déanfaidh siad na*** bearta uile is gá a dhéanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go ***gcomhlíonfar*** dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme ***leis an úsáid a bhainfear as*** na cistí i ndáil le bearta agus le hinfheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste, go háirithe a mhéid a bhaineann le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú. Chuige sin, soláthróidh na Ballstáit córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn III agus déanfaidh siad méideanna a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil. Féadfaidh na Ballstáit brath ar a gcórais rialta bainistithe buiséid náisiúnta. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1. Faoin 1 Iúil 2026, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil luathmheastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú an Chiste. Sa mheastóireacht luath sin, breithneoidh an Coimisiún an coigeartú*** |

***teicniúil sonrach sin a fhadú bunaithe ar luaineacht praghsanna carbóin dá dtagraítear in Airteagal 9 i gcomhthéacs na caibidlíochta maidir leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile.***

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfar leithdháiltí breise a bhaineann le hAirteagal 9(1a) a leithdháileadh ar na Ballstáit ar bhonn an sciar seo a leanas.*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| *Teideal* | *Bunú Ciste Aeráide Sóisialta* |
| *Tagairtí* | *COM(2021)0568 – C9-0324/2021 – 2021/0206(COD)* |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL ENVI<br>13.9.2021 13.9.2021 |
| ***Tuairim ó***<br>***Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***BUDG***<br>***13.9.2021*** |
| ***Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***11.11.2021*** |
| ***Rapóirtéir don tuairim***<br>***Dáta an cheapacháin*** | ***Margarida Marques***<br>***25.10.2021*** |
| ***Riail 55 - Nós imeachta coiste comhlachaithe***<br>***Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***11.11.2021*** |
| **Pléite sa choiste** | 28.2.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 20.4.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 32<br>–: 3<br>0: 5 |
| ***Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Rasmus Andresen, Pietro Bartolo, Robert Biedroń, Anna Bonfrisco, Olivier Chastel, Lefteris Christoforou, David Cormand, Andor Deli, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Alexandra Geese, Vlad Gheorghe, Valentino Grant, Francisco Guerreiro, Valérie Hayer, Eero Heinäluoma, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Moritz Körner, Joachim Kuhs, Zbigniew Kuźmiuk, Hélène Laporte, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Janusz Lewandowski, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Victor Negrescu, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Dimitrios Papadimoulis, Karlo Ressler, Bogdan Rzońca, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Nils Ušakovs, Rainer Wieland, Angelika Winzig*** |
| ***Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Petros Kokkalis, Jan Olbrycht, Petri Sarvamaa*** |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 32 | + |
|---|---|
| PPE | Lefteris Christoforou, José Manuel Fernandes, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Karlo Ressler, Petri Sarvamaa, Rainer Wieland, Angelika Winzig |
| Renew | Olivier Chastel, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Moritz Körner, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds |
| S&D | Pietro Bartolo, Robert Biedroń, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Margarida Marques, Victor Negrescu, Nils Ušakovs |
| The Left | Petros Kokkalis, Dimitrios Papadimoulis |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, David Cormand, Alexandra Geese, Francisco Guerreiro |

| 3 | - |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |
| NI | Andor Deli, Lefteris Nikolaou-Alavanos |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ECR | Zbigniew Kuźmiuk, Bogdan Rzońca |
| ID | Anna Bonfrisco, Valentino Grant, Hélène Laporte |

Eochair do na siombailí a úsáidtear::
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

29.4.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta
(COM(2021)0568 – C9-0324/2021 – 2021/0206(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Henrike Hahn

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Tá tionchar níos díréirí ag doimhneacht agus géarchineál na héigeandála reatha aeráide agus comhshaoil ar na grúpaí is leochailí, lena n-áirítear na teaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch, teaghlaigh ar ioncam íseal, mná, grúpaí a ndéantar idirdhealú orthu, daoine faoi mhíchumais, daoine scothaosta nó leanaí, cé gur minic a bhíonn an cumas is lú ag na grúpaí sin freagairt do thionchar an athraithe aeráide. Tá gá le Ciste Aeráide Sóisialta Eorpach nua chun na teaghlaigh agus na pobail is leochailí a chosaint agus a chumhachtú d'fhonn rannchuidiú le deireadh a chur le bochtaineacht fuinnimh agus iompair ar*** |

***fud na hEorpa agus rannpháirtíocht iomlán a áirithiú i sochair shóisialta an aistrithe éiceolaíoch, lena gcruthófar cás a bheidh tairbheach do na daoine agus don domhan. Go háirithe, ba cheart go rachadh an Ciste chun tairbhe go díreach do dhaoine leochaileacha agus do mhicrifhiontair agus, i gcás ina bhfuil údar maith leis, d'fhiontair bheaga leochaileacha faoi bhochtaineacht fuinnimh agus faoi bhochtaineacht soghluaisteachta, ar dócha go ndéanfaidh an cuimsiú ionchasach d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ó iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear dóibh.***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Beidh tionchair eacnamaíocha agus shóisialta éagsúla ag na leasuithe sin ar earnálacha éagsúla an gheilleagair, ar na saoránaigh agus ar na Ballstáit. Go háirithe, ***agus*** astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar ***á gcur san áireamh*** i raon feidhme Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] ***, ba cheart spreagadh*** eacnamaíoch ***breise*** a sholáthar chun infheistiú ***in*** ídiú breoslaí iontaise ***a laghdú*** agus dlús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí ***gas*** ceaptha teasa ***dá réir*** sin. ***Agus é sin á chur chun feidhme in éineacht le bearta eile, ba cheart costais le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar a laghdú agus deiseanna nua a chur ar fáil chun poist a chruthú agus le haghaidh infheistíochta sa mheántéarma agus san fhadtéarma.*** | (8) Beidh tionchair eacnamaíocha agus shóisialta éagsúla ag na leasuithe sin ar earnálacha éagsúla an gheilleagair, ar na saoránaigh agus ar na Ballstáit. Go háirithe, ***cé go mbeartaítear le cuimsiú*** astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] ***go ndéanfar dreasacht*** eacnamaíoch ***bhreise*** a sholáthar chun infheistiú ***a dhéanamh sa laghdú ar*** ídiú breoslaí iontaise agus ***go ndéanfar, dá bhrí sin,*** dlús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí ***gás*** ceaptha teasa ***ó na hearnálacha*** sin***, leis an ardú mór ar phraghsanna breosla, mura mbeidh bearta iomchuí ag gabháil leis sin, is dóchúil go mbeidh tionchar dáileacháin cúlchéimnitheach i gceist leis agus go mbeidh sé ina shiocair le cruatan sóisialta, de dheasca an leaisteachas ísil sna hearnálacha iompair agus foirgneamh araon, go háirithe i measc na dteaghlach ísealioncaim a ndéanfaidh an*** |

***bhochtaineacht fuinnimh agus an bhochtaineacht soghluaisteachta difear dóibh***.

| | |
|---|---|
| [31] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas (***IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).*** | [31] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas (***IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) ***Mar sin féin***, teastaíonn acmhainní chun na hinfheistíochtaí sin a mhaoiniú. Thairis sin, sula ndéanfar na hinfheistíochtaí sin, is dócha go n-ardófar na costais a íocann teaghlaigh agus úsáideoirí iompair le haghaidh téimh, ***fuaraithe*** agus cócaireachta, ***chomh maith le*** costais le haghaidh iompar de bhóthar, de réir mar a chuireann na soláthróirí breosla atá faoi réir na n-oibleagáidí faoin trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar na costais ar charbón ar aghaidh chuig na tomhaltóirí. | (9) ***Thairis sin***, teastaíonn acmhainní chun na hinfheistíochtaí sin a mhaoiniú. Thairis sin, sula ndéanfar na hinfheistíochtaí sin, is dócha go n-ardófar na costais a íocann teaghlaigh agus úsáideoirí iompair le haghaidh téimh, ***fuarú*** agus cócaireachta, ***mar aon leis na*** costais le haghaidh iompar de bhóthar, de réir mar a chuireann na soláthróirí breosla atá faoi réir na n-oibleagáidí faoin trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar na costais ar charbón ar aghaidh chuig na tomhaltóirí. ***Is féidir na costais arna gcur ar aghaidh ag soláthróirí breosla chuig na tomhaltóirí deiridh a bheith éagsúil i gcás gach cuideachta, i gcás gach réigiúin nó i gcás gach Ballstáit. Ba cheart go mbaileodh an Coimisiún, dá bhrí sin, sonraí faoi sciar na gcostas arna seasamh ag soláthróirí breosla agus faoi sciar na gcostas arna chur ar aghaidh chuig na tomhaltóirí deiridh agus ba cheart dó a fhionnachtana a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa go bliantúil.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) ***D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar díréireach ag an méadú*** ar phraghas breoslaí iontaise ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí leochaileacha iompair a chaitheann cuid níos mó dá ***gcuid ioncaim*** ar fhuinneamh agus iompar agus, i gcás ***réigiún*** áirithe, nach ***mbíonn*** rochtain acu ar réitigh mhalartacha, inacmhainne ***um shoghluaisteacht*** agus ***iompar*** agus ***d'fhéadfadh*** sé nach mbeadh an ***cumas maoinithe*** acu le hinfheistiú ***chun a n-ídiú*** breosla iontaise a ***laghdú***. | (10) ***Leis an ardú agus leis na luaineachtaí domhanda*** ar phraghas breoslaí iontaise ***imrítear tionchar díréireach*** ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar ***fhiontair bheaga leochaileacha, agus ar*** úsáideoirí leochaileacha iompair a chaitheann cuid níos mó dá ***n-ioncam*** ar fhuinneamh agus ***ar*** iompar agus, i gcás ***réigiúin*** áirithe, ***lena n-áirítear ceantair thuaithe, oileánacha, shléibhtiúla, iargúlta agus*** nach ***bhfuil chomh hinrochtana céanna, nach bhfuil*** rochtain acu ar réitigh mhalartacha, inacmhainne ***shoghluaisteachta*** agus ***iompair*** agus ***go bhféadfadh*** sé nach mbeadh an ***acmhainneacht airgeadais*** acu le hinfheistiú ***a dhéanamh sa laghdú ar ídiú*** breosla iontaise***. Le gníomhú uaillmhianach ar son na haeráide, lamhálfaí freisin don Aontas tionchar an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh*** a ***mhaolú***. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Dá bhrí sin, ba cheart ***cuid den ioncam*** a ghintear trí fhoirgnimh agus iompar de bhóthar a ***chur san*** áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as iad a ***chur san*** áireamh, ionas go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. | (11) Dá bhrí sin, ba cheart ***an t-ioncam ionchasach*** a ghintear ***laistigh de bhuiséad an Aontais*** trí fhoirgnimh agus iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as iad a áireamh, ionas go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bearta fioscacha nó spreagtha breise chun tacú le teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha, fiontair bheaga leochaileacha nó úsáideoirí iompair leochaileacha.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Tá sé sin níos ábhartha fiú i bhfianaise na leibhéal bochtaineachta fuinnimh atá ann faoi láthair. Is éard atá i gceist leis an mbochtaineacht fuinnimh cás a fhágann nach féidir le teaghlaigh rochtain a fháil ar sheirbhísí fuinnimh fíor-riachtanacha, amhail fuarú de réir mar a théann teochtaí in airde, agus téamh. Tuairiscítear nach raibh sé de chumas ag thart ar 34 mhilliún Eorpach a dtithe a choinneáil te go leor in 2018, agus dúirt ***6.9 %*** de dhaonra an Aontais nach raibh sé d'acmhainn acu a dteach a théamh go leordhóthanach i suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais in ***2019***[32]. Ar an iomlán, measann an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh go bhfuil níos mó ná 50 milliún teaghlach san Aontas Eorpach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Dá bhrí sin, is dúshlán mór í an bhochtaineacht fuinnimh don Aontas. Cé gur féidir le taraifí sóisialta nó tacaíocht dhíreach ioncaim faoiseamh láithreach a ***sholáthar*** do theaghlaigh ***a bhfuil orthu*** dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh, ní féidir ach ***bearta struchtúraithe dírithe***, go háirithe | (12) Tá sé sin níos ábhartha fiú i bhfianaise na leibhéal bochtaineachta fuinnimh atá ann faoi láthair. Is éard atá i gceist leis an mbochtaineacht fuinnimh cás a fhágann nach féidir le teaghlaigh rochtain a fháil ar sheirbhísí fuinnimh fíor-riachtanacha, amhail fuarú de réir mar a théann teochtaí in airde, agus téamh ***nó soilsiú***. Tuairiscítear nach raibh sé de chumas ag thart ar 34 mhilliún Eorpach a dtithe a choinneáil te go leor in 2018, agus dúirt ***8.2 %*** de dhaonra an Aontais nach raibh sé d'acmhainn acu a dteach a théamh go leordhóthanach i suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais in ***2020***[32]. Ar an iomlán, measann an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh go bhfuil níos mó ná 50 milliún teaghlach san Aontas Eorpach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Dá bhrí sin, is dúshlán mór í an bhochtaineacht fuinnimh don Aontas. ***Is é an toradh atá ar easpa sainmhínithe ar bhochtaineacht fuinnimh ar leibhéal an Aontais ná nach féidir tacair sonraí a chur i gcomparáid lena chéile. Trí shainmhíniú comhchoiteann ar leibhéal an Aontais a shuíomh, beifear*** |

athchóirithe fuinnimh, ***réitigh bhuana a sholáthar***.

***in ann aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhochtaineacht fuinnimh, dul chun cinn a thomhas agus, dá bharr sin, díriú níos fearr ar ghníomhaíochtaí beartais.*** Cé gur féidir le taraifí sóisialta nó tacaíocht dhíreach ioncaim faoiseamh láithreach a ***thabhairt*** do theaghlaigh ***atá ag*** dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh, ní ***fíor-réiteach iad chun teaghlaigh a thabhairt slán ó bhochtaineacht fuinnimh agus, a chontrárthacht sin, is*** féidir ***leo freisin tionchar a imirt i dtaca le daoine a ghaibhniú tuilleadh faoi bhochtaineacht fuinnimh agus iompair. Ní fhéadfar réitigh mharthanacha a sholáthar agus bochtaineacht fuinnimh a chomhrac ar bhealach éifeachtach*** ach ***amháin trí bhearta struchtúracha spriocdhírithe***, go háirithe athchóirithe ***doimhne agus céimneacha foirgneamh, forbairt pobal*** fuinnimh ***agus foinsí fuinnimh in-athnuaite***, ***lena n-áirítear trí thionscadail atá faoi stiúir an phobail, mar aon le bearta faisnéise agus múscailte feasachta atá spriocdhírithe ar na teaghlaigh***. ***Chomh maith leis sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chás úinéirí tithe agus árasán atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht fuinnimh agus orthu siúd atá i mbaol titim faoi bhochtaineacht fuinnimh mar thoradh ar mhéadú ar phraghsanna, go háirithe mná aonair agus úinéirí scothaosta i gceantair thuaithe agus úinéirí i bhfoirgnimh mhóra chónaithe a bhfuil droch-chaoi orthu. Ba cheart go bhfaigheadh teaghlaigh leochaileacha tacaíocht infheistíochta i bhfad sula méadófar go héifeachtach na costais fuinnimh agus ba cheart go dtabharfaí dóthain ama do na teaghlaigh oiriúnú dóibh.***

________________

[32] Sonraí ó 2018. Eurostat, SILC [ilc_mdes01]).

[32] Sonraí ó 2018. Eurostat, SILC [ilc_mdes01]).

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') a bhunú dá bhrí sin chun cistí a chur ar fáil do na Ballstáit le ***tacú lena mbeartais chun*** aghaidh a thabhairt ar na ***tionchair shóisialta a bheidh ag an trádáil*** astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar ar ***theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha***. Ba cheart é sin a bhaint amach go háirithe trí ***thacaíocht ioncaim shealadach a chur ar fáil agus trí*** bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht mhéadaithe ***fuinnimh*** i bhfoirgnimh, ***téamh*** agus fuarú foirgneamh ***a dhícharbónú***, lena n-áirítear ***fuinneamh ó fhoinsí*** in-athnuaite a ***chomhtháthú***, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle chun leasa teaghlach leochaileach, micrifhiontar leochaileach agus úsáideoirí iompair leochaileacha. | (13) Ba cheart Ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') a bhunú dá bhrí sin chun cistí a chur ar fáil do na Ballstáit ***chun tacú*** le ***teaghlaighagus le daoine a bhfuil cónaí orthu faoi bhochtaineacht fuinnimh agus faoi bhochtaineacht soghluaisteachta, chomh maith le micrifhiontair agus fiontair bheaga leochaileacha, i gcás ina bhfuil údar cuí leis, agus*** aghaidh a thabhairt ar ***thionchair shóisialta*** na ***trádála*** astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar ar ***na daoine agus na fiontair sin, i gcás inarb infheidhme, trí ghníomhaíochtaí spriocdhírithe a rannchuideoidh leis an aistriú glas***. Ba cheart é sin a bhaint amach go háirithe trí bhearta agus infheistíochtaí ***a bhfuil tionchar marthanach acu agus, i gcás inar gá, trí thacaíocht shealadach caiteachais dhírigh,*** lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht ***fuinnimh*** mhéadaithe i bhfoirgnimh, ***go háirithe dóibh siúd atá ina gcónaí sna foirgnimh is measa feidhmíocht*** agus ***i dtithíocht shóisialta, agus trí rochtain mhéadaithe ar fhuinneamh in-athnuaite do théamh agus*** fuarú foirgneamh, lena n-áirítear ***córais fuinnimh*** in-athnuaite a ***shuiteáil***, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle chun leasa teaghlach leochaileach, micrifhiontar leochaileach agus úsáideoirí iompair leochaileacha. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar cheantair thuaithe, oileánacha, shléibhtiúla, iargúlta agus nach bhfuil chomh hinrochtana céanna nó ar cheantair nó críocha beagfhorbartha, lena n-áirítear ceantair (pheirea-) uirbeacha bheagfhorbartha, agus bearta agus infheistíochtaí á maoiniú chun tacú le saoránaigh agus le micrifhiontair ós*** |

***rud é go bhfuil siad leochaileach go háirithe i leith gluaiseachtaí praghsanna fuinnimh agus iompair.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Chun na críche sin, ba cheart do gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta (‘an Plean’) a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart ***do na Pleananna sin*** dhá chuspóir a shaothrú. I dtosach báire, ba cheart dóibh na hacmhainní is gá a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha chun infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú téimh agus fuaraithe, i bhfeithiclí agus soghluaiseacht astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhaoiniú agus a dhéanamh. Ar an dara dul síos, ba cheart dóibh an tionchar a bheidh ag an méadú i gcostas breoslaí iontaise ar na daoine is leochailí a mhaolú agus dá bhrí sin an bhochtaineacht fuinnimh agus ***iompair*** le linn na tréimhse aistrithe a chosc go dtí go gcuirfear infheistíochtaí den sórt sin chun feidhme. Ba cheart do na Pleananna comhpháirt infheistíochta a bheith acu ina gcuirtear réiteach fadtéarmach chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú chun cinn agus d’fhéadfaidís bearta eile a bheartú, lena n áirítear tacaíocht dhíreach ioncaim chun éifeachtaí díobhálacha ioncaim a mhaolú sa ghearrthéarma. | (14) Chun na críche sin, ba cheart do gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta (‘an Plean’) a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart dhá chuspóir a shaothrú ***sna Pleananna sin***. I dtosach báire, ba cheart dóibh na hacmhainní is gá a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus***, i gcás ina bhfuil údar cuí leis agus an comhthéacs náisiúnta á chur san áireamh, d’fhiontair bheaga leochaileacha, agus d’***úsáideoirí iompair leochaileacha chun infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú téimh agus fuaraithe, i bhfeithiclí agus soghluaiseacht astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhaoiniú agus a dhéanamh. Ar an dara dul síos, ba cheart dóibh an tionchar a bheidh ag an méadú i gcostas breoslaí iontaise ar na daoine is leochailí a mhaolú agus dá bhrí sin an bhochtaineacht fuinnimh agus ***soghluaisteachta*** le linn na tréimhse aistrithe a chosc go dtí go gcuirfear infheistíochtaí den sórt sin chun feidhme. Ba cheart do na Pleananna comhpháirt infheistíochta a bheith acu ina gcuirtear réiteach fadtéarmach chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú chun cinn agus d’fhéadfaidís bearta eile a bheartú, lena n áirítear tacaíocht dhíreach ioncaim chun éifeachtaí díobhálacha ioncaim a mhaolú sa ghearrthéarma. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Ba cheart a áireamh sna Pleananna a thíolacfaidh na Ballstáit bearta chun tacaíocht faisnéise, fothú acmhainneachta agus oiliúint is gá a sholáthar ionas go gcuirfí chun feidhme na hinfheistíochtaí agus na bearta a bhfuil sé i gceist leo an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe foirgneamh agus trí rochtain mhéadaithe ar fhuinneamh in-athnuaite do théamh agus fuarú foirgneamh, agus rochtain níos fearr ar shoghluaisteacht inbhuanaithe agus ar sheirbhísí iompair a dheonú, lena n-áirítear na bonneagair is gá agus imscaradh stáisiún luchtaithe d'fheithiclí leictreacha. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh sna Pleananna freisin ar an easpa lucht saothair a bhfuil gá leis do gach céim den aistriú glas, go háirithe i bpoist a bhaineann le hathchóiriú foirgneamh agus an comhtháthú fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite chomh maith le hobair idir piaraí agus obair don phobal chun dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht soghluaisteachta.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Is iad Ballstáit, agus iad ag dul i gcomhairle le húdaráis ar an leibhéal réigiúnach, is fearr chun Pleananna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus na Pleananna sin oiriúnaithe agus dírithe ar a n-imthosca réigiúnacha agus náisiúnta ós rud é go bhfuil beartais acu cheana féin sna réimsí ábhartha agus go gcaithfidh siad | (15) Is iad Ballstáit, agus iad ag dul i gcomhairle ***leis na comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta,*** le húdaráis ar an leibhéal réigiúnach ***agus ar an leibhéal áitiúil***, ***agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta,*** is fearr chun Pleananna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus na Pleananna sin oiriúnaithe agus dírithe ar a |

úsáid cistí ábhartha eile an Aontais a phleanáil. Ar an dóigh sin, is féidir an urraim is fearr a thabhairt d'éagsúlacht leathan cásanna, saineolas sonrach rialtas áitiúil agus réigiúnach, taighde agus nuálaíocht agus caidreamh tionsclaíoch agus struchtúir idirphlé sóisialta, chomh maith le traidisiúin náisiúnta, agus rannchuidiú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na tacaíochta foriomláine do dhaoine leochaileacha.

n-imthosca ***áitiúla,*** réigiúnacha agus náisiúnta ós rud é go bhfuil beartais acu cheana féin sna réimsí ábhartha agus go gcaithfidh siad úsáid cistí ábhartha eile an Aontais a phleanáil. ***Ba cheart a cheangal*** ar ***na Ballstáit na Pleananna a ullmhú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme trí rannpháirtíocht fhóinteach agus chuimsitheach na ngeallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhlachtaí a chuireann cearta comhshaoil, cuimsiú sóisialta, cearta bunúsacha, cearta daoine faoi mhíchumas, comhionannas inscne, cearta daoine óga agus neamh-idirdhealú chun cinn, i gcomhréir leis*** an ***gCód Iompair Eorpach maidir le Comhpháirtíocht, agus na Pleananna sin a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/1060. Ar an*** dóigh sin, is féidir an urraim is fearr a thabhairt d'éagsúlacht leathan cásanna, saineolas sonrach rialtas áitiúil agus réigiúnach, taighde agus nuálaíocht agus caidreamh tionsclaíoch agus struchtúir idirphlé sóisialta, chomh maith le traidisiúin náisiúnta, agus rannchuidiú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na tacaíochta foriomláine do dhaoine leochaileacha.

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) Ba cheart urraim a áirithiú do chearta bunúsacha agus do chearta an duine agus comhlíonadh an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine, Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiúin EIS agus an Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine le linn ullmhú, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht a*** |

| | |
|---|---|
| | ***dhéanamh ar an gCiste. Leis an gCiste, ba cheart, freisin, príomhshruthú inscne a áirithiú ar fud na mbeart agus na n-infheistíochtaí uile arna maoiniú agus urraim a thabhairt do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe ar fhorais inscne, tionscnaimh chiníoch nó eitnigh, reiligiúin nó chreidimh, mhíchumais, aoise nó ghnéaschlaonta i rith a n-ullmhaithe agus a gcur chun feidhme agus, i gcás inarb ábhartha, inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú. Thairis sin, níor cheart leis an gCiste go dtacófaí le gníomhaíochtaí atá eisiata faoi Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/1056 ná níor cheart aon tacaíocht a thabhairt d'fhiontair nach n-urramaíonn na dálaí oibre is infheidhme agus na hoibleagáidí fostóirí a eascraíonn as dlí an tsaothair is infheidhme nó as comhaontuithe comhchoiteanna.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndírítear na bearta agus na hinfheistíochtaí go háirithe ar theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh nó ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach. Ba cheart do bhearta tacaíochta chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa cuidiú le Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as trádáil astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar. | (16) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndírítear na bearta agus na hinfheistíochtaí go háirithe ar theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh nó ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus***, i gcás ina bhfuil údar cuí leis agus an comhthéacs náisiúnta á chur san áireamh,*** ar ***fhiontair bheaga leochaileacha, agus ar*** úsáideoirí iompair leochaileacha chun aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach. ***Tá sé tábhachtach sainmhíniú ar theaghlaigh leochaileacha a leagan síos, lena gcuirfear san áireamh sraith leathan athróga a bhaineann le dálaí eacnamaíocha, sóisialta agus geografacha.*** Ba cheart do bhearta tacaíochta chun laghduithe ar astaíochtaí |

gás ceaptha teasa ***a chur chun cinn*** cuidiú le Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as trádáil astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ar feitheamh thionchar na n-infheistíochtaí sin ar chostais agus astaíochtaí a laghdú, chuideodh tacaíocht dea-dhírithe ***d'ioncam*** díreach le haghaidh na ndaoine is leochailí leis an aistriú cóir. ***Ba*** cheart tacaíocht den sórt sin a thuiscint ***mar bheart sealadach*** a ghabhann le ***dícharbónú na hearnála tithíochta*** agus iompair. Ní bheadh an tacaíocht buan toisc nach dtugann sí aghaidh ar na príomhchúiseanna atá le bochtaineacht fuinnimh agus iompair. Níor cheart ach tionchair dhíreacha a bhaineann le foirgnimh agus iompar de bhóthar a chur san áireamh i raon feidhme ***Theoir 2003/87/CE a chumhdach leis an tacaíocht sin***, agus ní costais leictreachais nó teasa a bhaineann le táirgeadh cumhachta agus téimh a chur san áireamh i raon feidhme na Treorach sin. ***Ba cheart don incháilitheacht le haghaidh tacaíochta ioncaim dhírigh den sórt sin a bheith teoranta ó thaobh ama.*** | (17) Ar feitheamh thionchar na n-infheistíochtaí sin ar chostais agus astaíochtaí a laghdú, chuideodh tacaíocht dea-dhírithe ***do chaiteachas teaghlaigh*** díreach le haghaidh na ndaoine is leochailí leis an aistriú cóir. ***Níor*** cheart ***go sáródh*** tacaíocht den sórt sin ***30 % de chaiteachas iomlán na bpleananna náisiúnta agus ba cheart*** a thuiscint ***gur beart comhlántach agus idirthréimhseach í*** a ghabhann le ***hinfheistíochtaí fadtéarmacha chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh*** agus iompair ***agus d'fhéadfaí í a mheas mar mhodh chun teaghlaigh leochaileacha a chumasú chun a riachtanais shocheacnamaíocha bhunriachtanacha a chomhlíonadh***. Ní bheadh an tacaíocht buan toisc nach dtugann sí aghaidh ar na príomhchúiseanna atá le bochtaineacht fuinnimh agus iompair. Níor cheart ***an tacaíocht sin a bheith spriocdhírithe*** ach ***ar theaghlaigh leochaileacha ar dócha go ndéanfaidh na*** tionchair dhíreacha a bhaineann le foirgnimh agus iompar de bhóthar a chur san áireamh i raon feidhme ***Threoir 2003/87/CE difear dóibh ar bhonn díréireach***, agus ní costais leictreachais nó teasa a bhaineann le táirgeadh cumhachta agus téimh a chur san áireamh i raon feidhme na Treorach sin. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais Chomhaontú Pháras, agus an gealltanas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ba cheart do na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo cur leis an sprioc nach mór 30 % den chaiteachas uile faoin gcreat ilbhliantúil 2021-2027 a chaitheamh ar phríomhshruthú na gcuspóirí aeráide a bhaint amach, agus rannchuidiú leis an uaillmhian de 10 % de chaiteachas bliantúil a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027, a fhad agus a chuirtear an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta san áireamh freisin. Chun na críche sin, ba cheart an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na ***hEorpa***[33] a úsáid chun caiteachais an Chiste a chlibeáil. Ba cheart don Chiste tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramófar go hiomlán caighdeáin agus tosaíochtaí an Aontais ó thaobh na haeráide agus an chomhshaoil de agus an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34]. Níor cheart ach bearta agus infheistíochtaí den sórt sin a chur san áireamh sna Pleananna. Ba cheart bearta tacaíochta ioncaim dhírigh a mheas, mar riail ghinearálta, mar rudaí ag a bhfuil tionchar intuartha ar chuspóirí comhshaoil, agus dá bhrí sin ba cheart iad a mheas mar a bheith i gcomhréir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’. Beartaíonn an Coimisiún treoraíocht theicniúil a eisiúint do na Ballstáit i bhfad sula n-ullmhófar na | (18) Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais Chomhaontú Pháras, ***Colún Eorpach na gCeart Sóisialta*** agus an gealltanas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ba cheart do na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo cur leis an sprioc nach mór ***ar a laghad*** 30 % den chaiteachas uile faoin gcreat ilbhliantúil 2021-2027 a chaitheamh ar phríomhshruthú na gcuspóirí aeráide a bhaint amach, agus rannchuidiú leis an uaillmhian de 10 % de chaiteachas bliantúil a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027, a fhad agus a chuirtear an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta san áireamh freisin. Chun na críche sin, ba cheart an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na ***hEorpa agus ón gComhairle***[33] a úsáid chun caiteachais an Chiste a chlibeáil. Ba cheart don Chiste tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramófar go hiomlán caighdeáin agus tosaíochtaí an Aontais ó thaobh na haeráide agus an chomhshaoil de agus an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34]***, chomh maith leis na critéir scagtha theicniúla arna mbunú ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 10(3) den Rialachán sin***. Níor cheart ach bearta agus infheistíochtaí den sórt sin a chur san áireamh sna Pleananna. Ba cheart bearta tacaíochta ioncaim dhírigh a mheas, mar riail ghinearálta, mar rudaí ag a bhfuil tionchar intuartha ar chuspóirí comhshaoil, agus dá bhrí sin ba cheart iad a |

Pleananna. Míneofar sa treoraíocht an bealach nach mór do na bearta agus na hinfheistíochtaí an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún togra a thíolacadh in 2021 le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le conas dul i ngleic leis na gnéithe sóisialta den aistriú glas.

mheas mar a bheith i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Beartaíonn an Coimisiún treoraíocht theicniúil a eisiúint do na Ballstáit i bhfad sula n-ullmhófar na Pleananna. Míneofar sa treoraíocht an bealach nach mór do na bearta agus na hinfheistíochtaí an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ***agus rannchuidiú le cuspóirí comhshaoil arna mbunú ag an Rialachán sin***. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún togra a thíolacadh in 2021 le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le conas dul i ngleic leis na gnéithe sóisialta den aistriú glas.

---

[33] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

[34] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

[33] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

[34] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ***Tá*** tionchar ag ***praghsáil carbóin*** ar mhná go háirithe ***mar gheall gur mná*** iad 85 % de ***na teaghlaigh*** aontuismitheora. ***Baineann*** riosca ard ***bochtaineachta leanaí*** le teaghlaigh aontuismitheora ***go háirithe***. Ba cheart comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna do chách, agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, ***chomh maith le saincheisteanna*** a bhaineann le hinrochtaineacht le haghaidh daoine faoi mhíchumas a ***chur san áireamh*** agus a chur chun cinn agus ***na Pleananna á n-ullmhú agus á gcur*** chun feidhme chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. | (19) ***Bíonn*** tionchar ***ar leith*** ag ***bochtaineacht fuinnimh agus ag bochtaineacht soghluaisteachta*** ar mhná***,*** go háirithe ***máithreacha aonair, arb ionann*** iad ***agus*** 85 % de ***theaghlaigh*** aontuismitheora***, agus ar mhná aonair agus ar mhná scothaosta atá ina gcónaí ina n-aonar***. ***Bíonn*** riosca ***bochtaineachta fuinnimh thar a bheith*** ard ***i gceist*** le teaghlaigh aontuismitheora ***a bhfuil leanbh cleithiúnach acu***. Ba cheart comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna do chách, agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, ***mar son le ceisteanna*** a bhaineann le hinrochtaineacht le haghaidh daoine faoi mhíchumas a ***áirithiú*** agus a chur chun cinn ***le linn cheapadh, ullmhú*** agus ***chur*** chun feidhme ***na bPleananna*** chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ba cheart do Bhallstáit a bPleananna a chur isteach in éineacht leis an nuashonrú ar a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35]. Ba cheart na bearta atá le maoiniú, an costas measta a bhaineann leo agus an ranníocaíocht náisiúnta a chuimsiú sna Pleananna. Ba cheart príomh-gharspriocanna agus príomhspriocanna a bheith iontu freisin chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeart. | (20) Ba cheart do Bhallstáit a bPleananna a chur isteach in éineacht leis an nuashonrú ar a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35]. Ba cheart ***an rogha a bheith ag*** na ***Ballstáit a bPleananna a thíolacadh agus, i gcás inarb ábhartha, nuashonrú ar a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide a thíolacadh, roimh na dátaí dá bhforáiltear in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, ionas go bhféadfar na Pleananna a chur i ngníomh a luaithe is féidir. Ba cheart na*** bearta atá le maoiniú, an costas measta a bhaineann leo agus an ranníocaíocht náisiúnta a chuimsiú sna |

Pleananna. Ba cheart príomh-gharspriocanna agus príomhspriocanna a bheith iontu freisin chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeart.

[35] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

[35] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) ***Ba cheart d'***imchlúdach airgeadais an Chiste a ***bheith ag teacht, i bprionsabal le méideanna atá comhréireach le 25 %*** d'ioncaim ionchasacha ó chuimsiú foirgneamh agus ***iompar*** de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE le linn na tréimhse 2026-2032. De bhun Chinneadh (AE, Euratom) ***2020/2053[41] ón gComhairle***, ba cheart do Bhallstáit na hioncaim sin a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais mar acmhainní dílse. ***Maoineoidh*** Ballstáit 50 % de chostais ***fhoriomlána*** a bPlean ***iad*** féin. ***Chun na críche sin,*** agus chun críche infheistíochta agus beart chun dlús a chur faoin aistriú is gá do shaoránaigh dá ndéantar difear go diúltach, | (23) ***Socraíodh*** imchlúdach airgeadais an Chiste ***ar bhonn measúnú ar an méid measta arna ghiniúint trí na hioncaim ionchasacha ó na lamháltais*** a ***cuireadh ar ceant i gcomhréir le Treoir 2003/87/CE (AM160) a leithdháileadh ar bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear 50 %*** d'ioncaim ionchasacha ó chuimsiú foirgneamh agus ***iompair*** de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE le linn na tréimhse 2026-2032. De bhun Chinneadh (AE, Euratom) ***2020/2053 ón gComhairle[41]***, ba cheart do Bhallstáit na hioncaim sin a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais mar acmhainní dílse. ***Urramóidh an t-ioncam a fhabhróidh chuig buiséad an Aontais*** |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| agus an tionchar diúltach sin a mhaolú, ***ba*** cheart ***do Bhallstáit inter alia a n-ioncaim ionchasacha ó thrádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh*** agus ***iompar de bhóthar faoi Threoir 2003/87/CE a úsáid chun na críche sin***. | ***prionsabal na huilíochta i gcomhréir le hAirteagal 7 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053. Ba cheart gur EUR 90.2 billiún ar a laghad a bheidh san imchlúdach airgeadais don Chiste le haghaidh na tréimhse 2024-2032. Tá na*** Ballstáit ***le sciar suntasach a mhaoiniú arb ionann é agus*** 50 % de chostais ***iomlána*** a bPlean féin. ***Ba cheart do na Ballstáit a n-ioncaim ionchasacha ar fad ó thrádáil astaíochtaí d'fhoirgnimh*** agus ***d'iompar de bhóthar a úsáid faoi Threoir 2003/87/CE*** chun críche infheistíochta agus beart chun dlús a chur faoin aistriú is gá do shaoránaigh dá ndéantar difear go diúltach, agus an tionchar diúltach sin a mhaolú,***. Níor*** cheart ***go mbeadh maoiniú an Chiste ar chostas clár*** agus ***beartas eile de chuid an Aontais***. |
| [41] Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1). | [41] Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1). |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) I gcás praghas níos airde a bheith ar charbón a chuirfeadh ualach breise ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair agus ar úsáideoirí iompair, ba cheart leithdháiltí breise a chur ar fáil don Chiste chun a áirithiú go maolófar go leormhaith agus go cothrom tionchar an mhéadaithe ar phraghas an charbóin ar na daoine is leochailí.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart don Chiste tacú le bearta a thugann urraim do phrionsabal na breisíochta maidir le cistiú ón Aontas. Níor cheart don Chiste a bheith mar ionadaí ar chaiteachais náisiúnta athfhillteacha, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. | (24) Ba cheart don Chiste tacú le bearta a thugann urraim do phrionsabal na breisíochta maidir le cistiú ón Aontas ***agus níor cheart go dtiocfadh sé in ionad cistiú náisiúnta do chláir shóisialta***. Níor cheart don Chiste a bheith mar ionadaí ar chaiteachais náisiúnta athfhillteacha, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) D'fhonn bearta breise a shainaithint chun athdháileadh cothrom an ualaigh agus na dtairbhí a bhaineann le praghsáil carbóin ar fud phobal an Aontais a áirithiú, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún gan mhoill, bunaithe ar anailís costais is tairbhe, a bhféadfadh togra reachtach a bheith ag gabháil léi, más iomchuí, chun measúnú a dhéanamh ar an deis agus ar an bhféidearthacht díbhinn aeráide a thabhairt isteach i bhfoirm aisíocaíocht dhíreach per capita d'aon ioncam breise a ghinfear trí phraghsáil carbóin, agus meastachán a dhéanamh ar conas a rachadh díbhinn aeráide den sórt sin chun tairbhe do na daoine is leochailí agus do na grúpaí atá thíos le bochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht soghluaisteachta. Ba cheart an tuarascáil a chur san áireamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an*** |

| | |
|---|---|
| | ***gCiste Aeráide Sóisialta.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Chun a áirithiú gur féidir tacaíocht faoin gCiste a chur chun feidhme go héifeachtach ó bhlianta tosaigh theacht i bhfeidhm an Chiste, ba cheart go bhféadfaí méid nach mó ná 13 % de ranníocaíocht na mBallstát a íoc i bhfoirm réamh-mhaoinithe.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Ba cheart cur chun feidhme an Chiste a dhéanamh i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, lena n-áirítear calaois ***a chosc agus a ionchúiseamh go héifeachtach, lena n-áirítear*** calaois chánach, imghabháil cánach, éilliú agus coinbhleachtaí leasa**.** | (28) Ba cheart cur chun feidhme an Chiste a dhéanamh i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, lena n-áirítear ***buiséad an Aontais a chosaint i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta,*** calaois**,** calaois chánach, imghabháil cánach, éilliú agus coinbhleachtaí leasa ***a chosc agus a ionchúiseamh go héifeachtach,*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh sé tacaíocht ar fáil do Bhallstáit chun na bearta agus na hinfheistíochtaí atá ina bPleananna Aeráide Sóisialta ('na Pleananna') a mhaoiniú. | Cuirfidh sé tacaíocht ar fáil do Bhallstáit chun na bearta agus na hinfheistíochtaí atá ina bPleananna Aeráide Sóisialta ('na Pleananna') a mhaoiniú ***go páirteach***. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo, bainfidh teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair, atá ***leochaileach*** agus a ***ndéanann cuimsiú*** astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear dóibh go háirithe ***leas astu, go háirithe teaghlaigh atá ag fulaingt ó bhochtaineacht fuinnimh agus saoránaigh nach bhfuil aon rogha mhalartach iompair phoiblí acu taobh amuigh de charranna aonair (i limistéir iargúlta agus tuaithe)***. | Maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo, bainfidh teaghlaigh, micrifhiontair agus***, i gcás ina bhfuil údar maith leis, fiontair bheaga leochaileacha agus*** úsáideoirí iompair ***leochaileacha leas astu***, ***go háirithe teaghlaigh*** atá ***faoi bhochtaineacht fuinnimh*** agus ***daoine atá faoi bhochtaineacht soghluaisteachta, agus aird ar leith á tabhairt ar theaghlaigh atá ina gcónaí i bhfoirgnimh is measa feidhmíocht nó i dtithíocht shóisialta, chomh maith le daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, oileánacha, shléibhtiúla agus iargúlta,*** a ***bhfuil rochtain íseal acu ar sheirbhísí bunúsacha nó ar iompar poiblí nó nach bhfuil aon rochtain acu orthu, ar dócha go ndéanfaidh*** astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar ***a áireamh*** i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear dóibh go háirithe. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é cuspóir ginearálta an Chiste ***rannchuidiú leis an aistriú i dtreo aeráidneodrachta*** trí aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bhaineann le ***hastaíochtaí*** gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ***ón*** iompar de bhóthar ***a áireamh*** i raon feidhme Threoir 2003/87/CE***. Is é cuspóir*** | Is é cuspóir ginearálta an Chiste ***ná dlús a chur le haistriú glas agus cóir ar bhonn sóisialta chuig geilleagar ciorclach aeráidneodrach, inbhuanaithe, neamhthocsaineach, tíosach ar acmhainní, bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, athléimneach agus iomaíoch agus chuig dea-bhail do chách faoi 2050*** |

| | |
|---|---|
| ***shonrach an Chiste tacú le teaghlaigh leochaileacha, mionfhiontair leochaileacha*** agus ***úsáideoirí iompair leochaileacha trí thacaíocht ioncaim dhíreach shealadach agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú***, ***téamh*** agus ***fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhéadú***. | ***ar a dhéanaí, go háirithe*** trí aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bhaineann le ***méadú ar phraghsanna fuinnimh agus, go háirithe, a bhaineann leis an gcuimsiú ionchasach d'astaíochtaí*** gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ***ó*** iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE***, i gcomhréir le gealltanais an Aontais faoi Chomhaontú Pháras, faoi Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta*** agus ***Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe***, agus ***gan aon duine a fhágáil ar lár***. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Is é cuspóir sonrach an Chiste tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha, do mhicrifhiontair leochaileacha agus, i gcás ina bhfuil údar maith leis, d'fhiontair bheaga leochaileacha agus do dhaoine leochaileacha atá thíos le bochtaineacht fuinnimh agus le bochtaineacht soghluaisteachta, trí thionchair shóisialta an aistrithe a theorannú a mhéid is féidir. Déanfar an tacaíocht sin a áirithiú go príomha trí bhearta agus infheistíochtaí spriocdhírithe lena mbeartófar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú, feabhas a chur ar rochtain ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite do théamh agus fuarú, agus ar réitigh soghluaisteachta inbhuanaithe agus iompar inacmhainne, agus tacú le hathsciliú nó uas-sciliú, agus, i gcás inar gá, trí thacaíocht chaiteachais dhírigh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcomhréir leis na cuspóirí sin, ní chuirfear aon tacaíocht ar fáil leis an gCiste do bhearta ná d'infheistíochtaí a d'fhéadfadh fad a chur leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise nó a d'fhéadfadh a bheith ina siocair le gaibhniú carbóin, lena gcuirfí bac nó moill ar an úsáid a bhainfí as foinsí fuinnimh inbhuanaithe malartacha.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) ciallaíonn 'athchóiriú domhain foirgneamh' athchóiriú domhain mar a shainmhínítear in [Airteagal 2(19) den togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú) (EPBD)];*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ciallaíonn 'bochtaineacht fuinnimh' an ***bhochtaineacht*** fuinnimh mar a ***shainmhínítear i bpointe [(49) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa*** agus ***ón gComhairle***[50] ; | (2) ciallaíonn 'bochtaineacht fuinnimh' ***neamhábaltacht teaghlaigh atá nasctha leis*** an ***neamh-acmhainneacht agus an easpa rochtana ar sheirbhísí*** fuinnimh ***leormhaithe, inacmhainne, iontaofa, ar dhea-chaighdeán, sábháilte agus slán ó thaobh an chomhshaoil de agus an easpa rochtana ar leibhéal leormhaith soláthair fuinnimh chun caighdeán fónta*** |

***maireachtála agus sláinte a ráthú, lena n-áirítear teas, fuarú agus soilsiú leormhaith, agus fuinneamh leormhaith chun fearais a chumhachtú, sa chomhthéacs náisiúnta ábhartha, sa bheartas sóisialta atá ann cheana agus i mbeartais ábhartha eile; is féidir le ceann amháin nó meascán de na tosca seo a leanas a bheith*** mar ***chúis lebochtaineacht fuinnimh: ioncam íseal, caiteachas ard ar fhuinneamh agus drochéifeachtúlacht fuinnimh i dtithe,*** a ***dhéanann difear do theaghlaigh atá sna deicílí ioncaim is ísle a bhfuil a gcostais fuinnimh níos airde ná dhá oiread an chóimheasa airmheánaigh idir costais fuinnimh*** agus ***ioncam indiúscartha tar éis costais tithíochta a asbhaint***;

---

[Treoir (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C […], […], lch. […]).] [Togra le haghaidh athmhúnlú Threoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh]

[50] [Treoir (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C […], […], lch. […]).] [Togra le haghaidh athmhúnlú Threoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh]

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) ciallaíonn ‘teaghlaigh leochaileacha’ teaghlaigh faoi bhochtaineacht fuinnimh nó teaghlaigh, ***lena n-áirítear*** teaghlaigh ***ar ioncam íseal*** agus ***meánioncaim, dá ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr foirgnimh a áireamh*** i raon feidhme ***Threoir 2003/87/CE difear suntasach*** agus nach bhfuil sé d’acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú; | (11) ciallaíonn ‘teaghlaigh leochaileacha’ teaghlaigh faoi bhochtaineacht fuinnimh nó ***bochtaineacht soghluaisteachta nó*** teaghlaigh ***sna trí dheicíl ioncaim is ísle***, ***a ndéanann tionchair na méaduithe ar phraghsanna fuinnimh difear díréireach dóibh agus ar dócha gurb iad na*** teaghlaigh ***is mó a ndéanfar difear dóibh leis an gcuimsiú ionchasach d’astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh*** agus ***ó iompar de bhóthar*** i raon feidhme ***Threoir 2003/87/CE,*** agus nach bhfuil ***rochtain acu ar fhoinsí fuinnimh inacmhainne agus inbhuanaithe agus nach bhfuil*** sé |

d'acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú***, nó nach bhfuil sé d'acmhainn acu rochtain a fháil ar mhodhanna malartacha iompair atá riachtanach dá ndea-bhail eacnamaíoch nó shóisialta***;

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ciallaíonn 'micrifhiontair leochaileacha' micrifhiontair ***dá*** ndéanann tionchair ***phraghsanna foirgnimh a chuimsiú*** i raon feidhme ***Threoir 2003/87/CE difear suntasach*** agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú; | (12) ciallaíonn 'micrifhiontair leochaileacha' micrifhiontair ***a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe agus láimhdeachas bliantúil nó clár comhardaithe faoi bhun EUR 2 000 000 acu, ar micrifhiontair iad a*** ndéanann tionchair ***praghsanna fuinnimh sa chomhthéacs ábhartha náisiúnta difear diúltach dóibh agus ar dócha gurb iad is mó a ndéanfar difear dóibh leis an gcuimsiú ionchasach foirgneamh agus iompair de bhóthar*** i raon feidhme ***Threoir 2003/87/CE,*** agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú ***nó nach bhfuil acmhainn, infhaighteacht ná inrochtaineacht acu ar mhodhanna malartacha iompair nach mór dóibh brath orthu sa ghnáthchúrsa gnó***; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 9 – pointe 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) ciallaíonn 'fiontair bheaga leochaileacha' fiontair bheaga a bhfuil níos lú ná 50 fostaí agus láimhdeachas bliantúil nó clár comhardaithe faoi bhun EUR 10 000 000 acu, ar fiontair iad a*** |

***ndéanann tionchair praghsanna fuinnimh sa chomhthéacs ábhartha náisiúnta difear dóibh agus ar dócha gur fiontair bheaga iad is mó a ndéanfar difear dóibh le cuimsiú ionchasach foirgneamh agus iompair de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE, agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú nó nach bhfuil acmhainn, infhaighteacht ná inrochtaineacht acu ar mhodhanna malartacha iompair nach mór dóibh brath orthu sa ghnáthchúrsa gnó;***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ciallaíonn '***úsáideoirí*** iompair ***leochaileacha' úsáideoirí*** iompair, ***lena n-áirítear úsáideoirí ó theaghlaigh ar ioncam íseal*** agus ***meánioncaim, dá ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear suntasach*** agus ***nach bhfuil sé d'acmhainn acu feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a cheannach nó aistriú chuig modhanna*** iompair ***mhalartacha inbhuanaithe***, ***lena n-áirítear iompar poiblí,*** go háirithe i ***limistéir*** thuaithe agus ***iargúlta.*** | (13) ciallaíonn '***bochtaineacht soghluaisteachta' neamhábaltacht teaghlaigh rochtain a fháil ar na modhanna*** iompair ***a bhfuil gá leo chun freastal do riachtanais bunriachtanacha shocheacnamaíocha i gcomhthéacs ar leith, ar féidir ceann amháin nó meascán de na tosca seo a leanas a bheith mar chúis léi, ag brath ar shainiúlachtaí náisiúnta agus áitiúla: ioncam íseal, caiteachas ard ar bhreosla agus/nó costais arda*** iompair, ***easpa infhaighteachta ar roghanna malartacha soghluaisteachta*** agus ***a n-inrochtaineacht*** agus ***a suíomh, achair thaistil agus cleachtais*** iompair, go háirithe i ***gceantair*** thuaithe***, oileánacha, shléibhtiúla, iargúlta*** agus ***nach bhfuil chomh hinrochtana céanna nó i gceantair nó críocha beagfhorbartha, lena n-áirítear ceantair (pheirea-)uirbeacha bheagfhorbartha chomh maith le tionchar an aistrithe i dtreo neodracht aeráide;*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) ciallaíonn 'foirgnimh is measa feidhmíocht' foirgnimh atá faoi rátáil feidhmíochta fuinnimh E, mar a shainmhínítear in [Airteagal 2(17) d'Athmhúnlú EPBD];*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') faoi bhráid an Choimisiúin in éineacht leis an nuashonrú ar an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis an nós imeachta agus an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin. Beidh sraith chomhleanúnach beart agus infheistíochtaí sa Phlean chun ***aghaidh*** a thabhairt ***ar thionchar na praghsála carbóin ar*** theaghlaigh leochaileacha, ***ar*** mhicrifhiontair leochaileacha agus ar ***úsáideoirí*** iompair ***leochaileacha*** chun ***téamh, fuarú*** agus ***soghluaiseacht inacmhainne a áirithiú agus*** na bearta is gá ag gabháil leo agus dlús á chur leo chun spriocanna aeráide an Aontais a chomhlíonadh. | 1. Cuirfidh gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') faoi bhráid an Choimisiúin in éineacht leis an nuashonrú ar an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis an nós imeachta agus an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin ***chun na sineirgí agus na comhlántachtaí idir an dá phlean a uasmhéadú***. Beidh sraith chomhleanúnach beart agus infheistíochtaí sa Phlean chun ***tacaíocht éifeachtach*** a thabhairt ***do*** theaghlaigh leochaileacha ***atá thíos le bochtaineacht fuinnimh***, ***do*** mhicrifhiontair leochaileacha agus ***do dhaoine leochaileacha a bhfuil aghaidh á tabhairt acu*** ar ***bhochtaineacht soghluaisteachta, agus d'fhiontair bheaga leochaileacha, i gcás ina bhfuil údar cuí leis agus an comhthéacs náisiúnta á chur san áireamh, ar dócha gurb iad is mó a ndéanfar difear dóibh leis an gcuimsiú ionchasach foirgneamh agus*** iompair ***de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE,*** chun ***éifeachtúlacht fuinnimh a bhfoirgneamh*** agus ***rochtain ar théamh agus fuarú inacmhainne cumhachtaithe ag foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú chomh maith le*** |

| | |
|---|---|
| | ***rochtain ar sheirbhísí soghluaisteachta inbhuanaithe agus comhtháite a fheabhsú, agus*** na bearta is gá ag gabháil leo agus dlús á chur leo chun spriocanna ***fuinnimh agus*** aeráide an Aontais a chomhlíonadh. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Chun éascú a dhéanamh ar ullmhú an Phlean, foilseoidh an Coimisiún treoir, lena n-áireofar teimpléad.*** <br> ***Agus a bPleananna á ndréachtú acu, rachaidh na Ballstáit, i gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta agus an rialachais il-leibhéil, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta i gcomhréir leis an bPrionsabal Comhpháirtíochta a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/1060.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** bearta náisiúnta ***a sholáthraíonn*** tacaíocht ***dhíreach ioncaim shealadach*** do theaghlaigh ***leochaileacha*** agus do ***theaghlaigh ar úsáideoirí iompair leochaileacha iad a bheith mar chuid den Phlean*** chun an tionchar a bheidh ag an méadú ar ***phraghas breoslaí iontaise*** mar thoradh ar ***foirgnimh*** agus ***iompar*** de bhóthar ***a chuimsiú*** i raon feidhme | 2. ***Féadfar a áireamh sa Phlean*** bearta náisiúnta ***nó fonáisiúnta lena gcuirtear*** tacaíocht ***caiteachais dhírigh ar fáil*** do theaghlaigh ***atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh*** agus do ***dhaoine a bhfuil aghaidh a thabhairt acu ar bhochtaineacht soghluaisteachta, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná agus ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta agus i gceantair nach bhfuil*** |

| | |
|---|---|
| Threoir 2003/87/CE. | ***chomh hinrochtana céanna,*** chun an tionchar a bheidh ag an méadú ar ***phraghsanna breosla*** mar thoradh ar ***an gcuimsiú ionchasach foirgneamh*** agus ***iompair*** de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE ***a laghdú, trí rochtain éascaithe ar réitigh ghlasa atá tíosach ar fhuinneamh agus ar sheirbhísí soghluaisteachta a chur ar fáil***. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh tionscadail náisiúnta mar chuid den Phlean chun: | 3. Beidh tionscadail náisiúnta***, réigiúnacha nó áitiúla*** mar chuid den Phlean chun: |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bearta agus infheistíochtaí a ***mhaoiniú chun éifeachtúlacht*** fuinnimh ***foirgneamh*** a ***mhéadú, chun bearta feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a*** chur ***chun feidhme***, chun athchóiriú foirgneamh a dhéanamh, ***agus chun téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear táirgeadh*** fuinnimh ó fhoinsí ***inathnuaite*** fuinnimh a chomhtháthú; | (a) bearta ***airgeadais*** agus infheistíochtaí a ***bhfuil tionchar marthanach acu, lena dtugtar tús áite do bhearta atá dírithe ar an éileamh agus lena ndéantar bunphrionsabal na héifeachtúlachta*** fuinnimh a chur ***i bhfeidhm***, chun athchóiriú ***domhain*** foirgneamh ***agus athchoiriú céimneach foirgneamh*** a dhéanamh ***i gcás in arb iomchuí***, ***mar aon le hinfheistíochtaí atá dírithe ar tháirgeadh*** fuinnimh ó fhoinsí fuinnimh ***in-athnuaite*** a chomhtháthú ***agus bearta eile lena gcoisctear gaibhniú carbóin***; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bearta agus infheistíochtaí a ***mhaoiniú*** chun ***an glacadh atá le soghluaiseacht*** agus ***iompar astaíochtaí ísle*** agus ***astaíochtaí nialasacha*** a mhéadú. | (b) bearta agus infheistíochtaí ***airgeadais*** a ***bhfuil tionchar marthanach acu*** chun ***rochtain ar shoghluaisteacht inbhuanaithe*** agus ***chomhroinnte*** agus ***ar sheirbhísí iompair phoiblí agus*** a ***nglacadh a*** méadú***, go háirithe i réigiúin oileánacha, imeallacha, iargúlta agus tuaithe***. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bearta agus infheistíochtaí coincréiteacha i gcomhréir le hAirteagal 3 chun na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír ***sin*** mar aon le míniú ar an gcaoi a gcuirfeadh siad go héifeachtúil leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach laistigh de leagan amach foriomlán bheartais ábhartha an Bhallstáit; | (a) bearta agus infheistíochtaí coincréiteacha***, lena n-áirítear athchóirithe beartais,*** i gcomhréir le hAirteagal 3 ***agus 6*** chun ***bochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht soghluaisteachta a chomhrac agus chun*** na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír ***seo,*** mar aon le míniú ar an gcaoi a gcuirfeadh siad go héifeachtúil leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach laistigh de leagan amach foriomlán bheartais ábhartha an Bhallstáit ***a leagtar amach sa phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide***; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na bearta coincréiteacha a ghabhann leo agus is gá chun na bearta agus infheistíochtaí atá sa Phlean a bhaint | (b) na bearta coincréiteacha a ghabhann leo agus is gá chun na bearta agus infheistíochtaí atá sa Phlean a bhaint |

| | |
|---|---|
| amach agus na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) a laghdú chomh maith le faisnéis maidir le maoiniú reatha nó beartaithe beart agus infheistíochtaí ó fhoinsí eile de chuid an Aontais, agus ó fhoinsí idirnáisiúnta, poiblí nó príobháideacha***;*** | amach agus na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) a laghdú chomh maith le faisnéis maidir le maoiniú reatha nó beartaithe beart agus infheistíochtaí ó fhoinsí eile de chuid an Aontais, agus ó fhoinsí idirnáisiúnta, poiblí nó príobháideacha***, lena bhféadfaí an méid seo a leanas a áireamh iontu, i gcás inarb iomchuí:*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b – pointe i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***i) bearta arb é is aidhm dóibh tacú le húinéirí tí agus le tiarnaí talún agus a áirithiú go gcomhlíonann siad na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh;*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b – pointe ii (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ii) bearta arb é is aidhm dóibh a áirithiú nach mbeidh díshealbhú ná díshealbhú indíreach mar thoradh ar athchóiriú foirgneamh trí ardú a dhéanamh ar chíos daoine leochaileacha, lena n-áirítear aon tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha a oiriúnú do choimircí dlíthiúla sonracha le haghaidh na dtionóntaí;*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b – pointe iii (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***iii)	bearta arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar fhadhb na ndreasachtaí deighilte idir úinéirí tí agus tionóntaí;*** |

**Leasú	47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b – pointe iv (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***iv)	infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh rotharbhealaí agus bonneagar iompair phoiblí agus seirbhísí soghluaisteachta comhtháite agus an bonneagar digiteach teicneolaíoch a fhorbairt agus a leathnú chun inrochtaineacht agus nascacht ceantar tuaithe, oileánach agus iargúlta a fheabhsú;*** |

**Leasú	48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b – pointe v (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***v)	infheistíochtaí chun tacú le hathshlánú agus éifeachtúlacht fuinnimh [A1] foirgneamh tréigthe, i gcás inar gá, chun rochtain ar thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe a mhéadú do theaghlaigh atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh.*** |

**Leasú	49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) meastachán ***maidir leis*** na héifeachtaí ***is dócha*** a bheidh ag ***an méadú sin*** ar phraghsanna ar theaghlaigh***,*** agus ***go háirithe*** ar ***ráta tarlaithe na bochtaineachta fuinnimh, ar mhicrifhiontair agus ar úsáideoirí iompair, agus ina*** gcuimseofar go háirithe meastachán ***maidir le teaghlaigh*** leochaileacha, ***micrifhiontair*** leochaileacha ***agus úsáideoirí iompair leochaileacha agus sainaithneofar na teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí sin***; déanfar anailísiú ar na tionchair sin le leibhéal leordhóthanach dí-chomhiomlánaithe, ***ag cur*** gnéithe amhail rochtain ar iompar poiblí agus seirbhísí bunúsacha ***san áireamh*** agus na limistéir is mó ***dá ndéantar difear***, go háirithe críocha atá iargúlta agus ***limistéir thuaithe, a shainaithint***; | (c) meastachán ***ar mhinicíocht*** na ***bochtaineachta fuinnimh agus na bochtaineachta soghluaisteachta agus ar na*** héifeachtaí ***dóchúla*** a bheidh ag ***ardú*** ar phraghsanna ***breosla*** ar theaghlaigh agus ar ***fhiontair, lena*** gcuimseofar go háirithe meastachán ***agus sainaithint na dteaghlach leochaileach a bhfuil bochtaineacht fuinnimh ag bagairt orthu, mar aon le daoine a bhfuil bochtaineacht iompair ag bagairt orthu agus micrifhiontair*** leochaileacha, ***agus i gcás ina bhfuil údar cuí leis agus an comhthéacs náisiúnta á chur i gcuntas, fiontair bheaga*** leochaileacha; déanfar anailísiú ar na tionchair sin le ***sonraí inscne-dhíchomhiomlánaithe agus le faisnéis inscne-íogair, le*** leibhéal leordhóthanach dí-chomhiomlánaithe ***réigiúnaigh***, ***lena ndéanfar*** gnéithe amhail rochtain ar ***thithíocht chuibhiúil, leormhaith, inacmhainne,*** iompar poiblí agus seirbhísí bunúsacha ***a chur i gcuntas*** agus ***lena ndéanfar*** na limistéir is mó ***atá buailte a shainaithint***, go háirithe críocha atá iargúlta***, oileánach, forimeallach*** agus ***tuaithe nó nach bhfuil inrochtana chomh mór céanna***; ***déanfar anailís freisin ar an tionchair sin ar bhonn leanúnach, i gcás inarb iomchuí, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh sé go mbeadh teaghlach leochaileach tráth ar bith agus ar chúiseanna socheacnamaíocha éagsúla;*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) measúnú tionchair inscne agus míniú ar an gcaoi a ndéantar na cuspóirí i dtaobh rannchuidiú a dhéanamh le comhionannas inscne agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***comhdheiseanna do chách a chur i gcuntas sna bearta agus sna hinfheistíochtaí atá sa Phlean agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, i gcomhréir le prionsabail 2 agus 3 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 na Náisiún Aontaithe agus, i gcás ina bhfuil fáil air, leis an straitéis náisiúnta um chomhionannas inscne;*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) i gcás ina ***bhfuil*** foráil sa Phlean maidir le bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), na critéir chun faighteoirí deiridh incháilithe a shainaithint***, léiriú ar an teorainn ama a shamhlaítear le haghaidh na mbeart i gceist*** agus an t-údar atá leo ***ar bhonn meastacháin chainníochtúil agus mínithe cháilíochtúil ar*** an gcaoi a bhfuiltear ag ***súil go laghdóidh na bearta sa Phlean*** bochtaineacht fuinnimh agus iompair ***agus leochaileacht teaghlach, micrifhiontar agus úsáideoirí iompair do mhéadú ar phraghsanna iompair bóthair agus breoslaí téimh***; | (d) i gcás ina ***ndéanfar*** foráil sa Phlean maidir le bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), na critéir chun faighteoirí deiridh incháilithe a shainaithint agus an t-údar atá leo ***maidir leis*** an gcaoi a bhfuiltear ag ***dréim leis go rannchuideofar le*** bochtaineacht fuinnimh agus ***bochtaineacht soghluaisteachta a dhíothú leis na bearta atá sa Phlean agus le deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar fhuinneamh breosla iontaise le haghaidh téimh agus fuarú, agus le haghaidh*** iompair; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***na*** garspriocanna, ***na*** spriocanna agus ***an t-amchlár táscach atá beartaithe*** chun na bearta ***a chur chun feidhme,*** agus ***infheistíochtaí*** a bheidh le tabhairt i gcrích ***faoin 31 Iúil 2032***; | (e) garspriocanna ***sonracha***, spriocanna agus ***amchlár*** chun na bearta agus ***na hinfheistíochtaí*** a bheidh le tabhairt i gcrích ***ag deireadh gach creata airgeadais ilbhliantúil, is é sin, faoin*** |

*31 Nollaig 2027 agus faoin 31 Iúil 2035 faoi seach a chur chun feidhme*;

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) míniú ar conas a ***áirithítear*** leis an bplean nach ***ndéanann aon infheistíocht ná beart atá mar chuid den Phlean*** díobháil shuntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852; soláthróidh an Coimisiún treoir theicniúil do na Ballstáit atá dírithe ar raon feidhme an Chiste chuige sin; ní gá aon mhíniú a thabhairt ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2); | (h) míniú ar conas a ***dhéantar dálaí fostaíochta agus cuibhiúla oibre ardcháilíochta a chur chun cinn*** leis an bPlean ***agus a áirithítear*** nach ***ndéantar*** díobháil shuntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ***le haon infheistíocht nó beart a áirítear sa Phlean***; soláthróidh an Coimisiún treoir theicniúil do na Ballstáit atá dírithe ar raon feidhme an Chiste chuige sin; ní gá aon mhíniú a thabhairt ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2); |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) i gcás inarb iomchuí, na bearta atá le déanamh chun cosc a chur ar an ualach maorlathach atá ar thairbhithe teaghlaigh a fhaigheann tacaíocht ón gCiste;*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) na socruithe ***don Bhallstáit lena*** | (i) na socruithe ***i dtaobh faireachán*** |

***mbaineann chun faireacháin*** éifeachtach a dhéanamh ar an bPlean agus é a chur chun feidhme go héifeachtach, go háirithe ***faireachán*** agus ***cur chun feidhme*** na ***ngarspriocanna agus na*** spriocanna, lena n-áirítear táscairí chun bearta agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, ***agus is iad na táscairí sin***, i gcás inarb ábhartha, ***iad sin*** a bheidh ar fáil ***le hOifig*** Staidrimh an Aontais Eorpaigh agus an ***Fhaireachlann um Bochtaineacht*** Fuinnimh mar a shainaithnítear i ***Moladh 2020/1563*** ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh;

[54] IO L 357, 27.10.2020, lch. 35.

éifeachtach a dhéanamh ar an bPlean agus ***chun*** é a chur chun feidhme go héifeachtach ***ag an mBallstát agus ag na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla lena mbaineann***, ***lena n-áirítear rannpháirteachas agus comhairliúchán na gcomhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus na sochaí sibhialta sa phróiseas,*** go háirithe ***na garspriocanna*** agus na spriocanna, lena n-áirítear táscairí ***sonracha agus inchainníochtaithe*** chun bearta agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, ***ar táscairí iad***, i gcás inarb ábhartha, a bheidh ar fáil ***ó Oifig*** Staidrimh an Aontais Eorpaigh agus ***ón bhFaireachlann Eorpach um*** an ***mBochtaineacht*** Fuinnimh mar a shainaithnítear i ***Moladh 2020/1563***[54] ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh;

[54] IO L 357, 27.10.2020, lch. 35.

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) ***chun an Plean a*** ullmhú agus***, i gcás ina mbeidh fáil air, ar mhaithe leis an bPlean a chur*** chun feidhme, ***achoimre*** ar an bpróiseas comhairliúcháin, arna ***déanamh*** i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus ***leis an gcreat*** dlíthiúil náisiúnta ***d'údaráis áitiúla*** agus ***réigiúnacha***, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus ***páirtithe leasmhara*** ábhartha eile, agus an chaoi a léirítear ionchur na ***bpáirtithe leasmhara*** sa Phlean; | (j) ***i gcás*** ullmhú agus ***cur*** chun feidhme ***an Phlean***, ***cur síos mionsonraithe*** ar an bpróiseas comhairliúcháin, arna ***dhéanamh*** i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus ***le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus le creat*** dlíthiúil náisiúnta ***na n-údarás áitiúil*** agus ***réigiúnach***, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus ***geallsealbhóirí*** ábhartha eile, agus an chaoi a léirítear ionchur na ***ngeallsealbhóirí*** sa Phlean ***mar aon lena róil shonracha i dtaobh an chur chun feidhme agus an fhaireacháin***; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) míniú ar chóras na mBallstát chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus úsáid á baint as na cistí arna soláthar faoin gCiste, agus na socruithe a bhfuil sé mar aidhm leo cistiú dúbailte ón gCiste agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint. | (k) míniú ar chóras na mBallstát chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú ***agus an smacht reachta a áirithiú***, agus úsáid á baint as na cistí arna soláthar faoin gCiste, agus na socruithe a bhfuil sé mar aidhm leo cistiú dúbailte ón gCiste agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Faoin 31 Iúil 2023, cuirfidh an Coimisiún treoir ar fáil do na Ballstáit maidir le conas na grúpaí leochaileacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (c) a shainaithint, agus sonróidh sé na táscairí ábhartha chun faireachán a dhéanamh ar bhochtaineacht fuinnimh agus ar bhochtaineacht soghluaisteachta.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Nuair a bheidh a gcuid Pleananna á n-ullmhú acu, féadfaidh Ballstáit iarraidh ar an gCoimisiún*** malartú dea-chleachtas a ***eagrú***. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh freisin faoin tSaoráid ***Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh, a bhunaítear*** le | 3. ***Déanfaidh an Coimisiún ardán a chur ar bun chun*** malartú dea-chleachtas a ***chur chun cinn go gníomhach i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha atá bainteach le cur chun feidhme an Chiste mar aon le treoir a chur ar fáil chun fothú acmhainneachta na ngeallsealbhóirí a*** |

Comhaontú an Choimisiúin leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ***in 2009***, nó faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58].

[58] Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (***IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).***

***chumasú agus a spreagadh chun bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i gcur chun feidhme an Chiste***. Féadfaidh na Ballstáit ***agus na geallsealbhóirí atá rannpháirteach in ullmhú na bPleananna*** tacaíocht theicniúil a iarraidh freisin faoin tSaoráid ***ELENA, arna bunú*** le Comhaontú an Choimisiúin leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ***in 2009***, nó faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58].

[58] Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (***IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).***

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheofar urraim do chearta bunúsacha agus do chearta an duine agus comhlíonadh an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine, Chairt um Chearta Bunúsacha AE, Choinbhinsiúin EIS agus an Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine le linn ullmhú, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gCiste.*** |
| | ***Leis na bearta agus na hinfheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gCiste, tabharfar urraim do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais inscne agus tabharfar aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh agus ar bhochtaineacht soghluaisteachta ó dhearcadh atá íogair ó thaobh inscne de.*** |

| | |
|---|---|
| | ***Comhlíonfaidh tairbhithe uile an Chiste na coinníollacha a leagtar amach sa mhír seo sula bhfaighidh siad aon chineál tacaíochta airgeadais.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh íocaíocht na tacaíochta coinníollach ar na garspriocanna agus na spriocanna le haghaidh beart agus infheistíochtaí a leagtar amach sna Pleananna a ***bhaint amach***. Beidh na garspriocanna agus na spriocanna sin comhoiriúnach le spriocanna aeráide an Aontais agus ***cumhdóidh siad*** cumhdófar leo go háirithe: | 2. Beidh íocaíocht na tacaíochta coinníollach ar na garspriocanna agus na spriocanna le haghaidh beart agus infheistíochtaí a leagtar amach sna Pleananna a ***thabhairt chun críche***. Beidh na garspriocanna agus na spriocanna sin comhoiriúnach le spriocanna aeráide an Aontais ***faoi chomhaontú Pháras*** agus cumhdófar leo go háirithe: |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) athchóiriú ***foirgneamh***; | (b) athchóiriú ***domhain agus athchóiriú céimneach ar fhoirgnimh mar chuid de phleanáil fhadtéarmach***; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 –mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) forbairt agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite lena n-áirítear téamh agus fuarú comhphobal fuinnimh;*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***soghluaiseacht agus iompar*** astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha; | (c) ***soghluaisteacht inbhuanaithe*** astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha ***agus seirbhísí comhtháite iompair***; |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) seirbhísí soghluaisteachta digiteacha i gceantair iargúlta, oileánacha agus thuaithe;*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) laghduithe ***in*** astaíochtaí gás ceaptha teasa; | (d) laghduithe ***ar*** astaíochtaí gás ceaptha teasa ***i ndáil le bearta agus infheistíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 6***; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) laghduithe ar an líon teaghlach leochaileach, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, ***micrifhiontair*** leochaileacha agus úsáideoirí iompair | (e) laghduithe ar an líon teaghlach leochaileach, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, ***ar mhicrifhiontair*** leochaileacha agus ***ar*** |

| | |
|---|---|
| leochaileacha, lena n-áirítear i ***limistéir*** thuaithe agus iargúlta. | úsáideoirí iompair leochaileacha, lena n-áirítear i ***gceantair oileánacha, fhorimeallacha,*** thuaithe agus iargúlta***, atá dí-chomhiomlánaithe de réir inscne***. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Ní chuirfidh*** an Ciste tacaíocht ar fáil ***ach*** do bhearta agus infheistíochtaí a thugann urraim ***don phrionsabal*** 'gan dochar suntasach a dhéanamh' dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852. | 3. ***Cuirfidh*** an Ciste tacaíocht ar fáil do bhearta agus infheistíochtaí a thugann urraim ***do Chéadphrionsabal na hÉifeachtúlachta Fuinnimh amhail atá in Airteagal 3 de Threoir (2022/XX/AE) [EED], Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an prionsabal*** 'gan dochar suntasach a dhéanamh' dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ní thacófar le bearta agus infheistíochtaí atá eisiata faoi Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/1056 leis an gCiste.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 b. Ní thacófar leis an gCiste le fiontair nach n-urramaítear leo na coinníollacha oibre is infheidhme agus oibleagáidí fostóirí ar de thoradh iad ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***dhlí an tsaothair ábhartha nó ar chomhaontuithe comhchoiteanna.*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh Ballstáit na ***costais a bhaineann leis na bearta*** lena ***soláthraítear*** tacaíocht ***dhíreach ioncaim shealadach*** do theaghlaigh leochaileacha agus do ***theaghlaigh leochaileacha ar úsáideoirí iompair iad a áireamh d'fhonn an méadú ar phraghsanna iompair de bhóthar*** agus ***breoslaí téimh a*** iompar. Laghdófar tacaíocht ***den sórt*** sin le himeacht ***aimsire*** agus beidh ***sí*** teoranta don tionchar díreach a bheidh ag trádáil astaíochtaí ***d'fhoirgnimh*** agus ***d'***iompar de bhóthar. ***Cuirfear deireadh leis an incháilitheacht ar thacaíocht ioncaim dhírigh den sórt sin laistigh de na teorainneacha ama a shainaithnítear faoi Airteagal 4(1), pointe (d).*** | 1. Féadfaidh ***na*** Ballstáit ***costas*** na ***mbeart a áireamh*** lena ***gcuirtear*** tacaíocht ***caiteachais teaghlaigh dhírigh ar fáil atá teoranta*** do theaghlaigh leochaileacha ***atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh*** agus do ***dhaoine a bhfuil bochtaineacht soghluaisteachta ag bagairt orthu, chun fheabhas a chur ar an rochtain ar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh atá glan*** agus ***inacmhainne agus ar an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus ar*** iompar ***poiblí***. Laghdófar ***an*** tacaíocht sin le himeacht ***ama nuair a chuirfear réitigh fhadtéarmacha i gcrích, amhail athchóiriú domhain ar fhoirgnimh*** agus ***athchóiriú céimneach ar fhoirgnimh.*** Beidh ***tacaíocht ioncaim dhírigh*** teoranta don tionchar díreach a bheidh ag trádáil astaíochtaí ***i gcás foirgneamh*** agus iompar de bhóthar.<br><br>***Cumhdófar leis an tacaíocht caiteachais teaghlaigh na bearta seo a leanas:***<br><br>***(a) tacaíocht ioncaim dhírigh shealadach agus spriocdhírithe, lena n-áirítear trí íocaíochtaí cnapshuime nó trí laghdú spriocdhírithe ar chánacha agus ar thobhaigh, agus iad coinníollach ar bhearta agus infheistíochtaí breise a mbeidh tionchair fhadtréimhseacha acu ar an mbochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta a mhaolú;***<br><br>***(b) tacaíocht dhíreach chun táirgí agus seirbhísí a cheannach chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a mhéadú agus lena dtéitear i ngleic go díreach le bochtaineacht fuinnimh agus le*** |

***bochtaineacht soghluaisteachta, agus urraim á tabhairt do chéadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, amhail fearais agus trealamh atá thar a bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, mar aon le hathchóirithe foirgneamh mar chuid de na pleananna athchóirithe fadtéarmacha, lena n-áirítear trí chostais athchóirithe a asbhaint ón gcíos;***

***(c) saor-rochtain nó taraifí oiriúnaithe le haghaidh rochtain ar iompar poiblí agus ar sheirbhísí soghluaisteachta comhroinnte atá inbhuanaithe agus solúbtha.***

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh incháilitheacht le haghaidh na tacaíochta sin dírithe ar dhaoine a bhfuil bochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht soghluaisteachta ag bagairt orthu, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná agus ar ghrúpaí leochaileacha ban, amhail mná aonair, máithreacha aonair agus mná scothaosta ar ioncam íseal. Is éard a bheidh sa tacaíocht a thabharfar do mhná méid arb ionann é agus 60 % ar a laghad den mhéid iomlán a leithdháilfear i gcomhair tacaíocht dhíreach.*** |
| | ***ní rachaidh an tacaíocht caiteachais teaghlaigh dhírigh thar 30 % de chostais mheasta iomlána an Phlean.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh Ballstáit na costais a bhaineann leis na bearta agus na hinfheistíochtaí seo a leanas a chur san áireamh i gcostais mheasta iomlána na bPleananna, ar choinníoll go ***mbaineann*** teaghlaigh ***leochaileacha***, micrifhiontair leochaileacha nó ***úsáideoirí iompair leochaileacha go príomha*** tairbhe astu agus go bhfuil ***siad beartaithe chun*** an méid seo a leanas a dhéanamh: | 2. Féadfaidh ***na*** Ballstáit na costais a bhaineann leis na bearta agus na hinfheistíochtaí ***fadtéarmacha*** seo a leanas ***ag*** a ***mbeidh tionchar fadtéarmach a*** chur san áireamh i gcostais mheasta iomlána na bPleananna, ar choinníoll go ***mbainfidh*** teaghlaigh, micrifhiontair leochaileacha ***agus, i gcás inarb iomchuí, fiontair bheaga leochaileacha*** nó ***daoine a bhfuil bochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht soghluaiteachta ag bagairt orthu*** tairbhe astu agus go bhfuil ***sé ar intinn acu*** an méid seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tacú le hathchóirithe ***foirgneamh***, go háirithe dóibh siúd atá ***ag áitiú na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla***, lena n-áirítear i bhfoirm ***tacaíochta*** airgeadais nó dreasachtaí fioscacha ***amhail cead chun na costais athchóirithe a bhaint ón gcíos, beag beann ar úinéireacht na bhfoirgneamh lena mbaineann***; | (a) tacú le hathchóirithe ***doimhne ar fhoirgnimh agus le hathchóirithe céimneacha ar fhoirgnimh***, go háirithe dóibh siúd ***a bhfuil cónaí orthu sna foirgnimh is measa feidhmíocht, i dtithe*** atá ***faoi úinéireacht phríobháideach nó i dtithíocht shóisialta***, lena n-áirítear i bhfoirm ***tacaíocht*** airgeadais nó dreasachtaí fioscacha; |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rannchuidiú le ***dícharbónú***, lena n-áirítear leictriú, ***téimh*** agus ***fuaraithe*** foirgneamh agus ***cócaireacht i bhfoirgnimh*** agus ***comhtháthú*** fuinnimh ó | (b) rannchuidiú le ***stoc foirgneamh aeráidneodrach a bhaint amach***, lena n-áirítear leictriú, ***téamh*** agus ***fuarú*** foirgneamh***,*** agus ***i gcás cócaireachta,*** agus |

| | |
|---|---|
| fhoinsí in-athnuaite a ***rannchuidíonn le fuinneamh a choigilt***; | ***tacú le suiteálacha táirgthe ar an láthair agus in aice láimhe agus le dáileadh*** fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite***, lena n-áirítear tacaíocht do chomhphobail fuinnimh in-athnuaite agus do chomhroinnt fuinnimh idir piaraí chun aon éileamh iarmharach*** a ***chumhachtú agus rannchuidiú a dhéanamh leis an méid atá bainte amach ó thaobh coigilteas fuinnimh de***; |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) comhairliúchán spriocdhírithe fuinnimh a chur ar fáil do theaghlaigh mar aon le faisnéis inrochtana agus inacmhainne faoi bhearta agus infheistíochtaí costéifeachtacha chun feabhas a chur ar choigiltis fuinnimh chomh maith le faisnéis faoi roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe inacmhainne, ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na bacainní ábhartha neamhairgeadaíochta, amhail bacainní riaracháin agus easnamh faisnéise, lena bhféadfaí cosc a chur ar feabhsuithe ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh de nó rochtain ar sheirbhísí soghluaisteachta inbhuanaithe inacmhainne a theorannú;*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha ***chun*** réitigh athchóirithe inacmhainne don éifeachtúlacht fuinnimh a | (c) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha***, go háirithe comhphobail fuinnimh in-athnuaite áitiúla agus*** |

fhorbairt agus a ***chur ar fáil agus ionstraimí maoinithe iomchuí*** i gcomhréir le spriocanna sóisialta an Chiste;

***cuideachtaí tithíochta sóisialta, i ndáil le*** réitigh athchóirithe inacmhainne don éifeachtúlacht fuinnimh ***agus ionstraimí cistithe iomchuí,*** a fhorbairt agus a ***sholáthar*** i gcomhréir le spriocanna sóisialta an Chiste;

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) rochtain ar fheithiclí ***agus ar rothair*** astaíochtaí nialasacha agus ísle a ***chur ar fáil***, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha chun iad a cheannach agus le haghaidh ***bhonneagar*** poiblí agus príobháideach iomchuí, lena n-áirítear le haghaidh athluchtú agus ***athbhreoslú; maidir le tacaíocht i dtaca le feithiclí astaíochtaí ísle***, cuirfear tráthchlár ar fáil ***chun*** an tacaíocht a laghdú de réir a chéile; | (d) rochtain ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus ísle a ***fheabhsú agus go háirithe rothair***, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha chun iad a cheannach***,*** agus le haghaidh ***bonneagar*** poiblí agus príobháideach iomchuí, lena n-áirítear le haghaidh ***páirceála agus*** athluchtú***; ní mheasfar bearta chun tacú le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí go príomha ach amháin i gcás nach bhfuil rochtain ar shoghluaisteacht astaíochtaí nialasacha indéanta, go háirithe i gcás ceantair thuaithe, iargúlta*** agus ***ceantair nach bhfuil chomh inrochtana céanna***, ***agus*** cuirfear tráthchlár ar fáil ***i dtaobh*** an tacaíocht a laghdú de réir a chéile***, agus na critéir theicniúla arna gcur ar bun ag an gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún á gcur san áireamh***; ***in ainneoin sin, beidh tacaíocht a bhaineann le feithiclí astaíochtaí nialasacha a cheannach teoranta do rothair agus do r-rothair;*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***saor-rochtain ar iompar poiblí a dheonú nó taraifí oiriúnaithe le haghaidh*** rochtain ar ***iompar poiblí, chomh maith le soghluaisteacht inbhuanaithe*** ar éileamh agus ***seirbhísí*** comhroinnte soghluaisteachta; | (e) ***cothú a dhéanamh ar shoghluaisteacht inbhuanaithe astaíochtaí nialasacha agus feabhas a chur ar an*** rochtain ar ***shoghluaisteacht iompair phoiblí*** ar éileamh agus ***ar sheirbhísí*** comhroinnte soghluaisteachta ***a bheidh inacmhainne agus inrochtana, go háirithe i gceantair thuaithe, oileánacha, shléibhtiúla fhorimeallacha, iargúlta agus ceantair nach bhfuil chomh inrochtana céanna, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí nó i gcás réigiún bheagfhorbartha nó críocha beagfhorbartha, lena n-áirítear ceantair pheirea-uirbeacha bheagfhorbartha***; |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) an nascacht dhigiteach agus réitigh theicneolaíocha oiriúnacha a chothú chun rochtain ar sheirbhísí soghluaisteachta a fheabhsú i gcás ceantair thuaithe, oileánacha, shléibhtiúla, iargúlta agus nach bhfuil chomh inrochtana céanna;*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe f b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fb) tacú le fothú acmhainneachta agus oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú daoine atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh nó ag an mbochtaineacht soghluaisteachta le haghaidh poist in*** |

| | |
|---|---|
| | ***earnálacha a bhaineann leis an aistriú glas, go háirithe poist lena rannchuidítear go díreach le cuspóirí an Chiste, lena n-áirítear trí thionscnaimh idir piaraí agus tionscnaimh oibre pobail.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Tabharfar tacaíocht d'fhiontair bheaga leochaileacha go príomha trí iasachtaí ar rátaí nialasacha nó ar rátaí fabhracha chun infheistíochtaí fadtéarmacha a mhaoiniú ag a mbeidh tionchar buan agus a bhfuil sé d'aidhm acu spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú; féadfar cineálacha eile tacaíochta airgeadais a mheas, i gcás inarb iomchuí agus i gcás ina bhfuil údar maith leis, ar choinníoll nach mbaintear an bonn ón tacaíocht is gá do theaghlaigh leochaileacha atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta mar thoradh air sin.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní ***thabharfaidh an Ciste tacaíocht i leith, agus ní*** áireofar le costais mheasta iomlána Pleananna bearta i bhfoirm tacaíocht dhíreach ***ioncaim*** de bhun Airteagal 3(2) den Rialachán seo***,*** do theaghlaigh a bhaineann tairbhe cheana ***féin*** as: | 1. Ní áireofar le costais mheasta iomlána Pleananna ***ach*** bearta i bhfoirm tacaíocht ***ioncaim*** dhíreach de bhun Airteagal 3(2) den Rialachán seo ***sa mhéid atá siad sin sa bhreis ar an tacaíocht arna soláthar*** do theaghlaigh a bhaineann tairbhe cheana as***, agus comhsheasmhach léi, agus ní thiocfaidh an Ciste ina n-ionad***: |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is ***EUR 23 700 000 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse ***2025-2027***. | 1. Is ***EUR 41 700 000 000 ar a laghad*** i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse ***2024-2027***. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Cuirfear leithdháiltí breise ar fáil faoi réir an choigeartaithe theicniúil shonraigh bunaithe ar luaineachta praghsanna carbóin trí bhíthin 'coigeartú suas' dá bhforáiltear in Airteagal 4b de ... [Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[1], arna leasú] chun a áirithiú go dtiocfaidh méadú ar na leithreasuithe atá ar fáil don Chiste i mbuiséad an Aontais i bhfianaise an mhéadaithe ar phraghas carbóin.*** <br>__________________ <br>***[1] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Is EUR 48 500 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san*** | 2. ***Déanfar an t-imchlúdach*** airgeadais ***do*** chur chun feidhme ***an Chiste*** |

| | |
|---|---|
| ***imchlúdach*** airgeadais ***chun an Ciste a*** chur chun feidhme don tréimhse ***2028-2032, faoi réir ag infhaighteacht na méideanna faoi uasteorainneacha bliantúla an chreata*** airgeadais ilbhliantúil ***is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 312 CFAE***. | don tréimhse ***2028-2035 a chinneadh i gcomhthéacs an chomhaontaithe ar an gcéad chreat*** airgeadais ilbhliantúil ***eile, agus a bheidh ar a laghad cothrom le EUR 48 500 000 000***. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh na méideanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 speansais a chumhdach a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta a bhfuil gá leo chun an Ciste a bhainistiú agus a chuspóirí a ghnóthú, go háirithe staidéir, cruinnithe saineolaithe, comhairliúcháin leis na ***páirtithe leasmhara***, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cuimsitheacha for-rochtana ***agus cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais***, a mhéid a bhaineann siad le cuspóirí an Rialacháin seo, speansais a bhaineann le líonraí TF ***atá dírithe*** ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, uirlisí teicneolaíochta faisnéise corparáideacha, agus gach speansas eile maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin ***arna thabhú ag an gCoimisiún chun an Ciste a bhainistiú***. Féadfaidh na speansais na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí tacaíochta eile a chumhdach freisin, amhail costais a bhaineann le rialú cáilíochta agus faireachán ar thionscadail ar an láthair agus costais a bhaineann le piarchomhairleoireacht agus le saineolaithe chun na gníomhaíochtaí incháilithe a mheasúnú agus a chur chun feidhme. | 3. Féadfaidh na méideanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 speansais a chumhdach ***freisin*** a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta a bhfuil gá leo chun an Ciste a bhainistiú agus a chuspóirí a ghnóthú, go háirithe staidéir, cruinnithe saineolaithe, comhairliúcháin leis na ***geallsealbhóirí***, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cuimsitheacha for-rochtana, a mhéid a bhaineann siad le cuspóirí an Rialacháin seo, speansais a bhaineann le líonraí TF ***lena ndírítear*** ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, ***ar*** uirlisí teicneolaíochta faisnéise corparáideacha, agus ***ar*** gach speansas eile maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin ***chun tacú le tairbhithe an Chiste***. Féadfaidh na speansais na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí tacaíochta eile a chumhdach freisin, amhail costais a bhaineann le rialú cáilíochta agus faireachán ar thionscadail ar an láthair agus costais a bhaineann le piarchomhairleoireacht agus le saineolaithe chun na gníomhaíochtaí incháilithe a mheasúnú agus a chur chun feidhme. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh tacaíocht faoin gCiste sa bhreis ar thacaíocht arna cur ar fáil faoi chistí, chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Féadfaidh bearta agus infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste tacaíocht a fháil ó chistí, ó chláir agus ó ionstraimí eile ***de chuid*** an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin an costas céanna. | 1. Beidh tacaíocht faoin gCiste sa bhreis ar thacaíocht ***atá cheana ann*** arna cur ar fáil faoi chistí, chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Féadfaidh bearta agus infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste tacaíocht a fháil ó chistí, ó chláir agus ó ionstraimí eile an Aontais***, náisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, réigiúnacha*** ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin an costas céanna. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Úsáidfear tacaíocht faoin gCiste i sineirge, i gcomhlántacht, i gcomhleanúnachas agus i gcomhsheasmhacht le cistí, cláir agus ionstraimí eile ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal réigiúnach, go háirithe an Ciste don Nuachóiriú a bunaíodh le Treoir 2003/87/CE, an Clár InvestEU, an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus na Cistí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060.*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh tacaíocht ón gCiste ina tacaíocht bhreise agus ní ghlacfaidh sí ionad an chaiteachais ***bhuiséid*** náisiúnta ***athfhillteach***. | 2. Beidh tacaíocht ón gCiste ina tacaíocht bhreise agus ní ghlacfaidh sí ionad an chaiteachais ***bhuiséadaigh*** náisiúnta. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcás ina leithdháiltear acmhainní breise ar an gCiste, féadfaidh an Ballstát na méideanna a shanntar do na bearta sonracha agus do na hinfheistíochtaí sonracha atá cláraithe faoin bPlean Sóisialta Aeráide a mhéadú go comhréireach le buiséad méadaithe an Chiste.*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar an leithdháileadh airgeadais uasta a ríomh le haghaidh gach Ballstáit aonair mar a shonraítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II. | 1. Déanfar an leithdháileadh airgeadais uasta a ríomh le haghaidh gach Ballstáit aonair mar a shonraítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II. ***Áiritheofar gur féidir le gach Ballstát a bheith rannpháirteach go hiomlán agus leordhóthanach i gcláir faoin gCiste ón uair a thionscnaítear iad, faoi réir a ndálaí eacnamaíocha agus sóisialta ar leith.*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13a*** |
| | ***Réamh-mhaoiniú*** |
| | ***1. Faoi réir ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 16(1) ag an Coimisiún, i gcás ina n-iarrann Ballstát réamh-mhaoiniú in éineacht le tíolacadh an Phlean, déanfaidh an Coimisiún íocaíocht réamh-mhaoinithe de mhéid nach mó ná 13 % den ranníocaíocht airgeadais. De mhaolú ar Airteagal 116(1) den Rialachán Airgeadais, déanfaidh an Coimisiún, a mhéid is féidir, an íocaíocht chomhfhreagrach laistigh de 2 mhí tar éis don Choimisiún an gealltanas dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 18 a ghlacadh.*** |
| | ***2. I gcásanna réamh-mhaoinithe faoi mhír 1 den Airteagal seo, déanfar na ranníocaíochtaí airgeadais a choigeartú go comhréireach.*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. De mhaolú air sin, beidh ranníocaíocht na mBallstát ina gcuirtear cistiú ar fáil le haghaidh beart nó tacaíocht ioncaim dhírigh i réigiún ag a bhfuil OTI per capita ag praghsanna margaidh atá faoi bhun 75 % de mheán an Aontais le linn na tréimhse 2016 go 2018 teoranta d'uasmhéid 40 % de chostais mheasta iomlána na mbeart agus na n-infheistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(2) ina bPleananna.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***cibé*** an ionann nó nach ionann an Plean agus freagairt ar an tionchar sóisialta ar theaghlaigh ***leochaileacha,*** ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar ***úsáideoirí iompair leochaileacha agus ar*** na dúshláin atá rompu sa Bhallstát lena mbaineann, mar thoradh ar bhunú an chórais trádála astaíochtaí d’fhoirgnimh agus d’iompar de bhóthar ***arna bhunú*** de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, go háirithe teaghlaigh atá ***faoi bhochtaineacht*** fuinnimh, agus aird chuí á tabhairt ar na dúshláin a shainaithnítear ***i*** measúnuithe ***an Choimisiúin*** ar an nuashonrú ar phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit lena mbaineann agus ar a dhul chun cinn de bhun Airteagal 9(3), agus Airteagail 13 agus 29 de Rialachán (AE) 2018/1999, chomh maith le i moltaí ón gCoimisiúin do Bhallstáit a eisítear de bhun Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfianaise an chuspóra fhadtéarmaigh ***d’aeráidneodracht*** san Aontas faoi 2050. Cuirfear san áireamh leis sin dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann; | (i) ***i dtaobh*** an ionann nó nach ionann an Plean agus freagairt ar an tionchar sóisialta ***atá*** ar theaghlaigh ***agus*** ar mhicrifhiontair leochaileacha ***nó ar fhiontair bheaga ar dóchúil go ndéanfaidh an tionchar a bheidh ag praghsanna ardaithe ar bhreosla difear dóibh*** agus ar na dúshláin atá rompu sa Bhallstát lena mbaineann, mar thoradh ar bhunú an chórais trádála astaíochtaí d’fhoirgnimh agus d’iompar de bhóthar ***a bunaíodh*** de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, go háirithe teaghlaigh atá ***ag fulaingt le bochtaineacht*** fuinnimh ***agus le bochtaineacht soghluaisteachta***, agus aird chuí á tabhairt ar na dúshláin a shainaithnítear ***sna*** measúnuithe ***ón gCoimisiúin*** ar an nuashonrú ar phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit lena mbaineann agus ar a dhul chun cinn de bhun Airteagal 9(3), agus Airteagail 13 agus 29 de Rialachán (AE) 2018/1999, chomh maith le i moltaí ón gCoimisiúin do Bhallstáit a eisítear de bhun Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfianaise ***spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030*** an ***Aontais agus an*** chuspóra fhadtéarmaigh ***i dtaca le haeráidneodracht*** san Aontas faoi 2050. Cuirfear san áireamh leis sin dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann; |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe iii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia) i dtaobh an ndearnadh an Plean a ullmhú agus a fhorbairt trí rannpháirtíocht fhóinteach chuimsitheach na ngeallsealbhóirí ábhartha uile i gcomhréir le Prionsabal na Comhpháirtíochta a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/1060;*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe iii b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiib) i dtaobh an bhfuil anailís tionchair inscne sa Phlean agus míniú ar an gcaoi a bhfuiltear ag dréim leis go dtabharfaidh na bearta agus na hinfheistíochtaí atá sa Phlean aghaidh ar ghné inscne na bochtaineachta fuinnimh agus na bochtaineachta soghluaisteachta agus le rannchuidiú a dhéanamh leis an bpríomhshruthú comhionannais inscne; i gcás na mbeart lena soláthrófar tacaíocht caiteachais teaghlaigh dhírigh do mhná, i dtaobh an ionann na bearta sin agus méid arb ionann é agus 60 % ar a laghad den leithdháileadh náisiúnta iomlán i gcomhair tacaíocht caiteachais dhírigh nó nach ionann;*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe iii c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiic) i dtaobh an bhfuiltear ag dréim leis go n-áiritheofar leis an bPlean nach chun leasa fiontar nach n-urramaíonn na coinníollacha oibre is infheidhme a*** |

| | |
|---|---|
| | ***leanann as an dlí náisiúnta saothair agus as comhaontuithe comhchoiteanna ábhartha a bheith aon bheart nó infheistíocht a áireofar sa Phlean;*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe iii d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiid) i dtaobh an gcomhlíonann an Plean na coinníollachtaí agus na heisiaimh a leagtar amach in Airteagal 5(3a) agus (3b);*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***cibé*** an meastar go mbeidh tionchar buan ag an bPlean ar na dúshláin a dtugann an Plean sin aghaidh orthu agus go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, sa Bhallstát lena mbaineann; | (i) ***i dtaobh*** an meastar go mbeidh tionchar buan ***agus inbhuanaithe*** ag an bPlean ar na dúshláin a dtugann an Plean sin aghaidh orthu agus go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, sa Bhallstát lena mbaineann; |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ***cibé*** an meastar go n-áiritheofar leis na socruithe atá beartaithe ag an mBallstát lena mbaineann go ndéanfar faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach ar an | (ii) ***i dtaobh*** an meastar go n-áiritheofar leis na socruithe atá beartaithe ag an mBallstát lena mbaineann go ndéanfar faireachán agus cur chun feidhme |

| | |
|---|---|
| bPlean, lena n-áirítear an tráthchlár a shamhlaítear, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara; | éifeachtach ar an bPlean, lena n-áirítear ***rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ábhartha uile,*** an tráthchlár a shamhlaítear, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara; |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe c – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***cibé acu a*** bhfuil nó nach bhfuil an réasúnú arna sholáthar ag an mBallstát maidir le méid chostais mheasta iomlána an Phlean réasúnta agus inchreidte agus ***cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil sé*** i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus i gcomhréir leis an tionchar ***ionchasach*** náisiúnta ***eacnamaíoch*** agus ***sóisialta***; | (i) ***i dtaobh an*** bhfuil nó nach bhfuil an réasúnú arna sholáthar ag an mBallstát maidir le méid chostais mheasta iomlána an Phlean réasúnta agus inchreidte agus i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus i gcomhréir leis an tionchar náisiúnta ***comhshaoil*** agus ***socheacnamaíoch a bhfuiltear ag dréim leis***; |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) Chun críche measúnú a dhéanamh ar chomhleanúnachas, cuirfidh an Coimisiún san áireamh ***cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil bearta agus infheistíochtaí sa Phlean a léiríonn gníomhaíochtaí comhleanúnacha.*** | (d) Chun críche measúnú a dhéanamh ar chomhleanúnachas, cuirfidh an Coimisiún***, i gcás inarb ábhartha, na critéir seo a leanas*** san áireamh***:*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d – pointe i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***i) i dtaobh an bhfuil bearta agus*** |

***infheistíochtaí sa Phlean a léiríonn gníomhaíochtaí comhleanúnacha;***

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d – pointe ii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ii) conas a idirghníomhaíonn na bearta agus na hinfheistíochtaí atá sa Phlean le beartais agus cláir mhaoiniúcháin eile agus conas a chuirtear sineirge agus comhleanúnachas ar fáil leo le spriocanna agus cuspóirí beartais an Aontais do 2030 agus le gealltanais an Aontais chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach;*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfear an cinneadh sin ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann Plean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn cúinsí oibiachtúla, go háirithe mar gheall ar fhíorthionchair dhíreacha an chórais trádála astaíochtaí le haghaidh | 1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann Plean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn cúinsí oibiachtúla, go háirithe mar gheall ar fhíorthionchair dhíreacha an chórais trádála astaíochtaí le haghaidh |

| | |
|---|---|
| foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann leasú ar a Phlean, chun na hathruithe is gá agus a bhfuil údar cuí leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go ***n-ullmhófaí*** iarraidh den sórt sin. | foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann***, tar éis dul i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta agus leis na húdaráis ar an leibhéal réigiúnach,*** leasú ar a Phlean, chun na hathruithe is gá agus a bhfuil údar cuí leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go ***n-ullmhófar*** iarraidh den sórt sin. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar an bPlean leasaithe, glacfaidh sé cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 16(1), laistigh de 3 mhí ó thíolacadh oifigiúil an Phlean leasaithe ag an mBallstát, ina leagfar amach na cúiseanna lena mheasúnú dearfach, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. | 3. I gcás go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar an bPlean leasaithe, glacfaidh sé cinneadh ***a bheidh ar fáil go poiblí*** i gcomhréir le hAirteagal 16(1), laistigh de 3 mhí ó thíolacadh oifigiúil an Phlean leasaithe ag an mBallstát, ina leagfar amach na cúiseanna lena mheasúnú dearfach, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Faoin 15 Márta 2027 déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann measúnú ar oiriúnacht a bPleananna i bhfianaise na bhfíorthionchar díreach a ***bheadh*** ag córas trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar ***arna bhunú*** de bhun Chaibidil Iva de ***Threoir 2003/087/CE***. Déanfar na measúnuithe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid de na tuarascálacha | 5. Faoin 15 Márta 2027 déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann measúnú ar oiriúnacht a bPleananna i bhfianaise na bhfíorthionchar díreach a ***bheidh*** ag córas trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar ***a bunaíodh*** de bhun Chaibidil Iva de ***Threoir 2003/87/CE agus an cuspóir foriomlán chun rannchuidiú le bochtaineacht fuinnimh agus le bochtaineacht soghluaisteachta a*** |

débhliantúla ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999.

***dhíothú, agus comhlíonadh á dhéanamh ar spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais***. Déanfar na measúnuithe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid de na tuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999.

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I ndiaidh don Choimisiún cinneadh a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh sé comhaontú in am trátha leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanas dlíthiúil aonair de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a chumhdaíonn an tréimhse ***2025-2027***. Féadfar an comhaontú sin a chur i gcrích ar a luaithe bliain amháin roimh an mbliain ina gcuirtear tús leis na ceantanna faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE. | 1. I ndiaidh don Choimisiún cinneadh a ghlacadh ***amhail*** dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh sé comhaontú in am trátha leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanas dlíthiúil aonair de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a chumhdaíonn an tréimhse ***2024-2027***. Féadfar an comhaontú sin a chur i gcrích ar a luaithe bliain amháin roimh an mbliain ina gcuirtear tús leis na ceantanna faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Agus an Ciste á chur chun feidhme acu, déanfaidh na Ballstáit, mar thairbhithe cistí faoin gCiste, na bearta uile is gá a dhéanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme á chomhlíonadh agus na cistí i ndáil le bearta agus le hinfheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste á n-úsáid, go háirithe a mhéid a bhaineann le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a | 1. Agus an Ciste á chur chun feidhme acu, déanfaidh na Ballstáit, mar thairbhithe cistí faoin gCiste, na bearta uile is gá a dhéanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme á chomhlíonadh agus na cistí i ndáil le bearta agus le hinfheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste á n-úsáid, go háirithe a mhéid a bhaineann le ***cosaint bhuiséad an Aontais i gcás*** |

| | |
|---|---|
| chosc, a bhrath agus a cheartú. Chuige sin, soláthróidh na Ballstáit córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn III agus déanfaidh siad méideanna a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil. Féadfaidh na Ballstáit brath ar a gcórais rialta bainistithe buiséid náisiúnta. | ***sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta, agus*** calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú. Chuige sin, soláthróidh na Ballstáit córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn III agus déanfaidh siad méideanna a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil. Féadfaidh na Ballstáit brath ar a gcórais rialta bainistithe buiséid náisiúnta. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Agus an Ciste á chur chun feidhme aige, déanfaidh an Coimisiún na bearta uile is iomchuí i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 chun a áirithiú go gcosnófar cistí i ndáil le bearta agus infheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit. Chuige sin, soláthróidh an Coimisiún córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil agus déanfaidh sé méideanna a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil.*** |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach, sineirgí a chothú agus comhordú | Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach, sineirgí a chothú agus comhordú |

| | |
|---|---|
| éifeachtach a áirithiú idir an Ciste agus cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Clár InvestEU, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus na Cistí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060. Chun na críche sin, déanfaidh siad na nithe seo a leanas: | éifeachtach a áirithiú idir an Ciste agus cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an ***Ciste don Nuachóiriú a bunaíodh le Treoir 2003/87/CE, an*** Clár InvestEU, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus na cistí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060. Chun na críche sin, déanfaidh siad na nithe seo a leanas: |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfaidh faighteoirí cistiúcháin ón Aontas aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistiúcháin ón Aontas, go háirithe nuair a ***bhíonn*** na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal. | 2. Tabharfaidh faighteoirí cistiúcháin ón Aontas aitheantas d'fhoinse na gcistí sin ***i gcónaí*** agus áiritheoidh siad infheictheacht ***agus inrianaitheacht*** an chistiúcháin ón Aontas, go háirithe nuair a ***bhítear ag déileáil le tairbhithe agus*** na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcás neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí faoi mhír 1 agus faoi mhír 2, tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta a dhéanamh, amhail leithdháileadh cistí a chur siar.*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an Chiste agus déanfaidh sé gnóthú a chuspóirí a thomhas. Beidh an faireachán ar chur chun feidhme spriocdhírithe agus comhréireach leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gCiste. | 2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an Chiste ***ar bhonn bliantúil*** agus déanfaidh sé gnóthú a chuspóirí a thomhas. Beidh an faireachán ar chur chun feidhme spriocdhírithe agus comhréireach leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gCiste. |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin ***1 Iúil 2028***, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta a ***chur faoi bhráid*** Pharlaimint na hEorpa, ***na Comhairle***, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún ***maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú an Chiste***. | 1. Faoin ***31 Iúil 2026***, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta ***ar chur chun feidhme agus feidhmiú an Chiste*** a ***sholáthar do*** Pharlaimint na hEorpa, ***don Chomhairle***, ***do*** Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ***do*** Choiste na Réigiún. |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Faoin 31 Nollaig 2030, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta maidir le rannchuidiú an Chiste le gnóthú spriocanna aeráide agus sóisialta 2030 an Aontais a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún.*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Faoin 31 Nollaig 2033, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta neamhspleách ***ex post*** a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. | 2. Faoin 31 Nollaig 2033, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta neamhspleách ***maidir le húsáid an Chiste idir 2024-2034*** a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh measúnú foriomlán ar an gCiste sa tuarascáil mheastóireachta ***ex post*** agus beidh faisnéis faoina tionchar san áireamh inti freisin. | 5. Beidh measúnú foriomlán ar an gCiste sa tuarascáil mheastóireachta agus beidh faisnéis faoina tionchar san áireamh inti freisin. |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh ***sé i bhfeidhm ón dáta faoina dtabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun Treoir (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[64] ***lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, a chomhlíonadh***. | Beidh ***feidhm aige ó 2024***. |
| [64] [Treoir (AE) bbbb/uuu ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle….*** (IO …..).] | [64] [Treoir (AE) bbbb/uuu ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle…***. (IO …..).] |

| | |
|---|---|
| [Treoir lena leasaítear Treoir 2003/87/CE] | [Treoir lena leasaítear Treoir 2003/87/CE] |

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| *Teideal* | *Bunú Ciste Aeráide Sóisialta* |
| *Tagairtí* | *COM(2021)0568 – C9-0324/2021 – 2021/0206(COD)* |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL 13.9.2021 ENVI 13.9.2021 |
| ***Tuairim ó***<br>***Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***ECON***<br>***13.9.2021*** |
| ***Rapóirtéir don tuairim***<br>***Dáta an cheapacháin*** | ***Henrike Hahn***<br>***16.9.2021*** |
| ***Riail 58 – An nós imeachta comhchoiste***<br>***Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | <br>***11.11.2021*** |
| **Pléite sa choiste** | 28.2.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 28.4.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 41<br>–: 11<br>0: 5 |
| ***Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Rasmus Andresen, Gunnar Beck, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Gilles Boyer, Carlo Calenda, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Luis Garicano, Claude Gruffat, Enikő Győri, Michiel Hoogeveen, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Othmar Karas, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtsos, Aurore Lalucq, Aušra Maldeikienė, Pedro Marques, Costas Mavrides, Csaba Molnár, Siegfried Mureşan, Caroline Nagtegaal, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Dimitrios Papadimoulis, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Sirpa Pietikäinen, Dragoş Pîslaru, Evelyn Regner, Dorien Rookmaker, Alfred Sant, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli, Ernest Urtasun, Inese Vaidere, Johan Van Overtveldt, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni, Roberts Zīle*** |
| ***Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Nicolaus Fest, Henrike Hahn, Eugen Jurzyca, Chris MacManus, Mick Wallace*** |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 41 | + |
|---|---|
| *PPE* | *Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Georgios Kyrtsos, Aušra Maldeikienė, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Ralf Seekatz, Inese Vaidere* |
| *Renew* | *Gilles Boyer, Carlo Calenda, Luis Garicano, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Dragoş Pîslaru, Stéphanie Yon-Courtin* |
| *S&D* | *Marek Belka, Jonás Fernández, Aurore Lalucq, Pedro Marques, Costas Mavrides, Evelyn Regner, Alfred Sant, Joachim Schuster, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli* |
| *The Left* | *Chris MacManus, Dimitrios Papadimoulis, Mick Wallace* |
| *Verts/ALE* | *Rasmus Andresen, Henrike Hahn, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen, Ernest Urtasun* |

| 11 | - |
|---|---|
| *ECR* | *Michiel Hoogeveen, Eugen Jurzyca, Dorien Rookmaker, Johan Van Overtveldt, Roberts Zīle* |
| *ID* | *Gunnar Beck, Nicolaus Fest* |
| *NI* | *Enikő Győri, Lefteris Nikolaou-Alavanos* |
| *Renew* | *Engin Eroglu, Caroline Nagtegaal* |

| 5 | 0 |
|---|---|
| *ID* | *France Jamet, Marco Zanni* |
| *S&D* | *Csaba Molnár* |
| *Verts/ALE* | *Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas* |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

21.4.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH

don Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus don Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta
(COM(2021)0568 – C9-0324/2021 – 2021/0206(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Beata Szydło

## RÉASÚNÚ GEARR

Bunaithe ar straitéis an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus ar mheasúnú tionchair, moladh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún – ‘an Plean um Sprioc Aeráide 2030’ – uaillmhian an Aontais a ardú agus moladh ann plean cuimsitheach chun sprioc cheangailteach an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030 a mhéadú i dtreo laghdú 55 % ar a laghad a bhaint amach ar ghlanastaíochtaí, agus sin a dhéanamh ar bhealach freagrach. Tá sprioc mhéadaithe an Aontais le haghaidh 2030 i gcomhréir leis an gcuspóir i gComhaontú Pháras arna shíniú faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide chun an méadú ar an teocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C agus leanúint de na hiarrachtaí é a choimeád faoi bhun 1.5 °C.

Thacaigh an Chomhairle Eorpach le sprioc cheangailteach nua an Aontais le haghaidh 2030 ag a cruinniú i mí na Nollag 2020. An 25 Bealtaine 2021, d’athdhearbhaigh an Chomhairle na conclúidí sin agus d’iarr sí ar an gCoimisiún a phacáiste reachtach a chur ar aghaidh mar aon le scrúdú ar na tionchair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta ar leibhéal an Bhallstáit. Tá aeráidneodracht an Aontais faoi 2050 agus an glanlaghdú idirmheánach ar astaíochtaí de 55 % ar a laghad faoi 2030 cumhdaithe i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘an Dlí Aeráide Eorpach’).

Chun an Dlí Aeráide Eorpach agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach a chur chun feidhme, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an reachtaíocht aeráide agus fuinnimh atá i bhfeidhm faoi láthair agus molann sé an pacáiste reachtach ‘Oiriúnach do 55’ (‘Fit for 55’).

Ciallaíonn uaillmhianta méadaithe an Aontais i leith na haeráide gur gá ranníocaíochtaí níos mó a dhéanamh ó gach earnáil den gheilleagar. Is cinnte go mbeidh an t-athrú sin ina chúis le harduithe ar phraghsanna a dhéanfaidh difear do theaghlaigh, d’úsáideoirí iompair agus do mhicrifhiontair. Déanfar difear díréireach do theaghlaigh leochaileacha, d’úsáideoirí iompair agus do mhicrifhiontair go háirithe, agus is dócha go mbeidh an tionchar éagsúil ar fud an Aontais Eorpaigh ag brath ar an meánioncam agus ar imthosca eile i mBallstáit aonair. Cruthaíodh an Ciste Aeráide Sóisialta chun an tionchar sin a mhaolú trí thacaíocht shealadach

ioncaim agus bearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú sa mheántéarma agus san fhadtéarma trí éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh i bhfoirgnimh, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbhónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle.

Leis na praghsanna fuinnimh atá ag ardú agus tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19, cuirtear béim ar thábhacht an chomhraic i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh – troid inar féidir ról tábhachtach a bheith ag an gCiste Aeráide Sóisialta. Tá go leor Eorpach ag streachailt cheana féin le billí fuinnimh atá ag dul i méid, rud arb ionann é agus sciar mór d'ioncam teaghlaigh. Eascraíonn dúshláin nua sa chomhrac sin as arduaillmhianta aeráide – dúshláin a bhíonn an-éagsúil ar fud an Aontais, mar gheall ar chosáin tosaigh éagsúla agus roghanna beartais éagsúla na mBallstát aonair. Dar leis an Rapóirtéir, tá sé tábhachtach go gcuirfí pointí tosaigh éagsúla agus conairí claochlaithe éagsúla na mBallstát san áireamh sa Chiste Aeráide Sóisialta.

Creideann an Rapóirtéir nach mór claochlú aeráide ina gcuirtear riachtanais na saoránach uile san áireamh a bheith cothrom agus gan rannchuidiú le meath na ndálaí eacnamaíocha do na réigiúin nó do na grúpaí sóisialta is leochailí. Thairis sin, ní féidir claochlú a chur i gcrích go rathúil gan tacaíocht shóisialta leormhaith.

Dá bhrí sin, déanfaidh sí a dícheall réitigh a lorg nach rachaidh chun dochair do na tíortha agus na réigiúin is boichte ná leis na grúpaí sóisialta is leochailí.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Beidh tionchair eacnamaíocha agus shóisialta éagsúla ag na leasuithe sin ar earnálacha éagsúla an gheilleagair, ar na saoránaigh agus ar na Ballstáit. Go háirithe, ***agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar á gcur san áireamh i*** raon feidhme Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], ba cheart spreagadh eacnamaíoch breise a sholáthar chun infheistiú in ídiú breoslaí iontaise a | (8) Beidh tionchair eacnamaíocha agus shóisialta éagsúla ag na leasuithe sin ar earnálacha éagsúla an gheilleagair, ar na saoránaigh agus ar na Ballstáit. Go háirithe, ***le haon athruithe ar*** raon feidhme Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], ba cheart spreagadh eacnamaíoch breise a sholáthar chun infheistiú in ídiú breoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí gas ceaptha teasa dá réir sin. |

| | |
|---|---|
| laghdú agus dlús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí gas ceaptha teasa dá réir sin. Agus é sin á chur chun feidhme in éineacht le bearta ***eile***, ba cheart ***costais le haghaidh foirgneamh*** agus ***iompar de bhóthar a laghdú*** agus deiseanna nua a chur ar fáil chun poist a chruthú agus le haghaidh ***infheistíochta*** sa mheántéarma agus san fhadtéarma. | Agus é sin á chur chun feidhme in éineacht le bearta ***díreacha***, ba cheart ***feabhas a chur ar rochtain ar thithíocht inbhuanaithe, éifeachtúil*** agus ***ar ardcháilíocht,*** agus ***ar rochtain ar shoghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus ísle, rannchuidiú le deireadh a chur leis an mbochtaineacht fuinnimh agus iompair, agus*** deiseanna nua a chur ar fáil chun poist ***ardcháilíochta*** a chruthú agus le haghaidh ***infheistíochtaí*** sa mheántéarma agus san fhadtéarma. |
| ___<br>[31] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas (***IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).*** | ___<br>[31] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas (***IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Mar sin féin, teastaíonn acmhainní chun ***na hinfheistíochtaí sin*** a mhaoiniú. Thairis sin, sula ndéanfar na hinfheistíochtaí sin, is dócha go n-ardófar na costais a íocann teaghlaigh agus úsáideoirí iompair le haghaidh téimh, fuaraithe agus cócaireachta, chomh maith le costais le haghaidh iompar de bhóthar, de ***réir mar a chuireann na soláthróirí breosla atá faoi réir na n-oibleagáidí faoin trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar na costais ar charbón ar aghaidh chuig na tomhaltóirí***. | (9) Mar sin féin, teastaíonn acmhainní chun ***infheistíochtaí leordhóthanacha, cobhsaí agus cothromasacha*** a mhaoiniú. Thairis sin, sula ndéanfar na hinfheistíochtaí sin, is dócha go n-ardófar na costais a íocann teaghlaigh agus úsáideoirí iompair le haghaidh téimh, fuaraithe agus cócaireachta, chomh maith le costais le haghaidh iompar de bhóthar ***agus bonneagar luchtaithe. Le hinnéacsú bliantúil***, ***ba cheart méid an Chiste a mhéadú le himeacht ama, chun a áirithiú go leanfar*** de ***na hinfheistíochtaí***. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar díréireach ag an méadú ar phraghas breoslaí iontaise ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí leochaileacha iompair a chaitheann cuid ***níos mó*** dá gcuid ioncaim ar fhuinneamh agus iompar ***agus***, i ***gcás réigiún áirithe***, nach mbíonn rochtain acu ar réitigh mhalartacha, inacmhainne ***um shoghluaisteacht*** agus ***iompar*** agus ***d'fhéadfadh*** sé nach mbeadh an cumas maoinithe acu ***le hinfheistiú chun a n-ídiú*** breosla iontaise ***a laghdú***. | (10) D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar díréireach ag an méadú ar phraghas breoslaí iontaise ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha***, ar FBManna leochaileacha*** agus ar úsáideoirí leochaileacha iompair a chaitheann cuid ***mhór*** dá gcuid ioncaim ar fhuinneamh agus ***ar*** iompar, ***rud a mhéadódh neamhionannais*** i ***réigiúin áirithe***, ***go háirithe i limistéir thuaithe, i limistéir fhorimeallacha, i limistéir iargúlta, i réigiúin nó críocha lagfhorbartha, i limistéir atá thíos le míbhuntáistí móra agus i limistéir ar a bhfuil meath déimeagrafach,*** nach mbíonn rochtain acu ar réitigh mhalartacha, ***idirnasctha, éifeachtúla,*** inacmhainne ***i gcomhair soghluaisteachta*** agus ***iompair*** agus ***a bhféadfadh*** sé nach mbeadh an cumas maoinithe acu ***infheistíocht a dhéanamh sa laghdú ar an ídiú*** breosla iontaise. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(11)*** Dá bhrí sin, ba cheart cuid den ioncam a ghintear trí ***fhoirgnimh agus iompar de bhóthar a chur san áireamh i*** raon feidhme Threoir 2003/87/CE a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as ***iad a chur san áireamh***, ionas go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. | Dá bhrí sin, ba cheart cuid den ioncam a ghintear trí ***athruithe ar*** raon feidhme Threoir 2003/87/CE a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta ***agus eacnamaíocha*** a eascraíonn as ***an mbeartas maidir le haistriú chuig aeráidneodracht***, ionas go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. ***Chun an éifeachtacht a uasmhéadú, ba cheart go bhféadfaí an Ciste a chomhcheangal le foinsí eile maoiniúcháin AE, go háirithe an tSaoráid*** |

| | |
|---|---|
| | ***Téarnaimh agus Athléimneachta.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Tá sé sin níos ábhartha fiú i bhfianaise na leibhéal bochtaineachta fuinnimh atá ann faoi láthair. Is éard atá i gceist leis an mbochtaineacht fuinnimh ***cás a fhágann nach féidir le*** teaghlaigh ***rochtain a fháil*** ar sheirbhísí fuinnimh ***fíor-riachtanacha, amhail*** fuarú ***de réir mar a théann teochtaí in airde***, agus ***téamh***. Tuairiscítear nach raibh sé de chumas ag thart ar 34 mhilliún Eorpach a dtithe a choinneáil te go leor in 2018, agus dúirt 6.9 % de dhaonra an Aontais nach raibh sé d'acmhainn acu a dteach a théamh go leordhóthanach i suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais in ***2019***. Ar an iomlán, measann an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh go bhfuil níos mó ná 50 milliún teaghlach san Aontas Eorpach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Dá bhrí sin, is dúshlán mór í an bhochtaineacht fuinnimh don Aontas. Cé gur féidir le taraifí sóisialta nó tacaíocht dhíreach ioncaim faoiseamh láithreach a sholáthar do theaghlaigh a bhfuil orthu dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh, ní féidir ach bearta struchtúraithe dírithe, go háirithe athchóirithe fuinnimh, réitigh bhuana a sholáthar. | (12) Tá sé sin níos ábhartha fiú i bhfianaise na leibhéal bochtaineachta fuinnimh atá ann faoi láthair. Is éard atá i gceist leis an mbochtaineacht fuinnimh ***easpa rochtana*** teaghlaigh ar sheirbhísí ***riachtanacha*** fuinnimh ***is cloch bhoinn faoi chaighdeán maith maireachtála agus sláinte, lena n-áirítear teas,*** fuarú ***agus soilsiú leormhaith***, agus ***an fuinneamh chun cumhacht a thabhairt d'fhearais leictreacha, sa chomhthéacs náisiúnta ábhartha, sa bheartas sóisialta atá ann cheana agus i mbeartais ábhartha eile***. ***Is é is cúis leis an easpa rochtana sin ná leibhéal neamhleor ioncaim, praghsanna arda ar fhuinneamh agus, i gcás inarb infheidhme, d'fhéadfaí í a dhéanamh níos measa trí aonad teaghaise atá neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh de.*** Tuairiscítear nach raibh sé de chumas ag thart ar 34 mhilliún Eorpach a dtithe a choinneáil te go leor in 2018, agus dúirt 6.9 % de dhaonra an Aontais nach raibh sé d'acmhainn acu a dteach a théamh go leordhóthanach i suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais in ***2019***[32]. Ar an iomlán, measann an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh go bhfuil níos mó ná 50 milliún teaghlach san Aontas Eorpach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Dá bhrí sin, is dúshlán mór í an bhochtaineacht fuinnimh don Aontas. Cé gur féidir le taraifí sóisialta nó tacaíocht dhíreach ioncaim faoiseamh láithreach a sholáthar do theaghlaigh a bhfuil orthu dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh, ní féidir ach bearta struchtúraithe dírithe, go háirithe athchóirithe fuinnimh, ***cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na*** |

| | |
|---|---|
| | ***héifeachtúlachta fuinnimh, agus bearta múscailte feasachta atá dírithe ar theaghlaigh*** réitigh bhuana a sholáthar ***agus bochtaineacht fuinnimh a chomhrac go héifeachtach***. |

[32] Sonraí ó 2018. Eurostat, SILC [ilc_mdes01]).

[32] Sonraí ó 2018. Eurostat, SILC [ilc_mdes01]).

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') a bhunú dá bhrí sin chun cistí a chur ar fáil do na Ballstáit le tacú lena mbeartais chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a ***bheidh ag an trádáil astaíochtaí*** le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar ar theaghlaigh leochaileacha, ***micrifhiontair*** leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha. Ba cheart é sin a bhaint amach go háirithe trí thacaíocht ioncaim shealadach ***a chur ar fáil*** agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh i bhfoirgnimh, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle chun leasa teaghlach leochaileach, micrifhiontar leochaileach agus úsáideoirí iompair leochaileacha. | (13) Ba cheart Ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') a bhunú dá bhrí sin chun cistí a chur ar fáil do na Ballstáit le tacú lena mbeartais chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a ***eascraíonn as an aistriú chuig aeráidneodracht, praghsáil carbóin agus praghsanna fuinnimh atá ag ardú*** le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar ar theaghlaigh leochaileacha, ***ar mhicrifhiontair*** leochaileacha***, ar FBManna leochaileacha*** agus ***ar*** úsáideoirí iompair leochaileacha. Ba cheart é sin a bhaint amach go háirithe trí thacaíocht ioncaim shealadach agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh i bhfoirgnimh, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú ***agus a stóráil***, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle chun leasa teaghlach leochaileach, micrifhiontar leochaileach***, FBManna leochaileacha*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Chun na críche sin, ba cheart do gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart ***do na Pleananna sin*** dhá chuspóir a shaothrú. I dtosach báire, ba cheart dóibh na hacmhainní is gá a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha chun infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú téimh agus fuaraithe, i bhfeithiclí agus soghluaiseacht astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhaoiniú agus a dhéanamh. Ar an dara dul síos, ba cheart dóibh an tionchar a bheidh ag an méadú i gcostas breoslaí iontaise ar na daoine is leochailí a mhaolú agus dá bhrí sin an bhochtaineacht fuinnimh agus iompair le linn na tréimhse aistrithe a chosc go dtí go gcuirfear infheistíochtaí den sórt sin chun feidhme. Ba cheart do na Pleananna comhpháirt infheistíochta a bheith acu ina gcuirtear réiteach fadtéarmach chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú chun cinn agus d'fhéadfaidís bearta eile a bheartú, lena n-áirítear tacaíocht dhíreach ioncaim chun éifeachtaí díobhálacha ioncaim a mhaolú sa ghearrthéarma. | (14) Chun na críche sin, ba cheart do gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart dhá chuspóir a shaothrú ***sna Pleananna sin***. I dtosach báire, ba cheart dóibh na hacmhainní is gá a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha***, FBManna leochaileacha*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha chun infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú téimh agus fuaraithe, i bhfeithiclí agus soghluaiseacht astaíochtaí nialasacha agus ísle ***agus i mbonneagar luchtaithe*** a mhaoiniú agus a dhéanamh. Ar an dara dul síos, ba cheart dóibh an tionchar a bheidh ag an méadú i gcostas breoslaí iontaise ar na daoine is leochailí a mhaolú agus dá bhrí sin an bhochtaineacht fuinnimh agus iompair le linn na tréimhse aistrithe a chosc go dtí go gcuirfear infheistíochtaí den sórt sin chun feidhme. Ba cheart do na Pleananna comhpháirt infheistíochta a bheith acu ina gcuirtear réiteach fadtéarmach chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú chun cinn agus d'fhéadfaidís bearta eile a bheartú, lena n-áirítear tacaíocht dhíreach ioncaim chun éifeachtaí díobhálacha ioncaim a mhaolú sa ghearrthéarma. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Is iad Ballstáit, agus iad ag dul i gcomhairle le húdaráis ar an leibhéal réigiúnach, is fearr chun Pleananna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus na | (15) Is iad Ballstáit, agus iad ag dul i gcomhairle le húdaráis ar an leibhéal réigiúnach ***agus ar an leibhéal áitiúil agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta***, is |

Pleananna sin oiriúnaithe agus dírithe ar a n-imthosca réigiúnacha agus náisiúnta ós rud é go bhfuil beartais acu cheana féin sna réimsí ábhartha agus go gcaithfidh siad úsáid cistí ábhartha eile an Aontais a phleanáil. Ar an dóigh sin, is féidir an urraim is fearr a thabhairt d'éagsúlacht leathan cásanna, saineolas sonrach rialtas áitiúil agus réigiúnach, taighde agus nuálaíocht agus caidreamh tionsclaíoch agus struchtúir idirphlé sóisialta, chomh maith le traidisiúin náisiúnta, agus rannchuidiú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na tacaíochta foriomláine do dhaoine leochaileacha.

fearr chun Pleananna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus na Pleananna sin oiriúnaithe agus dírithe ar a n-imthosca réigiúnacha agus náisiúnta ós rud é go bhfuil beartais acu cheana féin sna réimsí ábhartha agus go gcaithfidh siad úsáid cistí ábhartha eile an Aontais a phleanáil. Ar an dóigh sin, is féidir an urraim is fearr a thabhairt d'éagsúlacht leathan cásanna, saineolas sonrach rialtas áitiúil agus réigiúnach, taighde agus nuálaíocht agus caidreamh tionsclaíoch agus struchtúir idirphlé sóisialta, chomh maith le traidisiúin náisiúnta, agus rannchuidiú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na tacaíochta foriomláine do dhaoine leochaileacha.

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndírítear na bearta agus na hinfheistíochtaí go háirithe ar theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh nó ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach. Ba cheart do bhearta tacaíochta chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa cuidiú le Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as ***trádáil astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar***. | (16) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndírítear na bearta agus na hinfheistíochtaí go háirithe ar theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh nó ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha***, ar FBManna leochaileacha*** agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach. Ba cheart do bhearta tacaíochta chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa cuidiú le Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a ***bhaineann leis an aistriú agus a*** eascraíonn as ***an aistriú chuig an aeráidneodracht***. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ar feitheamh thionchar na n-infheistíochtaí sin ar chostais agus astaíochtaí a laghdú, ***chuideodh*** tacaíocht ***dea-dhírithe*** d'ioncam ***díreach*** le haghaidh na ndaoine is leochailí leis an aistriú cóir. Ba cheart tacaíocht ***den sórt*** sin a ***thuiscint mar bheart sealadach a ghabhann le dícharbónú na hearnála tithíochta*** agus iompair. Ní bheadh an tacaíocht buan toisc nach dtugann sí aghaidh ar na príomhchúiseanna atá le bochtaineacht fuinnimh agus iompair. ***Níor cheart ach tionchair dhíreacha a bhaineann le foirgnimh agus iompar de bhóthar a chur san áireamh i raon feidhme Theoir 2003/87/CE a chumhdach leis an tacaíocht sin, agus ní costais leictreachais nó teasa a bhaineann le táirgeadh cumhachta agus téimh a chur san áireamh i raon feidhme na Treorach sin.*** Ba cheart don incháilitheacht le haghaidh ***tacaíochta*** ioncaim ***dhírigh*** den sórt sin a bheith teoranta ó thaobh ama. | (17) Ar feitheamh thionchar na n-infheistíochtaí sin ar chostais agus astaíochtaí a laghdú, ***ba cheart go mbeadh gá le*** tacaíocht ***dhíreach dhea-dhírithe*** d'ioncam le haghaidh na ndaoine is leochailí leis an aistriú cóir. Ba cheart ***go dtuigfí gur beart sealadach atá sa*** tacaíocht sin a ***ghabhann leis na hinfheistíochtaí fadtéarmacha i dtreo athchóiriú domhain*** agus ***athchóiriú domhain céimneach a dhéanamh ar fhoirgnimh, mar aon le soghluaisteacht inacmhainne agus inbhuanaithe a fhaigheann tacaíocht ón gCiste, mar chuid de straitéis iomlánaíoch agus fhadtéarmach chun dul i ngleic go héifeachtach leis an mbochtaineacht fuinnimh agus leis an mbochtaineacht*** iompair. Ní bheadh an tacaíocht buan toisc nach dtugann sí aghaidh ar na príomhchúiseanna atá le bochtaineacht fuinnimh agus iompair. Ba cheart don incháilitheacht le haghaidh ***tacaíocht dhíreach*** ioncaim den sórt sin a bheith teoranta ó thaobh ama. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) Ba cheart a chur san áireamh sna hoibreacha athchóirithe go bhfuil táirgí aispeiste i bhfoirgnimh ina bhfuil aispeist agus gur cheart na táirgí sin a bhaint agus foirgnimh a chosaint ar astú aispeiste isteach sa chomhshaol nuair a dhéantar iad a uasghrádú chun críocha éifeachtúlachta fuinnimh;*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais Chomhaontú Pháras, agus an gealltanas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ba cheart do na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo cur leis an sprioc nach mór 30 % den chaiteachas uile faoin gcreat ilbhliantúil 2021-2027 a chaitheamh ar phríomhshruthú na gcuspóirí aeráide a bhaint amach, agus rannchuidiú leis an uaillmhian de 10 % de chaiteachas bliantúil a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027, a fhad agus a chuirtear an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta san áireamh freisin. Chun na críche sin, ba cheart an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na ***hEorpa***[33] ***a úsáid*** chun caiteachais an Chiste a chlibeáil. Ba cheart don Chiste tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramófar go hiomlán caighdeáin agus tosaíochtaí an Aontais ó thaobh na haeráide agus an chomhshaoil de agus an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34]. Níor cheart ach bearta agus infheistíochtaí den sórt sin a chur san áireamh sna Pleananna. Ba cheart bearta tacaíochta ioncaim ***dhírigh*** a mheas, ***mar riail ghinearálta***, mar rudaí ag a bhfuil tionchar intuartha ar chuspóirí comhshaoil, agus dá bhrí sin ba cheart iad a mheas mar a bheith i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. ***Beartaíonn an Coimisiún treoraíocht theicniúil a eisiúint do na Ballstáit i bhfad sula n-ullmhófar na*** | (18) Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais Chomhaontú Pháras, agus an gealltanas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ba cheart do na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo cur leis an sprioc nach mór 30 % den chaiteachas uile faoin gcreat ilbhliantúil 2021-2027 a chaitheamh ar phríomhshruthú na gcuspóirí aeráide a bhaint amach, agus rannchuidiú leis an uaillmhian de 10 % de chaiteachas bliantúil a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027, a fhad agus a chuirtear an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta san áireamh freisin. Chun na críche sin, ba cheart an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na ***hEorpa agus ón gComhairle a úsáid***[33] chun caiteachais an Chiste a chlibeáil. Ba cheart don Chiste tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramófar go hiomlán caighdeáin agus tosaíochtaí an Aontais ó thaobh na haeráide agus an chomhshaoil de agus an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34]. Níor cheart ach bearta agus infheistíochtaí den sórt sin a chur san áireamh sna Pleananna. Ba cheart bearta tacaíochta ***dírí*** ioncaim a mheas, ***de ghnáth***, mar rudaí ag a bhfuil tionchar intuartha ar chuspóirí comhshaoil, agus dá bhrí sin ba cheart iad a mheas mar a bheith i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Maidir le ***bearta a bhaineann le seanchórais teasa neamhéifeachtúla a athsholáthar, agus*** |

***Pleananna. Míneofar sa treoraíocht an bealach nach mór do na bearta agus na hinfheistíochtaí an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún togra a thíolacadh in 2021 le haghaidh Moladh ón gComhairle*** maidir le ***conas dul i ngleic*** leis ***na gnéithe sóisialta den aistriú glas***.

[33] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

[34] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

***aird ar leith á tabhairt ar thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha agus do mhicrifhiontair leochaileacha, ba cheart a mheas freisin nach bhfuil tionchar suntasach acu ar an gcuspóirí sin agus ba cheart a mheas go bhfuil siad i gcomhréir*** leis ***an bprionsabal thuasluaite***.

[33] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

[34] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Tá tionchar ag ***praghsáil carbóin*** ar mhná ***go háirithe mar gheall gur*** mná iad ***85 %*** de na teaghlaigh aontuismitheora. | (19) Tá tionchar ***díréireach*** ag ***bochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta*** ar mhná ***i ngeall ar*** |

| | |
|---|---|
| Baineann riosca ard bochtaineachta leanaí le teaghlaigh aontuismitheora go háirithe. Ba cheart comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna do chách, agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht le haghaidh daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh agus a chur chun cinn agus na Pleananna á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. | ***bhearnaí fostaíochta, pá ioncaim agus pá pinsin. Is*** mná iad ***85 %*** de na teaghlaigh aontuismitheora ***freisin***. Baineann riosca ard bochtaineachta leanaí le teaghlaigh aontuismitheora ***agus teaghlaigh mhóra*** go háirithe. Ba cheart comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna do chách, agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht le haghaidh daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh agus a chur chun cinn agus na Pleananna á ***ndearadh, á*** n-ullmhú agus á gcur chun feidhme chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ba cheart do ***Bhallstáit*** a bPleananna a ***chur isteach*** in éineacht leis an nuashonrú ar a bpleananna comhtháite náisiúnta ***fuinnimh*** agus ***aeráide*** i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] . Ba cheart na bearta atá le maoiniú, an costas measta a bhaineann leo agus an ranníocaíocht náisiúnta a chuimsiú sna Pleananna. Ba cheart príomh-gharspriocanna agus príomhspriocanna a bheith iontu freisin chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeart. | (20) Ba cheart do ***na Ballstáit*** a bPleananna a ***ullmhú i ndlúthchomhar leis na gníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla, leis na comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus leis na geallsealbhóirí agus leis na hionadaithe ábhartha uile ón tsochaí shibhialta, an Cód Iompair Eorpach maidir le Comhpháirtíocht á urramú acu, agus na Pleananna sin a thíolacadh,*** in éineacht leis an nuashonrú ar a bpleananna comhtháite náisiúnta ***don fhuinneamh*** agus ***don aeráid*** i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] . Ba cheart na bearta atá le maoiniú, an costas measta a bhaineann leo agus an ranníocaíocht náisiúnta a chuimsiú sna Pleananna. Ba cheart príomh-gharspriocanna agus príomhspriocanna a bheith iontu freisin chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeart. |
| [35] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint | [35] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint |

na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Ba cheart don Chiste agus do na Pleananna a bheith comhleanúnach agus leagtha amach leis na hathchóirithe agus na tiomantais a bheartaíonn na Ballstáit faoina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999, faoi Threoir [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Togra le haghaidh athmhúnlú Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh][36] , Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[37] , Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38] , na Pleananna um Aistriú Cóir de bhun Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39] agus straitéisí fadtéarmacha athchóirithe foirgneamh de bhun Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] . D’fhonn éifeachtúlacht riaracháin a áirithiú, i gcás inarb | (21) Ba cheart don Chiste agus do na Pleananna a bheith comhleanúnach agus leagtha amach leis na hathchóirithe agus na tiomantais a bheartaíonn na Ballstáit faoina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999, faoi Threoir [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Togra le haghaidh athmhúnlú Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh][36] , Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[37] , Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38] , na Pleananna um Aistriú Cóir de bhun Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39] agus straitéisí fadtéarmacha athchóirithe foirgneamh de bhun Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] . D’fhonn éifeachtúlacht riaracháin a áirithiú ***gan an t-ualach*** |

| | |
|---|---|
| infheidhme, ba cheart don fhaisnéis atá sna Pleananna a bheith comhsheasmhach leis an reachtaíocht agus na pleananna a liostaítear thuas. | ***riaracháin a mhéadú***, i gcás inarb infheidhme, ba cheart don fhaisnéis atá sna Pleananna a bheith comhsheasmhach leis an reachtaíocht agus na pleananna a liostaítear thuas. |
| [36] [Cuir tagairt isteach] | [36] [Cuir tagairt isteach] |
| [37] Arna fhormhuiniú ag an gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Meitheamh 2021. | [37] Arna fhormhuiniú ag an gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Meitheamh 2021. |
| [38] Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21). | [38] Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21). |
| [39] Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1). | [39] Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1). |
| [40] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (***IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).*** | [40] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (***IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Ba cheart don Aontas tacú le Ballstáit a bPleananna a chur chun feidhme trí bhíthin acmhainní airgeadais ón gCiste Aeráide Sóisialta. Ba cheart íocaíochtaí ón gCiste Aeráide Sóisialta a dhéanamh coinníollach ar na garspriocanna agus na spriocanna atá mar chuid de na Pleananna a bhaint amach. Ceadóidh sé sin coinníollacha agus tosaíochtaí náisiúnta a chur san áireamh a fhad agus a dhéanfar a | (22) Ba cheart don Aontas tacú le Ballstáit a bPleananna a chur chun feidhme trí bhíthin acmhainní airgeadais ***maille le tacaíocht theicniúil*** ón gCiste Aeráide Sóisialta. Ba cheart íocaíochtaí ón gCiste Aeráide Sóisialta a dhéanamh coinníollach ar na garspriocanna agus na spriocanna atá mar chuid de na Pleananna a bhaint amach. Ceadóidh sé sin coinníollacha agus tosaíochtaí náisiúnta a chur san áireamh a |

| | |
|---|---|
| chomhtháthú le cláir chaiteachais náisiúnta eile a mhaoiniú agus a éascú agus tionchar agus sláine chaiteachas an Aontais á ráthú. | fhad agus a dhéanfar a chomhtháthú le cláir chaiteachais náisiúnta eile a mhaoiniú agus a éascú agus tionchar agus sláine chaiteachas an Aontais á ráthú. ***Chun a áirithiú go bhféadfaidh teaghlaigh leochaileacha, FBManna leochaileacha agus micrifhiontair leochaileacha tacaíocht a fháil ón gCiste a luaithe is féidir, ba cheart na Pleananna a chur chun feidhme go héifeachtach ó theacht i bhfeidhm an Chiste, dá bhrí sin ba cheart don Choimisiún méid suas le 15 % de ranníocaíocht airgeadais na mBallstát a réamh-mhaoiniú.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(23)*** Ba cheart d'imchlúdach airgeadais an Chiste a bheith ag teacht, i bprionsabal le méideanna atá comhréireach le 25 % d'ioncaim ionchasacha ó ***chuimsiú foirgneamh agus iompar de bhóthar i*** raon feidhme Threoir 2003/87/CE le linn na tréimhse 2026-2032. De bhun Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle[41], ba cheart do Bhallstáit na hioncaim sin a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais mar acmhainní dílse. Maoineoidh Ballstáit ***50 %*** de chostais fhoriomlána a bPlean iad féin. Chun na críche sin, agus chun críche infheistíochta agus beart chun dlús a chur faoin aistriú is gá do shaoránaigh dá ndéantar difear go diúltach, agus an tionchar diúltach sin a mhaolú, ba cheart do Bhallstáit inter alia a n-ioncaim ionchasacha ó thrádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar faoi Threoir 2003/87/CE a úsáid chun na críche sin. | Ba cheart d'imchlúdach airgeadais an Chiste a bheith ag teacht, i bprionsabal le méideanna atá comhréireach le 25 % d'ioncaim ionchasacha ó ***athruithe ar*** raon feidhme Threoir 2003/87/CE le linn na tréimhse 2026-2032. De bhun Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle[41] , ba cheart do Bhallstáit na hioncaim sin a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais mar acmhainní dílse. Maoineoidh Ballstáit ***40 %*** de chostais fhoriomlána a bPlean iad féin. Chun na críche sin, agus chun críche infheistíochta agus beart chun dlús a chur faoin aistriú is gá do shaoránaigh dá ndéantar difear go diúltach, agus an tionchar diúltach sin a mhaolú, ba cheart do Bhallstáit inter alia a n-ioncaim ionchasacha ó thrádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar faoi Threoir 2003/87/CE a úsáid chun na críche sin. |
| [41] Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an | [41] Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an |

| | |
|---|---|
| 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1). | 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1). |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo, bainfidh teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair, atá leochaileach agus a ndéanann ***cuimsiú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE*** difear dóibh ***go háirithe leas astu***, go háirithe teaghlaigh atá ag fulaingt ó bhochtaineacht fuinnimh agus saoránaigh nach bhfuil aon rogha mhalartach iompair phoiblí acu taobh amuigh de charranna aonair (i limistéir iargúlta agus tuaithe). | Maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo, bainfidh teaghlaigh, micrifhiontair***, FBManna*** agus úsáideoirí iompair, ***lena n-áirítear na cinn sin*** atá leochaileach agus a ndéanann ***tionchar an aistrithe i dtreo aeráidneodrachta, lena n-áirítear praghsáil carbóin,*** difear dóibh, go háirithe teaghlaigh atá ag fulaingt ó bhochtaineacht fuinnimh***, daoine atá ina gcónaí i limistéir fhorimeallacha*** agus ***iargúlta, i réigiúin nó críocha lagfhorbartha, i limistéir atá thíos le míbhuntáistí móra agus i limistéir ar a bhfuil meath déimeagrafach agus*** saoránaigh nach bhfuil aon rogha mhalartach iompair phoiblí acu taobh amuigh de charranna aonair (i limistéir iargúlta agus tuaithe)***; ní fhorchuirfidh coinníollacha maidir le tacaíocht ón gCiste aon ualach maorlathach ná aon chostas breise ar theaghlaigh agus ar áitritheoirí i bhfoirgnimh ar cíos***. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é cuspóir ginearálta an Chiste rannchuidiú leis an aistriú i dtreo aeráidneodrachta trí aghaidh a thabhairt ar ***na tionchair*** shóisialta ***a bhaineann*** le | Is é cuspóir ginearálta an Chiste rannchuidiú leis an aistriú i dtreo aeráidneodrachta***, nach bhfágann aon duine ar lár,*** trí aghaidh a thabhairt ar |

hastaíochtaí ***gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh*** agus ***ón iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE***. Is é cuspóir ***shonrach*** an Chiste tacú le teaghlaigh leochaileacha, ***mionfhiontair*** leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha trí thacaíocht ***ioncaim*** dhíreach shealadach agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhéadú.

***thionchair*** shóisialta ***an aistrithe sin agus trí rannchuidiú*** le hastaíochtaí ***in earnálacha an iompair*** agus ***na bhfoirgneamh a laghdú ar bhealach atá cothrom ar bhonn sóisialta***. Is é cuspóir ***sonrach*** an Chiste tacú le teaghlaigh leochaileacha, ***micrifhiontair*** leochaileacha***, FBManna leochaileacha*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha trí thacaíocht dhíreach shealadach ***ioncaim*** agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú ***agus a stóráil***, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar ***éifeachtúil inacmhainne*** astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhéadú ***agus neodracht na teicneolaíochta á caomhnú***.

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn ‘athchóiriú foirgneamh’ gach cineál athchóirithe foirgneamh a bhaineann le fuinneamh, lena n-áirítear imchlúdach an fhoirgnimh a insliú, is é sin, ballaí, díon, urlár, fuinneoga nua a chur isteach, fearais téimh, fuaraithe agus cócaireachta nua a chur isteach, agus táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ar an láthair a shuiteáil; | (1) ciallaíonn ‘athchóiriú foirgneamh’ gach cineál athchóirithe foirgneamh a bhaineann le fuinneamh, lena n-áirítear imchlúdach an fhoirgnimh a insliú, is é sin, ballaí, díon, urlár, fuinneoga nua a chur isteach, fearais téimh, fuaraithe agus cócaireachta nua a chur isteach, ***suiteálacha leictreacha a uasghrádú*** agus táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ar an láthair a shuiteáil ***mar aon lena stóráil, agus lena n-áirítear gach cineál oibreacha athchóirithe a bhaineann le sábháilteacht arna ndéanamh ag an am céanna, amhail cosaint sheismeach, sábháilteacht leictreach, brath deataigh agus bainistiú deataigh***; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) ciallaíonn 'athchóiriú domhain foirgneamh' athchóiriú domhain mar a shainmhínítear in [Airteagal 2(19) den togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú), COM(2021) 558 final (EPBD)];*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) ciallaíonn 'bunphrionsabal éifeachtúlachta fuinnimh' tús áite a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh mar a shainmhínítear i bpointe (18) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/1999.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 9 – pointe 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) ciallaíonn 'fiontar beag nó meánmhéide' nó 'FBM' fiontar beag nó fiontar meánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[1a];***<br>______________<br>***[1a] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair*** |

***mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.05.2003, lch. 36).***

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) ciallaíonn 'úsáideoirí iompair' teaghlaigh nó ***micrifhiontair*** a úsáideann roghanna éagsúla iompair agus soghluaisteachta; | (10) ciallaíonn 'úsáideoirí iompair' teaghlaigh***, micrifhiontair*** nó ***FBManna*** a úsáideann roghanna éagsúla iompair agus soghluaisteachta; |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) ciallaíonn 'teaghlaigh leochaileacha' teaghlaigh faoi bhochtaineacht fuinnimh nó teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncaim, dá ndéanann ***na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr foirgnimh a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE*** difear suntasach ***agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú***; | (11) ciallaíonn 'teaghlaigh leochaileacha' teaghlaigh faoi bhochtaineacht fuinnimh nó teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncaim, dá ndéanann ***arduithe ar phraghsanna fuinnimh*** difear suntasach; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ciallaíonn 'micrifhiontair leochaileacha' micrifhiontair dá ndéanann tionchair ***phraghsanna foirgnimh a chuimsiú i raon feidhme*** | (12) ciallaíonn 'micrifhiontair leochaileacha' micrifhiontair dá ndéanann tionchair ***an aistrithe chuig aeráidneodracht*** difear suntasach***,*** nach |

| | |
|---|---|
| ***Threoir 2003/87/CE*** difear suntasach ***agus*** nach bhfuil sé d'acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú; | bhfuil sé d'acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú***, agus a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu chun athrú chuig roghanna iompair níos inbhuanaithe***; |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 9 – pointe 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) ciallaíonn 'fiontair bheaga nó mheánmhéide' nó 'FBManna' fiontair bheaga nó mheánmhéide dá ndéanann tionchar an aistrithe chuig aeráidneodracht difear suntasach, nach bhfuil sé d'acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú nó chun feithiclí bóthair ar a mbíonn siad ag brath agus iad i mbun gnó a uasghrádú;*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ciallaíonn 'úsáideoirí iompair ***leochaileacha***' úsáideoirí iompair, lena n-áirítear ***úsáideoirí*** ó theaghlaigh ar ***ioncam íseal agus meánioncaim, dá ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear suntasach agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu feithiclí astaíochtaí*** ísle ***agus astaíochtaí nialasacha a cheannach nó aistriú chuig modhanna iompair mhalartacha inbhuanaithe, lena n-áirítear iompar poiblí,*** go háirithe i ***limistéir*** thuaithe agus iargúlta. | (13) ciallaíonn 'úsáideoirí ***soghonta*** iompair' úsáideoirí iompair, lena n-áirítear ó theaghlaigh ar ***mheánioncaim níos*** ísle go háirithe i ***gceantair*** thuaithe agus iargúlta. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') faoi bhráid an Choimisiúin in éineacht leis an nuashonrú ar an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis an nós imeachta agus an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin. Beidh sraith chomhleanúnach beart agus infheistíochtaí sa Phlean chun aghaidh a thabhairt ar ***thionchar na praghsála carbóin*** ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun téamh, fuarú agus soghluaiseacht inacmhainne a áirithiú agus na bearta is gá ag gabháil leo agus dlús á chur leo chun spriocanna aeráide an Aontais a ***chomhlíonadh***. | 1. Cuirfidh gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') faoi bhráid an Choimisiúin in éineacht leis an nuashonrú ar an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis an nós imeachta agus an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin***, agus i gcás inarb ábhartha, rachaidh siad i gcomhairle leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhíonn ag obair leis an bpobal i gcásanna leochaileachta agus trí Phrionsabal na Comhpháirtíochta a chur i bhfeidhm***. Beidh sraith chomhleanúnach beart agus infheistíochtaí sa Phlean chun aghaidh a thabhairt ar ***thionchair an aistrithe chuig aeráidneodracht*** ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha***, ar FBManna leochaileacha*** agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun téamh, fuarú agus soghluaiseacht inacmhainne ***éifeachtúil*** a áirithiú agus na bearta is gá ag gabháil leo agus dlús á chur leo chun spriocanna aeráide an Aontais a ***bhaint amach***. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Beidh lánaird ag na Pleananna ar an gcéad phrionsabal maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Déanfaidh na Ballstáit breithniú ar an Moladh agus na Treoirlínte maidir le cur chun feidhme an phrionsabail a eisíodh le déanaí, ina*** |

***minítear conas is féidir le cinntí pleanála, beartais agus infheistíochta tomhaltas fuinnimh a laghdú i roinnt príomhearnálacha, lena n-áirítear earnálacha an fhuinnimh agus an iompair.***

__________________

***[1a] Moladh C(2021) 7014 final ón gCoimisiún an 28.9.2021 maidir le "Éifeachtúlacht Fuinnimh ar dtús: ó phrionsabail go cleachtas. Treoirlínte agus samplaí dá cur chun feidhme sa chinnteoireacht san earnáil fuinnimh agus níos faide i gcéin.***

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** bearta náisiúnta ***a sholáthraíonn*** tacaíocht ***dhíreach*** ioncaim ***shealadach*** do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh ar ***úsáideoirí iompair leochaileacha iad a bheith mar chuid den Phlean chun an tionchar a bheidh*** ag an ***méadú ar phraghas breoslaí iontaise mar thoradh ar foirgnimh*** agus ***iompar de bhóthar a chuimsiú i*** raon feidhme ***Threoir 2003/87/CE***. | 2. ***Féadfar a áireamh sa Phlean*** bearta náisiúnta ***lena soláthraítear*** tacaíocht ***shealadach*** ioncaim ***dhírigh faoi mhaoirseacht*** do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh ***leochaileacha atá ina n-úsáideoirí soghonta iompair chun tionchar an aistrithe chuig neodracht aeráide, praghsanna fuinnimh atá ag ardú agus/nó tionchar praghsála astaíochtaí*** ar ***leictreachas, téamh agus iompar a laghdú, agus*** ag an ***am céanna réiteach fadtéarmach a sholáthar chun costais fuinnimh*** agus ***iompair a laghdú trí athchóiriú agus bearta eile faoi*** raon feidhme ***Airteagal 6 den Rialachán seo gan aon chostas breise a chur ar an tairbhí deiridh***. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bearta agus infheistíochtaí a ***mhaoiniú chun*** éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú***, chun bearta feabhsúcháin*** éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, chun athchóiriú foirgneamh a dhéanamh***,*** agus ***chun téamh*** agus ***fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear*** táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí ***inathnuaite*** fuinnimh ***a chomhtháthú***; | (a) bearta ***airgeadais*** agus infheistíochtaí ***chun feidhmíocht fuinnimh*** a ***fheabhsú agus*** éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú ***agus a sábháilteacht a áirithiú trí bhearta gníomhacha agus éighníomhacha feabhsaithe*** éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, chun ***cigireacht agus*** athchóiriú ***sábháilteachta leictrí, dóiteáin agus seismí a dhéanamh, chun athchóirithe*** foirgneamh a dhéanamh agus ***saoráidí ar an láthair*** agus ***in aice láimhe a shuiteáil don*** táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí fuinnimh ***in-athnuaite, chomh maith lena stóráil, chun freastal ar riachtanais fuinnimh iarmharaigh, lena n-áirítear le haghaidh téimh agus fuarú***; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) tacaíocht airgeadais agus theicniúil a chur ar fáil do phobail fuinnimh in-athnuaite agus do thionscadail forbartha áitiúla atá faoi stiúir an phobail i gceantair uirbeacha agus thuaithe, lena n-áirítear córais fuinnimh atá faoi úinéireacht áitiúil, mar aon leis na socruithe chun dul i mbun caidrimh agus d'fhothú acmhainneachta ar an leibhéal áitiúil a chuirtear ar bun trí thionscadail saoránach;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) bearta airgeadais lena dtugtar aghaidh ar bhacainní neamhairgeadaíochta ar fheabhsúcháin maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus ar ghlacadh fuinnimh in-athnuaite mar aon le bacainní ar rochtain a fháil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe agus ar sheirbhísí poiblí iompair, chun an bhochtaineacht fuinnimh agus an bhochtaineacht iompair a chomhrac. Féadfar comhairliúcháin fuinnimh agus seirbhísí comhairle, lena n-áirítear ar leibhéal an phobail, a áireamh orthu sin;*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bearta agus infheistíochtaí a ***mhaoiniú chun an glacadh atá le soghluaiseacht*** agus ***iompar astaíochtaí ísle*** agus astaíochtaí nialasacha a ***mhéadú.*** | (b) bearta agus infheistíochtaí ***airgeadais*** a ***bhfuil tionchar marthanach acu d'fhonn méadú a dhéanamh ar ghlacadh*** agus ***ar úsáid soghluaisteacht*** agus ***seirbhísí iompair*** astaíochtaí nialasacha ***agus ísle, go háirithe i limistéir thuaithe, imeallacha agus iargúlta, i réigiúin nó i gcríocha lagfhorbartha, iad siúd atá thíos le míbhuntáistí tromchúiseacha agus iad siúd atá i meath déimeagrafach, lena n-áirítear tacaíocht faisnéise, fothú acmhainní agus an oiliúint is gá chun na bearta agus na hinfheistíochtaí sin*** a ***chur chun feidhme agus neodracht theicneolaíoch á hurramú ag an am céanna;*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Cuirfear na pleananna ar fáil go poiblí agus beidh siad inrochtana.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bearta agus infheistíochtaí coincréiteacha i gcomhréir le hAirteagal 3 chun na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír sin mar aon le míniú ar an gcaoi a gcuirfeadh siad go héifeachtúil leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach laistigh de leagan amach foriomlán bheartais ábhartha an Bhallstáit; | (a) bearta agus infheistíochtaí coincréiteacha i gcomhréir le hAirteagal 3 ***agus Airteagal 6*** chun ***bochtaineacht fuinnimh agus bochtaineachta iompair a chomhrac agus chun*** na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír sin mar aon le míniú ar an gcaoi a gcuirfeadh siad go héifeachtúil leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach laistigh de leagan amach foriomlán bheartais ábhartha an Bhallstáit; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na bearta coincréiteacha a ghabhann leo ***agus*** is gá chun na bearta agus infheistíochtaí atá sa Phlean a bhaint amach agus na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) a laghdú chomh maith le faisnéis maidir le maoiniú reatha nó beartaithe beart agus infheistíochtaí ó fhoinsí eile de chuid an Aontais, agus ó fhoinsí idirnáisiúnta, poiblí nó príobháideacha; | (b) na bearta coincréiteacha a ghabhann leo is gá chun na bearta agus infheistíochtaí atá sa Phlean a bhaint amach agus na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) a laghdú chomh maith le faisnéis maidir le maoiniú reatha nó beartaithe beart agus infheistíochtaí ó fhoinsí eile de chuid an Aontais, agus ó fhoinsí idirnáisiúnta, poiblí nó príobháideacha; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) bearta arb é is aidhm dóibh tacú le húinéirí tí agus le tiarnaí talún na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí chosaintí sóisialta;*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) meastachán ***maidir leis*** na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an méadú sin ar phraghsanna ar theaghlaigh, ar ráta tarlaithe na bochtaineachta fuinnimh, ar mhicrifhiontair agus ar úsáideoirí iompair, agus ina gcuimseofar go háirithe meastachán ***maidir le teaghlaigh*** leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha agus ***sainaithneofar na teaghlaigh, micrifhiontair*** agus ***úsáideoirí*** sin; déanfar anailísiú ar na tionchair sin le leibhéal ***leordhóthanach dí-chomhiomlánaithe***, ag cur gnéithe amhail rochtain ar iompar poiblí agus seirbhísí bunúsacha san áireamh agus na limistéir is mó dá ndéantar difear, go háirithe críocha atá iargúlta agus limistéir thuaithe, a shainaithint; | (c) meastachán ***ar*** na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an méadú sin ar phraghsanna ar theaghlaigh, ***agus go háirithe*** ar ráta tarlaithe na bochtaineachta fuinnimh ***agus iompair***, ar mhicrifhiontair***, ar FBManna*** agus ar úsáideoirí iompair, agus ina gcuimseofar go háirithe meastachán ***ar theaghlaigh*** leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha***, FBManna leochaileacha*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha agus ***sainaithint na dteaghlach, na micrifhiontar, na FBManna*** agus ***na n-úsáideoirí*** sin; déanfar anailísiú ar na tionchair sin le leibhéal ***iomchuí imdhealaithe réigiúnaigh***, ***agus sonraí imdhealaithe de réir inscne agus na sonraíochtaí náisiúnta á gcur san áireamh,*** ag cur gnéithe amhail rochtain ar iompar poiblí agus seirbhísí bunúsacha san áireamh agus na limistéir is mó dá ndéantar difear, go háirithe críocha atá iargúlta agus limistéir thuaithe, a shainaithint; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) i gcás ina bhfuil foráil sa Phlean maidir le bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), na critéir chun faighteoirí deiridh incháilithe a shainaithint, léiriú ar an teorainn ama a shamhlaítear le haghaidh na mbeart i gceist agus an t-údar atá leo ar bhonn meastacháin chainníochtúil agus mínithe cháilíochtúil ar an gcaoi a bhfuiltear ag súil go laghdóidh na bearta sa Phlean bochtaineacht fuinnimh agus iompair agus leochaileacht teaghlach, micrifhiontar agus úsáideoirí iompair do mhéadú ar phraghsanna iompair bóthair agus breoslaí téimh; | (d) i gcás ina bhfuil foráil sa Phlean maidir le bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), na critéir chun faighteoirí deiridh incháilithe a shainaithint, léiriú ar an teorainn ama a shamhlaítear le haghaidh na mbeart i gceist agus an t-údar atá leo ar bhonn meastacháin chainníochtúil agus mínithe cháilíochtúil ar an gcaoi a bhfuiltear ag súil go laghdóidh na bearta sa Phlean***, amhail bearta athchóirithe, infheistíocht atá dírithe ar bhonneagar iompair phoiblí a fhorbairt agus a leathnú chomh maith leis an mbonneagar digiteach teicneolaíochta,*** bochtaineacht fuinnimh agus iompair agus leochaileacht teaghlach, micrifhiontar***, FMBanna*** agus úsáideoirí iompair do mhéadú ar phraghsanna iompair bóthair agus breoslaí téimh; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) na ***garspriocanna, na spriocanna*** agus an t-amchlár táscach atá beartaithe chun na bearta a chur chun feidhme, agus infheistíochtaí a bheidh le tabhairt i gcrích faoin 31 Iúil 2032; | (e) ***garspriocanna atá beartaithe, spriocanna chun líon*** na ***dteaghlach leochaileach, micrifhiontair leochaileacha, FBManna leochaileacha a laghdú*** agus an t-amchlár táscach atá beartaithe chun na bearta a chur chun feidhme, agus infheistíochtaí a bheidh le tabhairt i gcrích faoin 31 Iúil 2032; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) méid measta an réamhchistithe is gá chun na bearta a sheoladh;*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) na socruithe chun cosc a chur ar ualach maorlathach do thairbhithe teaghlaigh a fhaigheann tacaíocht ón gCiste;*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Leagfaidh na Ballstáit síos straitéis chumarsáide mhionsonraithe a úsáidfidh siad chun teagmháil agus cumarsáid a dhéanamh le daoine atá bocht ó thaobh fuinnimh de agus/nó ó thaobh soghluaiseacht de nó i mbaol faoi seach. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil do na tairbhithe deiridh maidir le hincháilitheacht agus conas rochtain a fháil ar chistiú agus déanfaidh siad socruithe maidir le cúnamh pearsanta agus treoir.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh na Pleananna comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá san áireamh iontu agus leis na gealltanais a rinne na Ballstáit faoi Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/1057, faoina gcláir oibríochtúla um an mbeartas comhtháthaithe faoi Rialachán (AE) 2021/1058[55] , faoina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56], faoina straitéisí fadtéarmacha um athchóiriú foirgneamh de bhun Threoir 2010/31/AE agus faoina bpleananna nuashonraithe agus comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide faoi Rialachán (AE) 2018/1999. Beidh siad comhlántach leis na Pleananna ***um Aistriú Cóir*** de bhun Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57]. | 2. Beidh na Pleananna comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá san áireamh iontu agus leis na gealltanais a rinne na Ballstáit faoi Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/1057, faoina gcláir oibríochtúla um an mbeartas comhtháthaithe faoi Rialachán (AE) 2021/1058[55] , faoina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56], faoina straitéisí fadtéarmacha um athchóiriú foirgneamh de bhun Threoir 2010/31/AE agus faoina bpleananna nuashonraithe agus comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide faoi Rialachán (AE) 2018/1999. Beidh siad comhlántach leis na Pleananna ***Idirthréimhse Críche freisin*** de bhun Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57] ***agus, dá bhrí sin, méadóidh na hionstraimí airgeadais sin go léir sineirge na mbeart agus, ag an am céanna, déanfar aon fhéidearthacht maidir le cistiú dúbailte a chosc agus a sheachaint***. |
| [55] Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60). | [55] Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60). |
| [56] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (***IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).*** | [56] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (***IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).*** |
| [57] Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an | [57] Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an |

| | |
|---|---|
| Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1). | Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1). |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) athchóiriú foirgneamh; | (b) athchóiriú foirgneamh ***lena mbaineann coigilteas suntasach ar chostais fuinnimh***; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) soghluaiseacht agus iompar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha; | (c) soghluaiseacht agus iompar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha***, agus neodracht theicneolaíoch á urramú***; |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) laghduithe ar an líon teaghlach leochaileach, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, ***micrifhiontair*** leochaileacha agus ***úsáideoirí*** iompair leochaileacha, lena n-áirítear i limistéir thuaithe agus iargúlta**.** | (e) laghduithe ar an líon teaghlach leochaileach, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh ***agus faoi bhochtaineacht iompair***, ***ar líon na micrifhiontar leochaileach, ar líon na FBManna*** leochaileacha agus ***ar líon na n-úsáideoirí*** iompair leochaileacha, lena n-áirítear i limistéir thuaithe agus iargúlta***, imdhealaithe de réir inscne;*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) feabhas a chur ar shábháilteacht, go háirithe ar laghdú ar líon na bhfoirgneamh ina bhfuil suiteálacha leictreacha neamhshábháilte, méadú ar an gcaoi a mbraitear deataigh, cosaint sheismeach bainistíochta deataigh agus sochtadh uathoibríoch dóiteáin;*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) beidh fiontair a bhaineann tairbhe as an gCiste coinníollach ar urramú na gcoinníollacha oibre agus na n-oibleagáidí fostóirí is infheidhme de thoradh dhlí an tsaothair agus/nó comhaontuithe comhchoiteanna.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh Ballstáit na costais a bhaineann leis na bearta lena soláthraítear tacaíocht dhíreach ioncaim shealadach do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh leochaileacha ar úsáideoirí iompair iad a áireamh d'fhonn an méadú ar phraghsanna iompair de bhóthar agus breoslaí téimh a iompar. ***Laghdófar tacaíocht den sórt*** sin le himeacht ***aimsire agus beidh sí teoranta don tionchar díreach a bheidh ag trádáil astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar***. | 1. Féadfaidh Ballstáit na costais a bhaineann leis na bearta lena soláthraítear tacaíocht dhíreach ioncaim shealadach do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh leochaileacha ar úsáideoirí iompair iad a áireamh d'fhonn an méadú ar phraghsanna iompair de bhóthar agus breoslaí téimh a iompar. ***Tá an chabhair*** sin ***ag laghdú*** le himeacht ***ama***. Cuirfear deireadh leis an incháilitheacht ar thacaíocht ioncaim dhírigh den sórt sin laistigh de na teorainneacha ama a |

| | |
|---|---|
| Cuirfear deireadh leis an incháilitheacht ar thacaíocht ioncaim dhírigh den sórt sin laistigh de na teorainneacha ama a shainaithnítear faoi Airteagal 4(1), pointe (d). | shainaithnítear faoi Airteagal 4(1), pointe (d). |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh Ballstáit na ***costais a bhaineann leis na bearta*** agus na ***hinfheistíochtaí seo a leanas a chur san*** áireamh i ***g costais*** mheasta iomlána na bPleananna, ar choinníoll go mbaineann teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha nó úsáideoirí iompair leochaileacha go príomha tairbhe astu agus go bhfuil siad beartaithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh: | 2. Féadfaidh Ballstáit ***costais*** na ***mbeart*** agus na ***n-hinfheistíochtaí fadtéarmacha sin a mbeidh tionchair mharthanacha acu a*** áireamh i ***gcostais*** mheasta iomlána na bPleananna, ar choinníoll go mbaineann teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha***, FBManna leochaileacha*** nó úsáideoirí iompair leochaileacha go príomha tairbhe astu agus go bhfuil siad beartaithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tacú le ***hathchóirithe*** foirgneamh, go háirithe ***dóibh siúd*** atá ag ***áitiú na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla***, lena ***n-áirítear i bhfoirm tacaíochta*** airgeadais nó dreasachtaí fioscacha amhail ***cead chun na*** costais athchóirithe a ***bhaint*** ón gcíos***,*** beag beann ar úinéireacht na bhfoirgneamh lena mbaineann***;*** | (a) ***ag*** tacú le ***hathchóiriú*** foirgneamh, ***amhail athchóiriú domhain, céimneach, maidir le tithíocht shóisialta agus limistéir dhíothacha,*** go háirithe ***i gcás daoine*** atá ***sna foirgnimh is measa atá*** ag ***feidhmiú***, ***tacaíocht den sórt sin*** lena ***gcuimsítear tacaíocht*** airgeadais nó dreasachtaí fioscacha amhail costais athchóirithe a ***asbhaint*** ón gcíos beag beann ar úinéireacht na bhfoirgneamh lena mbaineann***, agus a áirithiú ag an am céanna nach mbeidh tionchar ag na costais athchóirithe ar theaghlaigh, go háirithe ar chíosóirí,*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) úinéireacht tithíochta le scóir mhaithe fuinnimh a chur chun cinn, i bhfoirm tacaíochta airgeadais nó dreasachtaí fioscacha;*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rannchuidiú le dícharbónú, lena n-áirítear leictriú, téimh agus fuaraithe ***foirgneamh*** agus ***cócaireacht*** i bhfoirgnimh agus comhtháthú fuinnimh ***ó fhoinsí in-athnuaite*** a rannchuidíonn le ***fuinneamh a choigilt***; | (b) rannchuidiú le dícharbónú, lena n-áirítear leictriú, ***digitiú*** téimh agus fuaraithe ***fearas cumhachta*** agus ***cócaireachta*** i bhfoirgnimh agus comhtháthú ***agus stóráil*** fuinnimh a rannchuidíonn le ***héachtaí coigiltis fuinnimh mar atá leagtha amach sa [an Treoir maidir le FFF]***; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha chun réitigh athchóirithe inacmhainne ***don éifeachtúlacht fuinnimh*** a fhorbairt agus a chur ar fáil agus ***ionstraimí maoinithe*** iomchuí i gcomhréir le spriocanna sóisialta an Chiste; | (c) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha chun réitigh athchóirithe ***éifeachtúlachta fuinnimh atá sábháilte agus*** inacmhainne a fhorbairt agus a chur ar fáil ***lena n-áirítear iad siúd a úsáideann ábhair tógála inbhuanaithe*** agus ***nuálacha go hiomlán i gcomhréir le prionsabal an gheilleagair chiorclaigh agus le hionstraimí*** iomchuí ***cistiúcháin*** i gcomhréir le spriocanna sóisialta an Chiste; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) faisnéis spriocdhírithe, tacaíocht, forbairt acmhainní agus oiliúint is gá a sholáthar chun na réitigh athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme agus rochtain a thabhairt ar sheirbhísí soghluaisteachta agus iompair atá saor ó astaíochtaí agus íseal-astaíochtaí;*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) tacú le coimircí leordhóthanacha a chur san áireamh in athchóirithe foirgneamh, go háirithe do na daoine is leochailí, lena n-áirítear i bhfoirm cúnaimh theicniúil agus tacaíochta airgeadais;*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) rochtain ar fheithiclí ***agus*** ar rothair astaíochtaí nialasacha agus ísle a chur ar fáil, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha chun iad a cheannach agus le haghaidh bhonneagar poiblí agus | (d) rochtain ar fheithiclí***,*** ar rothair***, ar mhodhanna eile iompair*** astaíochtaí nialasacha agus ísle a chur ar fáil, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha chun iad a cheannach agus le |

| | |
|---|---|
| príobháideach iomchuí, lena n-áirítear le haghaidh athluchtú agus athbhreoslú; maidir le tacaíocht i dtaca le feithiclí astaíochtaí ísle, cuirfear tráthchlár ar fáil chun an tacaíocht a laghdú de réir a chéile; | haghaidh bhonneagar poiblí agus príobháideach iomchuí, lena n-áirítear le haghaidh athluchtú agus athbhreoslú; maidir le tacaíocht i dtaca le feithiclí astaíochtaí ísle, cuirfear tráthchlár ar fáil chun an tacaíocht a laghdú de réir a chéile ***chomh maith le réitigh fhadtéarmacha a chur chun feidhme gan aon chostas breise a chur ar thairbhithe teaghlaigh***; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) tacaíocht a thabhairt do FBManna leochaileacha agus do mhicrifhiontair agus a bhflít feithiclí á n-athnuachan acu, go háirithe trí chomhairle shaincheaptha a chur ar fáil maidir le feithiclí malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann agus trí chúnamh spriocdhírithe a thabhairt chun astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle a cheannach;*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) saor-rochtain ar iompar poiblí a dheonú nó taraifí oiriúnaithe le haghaidh rochtain ar iompar poiblí, chomh maith le soghluaisteacht inbhuanaithe ar éileamh agus seirbhísí comhroinnte soghluaisteachta; | (e) saor-rochtain ar iompar poiblí a dheonú nó taraifí oiriúnaithe le haghaidh rochtain ar iompar poiblí, chomh maith le soghluaisteacht inbhuanaithe ar éileamh agus seirbhísí comhroinnte soghluaisteachta***, lena n-áirítear soghluaisteacht shóisialta roinnte***; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) tacú le ***heintitis*** phoiblí agus phríobháideacha chun seirbhísí soghluaisteachta agus iompair astaíochtaí nialasacha agus ísle inacmhainne a chur ar fáil agus tacú le ráta glactha roghanna soghluaisteachta gníomhacha tarraingteacha do limistéir thuaithe, oileánacha, shléibhe, iargúlta agus do limistéir nach bhfuil rochtain mhaith orthu nó do réigiúin nó críocha lagfhorbartha, lena n-áirítear ceantair pheirea-uirbeacha lagfhorbartha. | (f) ***nascacht dhigiteach a chothú agus réitigh teicneolaíochta a chothabháil chun*** tacú le ***daoine, eintitis*** phoiblí agus phríobháideacha chun seirbhísí soghluaisteachta agus iompair astaíochtaí nialasacha agus ísle inacmhainne a chur ar fáil agus tacú le ráta glactha roghanna soghluaisteachta gníomhacha tarraingteacha do limistéir thuaithe, oileánacha, shléibhe, iargúlta agus do limistéir nach bhfuil rochtain mhaith orthu nó do réigiúin nó críocha lagfhorbartha, lena n-áirítear ceantair pheirea-uirbeacha lagfhorbartha. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) cothú a dhéanamh ar nascacht dhigiteach agus ar réitigh theicneolaíocha chun tacú le daoine atá thíos leis an mbochtaineacht iompair i gceantair thuaithe, oileánacha, shléibhtiúla, iargúlta agus ceantair ar lú a rochtain ar sheirbhísí bunúsacha nó ar iompar poiblí;*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe f b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fb) tacú leis na bearta a bhaineann le seanchórais teasa neamhéifeachtúla a athsholáthar agus aird ar leith á tabhairt ar thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha agus do mhicrifhiontair*** |

| | |
|---|---|
| | ***leochaileacha.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. I gcás ina gcruthaíonn an Ballstát áirithe ina phlean nach ndéanann na hidirghabhálacha poiblí dá dtagraítear i mír 1 an méadú ar an bpraghas a leanann as na hearnálacha foirgneamh agus iompair de bhóthar a chuimsiú i raon feidhme Threoir 2003/87/CE a fhritháireamh go hiomlán, féadfar tacaíocht dhíreach ioncaim a chur san áireamh sna costais mheasta iomlána i dteorainneacha an ardú praghsanna nach bhfuil fritháirithe go hiomlán.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tairbhí a chur ar aghaidh chuig teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair | Tairbhí a chur ar aghaidh chuig teaghlaigh, ***FBManna,*** micrifhiontair agus úsáideoirí iompair |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh Ballstáit tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil d'eintitis phoiblí nó phríobháideacha seachas teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha a | Féadfaidh Ballstáit tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil d'eintitis phoiblí nó phríobháideacha ***agus neamhbhrabúsacha*** seachas teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha***, FMBanna*** |

| | |
|---|---|
| chur san áireamh sna costais mheasta iomlána, i gcás ina ndéanann na heintitis sin bearta agus infheistíochtaí a bhíonn chun leasa ***theaghlaigh leochaileacha, mhicrifhiontair leochaileacha*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha ar deireadh. | ***leochaileacha*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha a chur san áireamh sna costais mheasta iomlána, i gcás ina ndéanann na heintitis sin bearta agus infheistíochtaí a bhíonn chun leasa ***teaghlach leochaileach, micrifhiontar leochaileach,*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha ar deireadh. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh Ballstát foráil maidir leis na cosaintí reachtúla agus conarthacha is gá lena áirithiú go gcuirtear an leas ar fad ar aghaidh chuig na teaghlaigh, na micrifhiontair agus na húsáideoirí iompair. | Déanfaidh Ballstát foráil maidir leis na cosaintí reachtúla agus conarthacha is gá lena áirithiú go gcuirtear an leas ar fad ar aghaidh chuig na teaghlaigh, na micrifhiontair***, na FMBanna*** agus na húsáideoirí iompair. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is EUR 23 700 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse ***2025-2027***. | 1. Is ***é*** EUR 23 700 000 000 ***ar a laghad*** i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse ***2024, ar a dhéanaí, go dtí 2027***. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is EUR 48 500 000 000 ***i bpraghsanna*** reatha a bheidh san | 2. Is ***é*** EUR 48 500 000 000 ***de réir praghsanna*** reatha ***ar*** a ***laghad a*** bheidh |

| | |
|---|---|
| imchlúdach airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse 2028-2032, faoi réir ag infhaighteacht na méideanna faoi uasteorainneacha bliantúla an chreata airgeadais ilbhliantúil is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 312 CFAE. | san imchlúdach airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse 2028-2032, faoi réir ag infhaighteacht na méideanna faoi uasteorainneacha bliantúla an chreata airgeadais ilbhliantúil is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 312 CFAE. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh ***Ballstáit*** cur chun feidhme beart agus infheistíochtaí a bhfuil an Ciste seo chun a leasa a chur ar iontaoibh údaráis bhainistíochta Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) arna bhunú ag Rialachán (AE) 2021/1057 agus na gclár oibríochtúil um an mbeartas comhtháthaithe faoi Rialachán (AE) 2021/1058, sa chás gur infheidhme sin i bhfianaise na sineirgí leis na cistí sin den Aontas agus i gcomhréir le cuspóirí an Chiste. Tabharfaidh Ballstáit fógra faoina n-intinn maidir leis na nithe sin a chur ar iontaoibh na n-údarás bainistíochta sin ina bPleananna. | 2. ***Beidh sé de shaoirse ag na Ballstáit, ag brath ar a struchtúr náisiúnta, a roghnú cé na húdaráis a mbeidh sé de chúram orthu bearta agus infheistíochtaí a bhaineann tairbhe as an gCiste a chur chun feidhme. Más rud é gur mhian leis na Ballstáit é,*** féadfaidh ***siad*** cur chun feidhme beart agus infheistíochtaí a bhfuil an Ciste seo chun a leasa a chur ar iontaoibh údaráis bhainistíochta Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) arna bhunú ag Rialachán (AE) 2021/1057 agus na gclár oibríochtúil um an mbeartas comhtháthaithe faoi Rialachán (AE) 2021/1058, sa chás gur infheidhme sin i bhfianaise na sineirgí leis na cistí sin den Aontas agus i gcomhréir le cuspóirí an Chiste. Tabharfaidh Ballstáit fógra faoina n-intinn maidir leis na nithe sin a chur ar iontaoibh na n-údarás bainistíochta sin ina bPleananna. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh na Ballstáit a áireamh ina bPlean, mar chuid de na costais mheasta | 3. Féadfaidh na Ballstáit a áireamh ina bPlean, mar chuid de na costais mheasta |

| | |
|---|---|
| iomlána, na híocaíochtaí le haghaidh tacaíocht theicniúil bhreise i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/240 agus méid na ranníocaíochta in airgead tirim chun críoch urrann an Bhallstáit de bhun fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/523. Ní rachaidh na costais sin thar 4 % de leithdháileadh iomlán airgeadais an Phlean, agus comhlíonfaidh na bearta ábhartha, mar a leagtar amach sa Phlean, an Rialachán seo. | iomlána, na híocaíochtaí le haghaidh tacaíocht theicniúil bhreise i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/240 agus méid na ranníocaíochta in airgead tirim chun críoch urrann an Bhallstáit de bhun fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/523. Ní rachaidh na costais sin thar 4 % de leithdháileadh iomlán airgeadais an Phlean, agus comhlíonfaidh na bearta ábhartha, mar a leagtar amach sa Phlean, an Rialachán seo. ***Ina theannta sin, i gcás inar gá, féadfaidh an Ballstát bearta breise cúnaimh theicniúil a mholadh chun acmhainneacht agus éifeachtúlacht na n-údarás poiblí agus na gcomhlachtaí poiblí, na dtairbhithe agus na gcomhpháirtithe ábhartha a neartú, ar bearta iad a bheidh riachtanach chun na Cistí a bhainistiú agus a úsáid go héifeachtach.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Arna iarraidh sin do Bhallstát an tráth céanna a thíolacann sé a Phleananna Aeráide Sóisialta, déanfaidh an Coimisiún íocaíocht réamh-mhaoinithe suas le 15 % den leithdháileadh airgeadais. Déanfaidh an Coimisiún an íocaíocht chomhfhreagrach laistigh, a mhéid is féidir, de 2 mhí tar éis don Choimisiún an gealltanas dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 18 a ghlacadh. Áiritheofar leis sin gur féidir le teaghlaigh leochaileacha, FBManna leochaileacha agus micrifhiontair leochaileacha tacaíocht a fháil ón gCiste a luaithe is féidir.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh Ballstáit ***50*** faoin gcéad ar a laghad de chostais mheasta iomlána a bPleananna a ranníoc. | 1. Déanfaidh Ballstáit ***40*** faoin gcéad ar a laghad de chostais mheasta iomlána a bPleananna a ranníoc. |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) cibé an ionann nó nach ionann an Plean agus freagairt ar an tionchar sóisialta ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha agus ar na dúshláin atá rompu sa Bhallstát lena mbaineann, mar thoradh ar bhunú an chórais trádála astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, agus aird chuí ar na dúshláin a shainaithnítear i measúnuithe an Choimisiúin ar an nuashonrú ar phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit lena mbaineann agus ar a dhul chun cinn de bhun Airteagal 9(3), agus Airteagail 13 agus 29 i Rialachán (AE) 2018/1999, chomh maith le i moltaí an Choimisiúin do Bhallstáit a eisítear de bhun Airteagal 34 i Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfianaise an chuspóra fhadtéarmaigh d'aeráidneodracht san Aontas faoi 2050. Cuirfear san áireamh leis sin dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann. | (i) cibé an ionann nó nach ionann an Plean agus freagairt ar an tionchar sóisialta ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha***, ar FBManna leochaileacha*** agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha agus ar na dúshláin atá rompu sa Bhallstát lena mbaineann ***de bharr iarmhairtí a eascraíonn as an aistriú chuig neodracht aeráide***, mar thoradh ar bhunú an chórais trádála astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, agus aird chuí ar na dúshláin a shainaithnítear i measúnuithe an Choimisiúin ar an nuashonrú ar phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit lena mbaineann agus ar a dhul chun cinn de bhun Airteagal 9(3), agus Airteagail 13 agus 29 i Rialachán (AE) 2018/1999, chomh maith le i moltaí an Choimisiúin do Bhallstáit a eisítear de bhun Airteagal 34 i Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfianaise an chuspóra fhadtéarmaigh d'aeráidneodracht san Aontas faoi 2050. Cuirfear san áireamh leis sin dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) cibé acu ***a bhfuil*** nó nach bhfuil bearta agus infheistíochtaí sa Phlean ***a chuireann leis an aistriú glas***, lena n-áirítear ***le dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as*** agus go háirithe ***a chuireann le gnóthú chuspóirí*** aeráide agus fuinnimh an Aontais ***do 2030*** agus garspriocanna 2030 na Straitéise ***um an tSoghluaisteacht***. | (iii) cibé acu ***atá*** nó nach bhfuil bearta agus infheistíochtaí ***nuálacha agus reatha*** sa Phlean, lena n-áirítear ***i réitigh dhigiteacha lena dtugtar aghaidh ar thionchair shóisialta an aistrithe ghlais,*** agus go háirithe ***chun cuspóirí*** aeráide agus fuinnimh ***2030 agus 2050*** an Aontais agus garspriocanna 2030 na Straitéise ***Soghluaisteachta a bhaint amach***. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) cibé an meastar go mbeidh tionchar buan ag an bPlean ar na dúshláin a dtugann an Plean sin aghaidh orthu agus go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, sa Bhallstát lena mbaineann; | (i) cibé an meastar go mbeidh tionchar buan ag an bPlean ar na dúshláin a dtugann an Plean sin aghaidh orthu agus go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha***, ar FBManna leochaileacha*** agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, sa Bhallstát lena mbaineann; |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) cibé an meastar go n-áiritheofar leis na socruithe atá beartaithe ag an mBallstát lena mbaineann go ndéanfar faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach ar an bPlean, lena n-áirítear an tráthchlár a shamhlaítear, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí | (ii) cibé an meastar go n-áiritheofar leis na socruithe atá beartaithe ag an mBallstát lena mbaineann go ndéanfar faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach ar an bPlean, lena n-áirítear ***rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ábhartha uile i gcomhréir le Prionsabal na*** |

| | |
|---|---|
| gaolmhara; | ***Comhpháirtíochta,*** an tráthchlár a shamhlaítear, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara; |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b – pointe iii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia) cibé acu an bhfuil na bearta atá molta sách éifeachtach ar an leibhéal náisiúnta agus cibé acu an bhfuil siad ag cur leis an ualach riaracháin breise;*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann Plean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn cúinsí oibiachtúla, ***go háirithe mar gheall ar fhíorthionchair dhíreacha an chórais trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE,*** féadfaidh an Ballstát lena mbaineann leasú ar a Phlean, chun na hathruithe is gá agus a bhfuil údar cuí leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go n-ullmhófaí iarraidh den sórt sin. | 1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann Plean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn cúinsí oibiachtúla, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann leasú ar a Phlean, chun na hathruithe is gá agus a bhfuil údar cuí leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go n-ullmhófaí iarraidh den sórt sin. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Is i gcomhréir le hAirteagal 15 a dhéanfaidh*** an Coimisiún measúnú ar an bPlean leasaithe. | 2. ***Déanfaidh*** an Coimisiún measúnú ar an bPlean leasaithe ***i gcomhréir le hAirteagal 15 agus tabharfaidh sé treoir maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí is éifeachtúla dá bhforáiltear in Airteagal 6(2)***. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Faoin 15 Márta 2027 déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann measúnú ar oiriúnacht a ***bPleananna*** i bhfianaise ***na bhfíorthionchar díreach a bheadh ag córas trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh*** agus ***iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil Iva de Threoir 2003/087/CE***. Déanfar na measúnuithe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid de na tuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999. | 5. Faoin 15 Márta 2027***,*** déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann measúnú ar oiriúnacht a ***gcuid Pleananna*** i bhfianaise ***an chuspóra a bhaint amach maidir le bochtaineacht fuinnimh*** agus ***bochtaineacht iompair a dhíothú, agus spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais á gcomhlíonadh acu***. Déanfar na measúnuithe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid de na tuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I ndiaidh don Choimisiún cinneadh a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh sé comhaontú in am trátha leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanas dlíthiúil aonair de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ***a chumhdaíonn*** an tréimhse ***2025-2027***. | 1. I ndiaidh don Choimisiún cinneadh a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh sé comhaontú in am trátha leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanas dlíthiúil aonair de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ***ina gcumhdófar*** an tréimhse ***2024, ar a*** |

| | |
|---|---|
| Féadfar an comhaontú sin a chur i gcrích ar a luaithe bliain amháin roimh an mbliain ina gcuirtear tús leis na ceantanna faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE. | ***dhéanaí, go dtí 2027***. Féadfar an comhaontú sin a chur i gcrích ar a luaithe bliain amháin roimh an mbliain ina gcuirtear tús leis na ceantanna faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Tabharfaidh*** faighteoirí cistiúcháin ón Aontas aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistiúcháin ón Aontas, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal. | 2. ***Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh*** faighteoirí cistiúcháin ón Aontas aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistiúcháin ón Aontas, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) in 2027, measúnú ar oiriúnacht an Phlean dá dtagraítear in Airteagal 17(5) i bhfianaise na bhfíorthionchar díreach ***a bheadh ag córas trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh*** agus ***iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/087/CE.*** | (f) in 2027, measúnú ar oiriúnacht an Phlean dá dtagraítear in Airteagal 17(5) i bhfianaise na bhfíorthionchar díreach ***ar an mbochtaineacht fuinnimh*** agus ***iompair san Aontas;*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Sa tuarascáil mheastóireachta, déanfar measúnú, go háirithe, ar a mhéid a gnóthaíodh cuspóirí an Chiste a leagtar amach in Airteagal 1, ar éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus ar an mbreisluach AE. Breithneofar ann ábharthacht leanúnach na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí uile a leagtar amach in Airteagal 6 i bhfianaise an tionchar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón gcóras trádála astaíochtaí ***le haghaidh foirgneamh agus iompar*** de ***bhóthar de*** bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE agus ó na bearta náisiúnta a dhéanann Ballstáit chun na laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh de bhun Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[63]. Breithneofar ann freisin ábharthacht leanúnach imchlúdach airgeadais an Chiste i ndáil le forbairtí féideartha maidir le lamháltais a chur ar ceant faoin gcóras trádála astaíochtaí ***le haghaidh foirgneamh agus iompar*** de ***bhóthar de*** bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE agus breithnithe ábhartha eile. | 3. Sa tuarascáil mheastóireachta, déanfar measúnú, go háirithe, ar a mhéid a gnóthaíodh cuspóirí an Chiste a leagtar amach in Airteagal 1, ar éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus ar an mbreisluach AE. Breithneofar ann ábharthacht leanúnach na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí uile a leagtar amach in Airteagal 6 i bhfianaise an tionchar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón gcóras trádála astaíochtaí de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE agus ó na bearta náisiúnta a dhéanann Ballstáit chun na laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh de bhun Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[63]. Breithneofar ann freisin ábharthacht leanúnach imchlúdach airgeadais an Chiste i ndáil le forbairtí féideartha maidir le lamháltais a chur ar ceant faoin gcóras trádála astaíochtaí de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE agus breithnithe ábhartha eile. |
| [63]Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26-42). | [63]Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26-42). |

# NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| *Teideal* | *Bunú Ciste Aeráide Sóisialta* |
| *Tagairtí* | *COM(2021)0568 – C9-0324/2021 – 2021/0206(COD)* |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL ENVI<br>13.9.2021 13.9.2021 |
| ***Tuairim ó***<br>***Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***ITRE***<br>***13.9.2021*** |
| ***Rapóirtéir don tuairim***<br>***Dáta an cheapacháin*** | ***Beata Szydło***<br>***1.10.2021*** |
| ***Riail 55 - Nós imeachta coiste comhlachaithe***<br>***Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***11.11.2021*** |
| **Pléite sa choiste** | 2.2.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 20.4.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 57<br>–: 9<br>0: 10 |
| ***Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Matteo Adinolfi, Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Vasile Blaga, Michael Bloss, Manuel Bompard, Paolo Borchia, Marc Botenga, Markus Buchheit, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Claudia Gamon, Jens Geier, Bart Groothuis, Christophe Grudler, András Gyürk, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Eva Kaili, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Łukasz Kohut, Zdzisław Krasnodębski, Andrius Kubilius, Miapetra Kumpula-Natri, Thierry Mariani, Marisa Matias, Eva Maydell, Georg Mayer, Joëlle Mélin, Iskra Mihaylova, Dan Nica, Angelika Niebler, Niklas Nienaß, Ville Niinistö, Aldo Patriciello, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Pina Picierno, Markus Pieper, Clara Ponsatí Obiols, Manuela Ripa, Robert Roos, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Jessica Stegrud, Beata Szydło, Riho Terras, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Isabella Tovaglieri, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho*** |
| ***Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Pascal Arimont, Cornelia Ernst, Klemen Grošelj, Alicia Homs Ginel, Nora Mebarek, Jutta Paulus, Ernő Schaller-Baross, Susana Solís Pérez*** |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 57 | + |
|---|---|
| ECR | Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski |
| ID | Matteo Adinolfi, Paolo Borchia, Thierry Mariani, Joëlle Mélin, Isabella Tovaglieri |
| NI | András Gyürk, Clara Ponsatí Obiols, Ernő Schaller-Baross |
| PPE | Pascal Arimont, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Vasile Blaga, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Eva Maydell, Angelika Niebler, Aldo Patriciello, Markus Pieper, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Riho Terras, Pernille Weiss |
| Renew | Nicola Danti |
| S&D | Josianne Cutajar, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Robert Hajšel, Alicia Homs Ginel, Ivo Hristov, Eva Kaili, Łukasz Kohut, Miapetra Kumpula-Natri, Nora Mebarek, Dan Nica, Tsvetelina Penkova, Pina Picierno, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |
| Verts/ALE | Michael Bloss, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Henrike Hahn, Niklas Nienaß, Ville Niinistö, Jutta Paulus, Mikuláš Peksa, Manuela Ripa |

| 9 | - |
|---|---|
| ECR | Robert Roos, Jessica Stegrud |
| ID | Georg Mayer |
| Renew | Bart Groothuis, Mauri Pekkarinen |
| The Left | Manuel Bompard, Marc Botenga, Cornelia Ernst, Marisa Matias |

| 10 | 0 |
|---|---|
| ID | Markus Buchheit |
| PPE | Henna Virkkunen |
| Renew | Nicola Beer, Claudia Gamon, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Iskra Mihaylova, Morten Petersen, Susana Solís Pérez |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

2.5.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT

don Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus don Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta
(COM(2021)0568 – C9-0324/2021 – 2021/0206(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Leila Chaibi

## RÉASÚNÚ GEARR

Tá cuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ríthábhachtach chun na hiarmhairtí is tubaistí den athrú aeráide a sheachaint. Leis na modhanna a mhol an Coimisiún Eorpach chun é sin a bhaint amach ardaítear ceisteanna, áfach, go háirithe maidir le cothroime shóisialta agus éifeachtacht chomhshaoil.
Maidir le soghluaisteacht, níl aon solúbthacht ann sa chaiteachas ar iompar, i bhformhór na gcásanna, do theaghlaigh leochaileacha agus do mhicrifhiontair. Dá bhrí sin, is é an phríomhéifeacht a bheadh ag praghas peitril a ardú, mar thoradh díreach ar iompar de bhóthar a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA-AE), ná cumhacht cheannaigh teaghlaigh a laghdú, gan fíoraistriú chuig modhanna dícharbónaithe iompair ná laghdú ar achair a thaistealaítear.
Ag an am céanna, ardaíonn na costais ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí, ar costais iad a bhaineann leis an aistriú chuig geilleagar dícharbónaithe, mar gheall ar ídiú acmhainní, bídís ina mbreoslaí iontaise nó ina n-amhábhair, toisc gur tharla cur isteach ar an slabhra soláthair domhanda mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus mar gheall ar luaineacht praghsanna agus teannas geopholaitiúil.
Is í an aidhm, dá bhrí sin, tacaíocht a thabhairt do na daoine is leochailí chun a áirithiú gur ar bhonn sóisialta amháin a dhéanfar an t-aistriú éiceolaíoch atá riachtanach, gan brú a chur ar bhuiséid teaghlach agus micrifhiontar freisin. Is é sin an bhunchúis ar cruthaíodh an Ciste Aeráide Sóisialta. Chun gníomhaíocht aeráide atá comhleanúnach agus cóir go sóisialta a bhaint amach, ba cheart, dá bhrí sin, deireadh a chur leis an leathnú a rinneadh ar Scéim Trádála Astaíochtaí AE chun iompar de bhóthar agus foirgnimh a áireamh. Ag an am céanna, ní mór cruthú agus cur chun feidhme an Chiste Aeráide Shóisialta a áirithiú trí mhaoiniú nach bhfuil ag brath ar iompar de bhóthar agus foirgnimh a áireamh in CTA-AE. Dá bhrí sin, is féidir ioncam ó CTA-AE atá ann faoi láthair nó acmhainní dílse nua a úsáid mar fhoinsí maoiniúcháin. Ar an gcaoi sin is deis iontach a bheidh sa Chiste Aeráide Sóisialta chun tacú leis na Ballstáit na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun fíor-dhícharbónú ar iompar a bhaint amach. Chuige sin, beidh ar bhuiséad an Chiste Aeráide Shóisialta a bheith in ann freastal ar na hinfheistíochtaí is gá agus solúbthacht a chur ar fáil chun na hinfheistíochtaí sin a dhéanamh ar bhealach réamhghníomhach sula gcuirfidh na costais a bhaineann leis an aistriú isteach ar an acmhainn

infheistíochta.
Cé go bhfuil gá le fócas soiléir ar bhearta struchtúracha lena laghdaítear go mór ár spleáchas ar shoghluaisteacht charbónaithe, ní mór cothromaíocht a bhaint amach i réimsí nach bhfuil roghanna malartacha éifeachtúla ar fáil iontu sa ghearrthéarma, ionas gur féidir le teaghlaigh leochaileacha agus le micrifhiontair leanúint de bheith in ann freastal ar a gcuid riachtanas socheacnamaíoch.
Chun easnaimh a shainaithint ar bhealach níos fearr agus aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna éagsúla, ba cheart sainmhíniú ar bhochtaineacht soghluaisteachta a thabhairt isteach i reachtaíocht AE, mar atá ann cheana féin i gcás na bochtaineachta fuinnimh. Anuas air sin, is gá na neamhionannais atá á bhfulaingt ag mná cheana féin agus sainiúlachtaí a ngluaiseachtaí a chur san áireamh.
Ar deireadh, ní mór tús áite a thabhairt d'fhorbairt an iompair phoiblí, arb é an príomhspreagaire é chun an tsoghluaisteacht a dhícharbónú, go háirithe i gceantair fhorimeallacha agus thuaithe, áit nach bhfreastalaíonn soláthar agus seirbhísí ar riachtanais an phobail agus na ngnólachtaí. Ag an am céanna, ní mór soghluaisteacht ghníomhach, go háirithe an rothaíocht, a chur chun cinn.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ar an gCoiste um ana gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar na coistí atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Beidh tionchair eacnamaíocha agus shóisialta éagsúla ag na leasuithe sin ar earnálacha éagsúla an gheilleagair, ar na saoránaigh agus ar na Ballstáit. ***Go háirithe***, agus ***astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh*** agus ***iompar de bhóthar á gcur san áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[31]***, ba cheart spreagadh eacnamaíoch breise a sholáthar*** chun ***infheistiú in ídiú breoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur*** leis an ***laghdú ar astaíochtaí gas ceaptha teasa dá réir sin. Agus é sin á chur chun feidhme in éineacht le bearta eile, ba cheart costais le*** | (8) Beidh tionchair eacnamaíocha agus shóisialta éagsúla ag na leasuithe sin ar earnálacha éagsúla an gheilleagair, ar na saoránaigh agus ar na Ballstáit. ***I ngeall ar na costais aistrithe***, agus ***ar luaineacht mhéadaithe praghsanna fuinnimh*** agus ***amhábhar mar thoradh ar choigeartuithe trasdula agus ídiú acmhainní araon, is gá an cúiteamh sóisialta agus na hacmhainní is gá a áirithiú*** chun ***aghaidh a thabhairt ar an aistriú glas agus chun na teaghlaigh agus na micrifhiontair agus na fiontair bheaga is leochailí a chosaint agus, san am céanna, ardleibhéal infheistíochta ardcháilíochta a choinneáil ar bun chun a áirithiú go n-éireoidh*** leis |

***haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar a laghdú agus deiseanna nua a chur ar fáil chun poist a chruthú agus le haghaidh infheistíochta sa mheántéarma agus san fhadtéarma.***

***[31] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).***

an ***aistriú glas.***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Mar sin féin, teastaíonn acmhainní chun na hinfheistíochtaí sin a mhaoiniú. ***Thairis sin, sula ndéanfar na hinfheistíochtaí sin, is dócha go n-ardófar na costais a íocann teaghlaigh agus úsáideoirí iompair le haghaidh téimh, fuaraithe agus cócaireachta, chomh maith le costais le haghaidh iompar de bhóthar, de réir mar a chuireann na soláthróirí breosla atá faoi réir na n-oibleagáidí faoin trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar na costais ar charbón ar aghaidh chuig na tomhaltóirí.*** | (9) Mar sin féin, teastaíonn acmhainní ***leordhóthanacha, cobhsaí agus cothroma le linn thréimhse an Chiste Aeráide Shóisialta*** chun na hinfheistíochtaí sin a mhaoiniú. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) ***D'fhéadfadh sé go mbeadh*** tionchar díréireach ag an méadú ar phraghas breoslaí iontaise ar theaghlaigh | (10) ***Is dócha go mbeidh*** tionchar díréireach ag an méadú ar phraghas breoslaí iontaise ar theaghlaigh |

| | |
|---|---|
| leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí leochaileacha iompair a chaitheann cuid níos mó dá gcuid ioncaim ar fhuinneamh agus iompar agus, i ***gcás réigiún áirithe, nach mbíonn rochtain acu ar réitigh mhalartacha, inacmhainne um shoghluaisteacht agus iompar agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh an cumas maoinithe acu le hinfheistiú chun a n-ídiú breosla iontaise a laghdú***. | leochaileacha, ar mhicrifhiontair ***agus ar fhiontair bheaga*** leochaileacha agus ar úsáideoirí leochaileacha iompair a chaitheann cuid níos mó dá gcuid ioncaim ***cheana féin*** ar fhuinneamh agus iompar agus, ***lena ndéantar níos measa fós na héagothroimí a bhí ann cheana*** i ***réigiúin agus i gcríocha tuaithe, imeallacha, iargúlta, forimeallacha, oileánacha, sléibhtiúla, inar tearc an daonra nó lagfhorbartha – lena n-áirítear ceantair pheirea-uirbeacha***.<br><br>***Den chuid is mó, níl rochtain ag na teaghlaigh agus na micrifhiontair agus na fiontair bheaga sin ar réitigh iompair agus soghluaisteachta atá malartach, idirnasctha, éifeachtúil agus inacmhainne. Thairis sin, braitheann siad go minic ar bhreoslaí iontaise, gan an acmhainneacht airgeadais acu infheistíocht a dhéanamh i modhanna dícharbónaithe iompair, agus i roghanna malartacha ísealcharbóin, a thugann acmhainneachtaí ísle le fios chun iad féin a oiriúnú d'iarmhairtí an aistrithe ghlais. Chabhródh gníomhaíocht uaillmhianach ar son na haeráide leis an Aontas a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Comhlánaítear na bearta sin leis an gCiste Sóisialta Aeráide chun tacú leis na Ballstáit agus cuidíonn sé le réitigh fhadtéarmacha struchtúracha a sholáthar chun bochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta ar fud an Aontais a laghdú.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Dá bhrí sin, ba cheart ***cuid den ioncam a ghintear trí fhoirgnimh agus iompar de bhóthar a chur san áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE a úsáid*** | (11) Dá bhrí sin, ba cheart ***Ciste Aeráide Sóisialta a bhunú ar leibhéal an Aontais, in éineacht le Pleananna Aeráide Sóisialta na mBallstát, chun a áirithiú*** go |

***chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as iad a chur san áireamh, ionas*** go mbeidh ***an t-aistriú cóir agus*** cuimsitheach***, gan*** duine ar ***bith a fhágáil ar*** lár.

mbeidh ***aistriú*** cuimsitheach ***glas ann nach bhfágann aon*** duine ar lár.

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Tá sé sin níos ábhartha fiú i bhfianaise na leibhéal bochtaineachta fuinnimh atá ann faoi láthair. Is éard atá i gceist leis an mbochtaineacht fuinnimh cás a fhágann nach féidir le teaghlaigh rochtain a fháil ar sheirbhísí fuinnimh fíor-riachtanacha, ***amhail*** fuarú ***de réir mar a théann teochtaí in airde***, agus ***téamh***. Tuairiscítear nach raibh sé de chumas ag thart ar 34 mhilliún Eorpach a dtithe a choinneáil te go leor in 2018, agus dúirt 6.9 % de dhaonra an Aontais nach raibh sé d'acmhainn acu a dteach a théamh go leordhóthanach i suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais in 2019[32]. Ar an iomlán, measann an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh go bhfuil níos mó ná 50 milliún teaghlach san Aontas Eorpach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Dá bhrí sin, is dúshlán mór í an bhochtaineacht fuinnimh don Aontas. ***Cé gur féidir le*** taraifí sóisialta nó tacaíocht dhíreach ioncaim faoiseamh láithreach a sholáthar do theaghlaigh a bhfuil orthu dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh, ní féidir ach bearta ***struchtúraithe*** dírithe, go háirithe athchóirithe fuinnimh, réitigh bhuana a sholáthar**.** | (12) Tá sé sin níos ábhartha fiú i bhfianaise na leibhéal bochtaineachta fuinnimh ***agus bochtaineachta soghluaisteachta*** atá ann faoi láthair. ***Tá fuinneamh ríthábhachtach agus ceart bunúsach sóisialta*** is ***ea rochtain ar sheirbhísí inacmhainne fuinnimh, rud atá ríthábhachtach don chuimsiú sóisialta Is*** éard atá i gceist leis an mbochtaineacht fuinnimh cás a fhágann nach féidir le teaghlaigh rochtain a fháil ar sheirbhísí fuinnimh fíor-riachtanacha ***is cloch bhoinn faoi chaighdeán maith maireachtála agus sláinte***, ***lena n-áirítear teas,*** fuarú ***agus soilsiú leormhaith***, agus ***an fuinneamh chun cumhacht a thabhairt d'fhearais leictreacha***. Tuairiscítear nach raibh sé de chumas ag thart ar 34 mhilliún Eorpach a dtithe a choinneáil te go leor in 2018, agus dúirt 6.9 % de dhaonra an Aontais nach raibh sé d'acmhainn acu a dteach a théamh go leordhóthanach i suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais in 2019[32]. Ar an iomlán, measann an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh go bhfuil níos mó ná 50 milliún teaghlach san Aontas Eorpach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Dá bhrí sin, is dúshlán mór í an bhochtaineacht fuinnimh don Aontas. ***Déanann*** taraifí sóisialta nó tacaíocht dhíreach ioncaim faoiseamh láithreach a sholáthar do theaghlaigh a bhfuil orthu dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh***. Ainneoin an mhéid sin***, ní féidir ach bearta ***agus infheistíochtaí*** |

***struchtúracha spriocdhírithe amháin atá*** dírithe ***ar dheireadh a chur leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise***, go háirithe athchóirithe fuinnimh ***atá inbhuanaithe***, ***cur chun feidhme réiteach soghluaisteachta inbhuanaithe agus cliste atá inacmhainne, éifeachtúil, sábháilte agus inrochtana do na húsáideoirí go léir, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe,*** réitigh bhuana a sholáthar

---

[32] Sonraí ó 2018. Eurostat, SILC [ilc_mdes01]).

[32] Sonraí ó 2018. Eurostat, SILC [ilc_mdes01]).

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Is beag aird a tugadh ar an mbochtaineacht soghluaiseachta agus níl aon sainmhínithe soiléire ar fáil ina leith ar leibhéal an Aontais ná ar an leibhéal náisiúnta. Mar sin féin, tá an fhadhb ag éirí níos práinní chun aghaidh a thabhairt ar dhícharbónú riachtanach iompair, ar phraghsanna arda ar bhreosla, nó ar spleáchas ard ar infhaighteacht iompair, ar inrochtaineacht agus ar chostais maidir le riachtanais laethúla soghluaisteachta, go háirithe i gceantair thuaithe, i gceantair iargúlta agus i gceantair eile atá faoi mhíbhuntáiste. Dá bhrí sin, ba cheart sainmhíniú leathan ar leibhéal an Aontais a bhunú chun díriú ar chleachtais tacaíochta agus faireacháin. Féadfaidh bochtaineacht soghluaisteachta, eisiamh sóisialta a bhaineann le hiompar a chinneadh.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') a bhunú dá bhrí sin chun cistí a chur ar fáil do na Ballstáit le tacú lena mbeartais chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bheidh ag an ***trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar ar*** theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha. Ba cheart é sin a bhaint amach go háirithe trí ***thacaíocht ioncaim shealadach a chur ar fáil agus trí*** bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú ***trí*** éifeachtúlacht ***mhéadaithe*** fuinnimh i bhfoirgnimh***,*** téamh agus fuarú foirgneamh ***a dhícharbónú***, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a ***chomhtháthú, agus*** rochtain ***níos fearr*** a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle chun leasa teaghlach leochaileach, micrifhiontar leochaileach agus úsáideoirí iompair ***leochaileacha.*** | (13) ***Ní bheidh an tAontas agus na Ballstáit in ann a gcuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach gan aghaidh a thabhairt mar is ceart ar bhochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta. Mar sin féin, in ainneoin sonraí a bailíodh maidir le bochtaineacht fuinnimh, níl aon sainmhínithe caighdeánacha faoi láthair ar leibhéal an Aontais ar an mbochtaineacht fuinnimh ná ar an mbochtaineacht soghluaisteachta ar fud an Aontais. Mar thoradh air sin, níl aon sonraí trédhearcacha agus inchomparáide ar shoghluaisteacht agus níl a ndóthain sonraí faoi bhochtaineacht fuinnimh ar fáil san Aontas faoi láthair, rud a chuireann bac ar an bhféidearthacht faireachán agus measúnú éifeachtach a dhéanamh ar an dul chun cinn ar an leibhéal náisiúnta.*** Ba cheart Ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') a bhunú dá bhrí sin chun cistí a chur ar fáil do na Ballstáit le tacú lena mbeartais chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bheidh ag an ***aistriú glasar*** theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair ***agus fiontair bheaga*** leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha. Ba cheart ***don Chiste cothroime agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn idir na Ballstáit agus laistigh díobh agus baol na bochtaineachta fuinnimh agus soghluaisteachta á maolú fad is atá an t-aistriú ar siúl. Ba cheart*** é sin a bhaint amach go háirithe trí bhearta agus infheistíochtaí ***oiriúnaitheacha spriocdhírithe a mbeidh tionchar marthanach acu*** lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú***: i)*** éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ***a mhéadú agus rochtain ar fhuinneamh in-athnuaite chun críche*** téamh agus fuarú |

foirgneamh, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí ***fuinnimh inbhuanaithe,*** in-athnuaite***, ísealcharbóin agus astaíochtaí nialasacha*** a ***chomhthathú; ii)*** rochtain a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar ***inacmhainne*** astaíochtaí nialasacha agus ísle chun leasa teaghlach leochaileach, micrifhiontar ***agus fiontar beag atá*** leochaileach agus úsáideoirí iompair ***leochaileach agus é sin a chur chun cinn, lena n-áirítear an méid seo a leanas:***

– ***iompar poiblí feabhsaithe (cáilíocht, minicíocht agus gréasán);***

– ***soghluaisteacht phríobháideach nialasach agus ísealcharbóin;***

– ***soghluaisteacht ghníomhach tharraingteach shábháilte;***

– ***soghluaisteacht chomhroinnte inbhuanaithe astaíochtaí nialasacha;***

– ***an flít a athnuachan;***

– ***úsáid an bhonneagair athbhreoslaithe agus athluchtaithe;***

– ***seirbhísí comhcheangailte soghluaisteachta ilmhódacha eile.***

***Ba cheart aird ar leith a thabhairt orthu siúd i gceantair thuaithe, i gceantair iargúlta agus i gceantair eile faoi mhíbhuntáiste ina bhfuil tábhacht ar leith ag baint go háirithe le tacaíocht do shoghluaisteacht phríobháideach astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle toisc nach bhfuil aon rogha mhalartach éifeachtúil ann.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Tá rochtain ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach do chách*** |

***fíor-riachtanach chun a áirithiú go bhfuil na scileanna ag an lucht saothair is gá chun an t-aistriú glas a bhaint amach. Ba cheart, dá bhrí sin, gnéithe aistrithe chóir a chomhtháthú i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na straitéisí náisiúnta scileanna, i gcomhréir leis an gClár Oibre Scileanna don Eoraip agus le Straitéis nua nuashonraithe an Aontais maidir le tionsclaíocht1a. Beidh comhpháirtíochtaí scileanna faoin gComhshocrú do Scileanna ina luamhán tábhachtach freisin. Le faisnéis agus fadbhreathnaitheacht cothrom le dáta maidir leis an margadh saothair agus le scileanna, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal earnála agus ar an leibhéal ceirde, is féidir riachtanais a bhaineann le scileanna gairmshonracha agus idirdhisciplíneacha ábhartha a aithint agus a thuar, agus is féidir iad a úsáid freisin mar bhonn chun curaclaim a oiriúnú chun riachtanais scileanna le haghaidh an aistrithe ghlais a chomhlíonadh. Ba cheart do VET scileanna a thabhairt do dhaoine óga agus daoine fásta, mná go háirithe, ar scileanna iad is gá chun an t-aistriú glas a bhaint amach1b. Maidir le printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna ar íocaíocht, ina bhfuil gnéithe oiliúna láidre, go háirithe le haghaidh daoine óga, rannchuidíonn siad le haistrithe sa mhargadh saothair, go háirithe aistrithe i dtreo gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide agus comhshaoil, agus earnálacha a bhfuil ganntanais scileanna ar leith iontu. Ba cheart rannpháirtíocht mhéadaithe daoine fásta san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn chun riachtanais uas-scilithe agus athscilithe a chomhlíonadh, inter alia trí a chur ar a gcumas do dhaoine oiliúint a lorg atá saincheaptha dá riachtanais agus trí chúrsaí gearra a ndéantar dearbhú cáilíochta orthu maidir le scileanna le haghaidh an aistrithe ghlais, chun cur leis an gcur chuige Eorpach i leith micridhintiúr, rud a fhágfaidh freisin go***

***mbeidh sé níos éasca torthaí na gcúrsaí den chineál sin a luacháil agus a aithint.***

______________

***1a Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery [Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a Fhorbairt do théarnamh na hEorpa] COM(2021) 350 final.***

***1b Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht (IO C 417, 2.12.2020, lch 1).***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13b) Ba cheart tacú le rochtain a thabhairt ar fhostaíocht ardcháilíochta, go háirithe trí chúnamh cuardaigh post saincheaptha agus trí chúrsaí foghlama solúbtha modúlacha lena ndírítear freisin ar scileanna glasa digiteacha i gcás inarb iomchuí. Ba cheart cláir fostaíochta atá dea-cheaptha, spriocdhírithe agus faoi cheangal ama a mheas freisin chun tairbhithe a ullmhú trí oiliúint, go háirithe daoine i staideanna leochaileacha, chun páirt leanúnach a ghlacadh sa mhargadh saothair.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13c) Tá cruthú post ríthábhachtach i gcomhthéacs an Rialacháin seo, go háirithe sna críocha is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh agus, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit rochtain ar mhaoiniú agus ar mhargaí a éascú do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide d'fhonn iomaíochas, nuálaíocht agus fostaíocht a chur chun cinn ar fud an mhargaidh aonair, lena n-áirítear in earnálacha a bhfuil ábharthacht straitéiseach ag baint leo i gcomhthéacs náisiúnta agus áitiúil.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Chun na críche sin, ba cheart do gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart do na Pleananna sin ***dhá chuspóir*** a shaothrú. I dtosach báire, ba cheart dóibh na hacmhainní is gá a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha chun infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú ***téimh*** agus ***fuaraithe, i bhfeithiclí*** agus ***soghluaiseacht*** astaíochtaí nialasacha agus ísle ***a mhaoiniú*** agus ***a dhéanamh***. Ar an dara dul síos, ba cheart dóibh an tionchar a bheidh ag an méadú i gcostas breoslaí iontaise ar na daoine is leochailí a mhaolú agus dá bhrí sin an bhochtaineacht fuinnimh agus ***iompair*** le linn na tréimhse aistrithe a chosc go dtí go gcuirfear infheistíochtaí den sórt sin chun feidhme. Ba cheart do na Pleananna comhpháirt infheistíochta a bheith acu ina gcuirtear réiteach fadtéarmach chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a ***laghdú*** | (14) Chun na críche sin, ba cheart do gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart do na Pleananna sin ***na cuspóirí seo*** a ***leanas a*** shaothrú. I dtosach báire, ba cheart dóibh na hacmhainní ***leordhóthanacha*** is gá a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair ***agus fiontair bheaga*** leochaileacha***,*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha chun infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú ***ar théamh*** agus ***fuarú foirgneamh*** agus ***chun rochtain a fháil ar fheithiclí*** astaíochtaí nialasacha agus ísle agus ***ar sheirbhísí soghluaisteachta comhtháite, lena n-áirítear soghluaisteacht ghníomhach tharraingteach shábháilte***. Ar an dara dul síos, ba cheart dóibh an tionchar a bheidh ag an méadú i gcostas breoslaí iontaise ar na daoine is leochailí a mhaolú agus dá bhrí sin an bhochtaineacht fuinnimh agus ***soghluaisteachta*** le linn na tréimhse aistrithe a chosc go dtí go gcuirfear |

***chun cinn*** agus d’fhéadfaidís bearta eile a bheartú, lena n-áirítear tacaíocht dhíreach ioncaim chun éifeachtaí díobhálacha ioncaim a mhaolú sa ghearrthéarma. | infheistíochtaí den sórt sin chun feidhme. Ba cheart do na Pleananna comhpháirt infheistíochta a bheith acu ina gcuirtear ***chun cinn*** réiteach fadtéarmach chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a ***chéimniú amach*** agus d’fhéadfaidís bearta eile a bheartú, lena n-áirítear tacaíocht dhíreach ioncaim chun éifeachtaí díobhálacha ioncaim a mhaolú sa ghearrthéarma.

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Is iad Ballstáit, agus iad ag dul i gcomhairle le húdaráis ***ar an leibhéal réigiúnach***, is fearr chun Pleananna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus na Pleananna sin oiriúnaithe agus dírithe ar a n-imthosca réigiúnacha agus náisiúnta ós rud é go bhfuil beartais acu cheana féin sna réimsí ábhartha agus go gcaithfidh siad úsáid cistí ábhartha eile an Aontais a phleanáil. Ar an dóigh sin, is féidir an urraim is fearr a thabhairt d’éagsúlacht leathan cásanna, saineolas sonrach rialtas áitiúil agus réigiúnach, taighde agus nuálaíocht agus caidreamh tionsclaíoch agus struchtúir idirphlé sóisialta, chomh maith le traidisiúin náisiúnta, agus rannchuidiú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na tacaíochta foriomláine do dhaoine leochaileacha. | (15) Is iad Ballstáit, agus iad ag dul i gcomhairle le húdaráis ***réigiúnacha***, ***áitiúla, uirbeacha agus údaráis phoiblí eile, an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta,*** is fearr chun Pleananna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus na Pleananna sin oiriúnaithe agus dírithe ar a n-imthosca réigiúnacha agus náisiúnta ós rud é go bhfuil beartais acu cheana féin sna réimsí ábhartha agus go gcaithfidh siad úsáid cistí ábhartha eile an Aontais a phleanáil. Ar an dóigh sin, is féidir an urraim is fearr a thabhairt d’éagsúlacht leathan cásanna, saineolas sonrach rialtas áitiúil agus réigiúnach, taighde agus nuálaíocht agus caidreamh tionsclaíoch agus struchtúir idirphlé sóisialta, chomh maith le traidisiúin náisiúnta, agus rannchuidiú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na tacaíochta foriomláine do dhaoine leochaileacha. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndírítear na bearta agus na hinfheistíochtaí go háirithe ar ***theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht*** fuinnimh ***nó ar theaghlaigh*** leochaileacha, ***ar mhicrifhiontair*** leochaileacha ***agus ar*** úsáideoirí iompair leochaileacha chun aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach. ***Ba cheart do bhearta tacaíochta chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa cuidiú le Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as trádáil astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar.*** | (16) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndírítear na bearta agus na hinfheistíochtaí go háirithe ar ***aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht*** fuinnimh ***agus soghluaiseachta go háirithe i gcás teaghlaigh*** leochaileacha, ***micrifhiontair agus fiontair bheaga*** leochaileacha***,*** úsáideoirí iompair leochaileacha chun aistriú cóir ***cuimsitheach*** i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ar feitheamh thionchar na n-infheistíochtaí sin ar chostais agus astaíochtaí a laghdú, ***chuideodh*** tacaíocht dea-dhírithe ***d'ioncam díreach le haghaidh na ndaoine is leochailí leis an aistriú cóir***. ***Ba cheart tacaíocht den sórt sin a thuiscint mar bheart sealadach a ghabhann le dícharbónú na hearnála tithíochta agus iompair.*** Ní bheadh an tacaíocht buan toisc nach dtugann sí aghaidh ar na príomhchúiseanna atá le bochtaineacht fuinnimh agus ***iompair. Níor cheart ach tionchair dhíreacha a bhaineann le foirgnimh agus iompar de bhóthar a chur san áireamh i raon feidhme Theoir 2003/87/CE a chumhdach leis*** an tacaíocht sin***, agus ní costais leictreachais nó teasa a bhaineann le táirgeadh cumhachta agus téimh a chur san áireamh i raon feidhme na Treorach sin***. Ba cheart ***don*** incháilitheacht ***le haghaidh tacaíochta ioncaim dhírigh*** den | (17) Ar feitheamh thionchar na n-infheistíochtaí sin ar chostais agus astaíochtaí a laghdú, ***féadfaidh*** tacaíocht dea-dhírithe ***sealadach dóibh siúd atá thíos le bochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta, rannchuidiú le costais fuinnimh agus soghluaisteachta a laghdú ag fanacht go ndéanfar níos mó infheistíochtaí struchtúracha***. Ní bheadh an tacaíocht buan toisc nach dtugann sí aghaidh ar na príomhchúiseanna atá le bochtaineacht fuinnimh agus ***soghluaiseachta. Mar sin féin, d'fhéadfaí breathnú ar*** an tacaíocht sin ***mar bhealach chun na daoine is leochailí a chumasú taisteal chun freastal ar a mbunriachtanais shocheacnamaíocha***. Ba cheart incháilitheacht ***do thacaíocht dhíreach*** den sórt sin a ***chomhchuibhiú le céimniú isteach na dtreoracha agus na rialachán ábhartha a dhéanann difear do ghníomhaithe leochaileacha sa phacáiste*** |

sórt sin a bheith ***teoranta ó thaobh ama***.

***'Oiriúnach do 55' agus ba cheart í a dhíriú ar dhaoine a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a thabhairt gan ualach riaracháin rómhór a*** bheith ***ar fhaighteoirí na tacaíochta sin***.

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) Ba cheart do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, oibleagáid an Aontais faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chomhlíonadh, agus a ailíniú le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe chomh maith le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais Chomhaontú Pháras, agus an gealltanas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ba cheart do na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo ***cur leis an sprioc nach mór 30 % den chaiteachas uile faoin gcreat ilbhliantúil 2021-2027 a chaitheamh ar phríomhshruthú na gcuspóirí*** aeráide ***a bhaint amach,*** agus rannchuidiú leis an uaillmhian ***de 10 % de*** chaiteachas bliantúil a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027, a fhad agus a chuirtear an forluí atá ann idir spriocanna aeráide | (18) Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais Chomhaontú Pháras, agus an gealltanas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ba cheart do na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo ***rannchuidiú le baint amach na sprice go gcaithfí 30 % ar a laghad de mhéid iomlán bhuiséad an Aontais agus d'Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú le cuspóirí*** aeráide agus ***ba cheart dóibh*** rannchuidiú leis an uaillmhian ***7.5 % den*** chaiteachas bliantúil ***faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil*** a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in ***2024*** |

agus bithéagsúlachta san áireamh freisin. Chun na críche sin, ba cheart an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na ***hEorpa[33]*** a úsáid chun caiteachais an Chiste a chlibeáil. Ba cheart don Chiste tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramófar go hiomlán caighdeáin agus tosaíochtaí an Aontais ó thaobh na haeráide agus an chomhshaoil de agus an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] . Níor cheart ach bearta agus infheistíochtaí den sórt sin a chur san áireamh sna Pleananna. Ba cheart bearta tacaíochta ioncaim dhírigh a mheas, mar riail ghinearálta, mar rudaí ag a bhfuil tionchar intuartha ar chuspóirí comhshaoil, agus dá bhrí sin ba cheart iad a mheas mar a bheith i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Beartaíonn an Coimisiún treoraíocht theicniúil a eisiúint do na Ballstáit i bhfad sula n-ullmhófar na Pleananna. Míneofar sa treoraíocht an bealach nach mór do na bearta agus na hinfheistíochtaí an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún togra a thíolacadh in 2021 le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le conas dul i ngleic leis na gnéithe sóisialta den aistriú glas.

[33] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir

***agus 10 % den chaiteachas bhliantúil a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in*** 2026 agus 2027, a fhad agus a chuirtear an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta san áireamh freisin. Chun na críche sin, ba cheart an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na ***hEorpa agus ón gComhairle[33]*** a úsáid chun caiteachais an Chiste a chlibeáil. Ba cheart don Chiste tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramófar go hiomlán caighdeáin agus tosaíochtaí an Aontais ó thaobh na haeráide agus an chomhshaoil de agus an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] . Níor cheart ach bearta agus infheistíochtaí den sórt sin a chur san áireamh sna Pleananna. Ba cheart bearta tacaíochta ioncaim dhírigh a mheas, mar riail ghinearálta, mar rudaí ag a bhfuil tionchar intuartha ar chuspóirí comhshaoil, agus dá bhrí sin ba cheart iad a mheas mar a bheith i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Beartaíonn an Coimisiún treoraíocht theicniúil a eisiúint do na Ballstáit i bhfad sula n-ullmhófar na Pleananna. Míneofar sa treoraíocht an bealach nach mór do na bearta agus na hinfheistíochtaí an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún togra a thíolacadh in 2021 le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le conas dul i ngleic leis na gnéithe sóisialta den aistriú glas.

[33] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir

agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

[34] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

[34] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ***Tá*** tionchar ag ***praghsáil carbóin*** ar mhná ***go háirithe*** mar gheall ***gur*** mná iad 85 % de na teaghlaigh aontuismitheora***.*** Baineann riosca ard bochtaineachta leanaí le teaghlaigh aontuismitheora go háirithe. Ba cheart comhionannas inscne ***agus comhionannas deiseanna*** do chách, agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht le haghaidh daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh agus a chur chun cinn agus na Pleananna á n-ullmhú ***agus*** á gcur chun feidhme chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. | (19) ***Ní hamháin go bhfuil*** tionchar ***díréireach*** ag ***an athrú aeráide*** ar mhná***, ach is orthusan a bhíonn costais an aistrithe ghlais freisin*** mar gheall ***ar bhearnaí na fostaíochta, an ioncaim, an phá agus na bpinsean agus, dá bhrí sin, is mó seans go mbeidh siad thíos le bochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta. Ina theannta sin, is*** mná iad 85 % de na teaghlaigh aontuismitheora***, agus*** baineann riosca ard bochtaineachta leanaí le teaghlaigh aontuismitheora go háirithe. ***Bíonn patrúin soghluaisteachta éagsúla agus níos casta ag mná ná mar a bhíonn ag fir, agus is iad mná a úsáideann iompar poiblí níos minice. Dá bhrí sin, is mó an tionchar a bhíonn ag slándáil, minicíocht, inacmhainneacht agus cáilíocht an iompair phoiblí orthu[1a]. Ós rud é gur tosca é an t-iompar a fhéadfaidh an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a mhéadú go díreach,*** ba cheart ***cearta agus*** comhionannas inscne |

do chách, agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht le haghaidh daoine faoi mhíchumas ***agus daoine*** a ***bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a*** chur san áireamh agus a chur chun cinn agus na Pleananna á n-ullmhú*,* á gcur chun feidhme ***agus faireachán á dhéanamh orthu*** chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár.

______________

***[1a] Staidéar IPOL ar 'Mná agus iompar', le fáil: https://www.europarl.europa.eu/thinktank/nl/document/IPOL_STU(2021)701004***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) Beidh feidhmiú na mbeart atá san áireamh sna Pleananna ag brath ar leibhéal leordhóthanach lucht saothair. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit na Pleananna a chomhlánú trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí agus as cláir ábhartha eile de chuid an Aontais chun foráil a dhéanamh d'athoiliúint agus d'uasoiliúint oibrithe chun deiseanna níos fearr a bhunú, go háirithe i bpoist a bhaineann le hathchóiriú foirgneamh, monarú feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle chomh maith le bonneagar breoslaí ionadúla a imscaradh.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Ba cheart d'imchlúdach airgeadais | (23) Ba cheart d'imchlúdach airgeadais |

an Chiste a bheith ag teacht, ***i bprionsabal le méideanna atá comhréireach le 25 % d'ioncaim ionchasacha ó chuimsiú foirgneamh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE le linn na tréimhse 2026-2032. De bhun Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle,*** ba cheart ***do Bhallstáit na hioncaim sin a chur*** ar fáil ***do bhuiséad an Aontais mar acmhainní dílse***. Maoineoidh Ballstáit 50 % de chostais fhoriomlána a bPlean iad féin. Chun ***na críche sin, agus chun críche infheistíochta agus beart chun dlús*** a chur ***faoin aistriú is gá do shaoránaigh dá ndéantar difear go diúltach, agus an tionchar diúltach sin a mhaolú, ba cheart do Bhallstáit inter alia a n-ioncaim ionchasacha ó thrádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar faoi Threoir 2003/87/CE a úsáid chun na críche sin***.

[41] ***Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020*** maidir le ***córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh*** agus ***lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).***

an Chiste a bheith ***i gcomhréir le hacmhainní cobhsaí leordhóthanacha a bheidh*** ag teacht ***leis na riachtanais airgeadais chun ídiú breosla iontaise agus spleáchais a laghdú, agus tionchar sóisialta an aistrithe ghlais a mhaolú. Measann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa[1a], go bhfuil gá, gach bliain idir 2021 agus 2030, le EUR 736bn in earnáil an iompair, lena n-áirítear EUR 31,4 billiún sa bhliain de chaiteachas poiblí[1b] [1c] chun laghdú 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a bhaint amach faoi 2030.*** Ba cheart ***an t-imchlúdach airgeadais dá bhforáiltear a chaibidil laistigh de bhuiséad AE agus leithdháileadh na n-acmhainní idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agus éabhlóid chostais an aistrithe agus na n-acmhainní atá*** ar fáil ***á gcur san áireamh***. Maoineoidh Ballstáit 50 % de chostais fhoriomlána a bPlean iad féin. ***D'fhéadfaí an sciar sin a choigeartú agus túsphointí éagsúla agus leibhéil éagsúla ioncaim á gcur san áireamh, amhail OTI per capita lena gcuimsítear na blianta tagartha suas go dtí 2022,*** chun ***imthosca eisceachtúla*** a chur ***san áireamh***.

[1a] ***Gníomhaíocht AE*** maidir le ***fuinneamh*** agus ***athrú aeráide, 2017, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, https://op.europa.eu/webpub/eca/lr-energy-and-climate/en/***

[1b] ***Covid-19 recovery: investment opportunities in deep renovation in Europe, May 2020, Buildings Performance Institute Europe [Téarnamh Covid-19: deiseanna infheistíochta in athchóiriú domhain san Eoraip], Bealtaine 2020, Institiúid Feidhmíochta Foirgneamh na hEorpa, https://www.bpie.eu/wp-content/uploads/2020/05/Recovery-investments-in-deep-***

*renovation_BPIE_2020.pdf*

[1c] *Maoiniú don Chiste Aeráide Sóisialta, Feabhra 2022, WW*

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Chun infheistíochtaí i dtrealamh agus in earraí a éascú lena bhféadfar oiriúnú níos fearr do chostais an aistrithe agus chun a áirithiú gur féidir tacaíocht faoi na Pleananna a chur chun feidhme go héifeachtach ó bhlianta tosaigh theacht i bhfeidhm an Chiste Aeráide Shóisialta, ba cheart go bhféadfaí méid nach mó ná 13% de ranníocaíocht na mBallstát a íoc agus an íocaíocht sin ina híocaíocht réamh-mhaoinithe arna déanamh ag an gCoimisiún.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo, ***bainfidh teaghlaigh, micrifhiontair*** agus úsáideoirí iompair, ***atá leochaileach agus a ndéanann cuimsiú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE*** difear dóibh go háirithe ***leas astu***, go háirithe teaghlaigh atá ag fulaingt ó bhochtaineacht fuinnimh agus saoránaigh nach bhfuil aon rogha mhalartach iompair phoiblí acu taobh amuigh de charranna aonair ***(***i limistéir iargúlta agus tuaithe***).*** | Maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo, ***is chun tairbhe teaghlach leochaileach, micrifhiontar*** agus ***fiontar beag atá leochaileach agus*** úsáideoirí iompair ***leochaileacha***, ***a ndéantar*** difear dóibh go háirithe ***mar gheall ar chostais an aistrithe chuig an aeráidneodracht***, ***forbairtí praghsanna fuinnimh agus tionchar na scéime trádála astaíochtaí a bunaíodh le Treoir 2003/87/CE,*** go háirithe teaghlaigh atá ag fulaingt ó bhochtaineacht fuinnimh agus ***bochtaineacht soghluaiseachta, úsáideoirí ag a bhfuil acmhainneachtaí ísle chun oiriúnú d'iarmhairtí an aistrithe*** |

| | |
|---|---|
| | ***ghlais agus*** saoránaigh nach bhfuil aon rogha mhalartach iompair phoiblí acu ***nó a bhfuil seirbhísí soghluaisteachta laghdaithe acu*** taobh amuigh de charranna aonair***, go háirithe*** i limistéir iargúlta agus tuaithe ***lena n-áirítear na hoileáin agus na réigiúin is forimeallaí;*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é cuspóir ginearálta an Chiste rannchuidiú ***leis an aistriú*** i dtreo ***aeráidneodrachta trí aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ón iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE.*** Is é cuspóir ***shonrach*** an Chiste ***tacú le teaghlaigh*** leochaileacha, ***mionfhiontair*** leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha trí thacaíocht ioncaim dhíreach shealadach agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh ***i bhfoirgnimh*** a mhéadú, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear ***fuinneamh*** ó fhoinsí in-athnuaite ***a chomhtháthú***, agus rochtain ***níos fearr a thabhairt*** ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle a ***mhéadú***. | Is é cuspóir ginearálta an Chiste rannchuidiú ***le haistriú cóir, cothrom agus cuimsitheach*** i dtreo ***an chuspóra maidir le haeráidneodracht a leagtar amach in Airteagal 2, mír 1 de Rialachán AE 2021/1119 ('an Dlí Aeráide Eorpach) i gcomhréir le gealltanais an Aontais faoi Chomhaontú Pháras, agus le forbairt inbhuanaithe agus dea-bhail do chách trí thionchair shóisialta chostais an aistrithe a chosc agus a theorannú a mhéid*** is ***féidir; Is*** é cuspóir ***sonrach*** an Chiste ***rannchuidiú le bochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta a laghdú ar fud an Aontais, tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh*** leochaileacha, ***do mhicrifhiontair agus fiontair bheaga*** leochaileacha agus ***d'***úsáideoirí iompair leochaileacha trí thacaíocht ioncaim dhíreach shealadach agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh ***foirgneamh*** a mhéadú, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear ***comhtháthú agus stóráil fuinnimh*** ó fhoinsí ***fuinnimh inbhuanaithe,*** in-athnuaite, ***ísealcharbóin*** agus ***astaíochtaí nialasacha, agus, ar an lámh eile,*** rochtain ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle ***atá éifeachtúil agus inacmhainne*** a ***neartú agus a fheabhsú, go háirithe don tsoghluaisteacht phríobháideach i gceantair iargúlta ina bhfuil easpa*** |

***roghanna éifeachtúla malartacha, lena gcuirtear úsáid iompair phoiblí ar phraghas réasúnta agus inrochtana chun cinn agus lena méadaítear cáilíocht agus minicíocht a sheirbhísí, agus lena dhreasaítear seirbhísí soghluaisteachta comhtháite agus athnuachan ar fhlít iompair uirbigh ghlain***.

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'athchóiriú foirgneamh' gach cineál ***athchóirithe foirgneamh a bhaineann le fuinneamh***, lena n-áirítear imchlúdach ***an fhoirgnimh*** a insliú, is é sin***,*** ballaí, díon, urlár, fuinneoga ***nua a chur isteach, fearais*** téimh, ***fuaraithe*** agus ***cócaireachta nua a chur isteach***, agus ***táirgeadh*** fuinnimh ***ó fhoinsí in-athnuaite*** ar an láthair ***a shuiteáil***; | (1) Ciallaíonn 'athchóiriú foirgneamh' gach cineál ***beart chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú i bhfoirgnimh***, lena n-áirítear imchlúdach ***na bhfoirgneamh*** a insliú, is é sin ballaí, díon, urlár, ***athsholáthar*** fuinneoga***, dícharbónú*** téimh ***agus fuaraithe***, ***athsholáthar fearas cócaireachta*** agus ***soilsiúcháin do chinn níos éifeachtúla***, agus ***suiteáil agus stóráil*** fuinnimh ar an láthair ***ó fhoinsí fuinnimh inbhuanaithe, in-athnuaite, ísealcharbóin agus astaíochtaí nialasacha, agus riachtanais daoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh***; |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ciallaíonn 'bochtaineacht fuinnimh' ***an bhochtaineacht*** fuinnimh ***mar a shainmhínítear i bpointe [(49)*** d'***Airteagal 2 de Rialachán (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[50]; | (2) ciallaíonn 'bochtaineacht fuinnimh' ***neamhábaltacht teaghlaigh a riachtanais bhunúsacha soláthair*** fuinnimh ***a chomhlíonadh agus easpa rochtana ar sheirbhísí riachtanacha fuinnimh chun bunleibhéil chompoird agus sláinte agus caighdeán maith maireachtála a ráthú, lena n-áirítear teas, fuarú, soilsiú, agus*** |

*fuinneamh* d'*fhearais chumhachta*;

---

[50] *[Treoir (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C […], […], lch. […]).] [Togra le haghaidh athmhúnlú Threoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh]*

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 9 – pointe 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) ciallaíonn 'bochtaineacht soghluaisteachta' cás teaghlaigh ag a bhfuil rochtain theoranta ar na seirbhísí soghluaisteachta agus iompair atá ar fáil agus atá inacmhainne agus nach bhfuil in acmhainn íoc as an iompar is gá chun freastal ar sheirbhísí fíor-riachtanacha agus ar riachtanais fíor-riachtanacha shocheacnamaíocha, ag brath ar imthosca náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a fhéadfaidh ceann amháin nó meascán de na tosca seo a leanas a bheith ina gcúis leo: ioncam íseal-leibhéil, caiteachas ard ar bhreosla, easpa seirbhísí inacmhainne iompair phoiblí ardcháilíochta agus ardmhinicíochta nó easpa infhaighteachta na seirbhísí sin, easpa nó infhaighteacht theoranta ar réitigh shoghluaisteachta mhalartacha agus ghníomhacha agus a n-inrochtaineacht agus a suíomh, agus béim ar leith ar theaghlaigh i gceantair thuaithe, i gceantair iargúlta agus i gceantair eile faoi mhíbhuntáiste;*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 9 – pointe 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) ciallaíonn 'fiontar beag' fiontar a fhostaíonn níos lú ná 50 duine agus nach sáraíonn a láimhdeachas bliantúil ná a chlár comhardaithe bliantúil EUR 10 milliún, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3 go 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún;*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) ciallaíonn 'úsáideoirí iompair' teaghlaigh nó micrifhiontair a úsáideann roghanna éagsúla iompair agus soghluaisteachta; | (10) ciallaíonn 'úsáideoirí iompair' teaghlaigh nó micrifhiontair ***agus fiontair bheaga*** a úsáideann roghanna éagsúla iompair agus soghluaisteachta; |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) ciallaíonn 'teaghlaigh leochaileacha' teaghlaigh ***faoi bhochtaineacht*** fuinnimh nó teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh ***ar ioncam íseal*** agus meánioncaim, ***dá ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr foirgnimh a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE*** difear suntasach agus ***nach bhfuil sé d'acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú***; | (11) ciallaíonn 'teaghlaigh leochaileacha' teaghlaigh ***atá thíos le bochtaineacht*** fuinnimh ***agus soghluaisteachta*** nó ***atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh agus soghluaisteachta nó*** teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh ***ísealioncaim*** agus meánioncaim, ***lena ndéantar*** difear suntasach ***dá ndea-bhail eacnamaíoch*** agus ***shóisialta mar gheall ar luaineacht mhéadaithe praghsanna fuinnimh agus tráchtearraí agus na bearta a glacadh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun dul chun cinn a dhéanamh san aistriú glas chun*** |

| | |
|---|---|
| | ***aeráidneodracht a bhaint amach***; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ciallaíonn ‘micrifhiontair leochaileacha’ micrifhiontair dá ndéanann ***tionchair phraghsanna foirgnimh a chuimsiú i raon feidhme Threoir 2003/87/CE*** difear suntasach agus nach bhfuil sé d’acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú; | (12) ciallaíonn ‘micrifhiontair ***agus fiontair bheaga*** leochaileacha’ micrifhiontair ***agus fiontair bheaga*** dá ndéanann ***an t-aistriú i dtreo aeráidneodrachta*** difear suntasach agus nach bhfuil sé d’acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú ***ná feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a cheannach***; |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ciallaíonn ‘úsáideoirí iompair leochaileacha’ úsáideoirí iompair, lena n-áirítear úsáideoirí ó theaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncaim, ***dá ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear suntasach agus nach bhfuil sé d’acmhainn acu feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a cheannach nó aistriú chuig modhanna*** iompair ***mhalartacha inbhuanaithe, lena n-áirítear iompar poiblí, go háirithe*** i limistéir thuaithe agus ***iargúlta***. | (13) ciallaíonn ‘úsáideoirí iompair leochaileacha’ úsáideoirí iompair, lena n-áirítear úsáideoirí ó theaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncaim, ***atá thíos le bochtaineacht soghluaisteachta nó atá i mbaol bochtaineachta soghluaisteachta; ba cheart aird ar leith a thabhairt ar úsáideoirí*** iompair i limistéir thuaithe***, iargúlta*** agus ***i limistéir eile atá faoi mhíbhuntáiste***. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') faoi bhráid an Choimisiúin ***in éineacht*** leis an nuashonrú ar an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis an nós imeachta agus an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin. ***Beidh*** sraith chomhleanúnach beart agus infheistíochtaí sa Phlean chun aghaidh a thabhairt ar ***thionchar na praghsála carbóin*** ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun téamh, fuarú agus soghluaiseacht inacmhainne a áirithiú agus na bearta is gá ag gabháil leo agus dlús á chur leo chun spriocanna aeráide an Aontais a ***chomhlíonadh***. | 1. Cuirfidh gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') faoi bhráid an Choimisiúin***. Beidh an Plean comhleanúnach agus uasmhéadófar sineirgí*** leis an nuashonrú ar an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis an nós imeachta agus an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin. ***Ba cheart*** sraith chomhleanúnach beart agus infheistíochtaí ***a bheith*** sa Phlean chun aghaidh a thabhairt ar ***chostas an aistrithe chuig aeráidneodracht*** ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair ***agus ar fhiontair bheaga*** leochaileacha***,*** agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun téamh, fuarú agus soghluaiseacht inacmhainne ***éifeachtúil*** a áirithiú agus ***chun rochtain ar shoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste a thabhairt agus*** na bearta is gá ag gabháil leo agus dlús á chur leo chun spriocanna aeráide an Aontais a ***bhaint amach***. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh bearta náisiúnta a sholáthraíonn tacaíocht dhíreach ioncaim shealadach do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh ar úsáideoirí iompair leochaileacha iad a bheith mar chuid den Phlean chun an tionchar a bheidh ag an méadú ar phraghas breoslaí iontaise ***mar thoradh ar foirgnimh agus iompar de bhóthar a chuimsiú i raon feidhme Threoir 2003/87/CE***. | 2. Féadfaidh bearta náisiúnta a sholáthraíonn tacaíocht dhíreach ioncaim shealadach do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh ar úsáideoirí iompair leochaileacha iad a bheith mar chuid den Phlean chun an tionchar a bheidh ag an méadú ar phraghas breoslaí iontaise. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', ní bhuanaíonn an chabhair dhíreach sin cineál soghluaisteachta a bhraitheann ar bhreoslaí iontaise nó ar fhóirdheonú indíreach ar bhreoslaí iontaise. Má tá siad ceaptha, áfach, agus mar chuid d'fhís fhadtéarmach atá dírithe ar dhícharbónú, is féidir leo cead sealadach a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha nach bhfuil soláthar malartach d'iompar dícharbónaithe ar fáil dóibh chun freastal ar a mbunriachtanais shocheacnamaíocha a chumhdach.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh tionscadail náisiúnta mar chuid den Phlean chun: | 3. Beidh tionscadail náisiúnta***, réigiúnacha agus áitiúla*** mar chuid den Phlean chun: |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bearta agus infheistíochtaí a mhaoiniú chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú, chun bearta feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, chun athchóiriú foirgneamh a dhéanamh, agus chun téamh | (a) bearta agus infheistíochtaí a mhaoiniú chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú, chun bearta feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, chun athchóiriú foirgneamh a dhéanamh, agus chun téamh |

| | |
|---|---|
| agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí ***inathnuaite*** fuinnimh a chomhtháthú; | agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí ***in-athnuaite*** fuinnimh ***inbhuanaithe, in-athnuaite, ísealcharbóin agus astaíochtaí nialasacha*** a chomhtháthú ***agus a stóráil chomh maith***; |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bearta agus infheistíochtaí ***a mhaoiniú*** chun an glacadh atá le ***soghluaiseacht*** agus iompar astaíochtaí ***ísle*** agus astaíochtaí ***nialasacha*** a mhéadú. | (b) Bearta agus infheistíochtaí ***airgeadais*** chun an glacadh atá le ***soghluaisteacht*** agus iompar astaíochtaí ***nialasacha*** agus astaíochtaí ***ísle*** a mhéadú***, chun úsáid iompair phoiblí atá inacmhainne, éifeachtúil agus inrochtana a chur chun cinn agus chun cáilíocht agus minicíocht a sheirbhísí a mhéadú, go háirithe i gceantair thuaithe, chun gach gné de na seirbhísí soghluaisteachta comhroinnte a chur chun cinn, agus chun athnuachan agus bonneagar an fhlít iompair uirbigh ghlain a dhreasú lena dtacaítear le soghluaisteacht ghníomhach, amhail bealaí rothaíochta***. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Rachfar i gcomhairle le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, le comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine óga, agus le geallsealbhóirí ábhartha eile maidir leis an dréachtphlean i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, sula gcuirfear faoi bhráid an Choimisiúin é.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na bearta coincréiteacha a ghabhann leo agus is gá chun na bearta agus infheistíochtaí atá sa Phlean a bhaint amach agus na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) a laghdú ***chomh maith le faisnéis maidir le maoiniú reatha nó beartaithe beart agus infheistíochtaí ó fhoinsí eile de chuid an Aontais, agus ó fhoinsí idirnáisiúnta, poiblí nó príobháideacha***; | (b) na bearta coincréiteacha ***agus na hathchóirithe beartais*** a ghabhann leo agus is gá chun na bearta agus infheistíochtaí atá sa Phlean a ***chur chun feidhme agus a*** bhaint amach agus na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) a laghdú; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) (c) mar aon le faisnéis faoi mhaoiniú beart agus infheistíochtaí atá ann cheana nó atá beartaithe ó fhoinsí eile de chuid an Aontais, ó fhoinsí idirnáisiúnta, ó fhoinsí poiblí nó ó fhoinsí príobháideacha eile;*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) meastachán maidir leis na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an méadú sin ar phraghsanna ar theaghlaigh, ar ráta tarlaithe na bochtaineachta fuinnimh, ar mhicrifhiontair agus ar úsáideoirí iompair, agus ina gcuimseofar go háirithe | (c) meastachán maidir leis na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an méadú sin ar phraghsanna ar theaghlaigh, ar ráta tarlaithe na bochtaineachta fuinnimh ***agus na bochtaineachta soghluaiseachta***, ar mhicrifhiontair agus ar ***fhiontair bheaga,*** |

| | |
|---|---|
| meastachán maidir le teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha agus sainaithneofar na teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí sin; déanfar anailísiú ar na tionchair sin le leibhéal leordhóthanach dí-chomhiomlánaithe, ag cur gnéithe amhail rochtain ar iompar poiblí agus seirbhísí bunúsacha san áireamh agus na limistéir is mó dá ndéantar difear, go háirithe ***críocha atá*** iargúlta agus limistéir ***thuaithe***, a shainaithint; | ***agus ar*** úsáideoirí iompair, agus ina gcuimseofar go háirithe meastachán maidir le teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair ***agus fiontair bheaga*** leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha agus sainaithneofar na teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí sin; déanfar anailísiú ar na tionchair sin le leibhéal leordhóthanach dí-chomhiomlánaithe ***agus le sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de***, ag cur gnéithe amhail ***sainiúlachtaí náisiúnta agus*** rochtain ar iompar poiblí ***rialta*** agus ***ar ardcháilíocht, agus*** seirbhísí bunúsacha san áireamh***, inacmhainneacht*** agus ***infhaighteacht an iompair phoiblí rialta agus ar ardcháilíocht agus*** na ***seirbhísí bunúsacha agus na*** limistéir is mó dá ndéantar difear, go háirithe ***i limistéir thuaithe,*** iargúlta agus ***i*** limistéir ***eile atá faoi mhíbhuntáiste***, a shainaithint; ***déanfar anailís agus measúnú rialta ar na tionchair sin freisin, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh sé go mbeadh teaghlach leochaileach tráth ar bith agus ar chúiseanna socheacnamaíocha éagsúla;*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) measúnú tionchair inscne agus míniú ar an gcaoi a gcuirtear san áireamh sna bearta agus sna hinfheistíochtaí atá sa Phlean na cuspóirí maidir le rannchuidiú le comhionannas inscne agus comhdheiseanna do chách;*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) i gcás ina bhfuil foráil sa Phlean maidir le bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), na critéir chun faighteoirí deiridh incháilithe a shainaithint, léiriú ar an teorainn ama a shamhlaítear le haghaidh na mbeart i gceist agus an t-údar atá leo ar bhonn meastacháin chainníochtúil agus mínithe cháilíochtúil ar an gcaoi a ***bhfuiltear ag súil go laghdóidh*** na bearta ***sa Phlean bochtaineacht*** fuinnimh agus ***iompair*** agus ***leochaileacht teaghlach, micrifhiontar agus úsáideoirí iompair do mhéadú ar phraghsanna iompair bóthair agus breoslaí téimh***; | (d) i gcás ina bhfuil foráil sa Phlean maidir le bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), na critéir chun faighteoirí deiridh incháilithe a shainaithint, léiriú ar an teorainn ama a shamhlaítear le haghaidh na mbeart i gceist agus an t-údar atá leo ar bhonn meastacháin chainníochtúil agus mínithe cháilíochtúil ar an gcaoi a ***gcuireann*** na bearta ***faoiseamh láithreach atá riachtanach agus comhréireach ar fáil do theaghlaigh agus do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga atá faoi bhochtaineacht*** fuinnimh agus ***soghluaisteachta mar chuid de straitéis iomlánaíoch chun na micrifhiontair*** agus ***na fiontair bheaga agus na teaghlaigh sin a bhaint as bochtaineacht soghluaisteachta trí níos mó infheistíochtaí struchtúracha a dhéanamh sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, go háirithe deireadh a chur, de réir a chéile, leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise***; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) na garspriocanna***,*** na spriocanna agus ***an t-amchlár*** táscach atá beartaithe chun na bearta ***a chur chun feidhme,*** agus ***infheistíochtaí*** a bheidh le tabhairt i gcrích ***faoin 31 Iúil 2032***; | (e) na garspriocanna ***agus*** na spriocanna ***sonracha chun líon na dteaghlach leochaileach*** agus ***na micrifhiontar agus na bhfiontar beag atá leochaileach a laghdú agus amchlár*** táscach atá beartaithe chun na bearta agus ***na hinfheistíochtaí*** a bheidh le tabhairt i gcrích ***ag deireadh gach creata airgeadais ilbhliantúil, is é sin, faoin 31 Nollaig 2027 agus faoin 31 Iúil 2035 faoi seach***; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) na socruithe ***don Bhallstáit lena mbaineann chun faireacháin*** éifeachtach a dhéanamh ar an bPlean agus é a chur chun feidhme go héifeachtach, go háirithe ***faireachán*** agus ***cur chun feidhme*** na ***ngarspriocanna agus na*** spriocanna, lena n-áirítear táscairí chun bearta agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, ***agus is iad na táscairí sin***, i gcás inarb ábhartha, ***iad sin*** a bheidh ar fáil ***le hOifig*** Staidrimh an Aontais Eorpaigh agus an ***Fhaireachlann um Bochtaineacht*** Fuinnimh mar a shainaithnítear i ***Moladh 2020/1563*** ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh; | (i) na socruithe ***i dtaobh faireachán*** éifeachtach a dhéanamh ar an bPlean agus ***chun*** é a chur chun feidhme go héifeachtach ***ag an mBallstát agus ag na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla lena mbaineann***, ***lena n-áirítear rannpháirteachas na gcomhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus na sochaí sibhialta sa phróiseas,*** go háirithe ***na garspriocanna*** agus na spriocanna, lena n-áirítear táscairí chun bearta agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, ***ar táscairí iad***, i gcás inarb ábhartha, a bheidh ar fáil ***ó Oifig*** Staidrimh an Aontais Eorpaigh agus ***ón bhFaireachlann Eorpach um*** an ***mBochtaineacht*** Fuinnimh mar a shainaithnítear i ***Moladh 2020/1563***[54] ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh; ***forbróidh an Coimisiún, faoin 31 Iúil 2023, táscairí chun faireachán a dhéanamh ar bhochtaineacht soghluaisteachta. Déanfaidh Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh sonraí a bhaineann leis na táscairí sin a bhailiú go rialta agus cuirfidh an Coimisiún Faireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh ar bun;*** |
| [54] IO L 357, 27.10.2020, lch. 35. | [54] IO L 357, 27.10.2020, lch. 35. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) chun an Plean a ullmhú agus, i gcás ina mbeidh fáil air, ar mhaithe leis an bPlean a chur chun feidhme, achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin, arna | (j) chun an Plean a ullmhú agus, i gcás ina mbeidh fáil air, ar mhaithe leis an bPlean a chur chun feidhme, achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin ***dá*** |

déanamh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus an chaoi a léirítear ionchur na bpáirtithe leasmhara sa Phlean;

***bhforáiltear in Airteagal 3***, ***mír 3a (nua),*** arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus an chaoi a léirítear ionchur na bpáirtithe leasmhara sa Phlean;

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Faoin 31 Iúil 2023, tabharfaidh an Coimisiún treoir do na Ballstáit maidir le conas forálacha an Airteagail seo a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Nuair a bheidh a gcuid Pleananna á n-ullmhú acu, féadfaidh Ballstáit iarraidh ar an gCoimisiún*** malartú dea-chleachtas a ***eagrú***. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh freisin faoin tSaoráid ***Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh, a bhunaítear*** le Comhaontú an Choimisiúin leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ***in 2009***, nó faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58]. | 3. ***Déanfaidh an Coimisiún ardán a chur ar bun chun*** malartú dea-chleachtas a ***chur chun cinn go gníomhach i measc na ngeallsealbhóirí agus na bpobal uile atá bainteach le cur chun feidhme an Chiste mar aon le treoir a chur ar fáil chun fothú acmhainneachta na ngeallsealbhóirí a chumasú agus a spreagadh chun bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i gcur chun feidhme an Chiste***. Féadfaidh na Ballstáit ***agus na geallsealbhóirí atá rannpháirteach in ullmhú na bPleananna*** tacaíocht theicniúil a iarraidh freisin faoin tSaoráid ***ELENA, arna bunú*** le Comhaontú an Choimisiúin leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ***in 2009***, nó faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a bhunaítear le Rialachán |

(AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58].

[58] Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (***IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).***

[58] Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (***IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).***

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh íocaíocht na tacaíochta coinníollach ar na garspriocanna agus na spriocanna le haghaidh beart agus infheistíochtaí a leagtar amach sna Pleananna a bhaint amach. Beidh na garspriocanna agus na spriocanna sin comhoiriúnach le spriocanna aeráide an Aontais agus cumhdóidh siad cumhdófar leo go háirithe: | 2. Beidh íocaíocht na tacaíochta coinníollach ar na garspriocanna agus na spriocanna le haghaidh beart agus infheistíochtaí a leagtar amach sna Pleananna a bhaint amach. Beidh na garspriocanna agus na spriocanna sin comhoiriúnach le spriocanna aeráide an Aontais agus cumhdóidh siad cumhdófar leo go háirithe: |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***soghluaiseacht*** agus iompar ***astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha***; | (c) ***soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha*** agus ***astíochtaí ísle, agus lorg carbóin feithiclí le linn a saolré, soghluaisteacht ghníomhach, seirbhísí soghluaisteachta ar éileamh agus*** iompar ***poiblí á gcur san áireamh***; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) laghduithe ***in*** astaíochtaí gás ceaptha teasa; | (d) laghduithe ***ar*** astaíochtaí gás ceaptha teasa ***i ndáil le bearta agus infheistíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 6***; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) laghduithe ar an líon teaghlach leochaileach, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha, ***lena n-áirítear*** i limistéir thuaithe agus ***iargúlta***. | (e) laghduithe ar an líon teaghlach leochaileach, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh ***agus soghluaiseachta***, micrifhiontair ***agus fiontair bheaga*** leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha, ***imdhealaithe de réir inscne, go háirithe*** i limistéir thuaithe***, iargúlta*** agus ***limistéir eile faoi mhíbhuntáiste***. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ní thacófar le bearta agus infheistíochtaí atá eisiata faoi Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/1056 leis an gCiste Aeráide Sóisialta.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh Ballstáit na costais a | 1. Féadfaidh Ballstáit na costais a |

| | |
|---|---|
| bhaineann leis na bearta lena soláthraítear tacaíocht dhíreach ioncaim ***shealadach*** do theaghlaigh leochaileacha agus ***do theaghlaigh leochaileacha ar úsáideoirí iompair iad a áireamh d'fhonn*** an méadú ar phraghsanna ***iompair de bhóthar*** agus ***breoslaí téimh*** a iompar. Laghdófar tacaíocht ***den sórt*** sin le himeacht ***aimsire*** agus beidh ***sí teoranta don tionchar díreach a bheidh ag trádáil astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar***. Cuirfear deireadh leis an incháilitheacht ar thacaíocht ioncaim dhírigh den sórt sin laistigh de na teorainneacha ama a shainaithnítear faoi Airteagal 4(1), pointe (d). | bhaineann leis na bearta lena soláthraítear tacaíocht dhíreach ioncaim ***a áireamh, amhail cánacha agus táillí a laghdú, mar bheart idirthréimhseach,*** do theaghlaigh leochaileacha ***a bhfuil orthu dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh*** agus ***soghluaisteachta chun*** an méadú ar phraghsanna ***breosla*** agus ***costais eile*** a ***bhaineann leis an aistriú i dtreo soghluaisteacht chliste agus inbhuanaithe a*** iompar. Laghdófar ***an*** tacaíocht sin le himeacht ***ama*** agus beidh ***athchóirithe beartais agus tuilleadh infheistíochtaí struchtúracha ag gabháil léi ag a mbeadh tionchair fhadtéarmacha***. Cuirfear deireadh leis an incháilitheacht ar thacaíocht ioncaim dhírigh den sórt sin laistigh de na teorainneacha ama a shainaithnítear faoi Airteagal 4(1), pointe (d). |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh Ballstáit na costais a bhaineann leis na bearta agus na hinfheistíochtaí seo a leanas a chur san áireamh i ***g costais*** mheasta iomlána na bPleananna, ar choinníoll go mbaineann teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha nó úsáideoirí iompair leochaileacha go príomha tairbhe astu agus go bhfuil siad beartaithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh: | 2. Féadfaidh Ballstáit na costais a bhaineann leis na bearta agus na hinfheistíochtaí seo a leanas a chur san áireamh i ***gcostais*** mheasta iomlána na bPleananna, ar choinníoll go mbaineann teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair ***agus fiontair bheaga*** leochaileacha nó úsáideoirí iompair leochaileacha go príomha tairbhe astu agus go bhfuil siad beartaithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tacú le hathchóirithe foirgneamh, go háirithe dóibh siúd atá ag áitiú na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla, lena n-áirítear i bhfoirm tacaíochta airgeadais nó dreasachtaí fioscacha amhail cead chun na costais athchóirithe a bhaint ón gcíos, beag beann ar úinéireacht na bhfoirgneamh lena mbaineann; | (a) tacú le hathchóirithe foirgneamh, ***lena dtugtar tús áite do thithíocht shóisialta agus do limistéir faoi mhíbhuntáiste,*** go háirithe dóibh siúd atá ag áitiú na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla, lena n-áirítear i bhfoirm tacaíochta airgeadais nó dreasachtaí fioscacha amhail cead chun na costais athchóirithe a bhaint ón gcíos, beag beann ar úinéireacht na bhfoirgneamh lena mbaineann; |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rannchuidiú le dícharbónú, lena n-áirítear leictriú, téimh agus fuaraithe ***foirgneamh agus cócaireacht*** i bhfoirgnimh agus comhtháthú fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a rannchuidíonn le fuinneamh a choigilt; | (b) rannchuidiú le dícharbónú, lena n-áirítear leictriú, ***digitiú*** téimh agus fuaraithe i bhfoirgnimh***,*** agus ***na bhfearas cócaireachta, mar aon le*** comhtháthú ***agus stóráil*** fuinnimh ó fhoinsí ***inbhuanaithe,*** in-athnuaite***, ísealcharbóin agus astaíochtaí nialasacha*** a rannchuidíonn le fuinneamh a choigilt***, amhail dearbháin, fóirdheontais nó iasachtaí ar ús nialasach agus iasachtaí ar ús íseal chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí agus i seirbhísí chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a mhéadú nó chun foinsí fuinnimh in-athnuaite ísealcharbóin agus astaíochtaí nialasacha a chomhtháthú i bhfoirgnimh***; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe d**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (d) ***rochtain ar fheithiclí agus ar rothair astaíochtaí nialasacha agus ísle*** a chur ***ar fáil, lena n-áirítear*** tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha chun ***iad a cheannach*** agus ***le haghaidh bhonneagar poiblí agus príobháideach iomchuí***, lena ***n-áirítear le haghaidh athluchtú agus athbhreoslú; maidir le tacaíocht i dtaca le*** feithiclí astaíochtaí ísle, ***cuirfear tráthchlár ar fáil*** chun an ***tacaíocht a laghdú de réir a chéile***; | (d) ***infheistíochtaí*** a ***sholáthar atá dírithe ar dhlús a*** chur ***leis an aistriú modha i dtreo réitigh soghluaisteachta inbhuanaithe agus ilmhódacha, amhail*** tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha chun ***críche rochtain ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha*** agus ***ísle***, lena ***gcothófar forbairt margaidh*** feithiclí astaíochtaí ísle ***agus nialasacha athláimhe; tacaíocht do chruthú agus d'fhorbairt seirbhísí soghluaisteachta comhtháite***, ***agus do sholáthar feidhmchlár digiteach agus tionscnamh neamhdhigiteach lena nasctar úsáideoirí*** chun an ***tsoghluaisteacht chomhroinnte a éascú***; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe e**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (e) saor-rochtain ar iompar poiblí ***a dheonú*** nó taraifí ***oiriúnaithe*** le haghaidh rochtain ar iompar poiblí, ***chomh maith le*** soghluaisteacht inbhuanaithe ar éileamh agus seirbhísí comhroinnte soghluaisteachta; | (e) ***cabhrú le hoibreoirí iompair phoiblí agus úsáid iompair phoiblí inrochtana ar phraghas réasúnta a chur chun cinn agus cáilíocht a chuid seirbhísí a mhéadú i dtéarmaí uainiú, minicíocht agus poncúlacht go háirithe i limistéir thuaithe agus i limistéir ina bhfuil teaghlaigh leochaileacha go príomha, lena ndeonaítear, más féidir,*** saor-rochtain ar iompar poiblí nó taraifí ***sóisialta*** le haghaidh rochtain ar iompar poiblí, ***lena gcothaítear*** soghluaisteacht inbhuanaithe ar éileamh agus seirbhísí comhroinnte soghluaisteachta***, ag spreagadh athnuachan flíte iompair uirbigh ghlain agus ag tabhairt aird ar leith ar na limistéir sin atá thíos le dúshláin dhéimeagrafacha agus inrochtaineachta amhail limistéir bhánaithe***; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha chun seirbhísí soghluaisteachta agus iompair astaíochtaí nialasacha agus ísle inacmhainne a chur ar fáil agus tacú le ráta glactha roghanna soghluaisteachta ***gníomhacha*** tarraingteacha do limistéir thuaithe, ***oileánacha, shléibhe,*** iargúlta agus do limistéir ***nach bhfuil rochtain mhaith orthu nó do réigiúin nó críocha lagfhorbartha, lena n-áirítear ceantair pheirea-uirbeacha lagfhorbartha.*** | (f) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha chun seirbhísí soghluaisteachta agus iompair ***phoiblí*** astaíochtaí nialasacha agus ísle inacmhainne ***éifeachtúla*** a ***fhorbairt agus a*** chur ar fáil agus tacú le ráta glactha roghanna soghluaisteachta ***gníomhaí*** tarraingteacha***, inrochtana agus sábháilte, amhail tacaíocht airgeadais lena gcumhdaítear ceannach agus léasú rothar chomh maith lena bhonneagar comhfhreagrach,*** do limistéir thuaithe, iargúlta agus do limistéir ***eile faoi mhíbhuntáiste;*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) faisnéis spriocdhírithe, comhairle shaincheaptha, forbairt acmhainní, tacaíocht oiliúna agus faisnéis faoi roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe inacmhainne a chur ar fáil do theaghlaigh atá thíos leis an mbochtaineacht soghluaisteachta.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní ***thabharfaidh an Ciste tacaíocht i leith, agus ní*** áireofar le costais mheasta | 1. Ní áireofar le costais mheasta iomlána Pleananna bearta i bhfoirm |

iomlána Pleananna bearta i bhfoirm tacaíocht dhíreach ***ioncaim*** de bhun Airteagal 3(2) den Rialachán seo, do theaghlaigh a bhaineann tairbhe cheana féin as:

tacaíocht ***ioncaim*** dhíreach de bhun Airteagal 3(2) den Rialachán seo ***sa mhéid atá siad sin sa bhreis ar an tacaíocht arna soláthar*** do theaghlaigh a bhaineann tairbhe cheana féin as***, agus comhsheasmhach léi, agus ní thacóidh an Ciste leo***:

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) idirghabháil phoiblí ó thaobh leibhéal praghsanna na mbreoslaí a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina gcruthaíonn an Ballstát áirithe ina phlean nach ndéanann na hidirghabhálacha poiblí dá dtagraítear i mír 1 an ***méadú ar an bpraghas*** a ***leanann as na hearnálacha foirgneamh agus iompair de bhóthar a chuimsiú i raon feidhme Threoir 2003/87/CE a*** fhritháireamh go hiomlán, féadfar tacaíocht dhíreach ioncaim a chur san áireamh sna costais mheasta iomlána i dteorainneacha an ardú praghsanna nach bhfuil fritháirithe go hiomlán. | 2. I gcás ina gcruthaíonn an Ballstát áirithe ina phlean nach ndéanann na hidirghabhálacha poiblí dá dtagraítear i mír 1 ***na costais a bhaineann leis*** an ***aistriú i dtreo na haeráidneocachta*** a fhritháireamh go hiomlán, féadfar tacaíocht dhíreach ioncaim a chur san áireamh sna costais mheasta iomlána i dteorainneacha an ardú praghsanna nach bhfuil fritháirithe go hiomlán. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tairbhí a chur ar aghaidh chuig teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair | Tairbhí a chur ar aghaidh chuig teaghlaigh, micrifhiontair agus ***fiontair bheaga agus*** úsáideoirí iompair |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh Ballstáit tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil d'eintitis phoiblí nó phríobháideacha seachas teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha a chur san áireamh sna costais mheasta iomlána, i gcás ina ndéanann na heintitis sin bearta agus infheistíochtaí a bhíonn chun leasa ***theaghlaigh leochaileacha, mhicrifhiontair leochaileacha*** agus úsáideoirí iompair leochaileacha ar deireadh. | Féadfaidh Ballstáit tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil d'eintitis phoiblí nó phríobháideacha seachas teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair ***agus fiontair bheaga*** leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha a chur san áireamh sna costais mheasta iomlána, i gcás ina ndéanann na heintitis sin bearta agus infheistíochtaí a bhíonn chun leasa ***teaghlach leochaileach, micrifhiontar*** agus ***fiontar beag atá leochaileach agus*** úsáideoirí iompair leochaileacha ar deireadh. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh Ballstát foráil maidir leis na cosaintí reachtúla agus conarthacha is gá lena áirithiú go gcuirtear an leas ar fad ar aghaidh chuig na teaghlaigh, na micrifhiontair agus na húsáideoirí iompair. | Déanfaidh Ballstát foráil maidir leis na cosaintí reachtúla agus conarthacha is gá lena áirithiú go gcuirtear an leas ar fad ar aghaidh chuig na teaghlaigh, na micrifhiontair agus na ***fiontair bheaga agus na*** húsáideoirí iompair. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is EUR 23 700 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse ***2025-2027***. | 1. Is EUR 23 700 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais ***dá bhforáiltear*** chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse ***2023-2027***. ***Mar sin féin, déanfar a mhéid cinntitheach a chaibidil laistigh de bhuiséad AE, tar éis measúnú domhain agus nuashonraithe a dhéanamh ar chostais an aistrithe agus na n-acmhainní atá ar fáil.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is EUR 48 500 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais ***chun an Ciste a*** chur chun feidhme don tréimhse ***2028-2032, faoi réir ag infhaighteacht na méideanna faoi uasteorainneacha bliantúla*** an chreata airgeadais ilbhliantúil ***is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 312 CFAE***. | 2. Is ***é*** EUR 48 500 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais ***dá bhforáiltear do*** chur chun feidhme ***na hionstraime*** don tréimhse ***2028–2034. Déanfar a mhéid cinntitheach a chinneadh, áfach, le linn chaibidlíocht*** an ***chéad*** chreata airgeadais ilbhliantúil ***eile***. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh na Ballstáit a áireamh ina bPlean, mar chuid de na costais mheasta iomlána, na híocaíochtaí le haghaidh tacaíocht theicniúil bhreise i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/240 agus méid na ranníocaíochta in airgead tirim chun críoch urrann an Bhallstáit de | 3. Féadfaidh na Ballstáit a áireamh ina bPlean, mar chuid de na costais mheasta iomlána, na híocaíochtaí le haghaidh tacaíocht theicniúil bhreise i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/240 agus méid na ranníocaíochta in airgead tirim chun críoch urrann an Bhallstáit de |

| | |
|---|---|
| bhun fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/523. Ní rachaidh na costais sin thar 4 % de leithdháileadh iomlán airgeadais an Phlean, agus comhlíonfaidh na bearta ábhartha, mar a leagtar amach sa Phlean, an Rialachán seo. | bhun fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/523. Ní rachaidh na costais sin thar 4 % de leithdháileadh iomlán airgeadais an Phlean, agus comhlíonfaidh na bearta ábhartha, mar a leagtar amach sa Phlean, an Rialachán seo. ***Ina theannta sin, i gcás inar gá, féadfaidh an Ballstát bearta breise cúnaimh theicniúil a mholadh chun acmhainneacht agus éifeachtúlacht na n-údarás poiblí agus na gcomhlachtaí poiblí, na dtairbhithe agus na gcomhpháirtithe ábhartha a neartú, ar bearta iad a bheidh riachtanach chun na Cistí a bhainistiú agus a úsáid go héifeachtach.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh tacaíocht faoin gCiste sa bhreis ar ***thacaíocht*** arna ***cur ar fáil*** faoi chistí, ***chláir*** agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Féadfaidh bearta agus infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste tacaíocht a fháil ó chistí, ó chláir agus ó ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin an costas céanna. | 1. Beidh tacaíocht faoin gCiste sa bhreis ar ***an tacaíocht*** arna ***soláthar*** faoi chistí, ***cláir*** agus ionstraimí eile de chuid an Aontais***, faoi chistí, cláir agus ionstraimí náisiúnta eile agus, i gcás inarb iomchuí, faoi chistí, cláir agus ionstraimí réigiúnacha eile***. Féadfaidh bearta agus infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste tacaíocht a fháil ó chistí, ó chláir agus ó ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin an costas céanna. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Úsáidfear tacaíocht faoin gCiste i sineirgíocht, i gcomhlántacht, i*** |

***gcomhleanúnachas agus i gcomhsheasmhacht le cistí, cláir agus ionstraimí eile ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal réigiúnach, go háirithe an Ciste don Nuachóiriú a bunaíodh le Treoir 2003/87/CE, an Clár InvestEU, an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus na Cistí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060.***

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar an leithdháileadh airgeadais uasta a ríomh le haghaidh gach Ballstáit aonair mar a shonraítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II. | 1. Déanfar an leithdháileadh airgeadais ***íosta agus*** uasta a ríomh le haghaidh gach Ballstáit aonair mar a shonraítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II ***agus beidh an leithdháileadh sin leordhóthanach, chun go bhféadfaidh gach Ballstát gníomhaíocht fhóinteach a dhéanamh agus as a dtiocfaidh torthaí nithiúla do shaoránaigh ar fud an Aontais Eorpaigh***. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13a*** |
| | ***Réamh-mhaoiniú*** |
| | ***1. Faoi réir an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 16(1) a ghlacadh, i gcás ina n-iarrann Ballstát réamh-mhaoiniú in éineacht le tíolacadh an Phlean, déanfaidh an*** |

***Coimisiún íocaíocht réamh-mhaoinithe de mhéid nach mó ná 13 % den ranníocaíocht airgeadais. De mhaolú ar Airteagal 116(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, déanfaidh an Coimisiún an íocaíocht chomhfhreagrach laistigh, a mhéid is féidir, de dhá mhí tar éis don Choimisiún an gealltanas dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 18 a ghlacadh.***

***2. I gcásanna réamh-mhaoinithe faoi mhír 1, déanfar na ranníocaíochtaí airgeadais a choigeartú go comhréireach.***

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Déanfaidh Ballstáit 50 faoin gcéad ar a laghad de chostais mheasta iomlána a bPleananna a ranníoc****.* | 1. ***Is féidir rannchuidiú 50 % na mBallstát a shaincheapadh tar éis measúnú tionchair críochnúil a dhéanamh ina gcuirtear san áireamh a dtúsphointí éagsúla agus a leibhéil éagsúla ioncaim, amhail OTI per capita lena gcuimsítear na blianta tagartha suas go dtí 2022, chun imthosca eisceachtúla a chur san áireamh****.* |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Bainfidh Ballstáit úsáid as, inter alia, ioncam óna lamháltais a chur ar ceant, i gcomhréir le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, dá ranníocaíocht náisiúnta le costais mheasta iomlána a bPleananna.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) cibé an ionann nó nach ionann an Plean agus freagairt ar an tionchar sóisialta ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha agus ar na dúshláin atá rompu sa Bhallstát lena mbaineann, mar thoradh ar ***bhunú an chórais trádála astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE***, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, agus aird chuí ar na dúshláin a shainaithnítear i measúnuithe an Choimisiúin ar an nuashonrú ar phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit lena mbaineann agus ar a dhul chun cinn de bhun Airteagal 9(3), agus Airteagail 13 agus 29 i Rialachán (AE) 2018/1999, chomh maith le i moltaí an Choimisiúin do Bhallstáit a eisítear de bhun Airteagal 34 i Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfianaise an chuspóra fhadtéarmaigh d'aeráidneodracht san Aontas faoi 2050. Cuirfear san áireamh leis sin dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann. | (i) cibé an ionann nó nach ionann an plean agus freagairt ***leordhóthanach éifeachtach*** ar an tionchar sóisialta ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair ***agus fiontair bheaga*** leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha agus ar na dúshláin atá rompu sa Bhallstát lena mbaineann, mar thoradh ar ***chostais an aistrithe***, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh ***agus faoi shoghluaiseacht fuinnimh***, agus aird chuí ar na dúshláin a shainaithnítear i measúnuithe an Choimisiúin ar an nuashonrú ar phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit lena mbaineann agus ar a dhul chun cinn de bhun Airteagal 9(3), agus Airteagail 13 agus 29 i Rialachán (AE) 2018/1999, chomh maith le i moltaí an Choimisiúin do Bhallstáit a eisítear de bhun Airteagal 34 i Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfianaise ***spriocanna aeráide agus fuinnimh*** an ***Aontais do 2030 agus an*** chuspóra fhadtéarmaigh d'aeráidneodracht san Aontas faoi 2050. Cuirfear san áireamh leis sin dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) cibé acu ***a*** bhfuil nó nach bhfuil bearta agus infheistíochtaí sa Phlean a chuireann leis an aistriú glas, ***lena n-áirítear le dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as*** agus go háirithe a chuireann le gnóthú chuspóirí aeráide agus fuinnimh | (iii) cibé acu ***an*** bhfuil nó nach bhfuil bearta agus infheistíochtaí sa Phlean ***lena dtugtar aghaidh ar na tionchair shóisialta*** a chuireann leis an aistriú glas, agus go háirithe a chuireann le gnóthú chuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais do 2030 |

| | |
|---|---|
| an Aontais do 2030 agus ***garspriocanna*** 2030 na Straitéise um an tSoghluaisteacht. | agus ***2050, gharspriocanna*** 2030 na Straitéise um an tSoghluaisteacht ***agus na ngealltanas chun spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach mar aon le cuspóirí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta;*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe iii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii a) an raibh na comhpháirtithe sóisialta agus na geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach agus an ndearnadh na pleananna a fhorbairt trí phróiseas leordhóthanach comhairliúcháin i gcomhréir leis an gcód iompair Eorpach maidir le comhpháirtíocht (Rialachán Tarmligthe Uimh. 240/2014 ón gCoimisiún) agus Airteagal 3 mír 3a (nua);*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe iii b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii b) an bhfuil anailís tionchair inscne sa phlean agus míniú ar an gcaoi a bhfuiltear ag dréim go dtabharfaidh na bearta agus na hinfheistíochtaí aghaidh ar ghné inscne na bochtaineachta fuinnimh agus na bochtaineachta soghluaisteachta.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b – pointe i**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (i) cibé an meastar go mbeidh tionchar buan ag an bPlean ar na dúshláin a dtugann an Plean sin aghaidh orthu agus go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, sa Bhallstát lena mbaineann; | (i) cibé an meastar go mbeidh tionchar buan ag an bPlean ar na dúshláin a dtugann an Plean sin aghaidh orthu agus go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair ***agus fiontair bheaga*** leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh ***agus soghluaisteachta***, sa Bhallstát lena mbaineann; |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe c – pointe iii a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(iii a) cibé atá bearta comhlántacha ag gabháil leis na bearta agus na hinfheistíochtaí a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhochtaineacht fuinnimh agus ar bhochtaineacht soghluaiseachta nó nach bhfuil.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann Plean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn cúinsí oibiachtúla, go háirithe mar gheall ar ***fhíorthionchair*** dhíreacha an ***chórais trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de*** | 1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann Plean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn cúinsí oibiachtúla, go háirithe mar gheall ar ***fhíorchostais*** dhíreacha an ***aistrithe chuig an aeráidneodracht***, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann leasú ar a Phlean, chun na hathruithe is gá agus a |

| | |
|---|---|
| ***Threoir 2003/87/CE***, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann leasú ar a Phlean, chun na hathruithe is gá agus a bhfuil údar cuí leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go n-ullmhófaí iarraidh den sórt sin. | bhfuil údar cuí leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go n-ullmhófaí iarraidh den sórt sin. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Faoin 15 Márta 2027 déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann measúnú ar oiriúnacht a ***bPleananna*** i bhfianaise na ***bhfíorthionchar díreach a bheadh ag córas trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh*** agus ***iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil Iva de Threoir 2003/087/CE***. Déanfar na measúnuithe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid de na tuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999. | 5. Faoin 15 Márta 2027***,*** déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann measúnú ar oiriúnacht a ***gcuid Pleananna*** i bhfianaise ***an chuspóra chun bochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht soghluaiseachta a laghdú, agus*** na ***costais a bhaineann leis an aistriú a mhaolú*** agus ***spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais á gcomhlíonadh acu***. Déanfar na measúnuithe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid de na tuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I ndiaidh don Choimisiún cinneadh a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh sé comhaontú in am trátha leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanas dlíthiúil aonair de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a chumhdaíonn an tréimhse ***2025-2027. Féadfar an comhaontú sin a chur i gcrích ar a luaithe bliain amháin roimh an mbliain ina gcuirtear tús leis na*** | 1. I ndiaidh don Choimisiún cinneadh a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh sé comhaontú in am trátha leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanas dlíthiúil aonair de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a chumhdaíonn an tréimhse ***2023-2027.*** |

***ceantanna faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE.***

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar an gealltanas dlíthiúil aonair lena gcumhdaítear an tréimhse ***2028-2032*** i gcrích faoi réir infhaighteacht na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 9(2) den Rialachán seo faoi uasteorainneacha bliantúla an chreata airgeadais ilbhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 312 CFAE. | 2. Tabharfar an gealltanas dlíthiúil aonair lena gcumhdaítear an tréimhse ***2028-2034*** i gcrích faoi réir infhaighteacht na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 9(2) den Rialachán seo faoi uasteorainneacha bliantúla an chreata airgeadais ilbhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 312 CFAE. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. D’fhéadfadh gealltanais bhuiséadacha a bheith bunaithe ar ghealltanais fhoriomlána ***agus, i gcás inarb iomchuí, féadfar iad a mhiondealú ina dtráthchodanna bliantúla arna scaipeadh thar roinnt blianta***. | 3. D’fhéadfadh gealltanais bhuiséadacha a bheith bunaithe ar ghealltanais fhoriomlána. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Más rud é, laistigh de 12 mhí ón dáta ar cuireadh comhaontuithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 18 i gcrích, nach bhfuil aon dul chun cinn inbhraite déanta ag an mBallstát lena mbaineann maidir le | 7. Más rud é, laistigh de 12 mhí ón dáta ar cuireadh comhaontuithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 18 i gcrích, nach bhfuil aon dul chun cinn inbhraite déanta ag an mBallstát lena mbaineann maidir le |

| | |
|---|---|
| ceann ar bith de na garspriocanna agus ***de*** na spriocanna ábhartha, déanfaidh an Coimisiún na comhaontuithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 18 a fhoirceannadh agus méid an leithdháilte airgeadais a tharraingt siar. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le foirceannadh comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 18 i ndiaidh dó deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann a chuid barúlacha a chur i láthair laistigh de thréimhse 2 mhí i ndiaidh don Choimisiún a mheasúnú ***a chur in iúl*** ar cé acu a rinneadh aon dul chun cinn inbhraite nó nach ndearnadh. | ceann ar bith de na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, déanfaidh an Coimisiún na comhaontuithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 18 a fhoirceannadh agus méid an leithdháilte airgeadais a tharraingt siar. ***Déanfar aon réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal [13a] a aisghabháil ina iomláine.*** Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le foirceannadh comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 18 i ndiaidh dó deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann a chuid barúlacha a chur i láthair laistigh de thréimhse 2 mhí i ndiaidh don Choimisiún a mheasúnú ar cé acu a rinneadh aon dul chun cinn inbhraite nó nach ndearnadh ***a chur in iúl***. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach, sineirgí a chothú agus comhordú éifeachtach a áirithiú idir an Ciste agus cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Clár InvestEU, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus na Cistí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060. Chun na críche sin, déanfaidh siad na nithe seo a leanas: | Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach, sineirgí a chothú agus comhordú éifeachtach a áirithiú idir an Ciste agus cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an ***Ciste don Nuálaíocht, an*** Clár InvestEU, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus na Cistí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060. Chun na críche sin, déanfaidh siad na nithe seo a leanas: |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faisnéis chainníochtúil mhionsonraithe maidir le líon na dteaghlach atá faoi bhochtaineacht fuinnimh; | (a) faisnéis chainníochtúil mhionsonraithe ***chomh maith le sonraí imdhealaithe*** maidir le líon na dteaghlach atá faoi bhochtaineacht fuinnimh ***agus faoi bhochtaineacht soghluaisteachta agus na hathruithe i gcomparáid leis an tuarascáil dheireanach ag baint úsáid as an sainmhíniú atá molta ina bplean***; |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás inarb infheidhme, faisnéis mhionsonraithe maidir le dul chun cinn i dtreo an chuspóra náisiúnta tháscaigh i dtaca le líon na dteaghlach ***atá faoi bhochtaineacht fuinnimh*** a laghdú; | (b) i gcás inarb infheidhme, faisnéis mhionsonraithe maidir le dul chun cinn i dtreo an chuspóra náisiúnta tháscaigh i dtaca le líon na dteaghlach a laghdú ***a bhfuil orthu dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht soghluaisteachta***; |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) faisnéis mhionsonraithe maidir le torthaí na mbeart agus na n-infheistíochtaí atá san áireamh ina bPlean; | (c) faisnéis mhionsonraithe maidir le torthaí na mbeart agus na n-infheistíochtaí atá san áireamh ina bPlean***, go háirithe maidir leis an laghdú a d'fhéadfadh a bheith ar astaíochtaí agus maidir le líon na dtairbhithe***; |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe f**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (f) in 2027, measúnú ar ***oiriúnacht an Phlean*** dá dtagraítear in ***Airteagal 17***(5) i bhfianaise ***na bhfíorthionchar díreach a bheadh ag córas trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/087/CE.*** | (f) in 2027, measúnú ar ***an bPlean*** dá dtagraítear in ***Airteagal 17***(5) i bhfianaise ***chostais an aistrithe;*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 1. Faoin ***1 Iúil 2028***, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ***mheastóireachta*** a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú an Chiste. | 1. Faoin ***1 Iúil 2024***, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ***luathmheastóireachta*** a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú an Chiste. |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***1 a. Faoin 1 Iúil 2026, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú an Chiste.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Faoin 31 Nollaig 2033, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta neamhspleách ex post a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. | 2. Faoin 31 Nollaig 2033, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta neamhspleách ex post ***maidir le húsáid an Chiste idir 2023-2034*** a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Sa tuarascáil mheastóireachta, déanfar measúnú, go háirithe, ar a mhéid a gnóthaíodh cuspóirí an Chiste a leagtar amach in Airteagal 1, ar éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus ar an mbreisluach AE. Breithneofar ann ábharthacht leanúnach na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí uile a leagtar amach in Airteagal 6 i bhfianaise an ***tionchar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE agus ó*** na bearta náisiúnta a dhéanann Ballstáit chun na laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh de bhun Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle. Breithneofar ann*** freisin ***ábharthacht leanúnach*** imchlúdach airgeadais an Chiste ***i ndáil le forbairtí féideartha*** maidir ***le lamháltais a chur ar ceant faoin gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh*** agus ***iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE agus breithnithe*** ábhartha eile. | 3. Sa tuarascáil mheastóireachta, déanfar measúnú, go háirithe, ar a mhéid a gnóthaíodh cuspóirí an Chiste a leagtar amach in Airteagal 1, ar éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus ar an mbreisluach AE. Breithneofar ann ábharthacht leanúnach na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí uile a leagtar amach in Airteagal 6 i bhfianaise an ***tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag*** na bearta ***arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal*** náisiúnta ***chun dul chun cinn*** a ***dhéanamh san aistriú glas chun cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach, mar aon le tionchar na mbearta náisiúnta a*** dhéanann Ballstáit chun na laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh de bhun Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[63] ***agus an dul chun cinn i dtreo chur chun feidhme chuspóirí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Déanfaidh sé scrúdú*** freisin ***ar a mhéid atá*** imchlúdach airgeadais an Chiste ***fós ábhartha*** maidir ***leis an éabhlóid a d'fhéadfadh teacht ar chostais an aistrithe*** agus ***ar chúrsaí*** ábhartha eile ***amhail éabhlóid phraghsanna an fhuinnimh agus na n-amhábhar is gá don aistriú*** |

*glas*.

[63]Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26-42).

[63]Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26-42).

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh measúnú foriomlán ar an gCiste sa tuarascáil mheastóireachta ***ex post*** agus beidh faisnéis faoina tionchar san áireamh inti freisin. | 5. Beidh measúnú foriomlán ar an gCiste sa tuarascáil mheastóireachta agus beidh faisnéis faoina tionchar san áireamh inti freisin. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh ***sé i bhfeidhm ón dáta faoina dtabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun Treoir (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[64] lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, a chomhlíonadh***. | Beidh ***feidhm aige ó 2023***. |

[64] [Treoir (AE) bbbb/uuu ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.... (IO …..).]

[64] [Treoir (AE) bbbb/uuu ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.... (IO …..).]

| | |
|---|---|
| [Treoir lena leasaítear Treoir 2003/87/CE] | [Treoir lena leasaítear Treoir 2003/87/CE] |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| ***Teideal*** | ***Bunú Ciste Aeráide Sóisialta*** |
| ***Tagairtí*** | ***COM(2021)0568 – C9-0324/2021 – 2021/0206(COD)*** |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL ENVI<br>13.9.2021 13.9.2021 |
| ***Tuairim ó***<br>***Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***TRAN***<br>***13.9.2021*** |
| ***Rapóirtéir don tuairim***<br>***Dáta an cheapacháin*** | ***Leila Chaibi***<br>***29.10.2021*** |
| ***Riail 55 - Nós imeachta coiste comhlachaithe***<br>***Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***11.11.2021*** |
| **Pléite sa choiste** | 7.2.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 28.4.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 44<br>–: 1<br>0: 3 |
| ***Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Magdalena Adamowicz, Andris Ameriks, José Ramón Bauzá Díaz, Erik Bergkvist, Izaskun Bilbao Barandica, Paolo Borchia, Karolin Braunsberger-Reinhold, Marco Campomenosi, Massimo Casanova, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Ismail Ertug, Gheorghe Falcă, Giuseppe Ferrandino, Carlo Fidanza, Mario Furore, Søren Gade, Isabel García Muñoz, Jens Gieseke, Elsi Katainen, Elena Kountoura, Julie Lechanteux, Bogusław Liberadzki, Peter Lundgren, Benoît Lutgen, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Philippe Olivier, Rovana Plumb, Tomasz Piotr Poręba, Dominique Riquet, Massimiliano Salini, Vera Tax, Barbara Thaler, István Ujhelyi, Henna Virkkunen, Petar Vitanov, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo, Roberts Zīle, Kosma Złotowski*** |
| ***Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Leila Chaibi, Clare Daly, Pär Holmgren*** |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 44 | + |
|---|---|
| ECR | Carlo Fidanza, Tomasz Piotr Poręba, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| ID | Paolo Borchia, Marco Campomenosi, Massimo Casanova, Julie Lechanteux, Philippe Olivier |
| NI | Mario Furore |
| PPE | Magdalena Adamowicz, Karolin Braunsberger-Reinhold, Gheorghe Falcă, Jens Gieseke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Cláudia Monteiro de Aguiar, Massimiliano Salini, Barbara Thaler, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo |
| Renew | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Søren Gade, Jan-Christoph Oetjen, Dominique Riquet |
| S&D | Andris Ameriks, Erik Bergkvist, Ismail Ertug, Giuseppe Ferrandino, Isabel García Muñoz, Bogusław Liberadzki, Rovana Plumb, Vera Tax, István Ujhelyi, Petar Vitanov |
| The Left | Leila Chaibi, Clare Daly, Elena Kountoura |
| Verts/ALE | Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Pär Holmgren, Tilly Metz |

| 1 | - |
|---|---|
| ECR | Peter Lundgren |

| 3 | 0 |
|---|---|
| PPE | Henna Virkkunen |
| Renew | Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

27.4.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta
(COM(2021)0568 – C9-0324/2021 – 2021/0206(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Tom Berendsen

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Lua 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ag féachaint d'Airteagal 174 CFAE,*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Beidh tionchair eacnamaíocha agus shóisialta éagsúla ag na leasuithe sin ar earnálacha éagsúla an gheilleagair, ar na saoránaigh agus ar na Ballstáit. Go háirithe, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa | (8) Beidh tionchair eacnamaíocha agus shóisialta éagsúla ag na leasuithe sin ar earnálacha éagsúla an gheilleagair, ar na saoránaigh agus ar na Ballstáit. Go háirithe, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa |

ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar á gcur san áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***, ba cheart spreagadh eacnamaíoch breise a sholáthar chun infheistiú in ídiú breoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí gas ceaptha teasa dá réir sin. ***Agus é sin á chur chun feidhme in éineacht*** le bearta eile, ba cheart costais le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar a laghdú agus deiseanna nua a chur ar fáil chun poist a chruthú agus le haghaidh infheistíochta sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar á gcur san áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[31], ba cheart spreagadh eacnamaíoch breise a sholáthar***, mar aon leis an dreasacht airgedais ó earnálacha eile a astaíonn gáis ceaptha teasa,*** chun infheistiú in ídiú breoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí gas ceaptha teasa dá réir sin. ***Mar aon*** le bearta eile ***chun an Ciste Aeráide Sóisialta sin a dhéanamh inbhuanaithe thar am***, ***agus leis na tograí a leanann as an gcaibidlíocht maidir leis an athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh,*** ba cheart costais le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar a laghdú***, go háirithe dóibh siúd atá ag maireachtáil sna foirgnimh is measa feidhmíocht*** agus ***i dtithíocht shóisialta, ba cheart inbhuanaitheacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú trína n-éileamh fuinnimh a laghdú agus, dá réir sin, a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus*** deiseanna nua a chur ar fáil chun poist a chruthú agus le haghaidh infheistíochta sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

---

[31] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas (***IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).***

[31] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas (***IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Mar sin féin, teastaíonn acmhainní chun na hinfheistíochtaí sin a mhaoiniú. Thairis sin, sula ndéanfar na | (9) Mar sin féin, teastaíonn acmhainní ***leordhóthanacha agus cobhsaí*** chun na hinfheistíochtaí sin a mhaoiniú. Thairis sin, |

| | |
|---|---|
| hinfheistíochtaí sin, is dócha go n-ardófar na costais a íocann teaghlaigh agus úsáideoirí iompair le haghaidh téimh, fuaraithe agus cócaireachta, chomh maith le costais le haghaidh iompar de bhóthar, de réir mar a chuireann na soláthróirí breosla atá faoi réir na n-oibleagáidí faoin trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar na costais ar charbón ar aghaidh chuig na tomhaltóirí. | sula ndéanfar na hinfheistíochtaí sin, is dócha go n-ardófar na costais a íocann teaghlaigh agus úsáideoirí iompair le haghaidh téimh, fuaraithe agus cócaireachta, chomh maith le costais le haghaidh iompar de bhóthar, de réir mar a chuireann na soláthróirí breosla atá faoi réir na n-oibleagáidí faoin trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar na costais ar charbón ar aghaidh chuig na tomhaltóirí. ***Is gá bearta frithghníomhacha amháin a sheachaint, dá bhrí sin ba cheart don Chiste tús a chur lena oibríocht sula gcuimsítear teaghlaigh phríobháideacha agus iompar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE (ETS), ionas go mbeidh am ann chun na húsáideoirí iompair agus na teaghlaigh is leochailí a ullmhú agus chun an gá atá le híocaíochtaí ioncaim dhírigh a íoslaghdú. Chuige sin is inmhianaithe go ndéanfar na bearta a dhéanann na Ballstáit lena dtacaítear le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena ndírítear ar fheabhas a chur ar cháilíocht a ailíniú leis an gcuspóir maidir le híoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag raon feidhme Threoir 2003/87/CE a leathnú.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) San earnáil tógála, dá ndéanfaí athchóiriú iomlánaíoch ar struchtúr na bhfoirgneamh, bheadh níos lú éilimh ar fhuinneamh, agus mar gheall air sin bheifí in ann daoine atá i mbaol eisiaimh a chur san áireamh ar bhealach níos éifeachtúla, eadhon na daoine is mó a bhíonn ag fulaingt de dheasca bochtaineacht fuinnimh in AE. Chuirfeadh sé i gcoinne threocht na dteaghlach a bhíonn ag bogadh idir ceantair thuaithe, fho-uirbeacha,*** |

***uirbeacha agus ceantair inar tearc an daonra, rud a chuirfeadh cosc orthu praghsanna tithíochta níos airde a thabhú agus a chuirfeadh cosc ar astú leanúnach gás ceaptha teasa mar thoradh ar úsáid mhéadaithe an iompair phríobháidigh.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9b) Ós rud é go mbeidh tionchar eacnamaíoch agus sóisialta ag an aistriú chuig an Eoraip níos glaine a bhfuil sé deacair measúnú ex-ante a dhéanamh air, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hinfheistíocht bhreise agus, dá réir sin, acmhainní airgeadais chun an tiomantas i leith neodracht aeráide a bhaint amach, agus an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach á chaomhnú ag an am céanna.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar díréireach ag an méadú ar phraghas breoslaí iontaise ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar ***úsáideoirí leochaileacha iompair*** a chaitheann cuid ***níos mó*** dá gcuid ioncaim ar fhuinneamh agus iompar agus, i ***gcás réigiún*** áirithe, nach mbíonn rochtain acu ar réitigh mhalartacha, inacmhainne ***um shoghluaisteacht*** agus ***iompar*** agus | (10) D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar díréireach ag an méadú ar phraghas breoslaí iontaise***, fuinnimh agus iompair*** ar theaghlaigh leochaileacha, ar ***úsáideoirí iompair leochaileacha, ar*** mhicrifhiontair leochaileacha***, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha*** agus ar a chaitheann cuid ***mhór*** dá gcuid ioncaim ar fhuinneamh agus ***ar*** iompar agus, i ***gcásanna a bhfuil údar cuí leo, fiontair bheaga leochaileacha, a chaitheann cuid*** |

***d'fhéadfadh*** sé nach mbeadh an cumas maoinithe acu ***le hinfheistiú chun a n-ídiú*** breosla iontaise a laghdú.

***mhaith dá n-ioncam ar fhuinneamh agus iompar, agus ar an gcaoi sin, a chuireann tuilleadh le géarú éagsúlachtaí réigiúnacha, i réigiúin*** áirithe, ***lena n-áirítear i limistéir thuaithe, i limistéir oileánacha, i limistéir shléibhtiúla, i limistéir forimeallacha, i limistéir inar tearc an daonra, i limistéir*** nach ***bhfuil rochtain mhaith orthu nó i réigiúin nó críocha lagfhorbartha, lena n-áirítear limistéir pheirea-uirbeacha lagfhorbartha chomh maith le limistéir a bhfuil míbhuntáistí móra déimeagrafacha acu agus limistéir atá thíos le meath déimeagrafach agus na limistéir nach*** mbíonn rochtain acu ar réitigh mhalartacha, inacmhainne ***i gcomhair fuinnimh, soghluaisteachta*** agus ***iompair*** agus ***a bhféadfadh*** sé nach mbeadh an cumas maoinithe acu ***infheistíocht a dhéanamh sa laghdú ar an ídiú*** breosla iontaise ***agus ar réitigh iompair atá neodrach ó thaobh fuinnimh nó íseal ar fhuinneamh. Le gníomhú uaillmhianach ar son na haeráide, bheadh an tAontas in ann*** a ***ráta spleáchais níos mó ná 60 % ar allmhairí breosla iontaise***[1a] ***a*** laghdú ***agus ar an gcaoi sin saoránaigh an Aontais a chosaint ar phraghsanna fuinnimh atá ag méadú go tapa***.

______________

***[1a] Eurostat 2021: Ráta spleáchais fuinnimh an Aontais in 2019: 60.7%.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Tá sé bunriachtanach, dá bhrí sin, earnáil an daonra sin a shainaithint agus díriú air go cuimsitheach, chun a áirithiú go mbeidh cúnamh SCF tapa, éifeachtach agus spriocdhírithe. Chun an cuspóir sin*** |

***a bhaint amach, tá sainmhíniú ar na daoine/na comharsanachtaí atá i mbaol eisiaimh shóisialta ag teastáil, lena mbeifear in ann micrilimistéir bheagfhorbartha (limistéir thuaithe agus uirbeacha) a chuimsítear i limistéir níos forbartha a shainaithint ar bhealach níos cruinne, rud a fhágann go bhfuil cruthú an SCF sin fíor-riachtanach sa chomhrac i gcoinne na neamhionannas sóisialta a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar chur chun feidhme na mbeart aeráide éagsúil.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Tá sé sin níos ábhartha fiú i bhfianaise na leibhéal bochtaineachta fuinnimh atá ann faoi láthair. Is éard atá i gceist leis an mbochtaineacht fuinnimh cás a fhágann nach féidir le teaghlaigh rochtain a fháil ar ***sheirbhísí*** fuinnimh ***fíor-riachtanacha***, amhail fuarú de réir mar a théann teochtaí in airde, agus téamh. Tuairiscítear nach raibh sé de chumas ag thart ar 34 mhilliún Eorpach a dtithe a choinneáil te go leor in 2018, agus dúirt 6.9 % de dhaonra an Aontais nach raibh sé d'acmhainn acu a dteach a théamh go leordhóthanach i suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais in ***2019***[32] . Ar an iomlán, measann an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh go bhfuil níos mó ná 50 milliún teaghlach san Aontas Eorpach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Dá bhrí sin, ***is dúshlán mór*** í an bhochtaineacht fuinnimh don Aontas. Cé gur féidir le taraifí sóisialta nó tacaíocht dhíreach ioncaim faoiseamh láithreach a sholáthar do theaghlaigh a bhfuil orthu dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh, ní ***féidir ach bearta*** | (12) Tá sé sin níos ábhartha fiú i bhfianaise na leibhéal bochtaineachta fuinnimh atá ann faoi láthair. ***Tá fuinneamh agus rochtain ar sheirbhísí fuinnimh inacmhainne ríthábhachtach agus*** is ***ionann iad agus cearta sóisialta bunúsacha agus riachtanacha maidir leis an gcuimsiú sóisialta. Is*** éard atá i gceist leis an mbochtaineacht fuinnimh cás a fhágann nach féidir le teaghlaigh rochtain a fháil ar ***leibhéal leormhaith soláthair*** fuinnimh ***fíor-riachtanach chun leibhéil bhunúsacha compoird agus sláinte a áirithiú***, amhail fuarú de réir mar a théann teochtaí in airde, agus téamh. ***Ní bhíonn rochtain ag teaghlaigh faoi bhochtaineacht fuinnimh ar sheirbhísí bunriachtanacha atá ina mbonn taca faoi chaighdeán cuibhiúil maireachtála agus sláinte, lena n-áirítear téamh, fuarú, soilsiú, iompar agus soghluaisteacht leormhaith, agus fuinneamh chun cumhacht a thabhairt d'fhearais, mar gheall ar theaglaim tosca, amhail sciar mór an chaiteachais fuinnimh atá le seasamh acu mar chuid dá n-ioncam*** |

| | |
|---|---|
| ***struchtúraithe dírithe***, go háirithe athchóirithe ***fuinnimh, réitigh bhuana a sholáthar***. | ***indiúscartha, praghsanna arda fuinnimh agus drochéifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh.*** Tuairiscítear nach raibh sé de chumas ag thart ar 34 mhilliún Eorpach a dtithe a choinneáil te go leor in 2018, agus dúirt 6.9 % de dhaonra an Aontais nach raibh sé d'acmhainn acu a dteach a théamh go leordhóthanach i suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais in ***2019***[1]. Ar an iomlán, measann an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh go bhfuil níos mó ná 50 milliún teaghlach san Aontas Eorpach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. ***Is dúshlán mór,*** dá bhrí sin, í an bhochtaineacht fuinnimh don Aontas ***agus tá sí ag cur tuilleadh leis an éagothroime shóisialta agus leis na héagothromaíochtaí réigiúnacha***. Cé gur féidir le taraifí sóisialta nó tacaíocht dhíreach ioncaim faoiseamh láithreach a sholáthar do theaghlaigh a bhfuil orthu dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh, ní ***fíor-réiteach iad chun teaghlaigh a thabhairt slán ón mbochtaineacht fuinnimh. Ní fhéadfar réitigh mharthanacha a sholáthar agus bochtaineacht fuinnimh a chomhrac ar bhealach éifeachtach ach amháin trí bhearta struchtúracha spriocdhírithe***, go háirithe athchóirithe ***foirgneamh lena ndírítear ar dheireadh a chur leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise***. |
| [32] Sonraí ó 2018. Eurostat, SILC [ilc_mdes01]). | [32] Sonraí ó 2018. Eurostat, SILC [ilc_mdes01]). |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Maidir le hearnáil na bhfoirgneamh, dá ndéanfaí athchóiriú iomlánaíoch ar fhoirgnimh, a bheadh*** |

***bunaithe ar ghníomhaíochtaí atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú trí dhíriú ar na gnéithe ar fad atá i bhfoirgneamh, laghdófaí tomhaltas fuinnimh do gach teaghlach, agus bheadh sé infheicthe san airgead a shábhálfaidís agus, mar thoradh air sin, bheadh sé ina bhealach chun an bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac. San athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, leagfaí síos an dúshraith do na cuspóirí sin atá le baint amach agus dá bhrí sin ba cheart iad a chur san áireamh agus SCF á chur chun feidhme.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12b) Dá bhrí sin, is dúshlán mór í an bhochtaineacht iompair don Aontas. Sa bhreis air sin, tháinig méadú níos tapúla idir 2005 agus 2018 ar phraghsanna do thomhaltóirí ar oibriú trealaimh iompair phearsanta agus ar sheirbhísí iompair i gcomparáid leis an mboilsciú foriomlán i bpraghsanna do thomhaltóirí[1a]. Tá sé níos práinní aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb, go háirithe i bhfianaise na bpraghsanna arda atá ar bhreoslaí, ar thicéid agus ar chaiteachas soghluaisteachta eile agus i bhfianaise infhaighteacht theoranta iompair phoiblí inrochtana agus réiteach iompair íseal-astaíochtaí nó astaíochtaí nialasacha, mar aon le spleáchas ard ar sheirbhísí iompair chun dul ag obair nó le haghaidh riachtanais laethúla soghluaisteachta, go háirithe dóibh siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, oileánacha, shléibhtiúla, iargúlta, nó i gceantair ar deacair teacht orthu nó i réigiúin nó i*** |

***gcríocha lagfhorbartha, lena n-áirítear limistéir pheirea-uirbeacha lagfhorbartha. I ndáil leis sin, beidh rialtais áitiúla agus réigiúnacha ina bpríomhgheallsealbhóirí chun iompar poiblí inacmhainne agus inbhuanaithe, go háirithe, a áirithiú.***

___________________

***[1a] Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin an 9.12.2020 a ghabhann leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, SWD (2020) 331 final, mír 900.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12c) Ní bheidh an tAontas agus na Ballstáit in ann a gcuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus aeráide a bhaint amach mar is ceart gan aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht iompair. In anneoin go bhfuil an fhadhb á haithint ar leibhéal an Aontais le breis agus 10 mbliana trí thionscnaimh, reachtaíocht agus treoirlínte éagsúla, ní ann, ar leibhéal an Aontais, d'aon sainmhíniú caighdeánach ar an mbochtaineacht fuinnimh agus iompair. Ní dhearna ach aon trian de na Ballstáit sainmhíniú náisiúnta ar an mbochtaineacht fuinnimh a chur i bhfeidhm. Dá thoradh sin, níl aon sonraí trédhearcacha agus inchomparáide maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh agus iompair san Aontas ar fáil. Dá bhrí sin, ba cheart sainmhíniú ar bhochtaineacht fuinnimh agus ar bhochtaineacht iompair ar leibhéal an Aontais a bhunú chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an*** |

| | |
|---|---|
| | ***mbochtaineacht fuinnimh agus ar an mbochtaineacht iompair agus chun an dul chun cinn sna Ballstáit uile a thomhas.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12d) Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na tionóntaí leochaileacha sin ar an margadh príobháideach cíosa agus ar an margadh tithíochta sóisialta, toisc go n-áirítear orthu sin teaghlaigh leochaileacha faoi bhochtaineacht fuinnimh nó teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh íseal-mheánioncaim, a ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr costais mhéadaithe téimh nó ag praghsanna cíosa níos airde i ndiaidh athchóirithe difear suntasach dóibh, ach nach bhfuil in ann an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú; Mar chuid dá bPleananna Aeráide Sóisialta, ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, tionscadail tithíochta glasa sóisialta atá tíosach ar fhuinneamh mar aon le bearta agus infheistíochtaí sonracha a fhorbairt, i gcomhairle le tiarnaí talún agus leis an earnáil phríobháideach i gcás inarb infheidhme, chun tacú le tionóntaí leochaileacha ar an margadh príobháideach cíosa, mar shampla trí cheart athchóirithe a bhreithniú, ar choinníoll go bhfuil na bearta agus na hinfheistíochtaí sin ina rannchuidiú freisin le spriocanna aeráide an Aontais. Mar chuid den tuairisciú agus an mheastóireacht dhébhliantúil ar na bearta agus na hinfheistíochtaí arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a dtionchar agus ar a n-éifeachtacht maidir le tacú le tionóntaí leochaileacha*** |

***ar an margadh príobháideach cíosa agus ar an margadh tithíochta sóisialta.***

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') a bhunú dá bhrí sin chun cistí a chur ar fáil do na Ballstáit ***le*** tacú lena mbeartais chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bheidh ag an trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar ar theaghlaigh leochaileacha, ***micrifhiontair leochaileacha agus*** úsáideoirí iompair leochaileacha. ***Ba*** cheart ***é*** sin a bhaint amach ***go háirithe*** trí thacaíocht ioncaim shealadach ***a chur ar fáil agus*** trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh i bhfoirgnimh, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle chun leasa teaghlach leochaileach, ***micrifhiontar leochaileach agus*** úsáideoirí iompair leochaileacha. | (13) Ba cheart ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') a bhunú dá bhrí sin chun cistí a chur ar fáil do na Ballstáit ***chun*** tacú lena mbeartais chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bheidh ag an trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar ar theaghlaigh leochaileacha, ***ar*** úsáideoirí iompair leochaileacha***, ar mhicrifhiontair leochaileacha, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha, agus, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, gnóthais bheaga leochaileacha***. ***Tá na grúpaí sin an-leochaileach maidir leis an ardú ar phraghsanna fuinnimh agus iompair mar thoradh ar phraghsáil carbóin. Níor*** cheart ***an tacaíocht*** sin a bhaint amach ***ar bhealach teoranta amháin,*** trí thacaíocht ioncaim shealadach***, ach go príomha*** trí bhearta agus infheistíochtaí ***ag a bhfuil tionchar fadtéarmach*** lena mbeartaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh i bhfoirgnimh, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle chun leasa teaghlach leochaileach, úsáideoirí iompair leochaileacha***, micrifhiontar leochaileach, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha, agus, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, gnóthais bheaga leochaileacha***. ***Ar an mbealach sin, rannchuidíonn an Ciste le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus bochtaineacht iompair agus le cuspóirí an Aontais maidir le neodracht aeráide a bhaint amach.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Chun na críche sin, ba cheart do gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta (‘an Plean’) a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart do na Pleananna ***sin*** dhá chuspóir a shaothrú. I dtosach báire, ba cheart dóibh na hacmhainní is gá a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha, ***micrifhiontair leochaileacha agus*** úsáideoirí iompair leochaileacha chun infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, ***dícharbónú*** téimh agus fuaraithe, i bhfeithiclí agus soghluaiseacht astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhaoiniú agus a dhéanamh. Ar an dara dul síos, ba cheart dóibh an tionchar a bheidh ag an méadú i gcostas breoslaí iontaise ar na daoine is leochailí a mhaolú agus dá bhrí sin an bhochtaineacht fuinnimh agus iompair le linn na tréimhse aistrithe a chosc go dtí go gcuirfear infheistíochtaí den sórt sin chun feidhme. Ba cheart do na Pleananna comhpháirt infheistíochta a bheith acu ina gcuirtear réiteach fadtéarmach chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú ***chun cinn*** agus d’fhéadfaidís bearta eile a bheartú, lena n-áirítear tacaíocht dhíreach ioncaim chun éifeachtaí díobhálacha ioncaim a mhaolú sa ghearrthéarma. | (14) Chun na críche sin, ba cheart do gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta (‘an Plean’) a chur faoi bhráid an Choimisiúin ***(‘an Plean’), plean a ullmhófar i gcomhairle le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, le comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le heagraíochtaí don óige agus le geallsealbhóirí ábhartha eile***. Ba cheart ***go ndéanfaí grúpaí leochaileacha atá faoi bhochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht iompair a shainaithint agus a mhapáil sna Pleananna sin; ba cheart dóibh anailís mhionsonraithe a sholáthar, ar anailís í a dhéanfar i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, leis na comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus leis an tsochaí shibhialta, ar phríomhchúiseanna na bochtaineachta fuinnimh agus iompair ina gcríocha faoi seach; agus spriocanna a leagan síos chun deireadh a chur le bochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht iompair de réir a chéile agus ar bhealach éifeachtach. Ba cheart*** do na Pleananna dhá chuspóir a shaothrú. I dtosach báire, ba cheart dóibh na hacmhainní is gá a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha, ***d’***úsáideoirí iompair leochaileacha***, do mhicrifhiontair leochaileacha, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha, agus, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, do ghnóthais bheaga leochaileacha,*** chun infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, |

***i ndícharbónú*** téimh agus fuaraithe, ***agus*** i bhfeithiclí***, iompar poiblí*** agus soghluaiseacht astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhaoiniú agus a dhéanamh. Ar an dara dul síos, ba cheart dóibh an tionchar a bheidh ag an méadú i gcostas breoslaí iontaise ar na daoine is leochailí a mhaolú agus dá bhrí sin an bhochtaineacht fuinnimh agus iompair le linn na tréimhse aistrithe a chosc go dtí go gcuirfear infheistíochtaí den sórt sin chun feidhme. Ba cheart do na Pleananna comhpháirt infheistíochta a bheith acu ina gcuirtear réiteach fadtéarmach ***cinn*** chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus ***iad a chéimniú amach de réir a chéile agus*** d'fhéadfaidís bearta eile a bheartú, lena n-áirítear tacaíocht dhíreach ioncaim chun éifeachtaí díobhálacha ioncaim a mhaolú sa ghearrthéarma.

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Is iad Ballstáit, agus iad ag dul i gcomhairle le húdaráis ***ar an leibhéal réigiúnach***, is fearr ***chun*** Pleananna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus na Pleananna sin oiriúnaithe agus dírithe ar a n-imthosca réigiúnacha agus náisiúnta ós rud é go bhfuil beartais acu cheana féin sna réimsí ábhartha agus go gcaithfidh siad úsáid cistí ábhartha eile an Aontais a phleanáil. Ar an dóigh sin, is féidir an urraim is fearr a thabhairt d'éagsúlacht leathan cásanna, saineolas sonrach rialtas áitiúil agus réigiúnach, taighde agus nuálaíocht agus caidreamh tionsclaíoch agus struchtúir idirphlé sóisialta, chomh maith le traidisiúin náisiúnta, agus rannchuidiú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na tacaíochta foriomláine do | (15) Is iad Ballstáit, agus iad ag dul i gcomhairle le húdaráis ***réigiúnacha agus áitiúla***, ***comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, go háirithe iad siúd a bhíonn ag obair le daoine leochaileacha,*** is fearr ***atá in ann*** Pleananna a dhearadh agus a chur chun feidhme agus na Pleananna sin oiriúnaithe agus dírithe ar a n-imthosca ***áitiúla,*** réigiúnacha agus náisiúnta ós rud é go bhfuil beartais acu cheana féin sna réimsí ábhartha agus go gcaithfidh siad úsáid cistí ábhartha eile an Aontais a phleanáil. Ar an dóigh sin, is féidir an urraim is fearr a thabhairt d'éagsúlacht leathan cásanna, saineolas sonrach rialtas áitiúil agus réigiúnach, ***comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus na sochaí sibhialta,*** taighde agus nuálaíocht |

dhaoine leochaileacha.

agus caidreamh tionsclaíoch agus struchtúir idirphlé sóisialta, chomh maith le traidisiúin náisiúnta, agus rannchuidiú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na tacaíochta foriomláine do dhaoine leochaileacha ***agus le tionscadail arna bhforbairt ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus comhpháirtithe sóisialta a mhéadú***.

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) Ba cheart na Pleananna a cheapadh ar bhealach cuimsitheach agus, san am céanna, cosc a chur ar ualaí riaracháin iomarcacha. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit a bheith cuimsitheach agus na Pleananna á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu mar a thuairiscítear agus, san am céanna, aon chastacht nach bhfuil gá léi a sheachaint.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndírítear na bearta agus na hinfheistíochtaí go háirithe ar theaghlaigh atá ***buailte ag bochtaineacht*** fuinnimh ***nó*** ar theaghlaigh leochaileacha, ar ***mhicrifhiontair leochaileacha agus ar*** úsáideoirí iompair leochaileacha chun aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach. Ba | (16) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndírítear na bearta agus na hinfheistíochtaí go háirithe ar theaghlaigh atá ***faoi bhochtaineacht*** fuinnimh***,*** ar theaghlaigh leochaileacha, ar úsáideoirí iompair leochaileacha***, mhicrifhiontair leochaileacha, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha, agus, i*** |

cheart do bhearta tacaíochta chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa cuidiú le Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as trádáil astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar.

***gcásanna a bhfuil údar cuí leo, fiontair bheaga leochaileacha,*** chun aistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach. Ba cheart do bhearta tacaíochta chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa cuidiú le Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a eascraíonn as trádáil astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar.

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ar feitheamh thionchar na ***n-infheistíochtaí*** sin ar chostais agus astaíochtaí a laghdú***, chuideodh tacaíocht dea-dhírithe d'ioncam díreach le haghaidh na ndaoine is leochailí leis an aistriú cóir***. Ba cheart tacaíocht ***den sórt*** sin a thuiscint mar bheart sealadach a ghabhann le dícharbónú na hearnála tithíochta agus iompair. Ní bheadh an tacaíocht buan toisc nach dtugann sí aghaidh ar na príomhchúiseanna atá le bochtaineacht fuinnimh agus iompair. Níor cheart ach tionchair dhíreacha a bhaineann le foirgnimh agus iompar de bhóthar a chur san áireamh i raon feidhme Theoir 2003/87/CE a chumhdach leis an tacaíocht sin, agus ní costais leictreachais nó teasa a bhaineann le táirgeadh cumhachta agus téimh a chur san áireamh i raon feidhme na Treorach sin. Ba cheart ***don incháilitheacht le haghaidh tacaíochta*** ioncaim dhírigh den sórt sin a bheith ***teoranta ó thaobh ama***. | (17) ***Cé go mbíonn tionchar fadtéarmach ag na bearta agus na hinfheistíochtaí struchtúracha spriocdhírithe lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus spleáchas*** ar ***bhreoslaí iontaise a laghdú maidir le costais agus astaíochtaí a laghdú agus gur cheart, dá bhrí sin, tosaíocht a thabhairt dóibh, bheadh tacaíocht dhea-dhírithe dhíreach ioncaim do na daoine is leochailí ina cuidiú leis an aistriú fad atáthar ag*** feitheamh ***ar*** thionchar na ***n-infheistíochtaí*** sin ar chostais agus astaíochtaí a laghdú. Ba cheart ***an*** tacaíocht sin a thuiscint mar bheart sealadach ***agus idirthréimhseach*** a ghabhann le dícharbónú na hearnála tithíochta agus ***na hearnála*** iompair. Ní bheadh an tacaíocht buan toisc nach dtugann sí aghaidh ar na príomhchúiseanna atá le bochtaineacht fuinnimh agus iompair. Níor cheart ach tionchair dhíreacha a bhaineann le foirgnimh agus iompar de bhóthar a chur san áireamh i raon feidhme Theoir 2003/87/CE a chumhdach leis an tacaíocht sin, agus ní costais leictreachais nó teasa a bhaineann le táirgeadh cumhachta agus téimh a chur |

san áireamh i raon feidhme na Treorach sin. Ba cheart ***tacaíocht*** ioncaim dhírigh den sórt sin a ***theorannú go 25 % de chaiteachas iomlán na bPleananna, agus go bhféadfaí an céatadán sin a mhéadú tuilleadh ar bhonn iarraidh chuí-réasúnaithe ón mBallstát faoi seach, agus ba cheart teorainn ama a chur léi. Ba cheart incháilitheacht do thacaíocht ioncaim dhírigh den sórt sin a dhíriú ar dhaoine a bhfuil bochtaineacht fuinnimh agus iompair ag bagairt orthu, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí áirithe leochaileacha nó ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, amhail daoine scothaosta, tionóntaí agus mná. Ba cheart an tacaíocht a chuirtear ar fáil faoin gCiste seo a*** bheith ***comhsheasmhach agus comhlántach leis na cláir, na hionstraimí agus na cistí Aontais, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá ann faoi láthair***.

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Nochtadh arís eile spleáchas AE ar ghás iontaise arna iompórtáil dá thionscail agus dá theaghlaigh, go háirithe i measc na ndaoine is leochailí, mar thoradh ar luaineachtaí arda ar phraghas an gháis iontaise i roinnt Ballstát i rith shéasúr téimh 2021/2022, ar luaineachtaí iad ar chuir spleáchas ar allmhairí agus teannas geopholaitiúil leo. Dá bhrí sin, is modh an-éifeachtach ó thaobh costais iad infheistíochtaí i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh, chomh maith le córais téimh atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear teaschaidéil leictreacha, téamh agus fuarú ar leibhéal ceantair agus*** |

***rannpháirtíocht i bpobail fuinnimh inathnuaite, chun spleáchas ar allmhairí agus astaíochtaí a laghdú agus athléimneacht an Aontais a mhéadú ag an am céanna. I ngrúpaí atá leochaileach go sóisialta, go háirithe i ngrúpa na dteaghlach is boichte, tá gá le scéimeanna sainráite cistiúcháin chun a áirithiú go gcomhlíonfar na prionsabail thuasluaite.***

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Tá tionchar ag praghsáil carbóin ***ar mhná*** go háirithe mar ***gheall gur mná iad 85 % de na teaghlaigh aontuismitheora***. Baineann riosca ard bochtaineachta leanaí le teaghlaigh aontuismitheora go ***háirithe***. Ba cheart comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna do chách, agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht le haghaidh daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh agus a chur chun cinn agus na Pleananna á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. | (19) Tá tionchar ***díréireach*** ag ***iarmhairtí an athraithe aeráide***[1a]***, ag bochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht iompair ar mhná agus tá tionchar ag*** praghsáil carbóin ***orthu*** go háirithe***. Is ionann iad agus 85 % de theaghlaigh aontuismitheora agus tá siad ró-ionadaithe*** mar ***thionóntaí***. Baineann riosca ard bochtaineachta leanaí ***go háirithe*** le teaghlaigh aontuismitheora ***agus le teaghlaigh mhóra. Tá rannpháirtíocht na mban san aistriú fuinnimh teoranta, toisc nach bhfuil sé d'acmhainn acu i gcónaí infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh chun a dtomhaltas fuinnimh a laghdú agus toisc*** go ***bhfuil rochtain theoranta acu ar chláir iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh***[1b]. Ba cheart comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna do chách, agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht le haghaidh daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh agus a chur chun cinn agus na Pleananna á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. |

| | |
|---|---|
| | ***[1a] EIGE, Réimse K – Mná agus an comhshaol: tá gné inscne ag an athrú aeráide, 05 Márta 2020, ar fáil ag: https://eige.europa.eu/publications/beijing-25-policy-brief-area-k-women-and-environment*** |
| | ***[1b] Parlaimint na hEorpa, Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an Aontais, Feenstra, M., Clancy, J., 'Women, gender equality and the energy transition in the EU', [Comhionannas inscne agus an t-aistriú fuinnimh san Aontas Eorpach], Oifig na bhFoilseachán, 2019, https://data.europa.eu/doi/10.2861/989050*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) Is féidir le pobail fuinnimh inathnuaite agus le pobail fuinnimh na saoránach cuidiú leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach trí chur chuige ó bhun aníos arna thionscnamh ag na saoránaigh, ós rud é go gcumhachtaíonn na pobail sin tomhaltóirí agus go dtugann siad páirt dóibh, agus go gcuireann siad ar a gcumas do ghrúpaí áirithe custaiméirí teaghlaigh, a bhfuil cónaí orthu i limistéir uirbeacha, i limistéir tuaithe, i limistéir oileánacha, i limistéir shléibhtiúla, i limistéir iargúlta, i limistéir nach bhfuil rochtain mhaith orthu nó i réigiúin nó críocha lagfhorbartha, lena n-áirítear limistéir pheirea-uirbeacha lagfhorbartha, páirt a ghlacadh i dtionscadail agus gníomhaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh, tacú le húsáid fuinnimh in-athnuaite ag teaghlaigh agus ag an am céanna, rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne na bochtaineachta*** |

***fuinnimh. Ba cheart do na Ballstáit an ról atá ag pobail fuinnimh inathnuaite agus ag pobail fuinnimh na saoránach a chur chun cinn agus ba cheart dóibh iad a mheas mar thairbhithe incháilithe den Chiste.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ba cheart do ***Bhallstáit*** a bPleananna a ***chur isteach*** in éineacht leis an nuashonrú ar a bpleananna comhtháite náisiúnta ***fuinnimh*** agus ***aeráide*** i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***. Ba cheart na bearta atá le maoiniú, an costas measta a bhaineann leo agus an ranníocaíocht náisiúnta a chuimsiú sna Pleananna. Ba cheart príomh-gharspriocanna agus príomhspriocanna a bheith iontu freisin chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeart. | (20) Ba cheart do ***na Ballstáit*** a bPleananna a ***ullmhú tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, leis na comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le heagraíochtaí don óige, agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, agus na Pleananna sin a thíolacadh*** in éineacht leis an nuashonrú ar a bpleananna comhtháite náisiúnta ***don fhuinneamh*** agus ***don aeráid*** i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[35]. Ba cheart na bearta atá le maoiniú, an costas measta a bhaineann leo agus an ranníocaíocht náisiúnta a chuimsiú sna Pleananna. Ba cheart príomh-gharspriocanna agus príomhspriocanna a bheith iontu freisin chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeart. |

[35] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE,

[35] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE,

| | |
|---|---|
| 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1). | 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1). |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) Beidh feidhmiú na mbeart atá san áireamh sna Pleananna ag brath ar leibhéal leordhóthanach luchta saothair, lena n-áirítear ceardaithe chomh maith le saineolaithe ardoilte teicneolaíochta glasa, eolaithe feidhmeacha agus nuálaithe. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit na Pleananna a chomhlánú trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí agus cláir eile ábhartha Aontais chun foráil a dhéanamh d'athsciliú agus uas-sciliú oibrithe chun deiseanna níos fearr a bhunú do cheardaithe speisialaithe agus do shaineolaithe ardoilte, go háirithe i bpoist a bhaineann le hathchóiriú foirgneamh, insliú agus suiteáil teaschaidéal, agus imscaradh bonneagair breoslaí malartacha, amhail stáisiúin luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a imscaradh.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (21) Ba cheart don Chiste agus do na Pleananna a bheith comhleanúnach agus leagtha amach leis na hathchóirithe agus na ***tiomantais a bheartaíonn*** na Ballstáit faoina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999, faoi Threoir [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Togra le haghaidh athmhúnlú ***Treoir 2012/27/AE*** maidir le héifeachtúlacht ***fuinnimh]***, Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart ***Sóisialta***, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***, na Pleananna um Aistriú Cóir de bhun Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus straitéisí fadtéarmacha athchóirithe foirgneamh de bhun Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle. D'fhonn*** éifeachtúlacht riaracháin a áirithiú, i gcás inarb infheidhme, ba cheart don fhaisnéis atá sna Pleananna a bheith comhsheasmhach leis an reachtaíocht agus na pleananna a liostaítear thuas. | (21) Ba cheart don Chiste agus do na Pleananna a bheith comhleanúnach agus leagtha amach leis na hathchóirithe ***arna mbeartú*** agus na ***gealltanais arna dtabhairt ag*** na Ballstáit faoina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999, faoi Threoir [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Togra le haghaidh athmhúnlú ***Threoir 2012/27/AE*** maidir le héifeachtúlacht ***fuinnimh]***[36], Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart ***Sóisialta***[37], ***Beartas Comhtháthaithe an Aontais go ginearálta agus go háirithe*** Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[38], ***an Ciste don Nuachóiriú a bunaíodh le Treoir 2003/87/CE,*** na Pleananna um Aistriú Cóir de bhun Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[39]***an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón*** gComhairle***,*** agus straitéisí fadtéarmacha athchóirithe foirgneamh ***na mBallstát*** de bhun Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[40]***. Chun*** éifeachtúlacht riaracháin a áirithiú, i gcás inarb infheidhme, ba cheart don fhaisnéis atá sna Pleananna a bheith comhsheasmhach leis an reachtaíocht agus na pleananna a liostaítear thuas. |

[36] [Cuir tagairt isteach]

[37] Arna fhormhuiniú ag an gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Meitheamh 2021.

[38] Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena

[36] [Cuir tagairt isteach]

[37] Arna fhormhuiniú ag an gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Meitheamh 2021.

[38] Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena

n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21).

[39] Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

[40] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (***IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).***

n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21).

[39] Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

[40] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (***IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21a) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh an Ciste comhsheasmhach le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus le cláir bheartais chomhtháthaithe a bhfuil tosaíochtaí comhchosúla acu, chun aon fhorluí nó dúbláil iarrachtaí a chosc. Ina theannta sin, tá gá le comhordú éifeachtach agus le clársceidealú straitéiseach sna Ballstáit idir an Ciste, beartas comhtháthaithe 2021-2027 agus cistí eile de chuid an Aontais, go háirithe an Ciste Cóir don Aistriú agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(22a) Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, déanfaidh na Ballstáit, ar an leibhéal críochach iomchuí, agus an Coimisiún buiséad an Chiste a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte. Agus é sin á dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe a urramú agus áiritheoidh siad go mbeidh gníomhaíocht an Aontais infheicthe.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (23) Ba cheart d’imchlúdach airgeadais an Chiste a bheith ag teacht, i bprionsabal le méideanna atá comhréireach le 25 % d’ioncaim ionchasacha ó chuimsiú foirgneamh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE le linn na tréimhse 2026-2032. De bhun Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle, ba cheart do Bhallstáit na hioncaim sin a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais mar acmhainní dílse. Maoineoidh Ballstáit ***50 %*** de chostais fhoriomlána a bPlean iad féin. Chun na críche sin, agus chun críche infheistíochta agus beart chun dlús a chur faoin aistriú is gá do shaoránaigh dá ndéantar difear go diúltach, agus an tionchar diúltach sin a mhaolú, ba cheart do Bhallstáit inter alia a n-ioncaim ionchasacha ó thrádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar faoi Threoir 2003/87/CE a úsáid chun na críche sin. | (23) Ba cheart d’imchlúdach airgeadais an Chiste a bheith ag teacht, i bprionsabal le méideanna atá comhréireach le 25 % d’ioncaim ionchasacha ó chuimsiú foirgneamh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE le linn na tréimhse 2026-2032. De bhun Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle, ba cheart do Bhallstáit na hioncaim sin a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais mar acmhainní dílse. Maoineoidh Ballstáit ***sciar suntasach*** de chostais fhoriomlána a bPlean iad féin***, ar sciar é a bheidh cothrom le 50% ar a laghad***. Chun na críche sin, agus chun críche infheistíochta agus beart chun dlús a chur faoin aistriú is gá do shaoránaigh dá ndéantar difear go diúltach, agus an tionchar diúltach sin a mhaolú, ba cheart do Bhallstáit inter alia a n-ioncaim ionchasacha ó thrádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar faoi Threoir 2003/87/CE a úsáid chun na críche sin. ***Ba cheart an*** |

***tacaíocht a chuirtear ar fáil faoin gCiste seo a bheith comhsheasmhach agus comhlántach leis na cláir, na hionstraimí agus na cistí Aontais, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá ann faoi láthair.***

[41] Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

[41] Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun leithdháileadh éifeachtúil agus comhleanúnach cistí a áirithiú agus chun prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a urramú, ba cheart do na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin Rialachán seo a bheith comhsheasmhach leis na cláir leanúnacha de chuid an Aontais agus go mbeidís mar chomhlánú orthu, agus san am céanna, ba cheart cistiú dúbailte ón gCiste nó ó chláir eile de chuid an Aontais le haghaidh an chaiteachais chéanna a sheachaint. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún agus don Bhallstát comhordú éifeachtach a áirithiú, ag gach céim den phróiseas, chun comhsheasmhacht, comhleanúnachas, comhlántacht agus sineirgíocht i measc foinsí cistiúcháin a choimirciú. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha maidir le maoiniú reatha nó beartaithe an Aontais a chur ar fáil agus a bpleananna á gcur faoi bhráid an Choimisiúin acu. Ba cheart do thacaíocht | (25) Chun leithdháileadh éifeachtúil agus comhleanúnach cistí a áirithiú agus chun prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a urramú, ba cheart do na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin Rialachán seo a bheith comhsheasmhach leis na cláir leanúnacha de chuid an Aontais agus go mbeidís mar chomhlánú orthu, agus san am céanna, ba cheart cistiú dúbailte ón gCiste nó ó chláir eile de chuid an Aontais le haghaidh an chaiteachais chéanna a sheachaint. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún agus don Bhallstát comhordú éifeachtach a áirithiú, ag gach céim den phróiseas, chun comhsheasmhacht, comhleanúnachas, comhlántacht agus sineirgíocht i measc foinsí cistiúcháin a choimirciú. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha maidir le maoiniú reatha nó beartaithe an Aontais a chur ar fáil agus a bpleananna á gcur faoi bhráid an Choimisiúin acu. Ba cheart do thacaíocht |

| | |
|---|---|
| airgeadais faoin gCiste a bheith sa bhreis ar thacaíocht arna cur ar fáil faoi chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Ba cheart go mbeadh bearta agus infheistíochta arna maoiniú faoin gCiste in ann maoiniú a fháil ó chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin na costais chéanna. | airgeadais faoin gCiste a bheith sa bhreis ar thacaíocht arna cur ar fáil faoi chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Ba cheart go mbeadh bearta agus infheistíochta arna maoiniú faoin gCiste in ann maoiniú a fháil ó chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin na costais chéanna. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Chun a áirithiú gur féidir tacaíocht faoin bPlean a chur chun feidhme go héifeachtach ó na blianta tosaigh tar éis theacht i bhfeidhm an Chiste Shóisialta don Aeráid, féadfaidh na Ballstáit, ar iarratas a chur isteach in éineacht leis an bPlean don Aeráid Shóisialta, méid suas le 13 % dá leithdháileadh airgeadais i bhfoirm réamh-mhaoinithe a fháil laistigh de dhá mhí tar éis don Choimisiún na gealltanais dhlíthiúla a ghlacadh.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25b) Níor cheart don Aontas ná do na Ballstáit rialacha neamhriachtanacha a fhorchur a d'fhágfadh ualach iomarcach riaracháin ar thairbhithe. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh lena*** |

| | |
|---|---|
| | ***dtabharfaí aghaidh ar na cineálacha ualaí sin.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Chun rialacha trédhearcacha maidir le faireachán agus meastóireacht a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na táscairí comhchoiteanna le haghaidh tuairiscithe agus dul chun cinn agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na bPleananna. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | (27) Chun rialacha trédhearcacha maidir le faireachán agus meastóireacht a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis ***an teimpléad a leagan amach, ar a bhonn a ullmhóidh*** na ***Ballstáit a bPleananna Aeráide Sóisialta agus na*** táscairí comhchoiteanna le haghaidh tuairiscithe agus dul chun cinn agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na bPleananna. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Tá oibleagáid ar na Ballstáit uile a thairbhíonn den Chiste Aeráide Sóisialta na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a urramú. Is réamhchoinníoll bunriachtanach é urraim don smacht reachta chun prionsabail an bhainistithe fhónta airgeadais a chumhdaítear in Airteagal 317 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a chomhlíonadh. Ba cheart don Choimisiún cur chun feidhme éifeachtach na rialacha cothrománacha maidir le cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle1a. I gcás ina suífear go ndéanann sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát difear do bhainistiú fónta airgeadais an Chiste Aeráide Sóisialta nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais ar bhealach sách díreach nó i gcás ina bhfuil riosca tromchúiseach ann go ndéanfaidh na sáruithe sin difear do bhainistiú fónta airgeadais an Chiste Aeráide Sóisialta nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais ar bhealach sách díreach, ba cheart don Choimisiún na bearta is gá a dhéanamh, a bhféadfaí a áireamh orthu, inter alia, íocaíochtaí a chur ar fionraí, an gealltanas dlíthiúil a fhoirceannadh de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle1b, toirmeasc a chur ar na gealltanais dhlíthiúla sin a thabhairt, nó íocaíocht amach tráthchodanna a chur ar fionraí. Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, an gealltanas*** |

***dlíthiúil nó an leithdháileadh airgeadais a aisíoc nó a laghdú nó é a fhoirceannadh, ba cheart na méideanna sin a leithdháileadh go comhréireach ar na Ballstáit eile go léir.***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29b) Ba cheart don Chiste a bheith comhsheasmhach leis na prionsabail a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais. Ba cheart urraim dó a áirithiú trí na tionscadail incháilithe faoin gCiste a ullmhú, a chur chun feidhme agus meastóireacht agus faireachán á dhéanamh orthu.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo, bainfidh teaghlaigh, micrifhiontair agus ***úsáideoirí iompair, atá leochaileach agus*** a ndéanann cuimsiú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear dóibh go háirithe leas astu, go háirithe teaghlaigh atá ag fulaingt ó bhochtaineacht fuinnimh agus saoránaigh ***nach bhfuil aon rogha mhalartach*** iompair ***phoiblí acu taobh amuigh de charranna aonair (***i limistéir ***iargúlta*** agus ***tuaithe)***. | Maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo, bainfidh teaghlaigh ***leochaileacha***, ***úsáideoirí iompair leochaileacha,*** micrifhiontair ***leochaileacha, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha*** agus***, i gcásanna*** a ***dtugann an Ballstát faoi seach údar cuí leo, fiontair bheaga leochaileacha a*** ndéanann cuimsiú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear dóibh go háirithe leas astu, go háirithe teaghlaigh atá ag fulaingt ó bhochtaineacht fuinnimh |

agus saoránaigh ***faoi bhochtaineacht*** iompair***, go háirithe*** i ***gceantair thuaithe, oileánacha, shléibhtiúla agus iargúlta, lena n-áirítear*** limistéir ***pheir-uirbeacha. Ní dhéanfaidh coinníollacha maidir le tacaíocht ón gCiste ualach maorlathach ná costais mhaorlathacha a mhéadú ar na tairbhithe, go háirithe teaghlaigh leochaileacha*** agus ***tionóntaí***.

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é cuspóir ginearálta an Chiste rannchuidiú leis an aistriú i dtreo aeráidneodrachta trí aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ón iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE. Is é cuspóir shonrach an Chiste tacú le teaghlaigh leochaileacha, ***mionfhiontair leochaileacha agus*** úsáideoirí iompair leochaileacha trí thacaíocht ***ioncaim*** dhíreach shealadach agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle ***a mhéadú***. | Is é cuspóir ginearálta an Chiste rannchuidiú leis an aistriú i dtreo aeráidneodrachta ***faoi 2050, i gcomhréir le gealltanais an Aontais faoi Chomhaontú Pháras,*** trí aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ón iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE. Is é cuspóir shonrach an Chiste tacú le teaghlaigh leochaileacha, úsáideoirí iompair leochaileacha***, micrifhiontair leochaileacha, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha agus, i gcásanna a dtugann an Ballstát faoi seach údar cuí leo, fiontair bheaga leochaileacha,*** trí thacaíocht dhíreach shealadach ***ioncaim, ar bhealach teoranta,*** agus***, go príomha,*** trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú ***agus a stóráil***, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'athchóiriú foirgneamh' gach cineál athchóirithe foirgneamh a bhaineann le fuinneamh, lena n-áirítear imchlúdach an fhoirgnimh ***a insliú***, is é sin, ballaí, díon, ***urlár,*** fuinneoga ***nua a chur isteach***, fearais téimh, fuaraithe agus cócaireachta ***nua a chur isteach***, agus táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ar an láthair a shuiteáil; | (1) ciallaíonn 'athchóiriú foirgneamh' gach cineál athchóirithe foirgneamh a bhaineann le fuinneamh ***agus le slándáil atá bunaithe ar chur chuige cuimsitheach i leith feidhmíocht fuinnimh***, lena n-áirítear imchlúdach an fhoirgnimh, is é sin, ***na*** ballaí, ***an*** díon ***agus an t-urlár a insliú***, fuinneoga ***a athsholáthar***, ***an aeráil,*** fearais téimh, ***inslithe,*** fuaraithe agus cócaireachta ***a athsholáthar***, ***suiteálacha leictreacha a uasghrádú*** agus táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ar an láthair a shuiteáil ***agus an fuinneamh sin a stóráil freisin***; |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ciallaíonn 'bochtaineacht fuinnimh' an ***bhochtaineacht fuinnimh mar a shainmhínítear i bpointe [(49)*** d'***Airteagal 2 de Rialachán (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa*** agus ***ón gComhairle***; | (2) ciallaíonn 'bochtaineacht fuinnimh' ***easpa rochtana teaghlaigh ar sheirbhísí riachtanacha agus inacmhainne fuinnimh is cloch bhoinn faoi chaighdeán maith maireachtála agus sláinte, lena n-áirítear teas, fuarú agus soilsiú leormhaith agus*** an ***fuinneamh chun cumhacht a thabhairt*** d'***fhearais leictreacha, mar gheall ar mheascán d'ioncam íseal, praghsanna arda fuinnimh*** agus ***droch-éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh sa chomhthéacs náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil ábhartha, sa bheartas sóisialta atá ann cheana agus*** |

*i mbeartais ábhartha eile* ;

---

*[50] [Treoir (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C […], […], lch. […]).] [Togra le haghaidh athmhúnlú Threoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh]*

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 9 – pointe 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(2a) ciallaíonn 'bochtaineacht iompair' go bhfuil easpa rochtana ag teaghlach ar sheirbhísí bunriachtanacha soghluaisteachta chun freastal ar bhunriachtanais shocheacnamaíocha agus nach bhfuil sé rannpháirteach sa tsochaí, de bharr meascán de chaiteachas ard ar bhreosla nó ar thicéid iompair nó de bharr caiteachas soghluaisteachta eile atá ard agus a bhaineann le hioncam indiúscartha an teaghlaigh agus infhaighteacht theoranta modhanna inacmhainne iompair phoiblí nó mhalartaigh sa chomhthéacs náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil ábhartha, leis an mbeartas sóisialta atá ann cheana agus le beartais ábhartha eile;*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(10a) ciallaíonn 'pobal fuinnimh saoránach' pobal fuinnimh mar a*** |

***shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11), de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a];***

***[1a] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE).***

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10b) ciallaíonn 'pobal fuinnimh inathnuaite' pobal fuinnimh inathnuaite mar a shainmhínítear i bpointe (16) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a];*** |
| | ***[1A] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 9 – pointe 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) ciallaíonn 'daoine féinfhostaithe leochaileacha' daoine nádúrtha a oibríonn ina bhfiontar, ina gcleachtas gairmiúil nó ina bhfeirm féin ar mhaithe*** |

***le brabús a thuilleamh, nach bhfuil aon duine nádúrtha eile fostaithe acu, agus a ndéanann na tionchair ar phraghsanna a bhaineann le foirgnimh agus iompar de bhóthar a áireamh faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear suntasach dóibh agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu athchóiriú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh ina bhfuil siad;***

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12b) ciallaíonn 'fiontair bheaga leochaileacha' fiontair bheaga mar a shainmhínítear in Airteagal2 den Iarcríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gComhairle dá ndéanann an tionchar atá ag praghsanna foirgnimh agus iompar de bhóthar a chuimsiú i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear suntasach agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu athchóiriú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh ina bhfuil siad;*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ciallaíonn 'úsáideoirí iompair leochaileacha' úsáideoirí iompair, lena n-áirítear úsáideoirí ó theaghlaigh ***ar ioncam íseal agus meánioncaim***, dá ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear | (13) ciallaíonn 'úsáideoirí iompair leochaileacha' úsáideoirí iompair, lena n-áirítear úsáideoirí ó theaghlaigh ***íseal-mheánioncaim***, ***atá faoi bhochtaineacht iompair nó*** dá ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme |

| | |
|---|---|
| suntasach ***agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a cheannach nó aistriú chuig modhanna iompair mhalartacha inbhuanaithe***, ***lena n-áirítear iompar poiblí,*** go háirithe i ***limistéir*** thuaithe agus iargúlta. | Threoir 2003/87/CE difear suntasach, go háirithe ***iad siúd*** i ***gceantair*** thuaithe agus iargúlta. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) ciallaíonn 'beart tionlacain' tionscnamh réamh-mheasta sa bhreis ar na bearta agus infheistíochtaí a mholtar faoi Airteagal 3, amhail cúnamh teicniúil agus tacaíocht riaracháin do phleanáil agus do chur chun feidhme na mbeart agus na n-infheistíochtaí atá beartaithe nó aon bhearta eile is gá chun an plean a chur i gcrích chun tionchar sóisialta na gníomhaíochta ar son na haeráide a mhaolú;*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13b) ciallaíonn 'beart oiriúnaithe' freisin gníomhaíocht chun leochaileacht i leith éifeachtaí an athraithe aeráide a laghdú;*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') faoi bhráid an Choimisiúin in éineacht leis an nuashonrú ar an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis an nós imeachta agus an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin. Beidh sraith chomhleanúnach beart agus infheistíochtaí sa Phlean chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na praghsála carbóin ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ***ar úsáideoirí iompair*** leochaileacha chun téamh, fuarú agus ***soghluaiseacht*** inacmhainne a áirithiú agus na bearta is gá ag gabháil leo agus dlús á chur leo chun spriocanna aeráide an Aontais a ***chomhlíonadh***. | 1. Cuirfidh gach Ballstát Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') faoi bhráid an Choimisiúin in éineacht leis an nuashonrú ar an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis an nós imeachta agus an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin***, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, le comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le heagraíochtaí don óige agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta***. Beidh sraith chomhleanúnach beart agus infheistíochtaí sa Phlean ***ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil*** chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na praghsála carbóin ar theaghlaigh leochaileacha, ar ***úsáideoirí iompair leochaileacha, ar*** mhicrifhiontair leochaileacha***, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha*** agus***, i gcásanna a dtugann an Ballstát faoi seach údar cuí leo, fiontair bheaga*** leochaileacha chun téamh, fuarú***,*** ***soghluaiseacht*** agus ***iompar*** inacmhainne a áirithiú agus na bearta is gá ag gabháil leo agus dlús á chur leo chun spriocanna aeráide an Aontais a ***bhaint amach***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh tionscadail náisiúnta mar chuid den Phlean chun: | 3. Beidh tionscadail náisiúnta***, réigiúnacha nó áitiúla*** mar chuid den |

Phlean chun:

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bearta agus infheistíochtaí ***a mhaoiniú*** chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú***, chun bearta feabhsúcháin*** éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, chun ***athchóiriú*** foirgneamh a dhéanamh***,*** agus ***chun*** téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite ***fuinnimh a chomhtháthú***; | (a) bearta ***airgeadais*** agus infheistíochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh***, inrochtaineacht, spásúlacht agus feidhmiú ginearálta*** foirgneamh a mhéadú ***agus a sábháilteacht a áirithiú trí bhearta gníomhacha agus éighníomhacha feabhsaithe*** éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, ***,*** chun ***athchóirithe*** foirgneamh a dhéanamh agus téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí ***fuinnimh*** inathnuaite ***chomh maith lena stóráil, athchóiriú foirgneamh tréigthe, tacaíocht faisnéise, fothú acmhainneachta agus an oiliúint is gá chun na bearta agus na hinfheistíochtaí sin a chur chun feidhme***; |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bearta agus infheistíochtaí a mhaoiniú chun an glacadh atá le soghluaiseacht agus iompar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a mhéadú. | (b) bearta agus infheistíochtaí a mhaoiniú chun an glacadh atá le soghluaiseacht agus iompar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a mhéadú***, lena n-áirítear tacaíocht faisnéise, fothú acmhainneachta agus an oiliúint is gá chun na bearta agus na hinfheistíochtaí sin a chur chun feidhme***. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 3a*** |
| | ***Comhairliúchán poiblí roimh ullmhú na bPleananna don Aeráid Shóisialta*** |
| | ***1. Áiritheoidh na Ballstáit go rachfar i gcomhairle leis na comhpháirtithe seo a leanas ar a laghad agus na Pleananna Aeráide Sóisialta á n-ullmhú:*** |
| | ***a) údaráis áitiúla, réigiúnacha agus údaráis phoiblí eile;*** |
| | ***(b) comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta;*** |
| | ***(c) comhlachtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta, amhail comhpháirtithe comhshaoil, eagraíochtaí neamh-rialtasacha, eagraíochtaí don óige, agus comhlachtaí atá freagrach as an gcuimsiú sóisialta, cearta bunúsacha, cearta daoine faoi mhíchumas, an comhionannas inscne agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn;*** |
| | ***(d) eagraíochtaí taighde agus ollscoileanna, i gcás inarb iomchuí;*** |
| | ***(e) gnóanna agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, go háirithe micrifhiontair;*** |
| | ***(f) Daoine aonair agus teaghlaigh atá ag dul i ngleic leis an mbochtaineacht iompair.*** |
| | ***Tá sé ríthábhachtach na grúpaí sin a rannpháirtiú sna cinntí a dhéanann difear dá saol chun glacadh sóisialta níos leithne agus aistriú cóir a chothú.*** |
| | ***2. San achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin atá le cur san áireamh sa Phlean Aeráide Sóisialta i gcomhréir le*** |

***pointe (j) d'Airteagal 3(1) den Rialachán seo, ba cheart faisnéis a sholáthar faoi thoradh gach comhairliúcháin phoiblí agus faoi na saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu, faoi na grúpaí a ndeachthas i gcomhairle leo, faoi na moltaí a rinneadh, agus faoi na bearta atá beartaithe ag an mBallstát a ghlacadh mar fhreagairt. Cuirfidh na Ballstáit an achoimre ar fáil don phobal.***

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) faisnéis chainníochtúil mhionsonraithe faoi líon na dteaghlach leochaileach, na micrifhiontar leochaileach, na micrifhiontair leochaileacha, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe, agus, i gcásanna a dtugann an Ballstát faoi seach údar cuí leo, na bhfiontar beag leochaileach arna sainaithint ag tús an Phlean, ar bhonn na sainmhínithe in Airteagal 2;*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe -a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-aa) spriocanna agus cuspóirí náisiúnta chun laghdú a dhéanamh ar líon na dteaghlach leochaileach, na n-úsáideoirí iompair leochaileacha, na micrifhiontar leochaileach, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha agus, i gcásanna a dtugann*** |

***an Ballstát údar cuí leo, na bhfiontar beag leochaileach thar thréimhse an Phlean;***

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bearta agus infheistíochtaí coincréiteacha i gcomhréir le hAirteagal 3 chun na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír sin mar aon le míniú ar an gcaoi a gcuirfeadh siad go héifeachtúil leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach laistigh de leagan amach foriomlán bheartais ábhartha an Bhallstáit; | (a) bearta agus infheistíochtaí coincréiteacha i gcomhréir le hAirteagal 3 chun na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír sin mar aon le míniú ar an gcaoi a gcuirfeadh siad go héifeachtúil leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach laistigh de leagan amach foriomlán bheartais ábhartha an Bhallstáit; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) meastachán maidir leis na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an méadú sin ar phraghsanna ar theaghlaigh, ar ráta tarlaithe na bochtaineachta fuinnimh***, ar mhicrifhiontair*** agus ***ar úsáideoirí*** iompair, ***agus*** ina gcuimseofar go háirithe meastachán maidir le teaghlaigh leochaileacha, ***micrifhiontair leochaileacha agus*** úsáideoirí iompair leochaileacha ***agus sainaithneofar na teaghlaigh***, micrifhiontair agus ***úsáideoirí sin***; déanfar anailísiú ar na tionchair sin le leibhéal leordhóthanach dí-chomhiomlánaithe, ag cur gnéithe amhail rochtain ar iompar poiblí agus seirbhísí | (c) meastachán maidir leis na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an méadú sin ar phraghsanna ar theaghlaigh, ar ráta tarlaithe na bochtaineachta fuinnimh agus ***na bochtaineachta*** iompair, ina gcuimseofar go háirithe meastachán maidir le teaghlaigh leochaileacha, úsáideoirí iompair leochaileacha, micrifhiontair ***leochaileacha, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe,*** agus***, i gcásanna a dtugann an Ballstát faoi seach údar cuí leo, fiontair bheaga leochaileacha***; déanfar anailísiú ar na tionchair sin le leibhéal leordhóthanach dí-chomhiomlánaithe, ***agus le sonraí atá dí-chomhiomlánaithe de réir*** |

bunúsacha ***san áireamh*** agus na limistéir is mó dá ndéantar difear, go háirithe críocha atá iargúlta agus limistéir thuaithe, a shainaithint;

***inscne,*** ag cur gnéithe ***san áireamh*** amhail rochtain ar iompar poiblí agus seirbhísí bunúsacha***, tithíocht chuibhiúil*** agus ***inacmhainne, chomh maith le saintréithe ar leith agus riachtanais grúpaí leochaileacha áirithe nó grúpaí faoi mhíbhuntáiste amhail daoine scothaosta, tionóntaí agus mná, agus*** na limistéir is mó dá ndéantar difear, go háirithe críocha atá iargúlta***, na limistéir is forimeallaí*** agus limistéir thuaithe, ***lena n-áirítear limistéir pheirea-uirbeacha,*** a shainaithint;

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) i gcás ina sainaithnítear sin, faisnéis faoi dhúshláin an lucht saothair a bhaineann le cur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear i bpointe (a), lena n-áirítear meastacháin ar ghanntanais lucht saothair agus bearta a bhfuil gá leo chun na dúshláin a mhaolú;*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) na garspriocanna, na spriocanna agus ***an t-amchlár*** táscach atá beartaithe chun na bearta ***a chur chun feidhme,*** agus ***infheistíochtaí*** a bheidh le tabhairt i gcrích faoin 31 Iúil 2032; | (e) na garspriocanna, na spriocanna agus ***amchlár*** táscach atá beartaithe chun na bearta agus ***na hinfheistíochtaí*** a bheidh le tabhairt i gcrích ***faoi dháta foilsithegach tuarascála débhliantúla ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 23 agus*** faoin 31 Iúil 2032; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) na socruithe don Bhallstáit lena mbaineann chun ***faireacháin*** éifeachtach a dhéanamh ar an bPlean agus é a chur chun feidhme go héifeachtach, go háirithe faireachán agus ***cur chun feidhme*** na ***ngarspriocanna agus na*** spriocanna, lena n-áirítear táscairí chun bearta agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus is iad na táscairí sin, i gcás inarb ábhartha, ***iad sin*** a bheidh ar fáil ***le hOifig*** Staidrimh an Aontais Eorpaigh agus an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh mar a shainaithnítear i ***Moladh 2020/1563*** ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh; | (i) na socruithe don Bhallstáit lena mbaineann chun ***faireachán*** éifeachtach a dhéanamh ar an bPlean***,*** agus ***chun*** é a chur chun feidhme go héifeachtach, ***a bheidh le déanamh i ndlúthchomhar leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, leis na comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le geallsealbhóirí eile, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta,*** go háirithe faireachán ***ar na garspriocanna*** agus na spriocanna ***agus a gcur chun feidhme***, lena n-áirítear táscairí chun bearta agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus is iad na táscairí sin, i gcás inarb ábhartha, a bheidh ar fáil ***ó Oifig*** Staidrimh an Aontais Eorpaigh agus an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh mar a shainaithnítear i ***Moladh 2020/1563***[54] ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh; |
| [54] IO L 357, 27.10.2020, lch. 35. | [54] IO L 357, 27.10.2020, lch. 35. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) chun an Plean a ullmhú agus, i gcás ina mbeidh fáil air, ar mhaithe leis an bPlean a chur chun feidhme, achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin, arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, | (j) chun an Plean a ullmhú agus, i gcás ina mbeidh fáil air, ar mhaithe leis an bPlean a chur chun feidhme, achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin, arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, |

| | |
|---|---|
| eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus an chaoi a léirítear ionchur na bpáirtithe leasmhara sa Phlean; | eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus an chaoi a léirítear ionchur na bpáirtithe leasmhara sa Phlean; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe k a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ka) an cion den chiste a chuirtear ar leataobh d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail (CLLD), an úsáid agus na socruithe atá beartaithe chun forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a spreagadh agus a sheachadadh mar a shainítear agus mar a shonraítear faoi Chaibidil 2 [RFC], chomh maith leis na socruithe maidir le gabháil agus forbairt acmhainne ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal críochach chun dul i mbun an aistrithe.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Cumhachtófar don Choimisiún, laistigh de dhá mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun teimpléad a leagan amach ar a ndéanfaidh na Ballstáit a bPlean Aeráide Sóisialta a ullmhú.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Nuair a bheidh a gcuid Pleananna á n-ullmhú acu, féadfaidh Ballstáit iarraidh ar an gCoimisiún*** malartú dea-chleachtas a ***eagrú***. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh freisin faoin tSaoráid ***Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh, a bhunaítear*** le Comhaontú an Choimisiúin leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ***in 2009***, nó faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58]. | 3. ***Déanfaidh an Coimisiún ardán a chur ar bun chun*** malartú dea-chleachtas a ***chur chun cinn go gníomhach i measc na ngeallsealbhóirí agus na bpobal uile atá bainteach le cur chun feidhme an Chiste mar aon le treoir a chur ar fáil chun fothú acmhainneachta na ngeallsealbhóirí a chumasú agus a spreagadh chun bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i gcur chun feidhme an Chiste***. Féadfaidh na Ballstáit ***agus na geallsealbhóirí atá rannpháirteach in ullmhú na bPleananna*** tacaíocht theicniúil a iarraidh freisin faoin tSaoráid ***ELENA, arna bunú*** le Comhaontú an Choimisiúin leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ***in 2009***, nó faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58]. |
| [58] Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (***IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).*** | [58] Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (***IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Agus na Pleananna á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu, beidh na Ballstáit cuimsitheach agus seachnóidh siad aon chastacht nach bhfuil gá léi.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) giniúint fuinnimh in-athnuaite ar an láthair nó mar chuid de chomharchumainn fuinnimh nó de thionscadail fuinnimh;*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) soghluaiseacht agus iompar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha; | (c) soghluaiseacht agus iompar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha***, lena n-áirítear iompar poiblí agus seirbhísí soghluaisteachta comhtháite***; |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) laghduithe ar an líon teaghlach leochaileach, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, ***micrifhiontair*** leochaileacha agus ***úsáideoirí iompair*** leochaileacha, lena n-áirítear i limistéir thuaithe agus ***iargúlta.*** | (e) laghduithe ar an líon teaghlach leochaileach, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh ***agus iompair***, ***úsáideoirí*** leochaileacha ***iompair, micrifhiontar leochaileach, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha*** agus***, i gcásanna a dtugann an Ballstát faoi seach údar cuí leo, fiontair bheaga*** leochaileacha, lena n-áirítear i limistéir ***iargúlta agus i limistéir*** thuaithe***, limistéir pheirea-uirbeacha, shléibhtiúla*** agus ***limistéir inar tearc an daonra, chomh maith le hoileáin agus na*** |

| | |
|---|---|
| | ***réigiúin is forimeallaí;*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) Cúnamh teicniúil do na Ballstáit: na gníomhaíochtaí is gá le haghaidh bhainistiú cistithe agus chur chun feidhme éifeachtach an phlean agus le haghaidh feidhmeanna amhail clársceidealú (pleananna agus tionscadail, infheistíochtaí agus bearta eile), oiliúint, bainistíocht, faireachán, meastóireacht, infheictheacht agus cumarsáid. Féadfar cúnamh teicniúil a áireamh i gcostas na hinfheistíochta nó an bhirt atá beartaithe nó i dtionscnamh ar leith faoin bplean. Beidh cúnamh teicniúil chun an plean a tharraingt suas incháilithe ón 1 Eanáir 2023.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh Ballstáit na costais a bhaineann ***leis na*** bearta lena soláthraítear tacaíocht dhíreach ioncaim ***shealadach*** do theaghlaigh leochaileacha agus ***do theaghlaigh leochaileacha ar úsáideoirí*** iompair ***iad a áireamh d'fhonn*** an méadú ar phraghsanna iompair de bhóthar agus breoslaí téimh a iompar. Laghdófar tacaíocht den sórt sin le himeacht aimsire agus beidh sí teoranta don tionchar díreach a bheidh ag trádáil astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar. ***Cuirfear deireadh leis an incháilitheacht*** | 1. ***Cé go bhfuil tionchar fadtéarmach ag na bearta agus na hinfheistíochtaí struchtúracha spriocdhírithe lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú maidir le costais agus astaíochtaí a laghdú agus gur cheart, dá bhrí sin, tosaíocht a thabhairt dóibh,*** féadfaidh ***na*** Ballstáit na costais a bhaineann ***le*** bearta lena soláthraítear tacaíocht dhíreach ***shealadach*** ioncaim***, mar bheart idirthréimhseach,*** do theaghlaigh leochaileacha ***atá ag dul i*** |

| | |
|---|---|
| ***ar thacaíocht*** ioncaim dhírigh den sórt sin ***laistigh*** de na ***teorainneacha ama a shainaithnítear*** faoi ***Airteagal 4(1), pointe (d)***. | ***ngleic le bochtaineacht fuinnimh*** agus iompair ***chun*** an méadú ar phraghsanna iompair de bhóthar agus breoslaí téimh a iompar. Laghdófar tacaíocht den sórt sin le himeacht aimsire agus beidh sí teoranta don tionchar díreach a bheidh ag trádáil astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar. ***Ní bheidh tacaíocht*** ioncaim dhírigh den sórt sin ***níos mó ná 25 %*** de ***chostais mheasta iomlána*** na ***bPleananna, agus go bhféadfaí an céatadán sin a mhéadú tuilleadh ar bhonn iarraidh chuí-réasúnaithe ón mBallstát*** faoi ***seach***. ***Ba cheart an tacaíocht a chuirtear ar fáil faoin gCiste seo a bheith comhsheasmhach agus comhlántach leis na cláir, na hionstraimí agus na cistí Aontais, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá ann faoi láthair.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh Ballstáit na costais a bhaineann leis na bearta agus na hinfheistíochtaí seo a leanas a chur san áireamh i ***g costais*** mheasta iomlána na bPleananna, ar choinníoll go mbaineann teaghlaigh leochaileacha, ***micrifhiontair leochaileacha nó*** úsáideoirí iompair leochaileacha ***go príomha tairbhe astu*** agus ***go*** bhfuil ***siad beartaithe chun*** an méid seo a leanas a dhéanamh: | 2. Féadfaidh ***na*** Ballstáit na costais a bhaineann leis na bearta agus na hinfheistíochtaí seo a leanas a chur san áireamh i ***gcostais*** mheasta iomlána na bPleananna, ar choinníoll go mbaineann teaghlaigh leochaileacha, úsáideoirí iompair leochaileacha***, micrifhiontair leochaileacha, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha,*** agus***, i gcás a dtugann an Ballstát faoi seach údar cuí leo, fiontair bheaga leochaileacha a*** bhfuil ***sé ar intinn acu*** an méid seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tacú le hathchóirithe foirgneamh, go háirithe dóibh siúd atá ***ag áitiú na bhfoirgneamh*** is neamhfheidhmiúla, lena n-áirítear i bhfoirm ***tacaíochta*** airgeadais nó dreasachtaí fioscacha amhail ***cead chun na*** costais athchóirithe a ***bhaint*** ón gcíos, ***beag beann*** ar úinéireacht na bhfoirgneamh lena mbaineann; | (a) tacú le hathchóirithe foirgneamh, ***tús áite a thabhairt do limistéir dhíothacha,*** go háirithe ***chun na ceanglais athchóirithe a bunaíodh i dTreoir 2021/0426 lena ndéantar athbhreithniú ar Threoir 2010/31/AE a bhaint amach agus*** dóibh siúd atá ***sna foirgnimh*** is neamhfheidhmiúla, ***agus aird ar leith á tabhairt ar thionóntaí,*** lena n-áirítear i bhfoirm ***tacaíocht*** airgeadais nó dreasachtaí fioscacha amhail costais athchóirithe a ***asbhaint*** ón gcíos, ***go neamhspleách*** ar úinéireacht na bhfoirgneamh lena mbaineann***, agus tacaíocht d'athchóiriú na tithíochta sóisialta***; |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rannchuidiú le dícharbónú, lena n-áirítear leictriú, téimh agus ***fuaraithe*** foirgneamh agus cócaireacht i bhfoirgnimh agus comhtháthú fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a rannchuidíonn le fuinneamh a choigilt; | (b) rannchuidiú le dícharbónú, lena n-áirítear leictriú ***fuinneamhéifeachtúil***, téimh***, fuaraithe*** agus ***inslithe*** foirgneamh***,*** agus cócaireacht i bhfoirgnimh***,*** agus ***tacú le suiteálacha táirgthe, dáilte agus stórála ar an láthair agus in aice láimheagus*** comhtháthú fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite***,*** a rannchuidíonn le fuinneamh a choigilt***, agus le nascadh le líonraí le haghaidh téamh ceantair amhail dearbháin, fóirdheontais nó iasachtaí ar ús nialasach agus iasachtaí ar ús íseal chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí agus i seirbhísí chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a mhéadú nó chun foinsí fuinnimh inathnuaite a chomhtháthú i bhfoirgnimh***; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha ***chun*** réitigh athchóirithe inacmhainne don éifeachtúlacht fuinnimh a fhorbairt agus a ***chur ar fáil agus ionstraimí maoinithe iomchuí*** i gcomhréir le spriocanna sóisialta an Chiste; | (c) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha***, go háirithe iad siúd atá i mbun comhar poiblí agus príobháideach, údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus soláthraithe tithíochta sóisialta, i ndáil le*** réitigh athchóirithe inacmhainne don éifeachtúlacht fuinnimh ***agus ionstraimí cistithe iomchuí,*** a fhorbairt agus a ***sholáthar*** i gcomhréir le spriocanna sóisialta an Chiste; |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) tacú le bearta leormhaithe sábháilteachta a chuimsiú in athchóirithe foirgneamh;*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) rochtain ar fheithiclí agus ***ar*** rothair astaíochtaí nialasacha agus ísle a chur ***ar fáil***, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha chun iad a cheannach ***agus*** le haghaidh ***bhonneagar*** poiblí agus príobháideach iomchuí, lena n-áirítear le ***haghaidh athluchtú agus athbhreoslú***; | (d) ***tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha a sholáthar chun feabhas a chur ar*** rochtain ar fheithiclí agus rothair astaíochtaí nialasacha agus ísle***, agus dlús*** a chur ***leis an aistriú sin***, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha chun iad a |

| | |
|---|---|
| maidir le tacaíocht i dtaca le feithiclí astaíochtaí ísle, cuirfear tráthchlár ar fáil chun an tacaíocht a laghdú de réir a chéile; | cheannach**,** le haghaidh ***bonneagar*** poiblí agus príobháideach iomchuí, lena n-áirítear ***lena n-athluchtú agus lena n-athbhreoslú, agus freisin chun feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a cheannach, agus bearta á ndéanamh chun mí-úsáid a sheachaint maidir*** le ***díolacháin athláimhe lasmuigh den Aontas***; maidir le tacaíocht i dtaca le feithiclí astaíochtaí ísle, cuirfear tráthchlár ar fáil chun an tacaíocht a laghdú de réir a chéile; ***maidir le tacaíocht i dtaca le ceannach feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, beidh an tacaíocht teoranta d'fheithiclí a thagann faoin 50 % is ísle den phraghasraon margaidh ar na feithiclí sin i mBallstát in aon bhliain ar leith;*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***saor-rochtain*** ar iompar poiblí a dheonú nó ***taraifí*** oiriúnaithe le haghaidh rochtain ar iompar poiblí, chomh maith le soghluaisteacht inbhuanaithe ar éileamh agus seirbhísí comhroinnte soghluaisteachta; | (e) ***tacaíocht a sholáthar chun úsáid iompair phoiblí a fhorbairt agus a dhreasú, lena n-áirítear trí shaor-rochtain*** ar iompar poiblí a dheonú nó ***trí tharaifí*** oiriúnaithe le haghaidh rochtain ar iompar poiblí, chomh maith le soghluaisteacht inbhuanaithe ar éileamh agus seirbhísí comhroinnte soghluaisteachta ***a chothú, lena n-áirítear i limistéir thuaithe, i limistéir oileánacha, i limistéir shléibhtiúla, i limistéir iargúlta agus i limistéir nach bhfuil rochtain mhaith orthu nó i réigiúin nó críocha lagfhorbartha, lena n-áirítear limistéir pheirea-uirbeacha lagfhorbartha***; |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha chun seirbhísí soghluaisteachta agus iompair astaíochtaí nialasacha agus ísle inacmhainne a chur ar fáil agus tacú le ráta glactha roghanna soghluaisteachta gníomhacha tarraingteacha do limistéir thuaithe, oileánacha, shléibhe, iargúlta agus do limistéir nach bhfuil rochtain mhaith orthu nó do réigiúin nó críocha lagfhorbartha, lena n-áirítear ceantair pheirea-uirbeacha lagfhorbartha**.** | (f) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha***, go háirithe rialtais áitiúla agus réigiúnacha,*** chun seirbhísí soghluaisteachta agus iompair astaíochtaí nialasacha agus ísle inacmhainne a chur ar fáil agus tacú le ráta glactha roghanna soghluaisteachta gníomhacha tarraingteacha***, lena n-áirítear trí bhonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe chomh maith le bonneagar rothar*** do limistéir thuaithe, oileánacha, shléibhe, iargúlta***, limistéir inar tearc an daonra*** agus do limistéir nach bhfuil rochtain mhaith orthu nó do réigiúin nó críocha lagfhorbartha, lena n-áirítear ceantair pheirea-uirbeacha lagfhorbartha ***agus na limistéir is forimeallaí;*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) tacú le fothú acmhainneachta agus le hoiliúint daoine atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh nó ag an mbochtaineacht iompair chun tabhairt faoi thionscnaimh oibre idir piaraí agus comhphobail atá dírithe ar an mbochtaineacht fuinnimh agus ar an mbochtaineacht iompair a chomhrac;*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe f b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fb) tacú le tionscnaimh ó phobail fuinnimh agus ó phobail fuinnimh na saoránach chun páirt a ghlacadh i dtionscadail lena gcuirtear chun cinn éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite teaghlach, lena n-áirítear iad siúd a éascaíonn córais fuinnimh atá faoi úinéireacht áitiúil agus a fhorbróidh acmhainneacht ar an leibhéal áitiúil.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh Ballstáit tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil d'eintitis phoiblí nó ***phríobháideacha*** seachas teaghlaigh leochaileacha, ***micrifhiontair leochaileacha agus*** úsáideoirí iompair leochaileacha a chur san áireamh sna costais mheasta iomlána, i gcás ina ndéanann na heintitis sin bearta agus infheistíochtaí a bhíonn chun leasa ***theaghlaigh*** leochaileacha, mhicrifhiontair leochaileacha agus ***úsáideoirí iompair*** leochaileacha ***ar deireadh***. | Féadfaidh Ballstáit tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil d'eintitis phoiblí***, go háirithe údaráis áitiúla agus réigiúnacha, eintitis phríobháideacha agus pobail fuinnimh inathnuaite*** nó ***pobail fuinnimh na saoránach,*** seachas teaghlaigh leochaileacha, úsáideoirí iompair leochaileacha***, micrifhiontair leochaileacha lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha, agus, i gcásanna*** a ***dtugann an Ballstát faoi seach údar cuí leo, fiontair bheaga leochaileacha, a*** chur san áireamh sna costais mheasta iomlána, i gcás ina ndéanann na heintitis sin bearta agus infheistíochtaí a bhíonn chun leasa ***teaghlaigh*** leochaileacha, ***úsáideoirí iompair leochaileacha,*** mhicrifhiontair leochaileacha***, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha*** agus***, i gcásanna a dtugann an Ballstát faoi seach údar cuí leo, fiontair bheaga*** leochaileacha. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is EUR 23 700 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse ***2025-2027***. | 1. Is EUR 23 700 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ciste a chur chun feidhme don tréimhse ***ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí 2027***. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is ***é*** an Coimisiún a chuirfidh an Ciste chun feidhme ***tríd an mbainistíocht dhíreach*** i gcomhréir leis na rialacha ábhartha a glacadh de bhun Airteagal 322 CFAE, go háirithe Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***. | Is ***iad na Ballstáit agus*** an Coimisiún a chuirfidh an Ciste chun feidhme ***trí bhainistíocht chomhroinnte*** i gcomhréir leis na rialacha ábhartha a glacadh de bhun Airteagal 322 CFAE, go háirithe Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[59]***, lena n-áirítear, go háirithe Airteagal 63 de***. ***Déanfaidh na Ballstáit cláir a ullmhú agus a chur chun feidhme ar an leibhéal críochach iomchuí, i gcomhréir lena gcreat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais. I gcomhréir le prionsabal agus le rialacha na bainistíochta comhroinnte, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a bheith freagrach as cláir a bhainistiú agus a rialú agus gealltanas a thabhairt maidir le húsáid dhleathach rialta na gCistí.*** |
| Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I , 22.12.2020, | Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I , 22.12.2020, |

lch. 1).

lch. 1).

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13a*** |
| | ***Réamh-mhaoiniú*** |
| | ***Faoi réir ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 16(1) ag an gCoimisiún, i gcás ina n-iarrann Ballstát go comhuaineach le tíolacadh a Phlean Aeráide Sóisialta, déanfaidh an Coimisiún íocaíocht réamh-mhaoinithe de mhéid nach mó ná 13 % den ranníocaíocht airgeadais. De mhaolú ar Airteagal 116(1) de Rialachán 2018/1046 (an Rialachán Airgeadais), déanfaidh an Coimisiún an íocaíocht chomhfhreagrach laistigh de 2 mhí tar éis dó an gealltanas dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 18 a ghlacadh.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) cibé ***an*** ionann nó nach ionann an Plean agus freagairt ar an tionchar sóisialta ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar ***úsáideoirí iompair*** leochaileacha agus ar na dúshláin atá rompu sa Bhallstát lena mbaineann, mar thoradh ar bhunú an chórais trádála astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil IVa de | (i) cibé ***is*** ionann nó nach ionann an Plean agus freagairt ***leormhaith*** ar an tionchar sóisialta ar theaghlaigh leochaileacha, ar ***úsáideoirí iompair leochaileacha, ar*** mhicrifhiontair leochaileacha***, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha*** agus***, i gcásanna a dtugann na Ballstáit údar cuí leo,*** ar ***fhiontair bheaga*** leochaileacha agus ar na dúshláin atá rompu sa Bhallstát lena |

Threoir 2003/87/CE, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, agus aird chuí ar na dúshláin a shainaithnítear i measúnuithe an Choimisiúin ar an nuashonrú ar phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit lena mbaineann agus ar a dhul chun cinn de bhun Airteagal 9(3), agus Airteagail 13 agus 29 ***i*** Rialachán (AE) 2018/1999, ***chomh maith le*** i moltaí an Choimisiúin do Bhallstáit a eisítear de bhun Airteagal 34 ***i*** Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfianaise ***an chuspóra fhadtéarmaigh d'aeráidneodracht*** san Aontas faoi 2050. Cuirfear san áireamh leis sin dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann.

mbaineann, mar thoradh ar bhunú an chórais trádála astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh ***agus iompair***, agus aird chuí ***á tabhairt*** ar ***thionchar*** na ***mbeart sa Phlean maidir le gné inscne na bochtaineachta fuinnimh agus iompair mar aon leis na*** dúshláin a shainaithnítear i measúnuithe an Choimisiúin ar an nuashonrú ar phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit lena mbaineann agus ar a dhul chun cinn de bhun Airteagal 9(3), agus Airteagail 13 agus 29 ***de*** Rialachán (AE) 2018/1999, ***agus freisin*** i moltaí an Choimisiúin do Bhallstáit a eisítear de bhun Airteagal 34 ***de*** Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfianaise ***chuspóir fadtéarmach na haeráidneodrachta*** san Aontas faoi 2050. Cuirfear san áireamh leis sin dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann.

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) cibé acu ***a bhfuil*** nó nach bhfuil bearta agus infheistíochtaí sa Phlean a ***chuireann leis an aistriú glas, lena n-áirítear*** le ***dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as agus go háirithe a chuireann le*** gnóthú chuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais ***do 2030*** agus ***garspriocanna*** 2030 na Straitéise um an tSoghluaisteacht***.*** | (iii) cibé acu ***atá*** nó nach bhfuil bearta agus infheistíochtaí sa Phlean ***lena ndéantar, trí rannchuidiú le tionchar sóisialta an aistrithe ghlais agus é*** a ***mhaolú, rannchuidiú*** le gnóthú chuspóirí aeráide agus fuinnimh ***2030 agus 2050*** an Aontais agus ***gharspriocanna*** 2030 na Straitéise um an tSoghluaisteacht***;*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a – pointe iii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia) cibé an ndearnadh rannpháirtíocht fhóinteach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige agus geallsealbhóirí ábhartha eile a áirithiú le linn an ullmhúcháin, agus cibé an bhforáiltear do rannpháirtíocht den sórt sin le linn an chur chun feidhme agus an fhaireacháin;*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) cibé an meastar go mbeidh tionchar buan ag an bPlean ar na dúshláin a dtugann an Plean sin aghaidh orthu agus go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, ***ar mhicrifhiontair leochaileacha*** agus ***ar*** úsáideoirí iompair leochaileacha, ***go háirithe teaghlaigh atá*** faoi ***bhochtaineacht fuinnimh***, sa Bhallstát lena mbaineann; | (i) cibé an meastar go mbeidh tionchar buan ag an bPlean ar na dúshláin a dtugann an Plean sin aghaidh orthu agus go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, ***go háirithe teaghlaigh faoi bhochtaineacht fuinnimh*** agus ***iompair,*** úsáideoirí iompair leochaileacha, ***micrifhiontair leochaileacha, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha, agus, i gcásanna a dtugann an Ballstát*** faoi ***seach údar cuí leo***, ***fiontair bheaga leochaileacha*** sa Bhallstát lena mbaineann***, agus cibé an gcuirtear sainiúlachtaí réigiúnacha san áireamh go cuí leis an bPlean, lena n-áirítear, go háirithe, sainiúlachtaí na réigiún lagfhorbartha***; |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann agus an Coimisiún a chomhaontú síneadh a mhairfidh tréimhse réasúnta a chur leis an sprioc-am don mheasúnú más gá.*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ar bhonn an mheasúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 15, déanfaidh an Coimisiún cinneadh faoi Phlean Ballstáit, trí ghníomh cur chun feidhme, laistigh de shé mhí ón dáta a tíolacadh an Plean sin de bhun Airteagal 3(1) den Rialachán seo. | 1. Ar bhonn an mheasúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 15, déanfaidh an Coimisiún cinneadh faoi Phlean Ballstáit, trí ghníomh cur chun feidhme, laistigh de shé mhí ón dáta a tíolacadh an Plean sin de bhun Airteagal 3(1) den Rialachán seo. ***Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann agus an Coimisiún a chomhaontú síneadh a mhairfidh tréimhse réasúnta a chur leis an sprioc-am don mheasúnú más gá.*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann Plean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn cúinsí oibiachtúla, go háirithe mar gheall ar fhíorthionchair dhíreacha an | 1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann Plean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn cúinsí oibiachtúla, go háirithe mar gheall ar fhíorthionchair dhíreacha an |

| | |
|---|---|
| chórais trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann leasú ar a Phlean, chun na hathruithe is gá agus a bhfuil údar cuí leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go n-ullmhófaí iarraidh den sórt sin. | chórais trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann***, tar éis dul i gcomhairle le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, eagraíochtaí don óige agus geallsealbhóirí ábhartha eile,*** leasú ar a Phlean, chun na hathruithe is gá agus a bhfuil údar cuí leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go n-ullmhófaí iarraidh den sórt sin. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Faoin 15 Márta 2027 déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann measúnú ar oiriúnacht a bPleananna i bhfianaise na bhfíorthionchar díreach a bheadh ag córas trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil Iva de Threoir 2003/087/CE. Déanfar na measúnuithe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid de na tuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999. | 5. Faoin 15 Márta 2027 déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann measúnú ar oiriúnacht a bPleananna i bhfianaise na bhfíorthionchar díreach a bheadh ag córas trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil Iva de Threoir 2003/087/CE ***d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh agus iompair***. Déanfar na measúnuithe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid de na tuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I ndiaidh don Choimisiún cinneadh | 1. I ndiaidh don Choimisiún cinneadh |

| | |
|---|---|
| a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh sé comhaontú in am trátha leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanas dlíthiúil aonair de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ***a chumhdaíonn*** an tréimhse ***2025-2027***. Féadfar an comhaontú sin a chur i gcrích ar a luaithe bliain amháin roimh an mbliain ina gcuirtear tús leis na ceantanna faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE. | a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh sé comhaontú in am trátha leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanas dlíthiúil aonair de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ***ina gcumhdófar*** an tréimhse ***go dtí 2027***. Féadfar an comhaontú sin a chur i gcrích ar a luaithe bliain amháin roimh an mbliain ina gcuirtear tús leis na ceantanna faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Agus an Ciste á chur chun feidhme acu, déanfaidh na Ballstáit, mar thairbhithe cistí faoin gCiste, na bearta uile is gá a dhéanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme á chomhlíonadh agus na cistí i ndáil le bearta agus le hinfheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste á n-úsáid, go háirithe a mhéid a bhaineann le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú. Chuige sin, soláthróidh na Ballstáit córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn III agus déanfaidh siad méideanna a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil. Féadfaidh na Ballstáit brath ar a gcórais rialta bainistithe buiséid náisiúnta. | 1. Agus an Ciste á chur chun feidhme acu, déanfaidh na Ballstáit, mar thairbhithe cistí faoin gCiste, na bearta uile is gá a dhéanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme á chomhlíonadh agus na cistí i ndáil le bearta agus le hinfheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste á n-úsáid, go háirithe a mhéid a bhaineann le ***cosaint bhuiséad an Aontais i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta, agus*** calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú. Chuige sin, soláthróidh na Ballstáit córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn III agus déanfaidh siad méideanna a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil. Féadfaidh na Ballstáit brath ar a gcórais rialta bainistithe buiséid náisiúnta. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach, sineirgí a chothú agus comhordú éifeachtach a áirithiú idir an Ciste agus cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Clár InvestEU, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus na Cistí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060. Chun na críche sin, déanfaidh siad na nithe seo a leanas: | Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach, sineirgí a chothú agus comhordú éifeachtach a áirithiú idir an Ciste agus cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Clár InvestEU, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus na Cistí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060. Chun na críche sin, déanfaidh siad na nithe seo a leanas: |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) a áirithiú go bhfuil comhlántacht, sineirge, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht idir ionstraimí éagsúla ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal réigiúnach, le linn chéim na pleanála agus le linn chéim an chur chun feidhme; | (a) a áirithiú go bhfuil comhlántacht, sineirge, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht idir ionstraimí éagsúla ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal réigiúnach, le linn chéim na pleanála agus le linn chéim an chur chun feidhme; |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22a*** |
| | ***Infheictheacht an chistithe ón Aontas*** |

***1. Áiritheoidh gach Ballstát:***

***(a) infheictheacht eintiteas idirmheánach agus tairbhithe deiridh a fhaigheann tacaíocht ón Aontas sna gníomhaíochtaí uile a bhaineann le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gCiste;***

***(b) go gcuirfear saoránaigh an Aontais ar an eolas faoi ról na gCistí agus faoina mbeidh bainte amach tríothu trí thairseach aonair suímh gréasáin lena dtabharfar rochtain ar na cláir uile a bhfuil baint ag an mBallstát sin leo.***

***2. Aithneoidh na Ballstáit, agus i gcás inarb infheidhme, áiritheoidh siad go n-aithneoidh eintitis idirmheánacha, tacaíocht ón gCiste agus bunús na gcistí sin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:***

***(a) infheictheacht chistiú an Aontais do na tairbhithe deiridh agus don phobal a áirithiú, lena n-áirítear trí shuaitheantas an Aontais agus ráiteas cistiúcháin iomchuí ina léifear 'arna chistiú / arna cistiú / arna gcistiú ag an Aontas Eorpach – an Ciste Aeráide Sóisialta' a thaispeáint ar dhoiciméid agus ábhar cumarsáide a bhaineann le cur chun feidhme na hoibríochta atá beartaithe do na tairbhithe deiridh nó don phobal;***

***(b) tuairisc ghairid ar an oibríocht, i gcomhréir leis an leibhéal tacaíochta, a sholáthar ar a suíomh gréasáin oifigiúil, i gcás inarb ann don suíomh sin, agus ar shuíomhanna na meán sóisialta, lena n-áirítear a cuid aidhmeanna agus torthaí, agus an tacaíocht airgeadais ón Aontas a thabhairt chun suntais;***

***(c) i gcás oibríochtaí lena mbaineann infheistiocht tháirgiúil nó trealamh fisiceach, plaiceanna nó cláir fógraí mharthanacha a thaispeáint a bheidh infheicthe go soiléir ag na tairbhithe deiridh agus ag an bpobal, ar a mbeidh suaitheantas an Aontais ar taispeáint, a luaithe a thosófar ar na hoibríochtaí lena***

***mbaineann infheistíocht tháirgiúil a chur chun feidhme go fisiciúil nó a shuiteálfar trealamh arna cheannach;***

***(d) i gcás oibríochtaí lena mbaineann ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear i gcás tacaíocht ioncaim dhíreach shealadach i gcomhréir le hAirteagal 6(1), méid na tacaíochta ón gCiste a chur in iúl do na faighteoirí deiridh.***

***3. I gcás nach gcomhlíonfaidh Ballstát na hoibleagáidí faoi mhíreanna 1 agus 2, agus i gcás nach mbeidh gníomhaíochtaí feabhais curtha i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún bearta i bhfeidhm, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh, lena gcealófar suas le 5 % den tacaíocht ón gCiste don Bhallstát lena mbaineann in aghaidh na bliana.***

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Tuairisceoidh*** gach Ballstát lena mbaineann, ar bhonn débhliantúil, ***chuig an gCoimisiún maidir le cur*** chun feidhme a Phlean mar chuid dá thuarascáil comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus i gcomhréir le hAirteagal 28 ***den Rialachán sin***. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann an méid seo a leanas san áireamh ina dtuarascáil ar an dul chun cinn: | 1. ***Tabharfaidh*** gach Ballstát lena mbaineann, ar bhonn débhliantúil, ***agus i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, le comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, tuarascáil don Choimisiún ar chur*** chun feidhme a Phlean mar chuid dá thuarascáil comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus i gcomhréir le hAirteagal 28 ***de***. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann an méid seo a leanas san áireamh ina dtuarascáil ar an dul chun cinn: |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faisnéis chainníochtúil mhionsonraithe ***maidir*** le líon na dteaghlach ***atá*** faoi ***bhochtaineacht fuinnimh***; | (a) faisnéis chainníochtúil mhionsonraithe***, mar aon*** le ***sonraí díchomhiomlánaithe, faoi*** líon na dteaghlach ***leochaileach, na n-úsáideoirí iompair leochaileacha, na micrifhiontar leochaileach, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe, agus, i gcás a dtugann an Ballstát*** faoi ***seach údar cuí leo, na bhfiontar beag leochaileach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, chomh maith leis na hathruithe ar an líon sin i gcomparáid leis an tuarascáil dheireanach a bhí ann roimhe sin***; |

**Amendment 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Amendment* |
|---|---|
| (b) ***i gcás inarb infheidhme,*** faisnéis mhionsonraithe maidir le dul chun cinn i dtreo ***an chuspóra*** náisiúnta ***tháscaigh i dtaca le*** líon na dteaghlach ***atá faoi bhochtaineacht fuinnimh a laghdú***; | (b) faisnéis mhionsonraithe maidir le dul chun cinn i dtreo ***na spriocanna agus na gcuspóirí*** náisiúnta ***chun laghdú a dhéanamh ar*** líon na dteaghlach ***leochaileach, na n-úsáideoirí iompair leochaileacha, na micrifhiontar leochaileach, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe leochaileacha agus, i gcásanna a dtugann an Ballstát údar cuí leo, na bhfiontar beag leochaileach***; |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Breithneoidh an Coimisiún leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán seo maidir le simpliú rialála. Déanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla nósanna imeachta riaracháin a oiriúnú go leanúnach don dea-chleachtas agus déanfaidh siad gach beart chun forfheidhmiú an Rialacháin seo a shimpliú, agus na hualaí riaracháin á gcoinneáil chomh híseal agus is féidir.*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 23(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 23(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bunú Ciste Aeráide Sóisialta |
| **Tagairtí** | COM(2021)0568 – C9-0324/2021 – 2021/0206(COD) |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL ENVI<br>13.9.2021 13.9.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | REGI<br>13.9.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Tom Berendsen<br>6.9.2021 |
| **Riail 55 - Nós imeachta coiste comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | 11.11.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 10.2.2022 15.3.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 21.4.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 28<br>–: 5<br>0: 7 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, François Alfonsi, Pascal Arimont, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Benjumea Benjumea, Tom Berendsen, Erik Bergkvist, Stéphane Bijoux, Rosanna Conte, Rosa D'Amato, Christian Doleschal, Raffaele Fitto, Chiara Gemma, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Ondřej Knotek, Elżbieta Kruk, Joachim Kuhs, Nora Mebarek, Martina Michels, Alin Mituța, Dan-Ştefan Motreanu, Andżelika Anna Możdżanowska, Niklas Nienaß, Andrey Novakov, Younous Omarjee, Alessandro Panza, Tsvetelina Penkova, Caroline Roose, André Rougé, Susana Solís Pérez, Irène Tolleret, Valdemar Tomaševski |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Álvaro Amaro, Josianne Cutajar, Mónica Silvana González, Stelios Kympouropoulos, Jan Olbrycht, Bronis Ropė, Yana Toom |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 28 | + |
|---|---|
| ID | Matteo Adinolfi, Rosanna Conte, Alessandro Panza |
| NI | Chiara Gemma |
| PPE | Álvaro Amaro, Pascal Arimont, Isabel Benjumea Benjumea, Tom Berendsen, Christian Doleschal, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Stelios Kympouropoulos, Dan-Ştefan Motreanu, Andrey Novakov, Jan Olbrycht |
| Renew | Stéphane Bijoux, Ondřej Knotek, Alin Mituța, Susana Solís Pérez, Irène Tolleret, Yana Toom |
| S&D | Adrian-Dragoş Benea, Erik Bergkvist, Josianne Cutajar, Mónica Silvana González, Nora Mebarek, Tsvetelina Penkova |
| The Left | Younous Omarjee |

| 5 | - |
|---|---|
| ECR | Raffaele Fitto, Elżbieta Kruk, Andżelika Anna Możdżanowska, Valdemar Tomaševski |
| ID | Joachim Kuhs |

| 7 | 0 |
|---|---|
| ID | André Rougé |
| The Left | Martina Michels |
| Verts/ALE | François Alfonsi, Rosa D'Amato, Niklas Nienaß, Caroline Roose, Bronis Ropė |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bunú Ciste Aeráide Sóisialta |
| **Tagairtí** | COM(2021)0568 – C9-0324/2021 – 2021/0206(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 15.7.2021 |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL 13.9.2021<br>ENVI 13.9.2021 |
| **Na coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG 13.9.2021<br>ECON 13.9.2021<br>ITRE 13.9.2021<br>IMCO 13.9.2021 |
| | TRAN 13.9.2021<br>REGI 13.9.2021<br>FEMM 13.9.2021 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | IMCO 1.9.2021<br>FEMM 6.9.2021 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG 11.11.2021 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | David Casa 29.11.2021<br>Esther de Lange 29.11.2021 |
| **Riail 55 - Nós imeachta coiste comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | 11.11.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 10.2.2022 16.3.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 18.5.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 107<br>–: 16<br>0: 15 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Atidzhe Alieva-Veli, Mathilde Androuët, Nikos Androulakis, Marc Angel, Bartosz Arłukowicz, Margrete Auken, Simona Baldassarre, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Monika Beňová, Hildegard Bentele, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Dominique Bilde, Gabriele Bischoff, Malin Björk, Vilija Blinkevičiūtė, Simona Bonafè, Milan Brglez, Sylvie Brunet, Delara Burkhardt, Jordi Cañas, Pascal Canfin, David Casa, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Leila Chaibi, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Ilan De Basso, Esther de Lange, Margarita de la Pisa Carrión, Özlem Demirel, Klára Dobrev, Christian Doleschal, Marco Dreosto, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Eleonora Evi, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Raffaele Fitto, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Malte Gallée, Helmut Geuking, Catherine Griset, Elisabetta Gualmini, Jytte Guteland, Teuvo Hakkarainen, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Alicia Homs Ginel, Jan Huitema, Yannick Jadot, France Jamet, Adam Jarubas, Agnes Jongerius, Radan Kanev, Petros Kokkalis, Athanasios Konstantinou, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Ádám Kósa, Stelios Kympouropoulos, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Peter Liese, Sylvia Limmer, Elena Lizzi, Javi López, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Fulvio Martusciello, Sara Matthieu, Liudas Mažylis, Joëlle |

| | |
|---|---|
| | Mélin, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Sandra Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoş Pîslaru, Manuel Pizarro, Stanislav Polčák, Nicola Procaccini, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Luisa Regimenti, Guido Reil, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Daniela Rondinelli, Rob Rooken, Silvia Sardone, Mounir Satouri, Christine Schneider, Monica Semedo, Günther Sidl, Michal Šimečka, Linea Søgaard-Lidell, Maria Spyraki, Nicolae Ştefănuță, Beata Szydło, Eugen Tomac, Romana Tomc, Nils Torvalds, Edina Tóth, Véronique Trillet-Lenoir, Marie-Pierre Vedrenne, Nikolaj Villumsen, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Maria Walsh, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska, Stefania Zambelli, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Maria Arena, Manuel Bompard, Lina Gálvez Muñoz, Ondřej Knotek, Jeroen Lenaers, Norbert Lins, Samira Rafaela, Idoia Villanueva Ruiz |
| **Dáta don chur síos** | 23.5.2022 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 107 | + |
|---|---|
| NI | Athanasios Konstantinou, Daniela Rondinelli |
| PPE | Bartosz Arłukowicz, Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Traian Băsescu, David Casa, Nathalie Colin-Oesterlé, Christian Doleschal, Jarosław Duda, Agnès Evren, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Helmut Geuking, Adam Jarubas, Radan Kanev, Ewa Kopacz, Stelios Kympouropoulos, Esther de Lange, Jeroen Lenaers, Miriam Lexmann, Peter Liese, Norbert Lins, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Stanislav Polčák, Dennis Radtke, Luisa Regimenti, Christine Schneider, Maria Spyraki, Eugen Tomac, Romana Tomc, Maria Walsh, Pernille Weiss, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Sylvie Brunet, Pascal Canfin, Jordi Cañas, Martin Hojsík, Ondřej Knotek, Dragoş Pîslaru, Samira Rafaela, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Monica Semedo, Nils Torvalds, Véronique Trillet-Lenoir, Marie-Pierre Vedrenne, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Nicolae Ştefănuţă, Michal Šimečka |
| S&D | Nikos Androulakis, Marc Angel, Maria Arena, Marek Paweł Balt, Monika Beňová, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Simona Bonafè, Milan Brglez, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Ilan De Basso, Klára Dobrev, Estrella Durá Ferrandis, Cyrus Engerer, Elisabetta Gualmini, Jytte Guteland, Lina Gálvez Muñoz, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, César Luena, Javi López, Alessandra Moretti, Manuel Pizarro, Sándor Rónai, Günther Sidl, Petar Vitanov, Tiemo Wölken |
| The Left | Malin Björk, Manuel Bompard, Leila Chaibi, Özlem Demirel, Petros Kokkalis, Silvia Modig, Idoia Villanueva Ruiz, Nikolaj Villumsen, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Margrete Auken, Bas Eickhout, Eleonora Evi, Malte Gallée, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Katrin Langensiepen, Sara Matthieu, Tilly Metz, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Kira Marie Peter-Hansen, Mounir Satouri |

| 16 | - |
|---|---|
| ECR | Rob Rooken, Alexandr Vondra, Anna Zalewska |
| ID | Mathilde Androuët, Aurélia Beigneux, Dominique Bilde, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, France Jamet, Sylvia Limmer, Joëlle Mélin, Guido Reil |
| NI | Ádám Kósa, Edina Tóth |
| PPE | Marian-Jean Marinescu |
| The Left | Sandra Pereira |

| 15 | 0 |
|---|---|
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Raffaele Fitto, Joanna Kopcińska, Nicola Procaccini, Elżbieta Rafalska, Beata Szydło, Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | Simona Baldassarre, Marco Dreosto, Elena Lizzi, Silvia Sardone, Stefania Zambelli |
| Renew | Jan Huitema, Linea Søgaard-Lidell |

Eochair do na siombailí a úsáidtear::
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne

0 : staonadh